


Plean Teanga Seacht mBliana (2018 – 2024)
do Limistéar Pleanála Teanga Mhaigh Eo Thuaidh

Seven Year Language Plan (2018-2024)
for the Language Planning Area of Mayo North

Please note that content in English can be found on pages 10, 14-16, 211-244.



(Daonra: 7,199 duine dar le Daonáireamh 2016) (Achar talún: 584.43km²)

Dréacht Iomlán II: don Roinn Cultúir, Oidhreacht & Gaeltachta amháin

Feabhra 2018

Scríofa ag Laoise Ní Dhúda PhD

Ar son Ghaeilge Iorrais



An Roinn
Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta
Department of
Culture, Heritage and the Gaeltacht



STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

Clár na nÁbhar

CLÁR NA NÁBHAR	2
NODANNA	6
BROLLACH	7
NÓTA BUÍOCHAIS	7
RÁITEAS ÓN gCOISTE	8
AN FHÍS	9
A STATEMENT FROM THE COMMITTEE	10
0.0 ACHOIMRE FHEIDHMEACH	11
0.1 EXECUTIVE SUMMARY	14
1.0 CÚLRA AN PHRÓISIS PLEANÁLA TEANGA	17
1.1 COMHThÉACS NA STRAITÉISE 20 BLIAIN DON GHAEILGE	17
1.2 COMHThÉACS ACHT NA GAELTACHTA 2012	17
2.0 SONRAÍ NA CEANNEAGRAÍOCHTA	19
2.1 GAEILGE IORRAIS	19
2.2 EOLAS FAOI BHAILL AN CHOISTE STIÚRTHA	21
3.0 LéARGAS AR AN LIMISTÉAR PLEANÁLA TEANGA	23
3.1 TOPAGRAFAÍOCHT: LEAGAN AMACH TÍREOLAÍOCH AN LIMISTÉIR	24
3.1.1 COMHDHÉANAMH LIMISTÉARACH AN CHEANTAIR	25
3.1.2 INNÉACS HASSE & STÁDAS SOCHEACNAMAÍOCHTA AN LIMISTÉIR	29
3.2 DAONRA	32
3.2.1 MÉID AGUS DLÚS AN DAONRA SA LIMISTÉAR	33
3.2.2 SONRAÍ PHRÓIFÍL AOISE AN DAONRA SA LPT	35
3.3 AN CÓRAS OIDEACHAIS	36
3.3.1 SCOILEANNA SA LIMISTÉAR	36
3.3.2 AN LEIBHÉAL OIDEACHAIS SA LIMISTÉAR	41
3.4 SEIRBHÍSÍ LUATHOIDEACHAIS AGUS RÉAMHSCOLAÍOCHTA	43
3.5 SEIRBHÍSÍ & EAGRAÍOCHTAÍ EILE	45
3.5.1 SEIRBHÍSÍ DON AOS ÓG	45
3.5.2 UISCE	46
3.5.3 AN EARNÁIL GHNÓ & SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ SA LPT	47
3.6 AN PHRÓIFÍL TEANGA I MAIGH EO THUaidH	50
3.6.1 CUMAS AGUS ÚSÁID NA GAEILGE I MAIGH EO THUaidH	50
3.6.2 STAID REATHA NA GAEILGE DE RÉIR PARÓISTE I MET	54

3.6.2.1 PARÓISTE CHILL CHOMÁIN & TOGHROINN BHÉAL DEIRG	54
3.6.2.2 PARÓISTE NA CILLE MÓIRE & TOGHROINN BHÉAL AN MHUIRTHHEAD	57
3.6.2.3 PARÓISTE CHILL TSÉADHNA*	60
3.7 PRÍOMHTHÁTAIL: FORLÉARGAS AR MHAIGH EO THUADH MAR LPT	61
3.7.1 PRÍOMHTHORTHÁÍ DÉIMEAGRAFACHA	62
3.7.2 PRÍOMHTHORTHÁÍ TEANGA	65

4.0 LÉARGAS AR ULLMHÚ AN PHLEAN 69

4.1 AN MHODHEOLAÍOCHT: MODHANNA MEASCTHA TAIGHDE	69
4.2 AN FECHTAS EOLAIS & RANNPHÁIRTÍOCHTA	70
4.2.1 BRANDÁIL & AN BHILEOG EOLAIS	70
4.2.2 SCAIPEADH EOLAIS AR NA MEÁIN CHUMARSÁIDE	72
4.3 AN TAIGHDE A RINNEADH MAR CHUID D'ULLMHÚ AN PHLEAN	76
4.3.1 OSRADHARC AR SCEIDEAL AN TAIGHDE & AN CUR CHUIGE	76
4.3.2 AN TAIGHDE TÁNAISTEACH: AN RÉAMHSCRÚDÚ STAITISTIÚIL	78
4.3.3 AN TAIGHDE PRÍOMHÚIL	79
4.4 AN SUIRBHÉ POBAIL	80
4.4.1 AN CEISTNEOIR	80
4.4.2 MODH ROGHNAITHE RANNPHÁIRTITHE - SAMPLÁIL RANDAMACH	81
4.5 AN tSUIRBHÉIREACHT SHONRAITHE	83
4.5.1 DAOINE ÓGA	83
4.5.2 PRÍOMHOIDÍ & MÚINTEOIRÍ BUNSCOILE	85
4.5.3 STIÚRTHÓIRÍ NA NAÍONRAÍ	86
4.5.4 TUISMITHEOIRÍ / CAOMHNÓIRÍ	86
4.5.5 GNÓLACHTAÍ	87
4.5.6 EAGRAÍOCHTAÍ	87
4.5.7 AN SUIRBHÉ POBAIL (LEAGAN OSCAILTE)	88
4.6 AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ	88

5.0 TORTHÁÍ AN TAIGHDE 91

5.1 AN SUIRBHÉ POBAIL	91
5.1.1 DEARCTHÁÍ AGUS MIANTA PHOBAL AN LIMISTÉIR I LEITH NA GAEILGE	91
5.1.2 CUMAS PHOBAL AN LIMISTÉIR SA GHAEILGE	93
5.1.3 NÓSMHAIREACHT PHOBAL AN LIMISTÉIR MAIDIR LE HÚSÁID NA GAEILGE	94
5.1.4 TIONCHAR IOMPAR TEANGA AN TROMLAIGH	96
5.2 DAOINE ÓGA	98
5.2.1 CUMAS NA SCOLÁIRÍ IARBHUNSCOILE SA GHAEILGE	98
5.2.2 ÚSÁID NA GAEILGE I MEASC DHÉAGÓIRÍ AN LPT	98
5.2.3 DEARCTHÁÍ AGUS MIANTA NA NDAOINE ÓGA I LEITH NA GAEILGE AGUS NA GAELTACHTA	101
5.2.4 MOLTAÍ NA NDAOINE ÓGA	102
5.3 PRÍOMHOIDÍ & MÚINTEOIRÍ	104
5.3.1 CUMAS NA MÚINTEOIRÍ BUNSCOILE SA GHAEILGE	104
5.3.2 ÚSÁID NA GAEILGE	104
5.3.3 DEARCTHÁÍ AGUS MIANTA TEANGA	106
5.4 STIÚRTHÓIRÍ NA NAÍONRAÍ	107
5.4.1 CUMAS SA GHAEILGE	107
5.4.2 ÚSÁID NA GAEILGE	107
5.5 TUISMITHEOIRÍ / CAOMHNÓIRÍ	109
5.5.1 CUMAS SA GHAEILGE	109
5.5.2 ÚSÁID NA GAEILGE	109
5.5.3 DEARCTHÁÍ AGUS MIANTA I LEITH NA GAEILGE & NA GAELTACHTA	111

5.6 GNÓLACHTAÍ	113
5.6.1 CUMAS SA GHAEILGE	113
5.6.2 ÚSÁID NA GHAEILGE	114
5.6.3 DEARCTHAÍ AGUS MIANTA I LEITH NA GHAEILGE & NA GAELTACHTA	116
5.7 EAGRAÍOCHTAÍ	118
5.7.1 CUMAS SA GHAEILGE	118
5.7.2 ÚSÁID NA GHAEILGE	118
5.7.3 DEARCTHAÍ AGUS MIANTA I LEITH NA GHAEILGE & NA GAELTACHTA	121
5.8 AN POBAL	123
5.8.1 LÉARGAS ÓN SUIRBHÉ OSCAILTE	123
5.8.2 LÉARGAS ÓN GCOMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ	124
 6.0 BEARTA AN PHLEAN TEANGA	 126
 6.1 STRUCHTÚR FEIDHMITHE AN PHLEAN	 127
BEART 6.1.1 AN FHOIREANN PLEANÁLA TEANGA, AN COISTE STIÚRTHA AGUS AN FÓRAM TACAÍOCHTA D'FHOCHOISTÍ	127
BEART 6.1.2 FECHTAS FEASACHTA & SEOLADH PHLEAN TEANGA MHAIGH EO THUADH	130
BEART 6.1.3 TAITHÍ AGUS SAINEOLAS AN CHOMHAIRLEORA PLEANÁLA TEANGA	131
BEART 6.1.4 FORBAIRT NA PLEANÁLA TEANGA SA LPT	132
BEART 6.1.5 MONATÓIREACHT & ATHBHREITHNIÚ AR AN BPLEAN TEANGA	133
6.2 AN CÓRAS OIDEACHAIS (LENA N-ÁIRÍTEAR SEIRBHÍSÍ LUATHOIDEACHAIS)	134
BEART 6.2.1 TACÚ LE FEIDHMIÚ AN PHOLASAÍ DON OIDEACHAS GAELTACHTA	134
BEART 6.2.2 TUAIRISC NA BPRÍOMHOIDÍ & NA STIÚRTHÓIRÍ NAÍONRA	136
BEART 6.2.3 COMHPHOLASAÍ TEANGA DO NAÍONRAÍ AN LPT	137
BEART 6.2.4 SCÉIM NA GCÚNTÓIRÍ TEANGA	138
BEART 6.2.5 CLEACHTAS TEANGA SA SEOMRA RANGA	140
BEART 6.2.6 CLEACHTAS TEANGA I DTIMPEALLACHT NA SCOILE AGUS LASMUIGH DI	141
BEART 6.2.7 DEISEANNA SÓISIALAITHE TRÍ GHAEILGE (PÁISTÍ BUNSCOILE)	143
BEART 6.2.8 POLASAÍ TEANGA IN IARBHUNSCOILEANNA AN LPT	144
BEART 6.2.9 AN IDIRBHIAIN	147
BEART 6.2.10 DEISEANNA SÓISIALAITHE TRÍ GHAEILGE (DO DHÉAGÓIRÍ)	149
BEART 6.2.11 FECHTAS FEASACHTA FAOIN OIDEACHAS GAELTACHTA	150
6.3 SEIRBHÍSÍ CÚRAIM LEANAÍ, RÉAMHSCOLAÍOCHTA AGUS TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, LENA N-ÁIRÍTEAR SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEANGA	152
BEART 6.3.1 FECHTAS FEASACHTA MAIDIR LE HÚSÁID GHAEILGE SA BHAILE	152
BEART 6.3.2 CLÁR TACAÍOCHTA TEANGA DO THEAGHLAIGH	153
BEART 6.3.3 GRÚPAÍ TUISTÍ & PÁISTÍ	156
BEART 6.3.4 DEISEANNA SÓISIALAITHE TRÍ GHAEILGE DO THEAGHLAIGH	157
6.4 SEIRBHÍSÍ DON AOS ÓG AGUS D'AOISGRÚPAÍ EILE	160
BEART 6.4.1 IMEACHTAÍ DON ÓIGE (LASMUIGH DEN SCOIL)	160
6.5 DEISEANNA FOGHLAMA GHAEILGE LASMUIGH DEN CHÓRAS OIDEACHAIS	162
BEART 6.5.1 SRAITH RANGANNA GHAEILGE	162
6.6 AN EARNÁIL GHNÓ, EAGRAÍOCHTAÍ POBAIL & COMHARCHUMAINN	165
BEART 6.6.1 COMHPHOLASAÍ TEANGA DO GHNÓLACHTAÍ AGUS SOLÁTHRÓIRÍ SEIRBHÍSE SA LPT	165
BEART 6.6.2 CLÁR TACAÍOCHTA TEANGA DO GHNÓLACHTAÍ	166
BEART 6.6.3 BUNTÁISTE EACNAMAÍOCH NA GHAEILGE DON LPT	169
6.7 NA MEÁIN CHUMARSÁIDE	171
BEART 6.7.1 NA MEÁIN CHUMARSÁIDE	171
6.8 SEIRBHÍSÍ POIBLÍ	172
BEART 6.8.1 SEIRBHÍSÍ STÁIT	172
BEART 6.8.2 SEIRBHÍSÍ SLÁINTE	174
BEART 6.8.3 SEIRBHÍSÍ EAGLASTA	175
6.9 PLEANÁIL & FORBAIRT FHSICEACH	176

BEART 6.9.1 TEARMAINN TEANGA	176
BEART 6.9.2 COMHAIRLE CONTAE MHAIGH EO	177
6.10 SEIRBHÍSÍ SÓISIALTA & CAITHEAMH AIMSIRE	180
BEART 6.10.1 CEARDLANNA SA CHINNIREACHT TEANGA	180
BEART 6.10.2 INMHARTHANACHT MHAIGH EO THUADH	182
6.11 STAID NA GAEILGE SA LPT	184
BEART 6.11.1 FEACHTAS & SUAITHEANTAS 'LABHAIR GAEILGE LIOM'	184
6.11.2 MÓRSPRIOCANNA AN PHLEAN TEANGA (2018-2024)	186
<u>7.0 COSTAIS & MAOINIÚ</u>	<u>189</u>
<u>8.0 FORBAIRT FEASACHTA AGUS POIBLÍOCHT</u>	<u>192</u>
8.1 AN FHEASACHT TEANGA	192
8.2 POIBLÍOCHT	193
<u>9.0 FEIDHMIÚ AGUS MONATÓIREACHT</u>	<u>194</u>
9.1 BAINISTIÚ IONCHAIS	194
9.2 STRUCHTÚR FEIDHMITHE AN PHLEAN	195
9.2.1 RÓL GHAEILGE IORRAIS	195
9.2.2 AN FHOIREANN PLEANÁLA TEANGA	196
9.2.3 AN FÓRAM TACAÍOCHTA D'FHOCHOISTÍ TEANGA	196
9.3 TÁBHACHT NA MONATÓIREACHTA	197
9.3.1 STRUCHTÚR NA MONATÓIREACHTA	197
<u>10.0 LEABHARLIOSTA</u>	<u>200</u>
10.1 LEABHAIR	200
10.2 AILT I LEABHAIR	201
10.3 AILT IN IRISÍ/NUACHTÁIN	201
10.4 FOILSEACHÁN CORPARÁIDEACH NÓ RIALTAIS	202
10.5 TRÁCHTAIS / PÁIPÉAR TAIGHDE NEAMHFHOILSITHE	202
10.6 PÁIPÉAR COMHDHÁLA	203
10.7 FOINSÍ LEICTREONACHA	203
10.7.1 ÁBHAR AN IDIRLÍON	203
<u>11.0 AGUISÍNÍ</u>	<u>205</u>
11.1 BAILTE FEARAINN I MAIGH EO THUADH	205
11.2 CEISTNEOIR DO GHAELTACHT MHAIGH EO THUADH (2017)	208
11.3 NA CRITÉIR PLEANÁLA TEANGA	209
11.4 NÓTA AR RÁTA PÁ AN FPT	210
11.5 ACHOIMRE BHÉARLA DE BHEARTA AN PHLEAN (MÍR 6)	211
A DRAFT SUMMARY OF THE MEASURES INCLUDED IN THE LANGUAGE PLAN	211

Nodanna

LPT: Limistéar pleanála teanga

MET: Maigh Eo Thuaidh

GI: Gaeilge Iorrais

MPTIT: Meitheal pleanála teanga an Iarthuaiscirt

SLG: Scéim Labhairt na Gaeilge

SCT: An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (Ó Giollagáin et al, 2007).

POG: Polasaí don oideachas Gaeltachta (2017-2022)

RCOG: An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

TPT: Treoirlínte pleanála teanga (RCOG, 2016)

CO: An Córas Oideachais

CLG: Cainteoir laethúil Gaeilge

CLG/CO: Cainteoir laethúil Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais

FPT: Foireann pleanála teanga

CPT: Comhairleoir pleanála teanga

Brollach

Nóta Buíochais

Gabhaim buíochas ó chroí leis an uile dhuine a chabhraigh liom i gcaitheamh an taighde seo. Tá mé go mór faoi chomaoin ag na daoine seo a leanas ach go háirithe:

- Coiste stiúrtha Ghaeilge Iorrais; atá ag feidhmiú go deonach, atá tiomanta don Ghaeilge agus a thug faoin obair le fonn agus le fuadar.
- Jacqui D Uí Mhonacháin agus Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Eachléim, a chuir dlús faoin obair ullmhúcháin agus an réamhscrúdú staitistiúil don phróiseas seo sa bhliain 2015.
- Na timirí áitiúla agus rannpháirtithe na scéimeanna a dháil agus a bhailigh an suirbhé randamach fud fad an limistéir.
- Na cúntóirí taighde, Theresa Mc Grath (Seirbhísí Cúraim Chill Chomáin) agus Odhrán Ó Murchú, a chuidigh leis an ábhar a réiteach don anailís.
- Órla Ní Shlaic agus Treasa Ní Ghearraigh a rinne an t-aistriúchán Béarla.
- Tim Norton agus Nicholas Garrett (cúrsa QQI i léiriú ilmheán, Áras Inis Gluaire) a réitigh an suíomh gréasáin dúinn (www.gaeilgeiorrais.ie).
- Pamela Ní Thaidhg agus Orla de Búrca ó oifig Údarás na Gaeltachta i mBéal an Mhuirthead, a thug gach tacaíocht dúinn agus a chuir neart tae chomh maith le seomra cruinnithe ar fáil dúinn.
- Hannah Ní Dhoimhín, an Dr John Walsh, Feargal Mac Thréinfhir, an Dr Muiris Ó Laoire, comhairleoirí pleanála teanga, a roinn a gcuid ama, taithí agus comhairle stuama go fial fonnmhar liom.
- Aodh Mac Ruairí, MPTIT as a gcuid ceistneoirí agus gaoise a roinnt linn.
- Peigí Uí Chonghaile, oifigeach forbartha le Gaeloideachas, a chuidigh leis na cruinnithe eolais faoin oideachas Gaeltachta a réachtáil.
- Tadhg Ó Conghaile, Stiúrthóir Forbartha Réigiúnaí, Pobail agus Pleanála Teanga, Údarás na Gaeltachta agus Siubhán Nic Grianna, Bainisteoir Pleanála Teanga, Údarás na Gaeltachta a chuir ciste ar fáil chun dlús a chur faoi chéim an taighde sa limistéar.
- Buíochas speisialta le muintir Mhaigh Eo Thuaidh, iad siúd a ghlac páirt sa taighde ach go háirithe; is uathu a tháinig an plean teanga seo. Mura dtugtar a gcuid tuairimí go cruinn anseo, ní orthusan atá an locht.

Ráiteas ón gCoiste

Tá muid ag pointe stairiúil thar a bheith cinniúnach maidir leis an nGaeilge agus ár stádas Gaeltachta sa limistéar seo. Tá muid tagtha chomh fada le crosbhóthar na Gaeltachta agus ní mór dúinn ceisteanna den chineál seo a leanas a chur orainn féin: An bhfuil muid ag iarraidh ár stádas Gaeltachta a choinneáil? Céard ba mhaith linn a dhéanamh chun an Ghaeilge a choinneáil beo sa cheantar? Caithfidh muid bóthar a roghnú dúinn féin agus gníomhú dá réir sin. Ní bheidh aon dul siar ann ina dhiaidh sin.

Tá muid ag tús bóthar fada. Seo í an bhunchloch don phróiseas nó b'fhéidir an mapa bóthair d'ár dturas. Ní mór go mbeadh misneach agus foighne againn, tá muid ag plé le próiseas leanúnach gan chríochnaíocht. Is é sin próiseas mall, céimnithe, fadtéarmach. Beidh muid ag cur leis an obair, ag tógáil ar an bpróiseas agus ag foghlaim linn in imeacht ama agus oibre. Tá obair chrua uaimhianach go minic anróiteach mar chuid den phróiseas seo. Tá an obair seo casta ach indéanta, má choinníonn muid leis.

Ag deireadh an lae, caithfidh muid a bheith ionraic agus tomhaiste maidir leis an obair seo agus an méid a bhféadfaí a dhéanamh chun staid na Gaeilge a láidriú sa limistéar seo. Níor mhaith linn a thabhairt le tuiscint go bhfuil réiteach chuile fhadhb sa phlean seo nó go dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí teanga thar oíche - mianta míréadúla a chuirfidh le lagmhisneach, le soiniciúlacht agus frustrachas i measc an phobail. Céim ar chéim a thógtar na caisleáin .i. beagán ar bheagán, leis an oiliúint agus leis an saineolas cuí, le próiseas struchtúrtha comhordaithe, le cur chuige céimnithe seasmhach, le dúthracht, díograis agus dearcadh dearfach, is féidir linn dul i bhfeidhm ar iompar teanga sa LPT seo. Is féidir linn an plean teanga réadúil agus rannpháirtíoch seo a úsáid agus a chur i bhfeidhm, agus mar sprioc againn staid na Gaeilge a chothú agus a láidriú i Maigh Eo Thuaidh de réir a chéile.

Tá rannpháirtíocht ghníomhach an duine agus tacaíocht chuí ó na forais stáit thar a bheith cinniúnach i bpróiseas pleanála teanga ar bith. Caithfear struchtúr cuí a fhorbairt chun an rannpháirtíocht sin a chothú agus a mhéadú mar chuid

den phróiseas seo. Cé nach bhfuil aon phota óir ar fáil dúinn, beidh maoiniú ceart agus acmhainní daonna cuí de dhíth orainn chun dlús a chur faoin bpróiseas sa limistéar seo.

Tá baint mhór idir an phleanáil teanga agus forbairt iomlán an phobail seo (m.sh. forbairt pobail, chultúrtha, shóisialta, fhisiciúil, eacnamaíoch srl.) ionas (i) go mbeidh daoine in ann fanacht sa bhaile agus clann a thógáil ann (ii) nach bhfuil an pobal faoi aon mhór-mhíbhuntáiste agus ar comhchéim le pobail eile (Mac Donnacha, 2000:20 i Ní Dhúda 2014a:81) (iii) go mbeidh an pobal inmharthana i dtéarmaí eacnamaíochta agus sóisialta.

Is féidir le grúpa daoine atá gníomhach, dearfach, eagraithe agus eolach, an t-uafás a bhaint amach má sheasann siad le chéile. Seo í an chéad uair go bhfuil rannpháirtíocht leathan agus comhoibriú éifeachtach idir eagraíochtaí agus idir paróistí ar aon choiste amháin agus ar mhaithe le cúrsaí pleanála teanga sa limistéar seo. Níl aon amhras, mar sin féin, ach go bhfuil dúshlán romhainn sa limistéar fairsing seo maidir le cur chun cinn na forbartha pobail agus na pleanála teanga. Tá plean tomhaiste le spriocanna réadúla leagtha amach againn anois agus tá muid ag súil go mór leis an bplean a fheidhmiú ón mbun aníos i gcomhar leis an bpobal agus le heagraíochtaí éagsúla sa limistéar.

An Fhís

Aontaíodh ar an aidhm straitéiseach seo a leanas ag tús an phróisis, ionas go mbeadh treoir shoiléir ag an gcoiste stiúrtha agus focasphointe fadtéarmach ar an bpróiseas trí chéile:

Ba mhaith le *Gaeilge Iorrais*, i gcomhar le muintir na háite agus le heagraíochtaí áitiúla, úsáid laethúil agus eolas ar an nGaeilge a chothú agus a mhéadú i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh go céimnithe thar 7 mbliana. Cuirfear plean cuimsitheach teanga le chéile do thréimhse 2018-2024 bunaithe ar thaighde agus ar shaineolas sa phleanáil teanga. Molfar gníomhaíochtaí agus bearta a fheidhmiú agus mar aidhm acu (i) stop a chur le meath na Gaeilge i Maigh Eo Thuaidh (ii) tacaíocht faoi leith a thabhairt do na ceantair agus na hinstiúidí is láidre ó thaobh na Gaeilge de fós (iii) líon na ndaoine le cumas sa Ghaeilge a mhéadú c.3% de réir a chéile (iv) líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais a mhéadú c.3% de réir a chéile i Maigh Eo Thuaidh, ionas go gcoinneofar agus go neartófar stádas Gaeltachta an cheantair.

A Statement from the Committee

We have reached a crucial point of historic significance regarding the future of the Irish language and our Gaeltacht status in the North Mayo Gaeltacht. We have arrived at a crossroads, where we must ask ourselves the following questions; do we want to retain our Gaeltacht status? What would we like to do to ensure that the Irish language survives in our area? We must decide how we would like to proceed and act accordingly, after which there can be no turning back.

We are at the start of a long road. This plan is the cornerstone of the process, or perhaps the road map for our journey. We must have courage and patience in what will be an ongoing, slow, phased and long-term process. We will be adding to and building on our achievements and on lessons learned. This process involves intense, ambitious and often extraordinary efforts which are complex but achievable, provided we stay the course.

Ultimately, we must be honest and measured in what we hope can be realistically achieved to strengthen the state and status of the Irish language in our area. It would be unrealistic to assume that the solution to every problem lies within this plan, or that the Irish language will dramatically improve overnight – unrealistic aspirations which give rise to disappointment, cynicism and frustration in the community.

This is a gradual structured process, with appropriate training and expertise, co-ordinated, phased and consistent implementation, diligence, dedication and a positive attitude we can have a positive impact on Irish language use in our community. By implementing this realistic and community-based language plan we hope to support and strengthen the Irish language in our Gaeltacht community over time.

Active individual participation as well as the appropriate supports from state agencies are very important factors in any language planning process. An appropriate structure must be developed to facilitate and increase this participation as part of this process. It must be emphasised that proper financial and human resources will be required to move the process forward in North Mayo.

There is a strong link between language planning and the overall development of a viable community (e.g. community, cultural, social, infrastructural and economic development) so that (i) individuals can remain in their homeplace and raise a family there (ii) the community is not severely disadvantaged but on a par with other communities (Mac Donnacha, 2000:20 i Ní Dhúda 2014a:81) and (iii) the community is sustainable and viable in economic and social terms.

An active, positive, organized and informed group of people can achieve a huge amount collectively. This marks the first time that there has been widespread participation and effective co-operation between organisations and parishes on one committee for the benefit of language planning in this area. Even so, we face great challenges in this large, widely-dispersed region in relation to the promotion of both community development and language planning. We now have a measured plan with realistic objectives which we hope to implement with a 'bottom up' approach in co-operation with the community and the various organisations working in the region.

0.0 Achoimre Fheidhmeach

De réir *Acht na Gaeltachta 2012*, caithfidh chuile phobal Gaeltachta plean teanga a réiteach agus a chur i bhfeidhm chun tacú le húsáid na Gaeilge ina cheantar. Mura ndéantar é seo, tá baol ann go gcaillfear a stádas Gaeltachta. In áit limistéir thíreolaíochta amháin, cuireann an reachtaíocht úr béim ar rogha an phobail chun cinneadh a dhéanamh (i) an bhfuil an pobal ag iarraidh a stádas Gaeltachta a choinneáil agus (ii) má tá, an bhfuil an pobal sásta plean Gaeilge a réiteach agus a chur i bhfeidhm don cheantar, agus spriocanna teanga a bhaint amach. Tá Gaeilge Iorrais freagrach as an bpróiseas seo a stiúradh i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh, i gcomhar le pobail áitiúla agus páirtithe leasmhara. Tá cónaí ar 7,199 duine nó c.70% de dhaonra na Gaeltachta i Maigh Eo sa LPT fairsing seo (584.43km², an LPT is mó i dtaobh achar talún de), a shíneann ón bhFód Dubh go Béal Deirg, ó Cheathrú Thaidhg go Dumha Thuama agus chuile áit idir eatartu. Ceapadh an Dr Laoise Ní Dhúda mar chomhairleoir pleanála teanga neamhspleách chun an obair seo a chomhordú.

Tháinig Gaeilge Iorrais le chéile don chéad uair i mí an Mheithimh 2015 faoi stiúir Ní Dhúda chun tosú ag breathnú ar an bpróiseas pleanála teanga atá leagtha amach faoi *Acht na Gaeltachta* i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh. Ba í seo an chéad uair go raibh rannpháirtíocht leathan agus comhoibriú éifeachtach idir eagraíochtaí agus idir paróistí ar aon choiste amháin agus ar mhaithe le cúrsaí pleanála teanga sa limistéar seo. Bhí dhá chuid i gceist leis an obair phleanála go nuige seo (i) taighde a dhéanamh chun staid reatha na Gaeilge a mheas i MET (ii) plean teanga a réiteach a bheadh in oiriúint go sonrach don limistéar, bunaithe ar thorthaí an taighde sin. Plean teanga seacht mbliana (2018-2024) de chuid an phobail atá mar thoradh, a bhfuil mar sprioc aige cur le cumas daoine sa Ghaeilge agus le húsáid na Gaeilge sa chóras oideachais, in imeachtaí don óige, sa teaghlach, mar chuid de sheirbhísí poiblí, tráchtála, sóisialta agus siamsaíochta. Tá stádas Gaeltachta Mhaigh Eo Thuaidh ag brath ar fheidhmiú éifeachtach an phlean seo, seachas ar limistéir gheografacha amháin, mar a bhí go dtí seo. Tionscadal fíorthábhachtach atá sa phróiseas agus sa phlean teanga seo do phobal¹ uile Mhaigh Eo Thuaidh, mar sin.

¹ Úsáidtear an téarma 'pobal' chun tagairt a dhéanamh do mhuintir Mhaigh Eo Thuaidh trí chéile .i. na grúpaí éagsúla daoine a chónaíonn sa limistéar seo. Glactar leis go bhfuil *pobail* éagsúla i gceist ach tabharfar 'pobal' orthu tríd síos ar mhaithe le héascaíocht.

Eascraíonn an plean seo ón taighde sochtheangeolaíochta is mó agus is cuimsithí a rinneadh riamh i nGaeltacht thuaisceart Mhaigh Eo, ar chumas sa Ghaeilge, úsáid na Gaeilge, dearcthaí i leith na Gaeilge agus moltaí do thodhchaí na Gaeilge sa limistéar. Ghlac c.1,600 duine (22% de dhaonra an limistéir) páirt sa taighde seo, a cuireadh i gcrích le dhá bhliain anuas agus a bhfuil ceithre mhórchuid ag roinnt leis, eadhon; (i) dianscrúdú ar staitisticí Daonáireamh agus ar thaighde ábhartha eile (ii) suirbhé pobail (ar pháipéar) le sampla randamach den daonra (iii) suirbhéireacht shonraithe le spriocghrúpaí áirithe (ar-líne) (iv) comhairliúchán forleathan leis an bpobal trí chéile. Léiríonn cuid de na torthaí taighde is suntasaí, cuir i gcás;

- Cé go bhfuil cumas sa Ghaeilge ag 57.4% den phobal (nó 3,998 duine), beagán os cionn leath den daonra i Maigh Eo Thuaidh dar le Daonáireamh 2016, ní labhraíonn ach níos lú ná aon cheathrú díobh (23% nó 1,626 duine) an Ghaeilge gach lá. Tá an sciar is mó díobh (15.3%) ag brath ar an gcóras oideachais chun go labhrófaí an Ghaeilge go laethúil.
- Níl fágtha ach 563 cainteoir laethúil Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais (8.1% den daonra) i MET ar fad dar le Daonáireamh 2016, staitistic atá go maith faoi bhun an mheáin Ghaeltachta de 21.4% agus atá ag meath ó 2006 i leith.
- Úsáideann formhór na ndaoine an Béarla mar phríomhtheanga cumarsáide sa limistéar seo anois agus tá úsáid na Gaeilge imeallaithe go mór.
- Tá an Ghaeilge ag treabhadh léi mar sin féin, in áiteanna ar leith sa limistéar seo fós (ceantar Cheathrú Thaidhg agus ceantar na hEachléime ach go háirithe) agus in ainneoin athruithe móra sóisialta agus eacnamaíochta. Tá na staitisticí teanga ag titim sna ceantair sin chomh maith áfach.
- Níl aon toghroinn fágtha i gcatagóir A i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh ó 2015 (.i. ceantar ina bhfuil níos mó ná 67% den daonra ina gcainteoirí laethúla Gaeilge). Tá 12/13 nó formhór mór na dtoghrann i gcatagóir C dar le SCT 2 (.i. níos lú ná 44% den daonra ina gcainteoirí laethúla Gaeilge) (Ó Giollagáin & Charlton, 2015).
- I dtaca le dearcthaí teanga, nochtann na torthaí taighde dearcthaí agus miantaí an-láidir agus an-dearfach ar son na Gaeilge agus na Gaeltachta. Mar shampla (i) ba mhaith le 92.2% go bhfanfadh Maigh Eo Thuaidh sa Ghaeltacht (ii) síleann 95.3% go bhfuil sé tábhachtach go mairfidh an Ghaeilge sa Ghaeltacht seo (iii) dúirt 82% go bhfuil siad sásta feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge (iv) ba mhaith le 75.3% go mbeadh níos mó

deiseanna acu an Ghaeilge a úsáid (v) ba mhaith le c.75% níos mó Gaeilge a úsáid gach lá (sa bhaile agus i measc an phobail) (vi) ba mhaith le breis agus 80% go mbeadh naíonra, bunscoil agus meánscoil trí Ghaeilge ar fáil dóibh.

Ábhar dóchais an tacaíocht dhearfach sin atá forleathan agus a thugann bunús maith don phróiseas pleanála teanga agus do chur chun cinn na Gaeilge sa limistéar. Mar sin féin, tá dúshlán mhóra agus deacrachtaí sainiúla le sárú chun an Ghaeilge a choinneáil beo sa limistéar fairsing scaipthe seo atá faoi mhór-mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.

Iarracht ar réiteach chun teacht roimh na dúshlán atá sa phlean seo. Moltar bealaí seiftiúla chun an bhearna idir na dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge, cumas sa Ghaeilge agus úsáid a bhaint aisti a dhruid, trí dheiseanna soiléire úsáide Gaeilge a chruthú agus a chothú. Chuige sin, leagtar amach 34 beart in 11 réimse difriúil mar chuid den phlean. Beidh maoiniú ceart, acmhainní daonna cuí, rannpháirtíocht ghníomhach an phobail agus na n-údarás ag teastáil chun an plean a fheidhmiú go héifeachtach agus na spriocanna a chomhlíonadh. Teastaíonn cur chuige forásach, córasach, seasmhach, thar a bheith fadradharcach, chomh maith le struchtúr láidir tacaíochta, misneach, foighne agus obair leanúnach chun dlús a chur faoin bpróiseas seo.

Tá mar fhís ag Gaeilge Iorrais, i gcomhar le muintir na háite agus le heagraíochtaí áitiúla, úsáid laethúil agus eolas ar an nGaeilge a chothú agus a mhéadú i Maigh Eo Thuaidh de réir a chéile agus mar sprioc shonrach acu (i) nach dtiocfaidh aon laghdú eile ar chroístitisticí teanga an limistéir i nDaonáireamh 2021 (i dtaca le cumas agus úsáid na Gaeilge) (ii) ach go dtiocfaidh feabhas (c.3%) ar na croístitisticí sin faoi Dhaonáireamh 2026 .i. méadú c.3% ar líon na ndaoine le cumas sa Ghaeilge i MET agus ardú c.3% ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais i MET.

Is fiú, mar sin, na sleachta seo a leanas a bailíodh le linn ullmhú an phlean, a choinneáil ar intinn:

The future of the Irish language depends on people who make a positive choice to embrace the opportunities that this language plan and process will create. This is the challenge for all of us.

We will be the last generation in Erris to enjoy the benefits of living in the Gaeltacht, unless some major changes in terms of Irish language use, supports and investment takes place. These changes will require active participation from members of our community, adequate state support, enough human and financial resources to implement our language plan.

0.1 Executive Summary

Under *Acht na Gaeltachta 2012* every Gaeltacht community must now prepare and implement a language plan to support and develop Irish language use in their area. If they don't do this, they could lose their Gaeltacht status. This new legislation signals a departure from the historic emphasis on geographic Gaeltacht boundaries and puts the onus on each Gaeltacht community to decide for themselves (i) whether they want to retain their Gaeltacht status (ii) and if so, whether they want to prepare and implement an Irish language plan for their area, which will involve making some commitments to Irish language use and development. Gaeilge Iorrais is responsible for overseeing this process in Maigh Eo Thuaidh (North Mayo Gaeltacht area), in consultation with local communities and various stakeholders. 7,199 people or c.70% of the Mayo Gaeltacht population live in this vast area (584.43km²), which spans from Fód Dubh to Béal Deirg, Ceathrú Thaidhg to Dumha Thuama and everywhere in between. Dr Laoise Ní Dhúda, an independent language planning advisor, was appointed to facilitate and co-ordinate the work required.

Gaeilge Iorrais met for the first time in June 2015 under the guidance of Ní Dhúda to examine the language planning process in the North Mayo Gaeltacht as set out under *Acht na Gaeltachta*. This marked the first time that there was widespread participation and effective co-operation between organisations and parishes on one committee for the benefit of language planning in this area. Their language planning work has consisted of two main parts to date (i) conduct research to assess the current state and status of the Irish language in North Mayo Gaeltacht (ii) prepare a specific language plan for the area, based on the findings of this research. The result is a seven-year community language plan (2018-2024), which aims to improve ability in, and increase usage of the Irish language in the education system, in youth activities, in the household, and as part of public, commercial, social and recreational activities. The Gaeltacht status of the North Mayo area depends on the effective implementation of this plan, instead of geographical boundary alone, as was previously the case. Therefore, this process and the plan itself is a very important initiative for the entire North Mayo Gaeltacht community.

This plan is the result of the most extensive piece of sociolinguistic research ever conducted in the North Mayo Gaeltacht, on Irish language ability, use, attitudes and recommendations. Some 1,600 individuals (22% of the area's population) took part in the research which was conducted over the past two years and focused on four main

strands (i) an extensive examination of Census statistics and other relevant data (ii) a community survey (on paper) with a random sample of the population (iii) targeted (online) surveying of key stakeholders (iv) extensive consultation with the wider community.

Some key findings include, for example:

- Even though 57.4% of the community (3,998 people) have some ability in the Irish language, less than one quarter (23% or 1,626 people) speak Irish on a daily basis. The largest proportion (15.3%) depends on the education system when speaking Irish daily, according to the 2016 Census.
- 563 people (8.1% of the population) use Irish every day outside the education system according to the 2016 Census, a figure well below the Gaeltacht average of 21.4%, which is in decline since 2006.
- The majority of people now use English as the main language of communication in this area, and Irish language use is marginalised.
- The Irish language continues to survive in certain parts of the region (the Ceathrú Thaidhg and Eachléim areas in particular) despite of major social and economic changes. The Irish language usage figures are also falling in these areas however.
- Since 2015 no electoral division in the North Mayo Gaeltacht fulfils criteria as a category A Gaeltacht (i.e. an area where more than 67% of the population speak Irish daily). 12/13 or the majority of EDs are category C Gaeltachts (i.e. an area where less than 44% of the population speak Irish daily) (Ó Giollagáin & Charlton, 2015).
- Regarding language attitudes, the random community Gaeltacht survey results reveal hugely positive attitudes to the Irish language and Gaeltacht status. For example (i) 92.2% of the population would like North Mayo to remain in the Gaeltacht (ii) 95.3% feel it is important that the Irish language should survive in this Gaeltacht (iii) 82% stated that they wish to improve their Irish (iv) 75.3% would like to have more opportunities to use Irish (v) c.75% would like to use more Irish on a daily basis (at home and in the community) (vi) Over 80% would like to have access to a naíonra, and Irish-language primary and secondary school.

The widespread positive attitude towards the Irish language is a major source of optimism and provides a good foundation for the language planning process and the

promotion of Irish in the area. Even so, there are great challenges and specific difficulties to overcome to keep the Irish language alive in this large, widely-dispersed area which is socio-economically disadvantaged.

The purpose of this language plan is to bridge gaps between the hugely favourable attitudes to the Irish language and to create more opportunities to use Irish based on the demand and trends shown in the research. To achieve this goal, 34 recommendations or specific measures are proposed in 11 key areas with targets for the next 7 years. Adequate funding and human resources, as well as active community and agency participation will be required to implement the plan effectively, achieve targets and ensure community participation. If the process is to succeed, the approach must be progressive, systematic, reliable and long-term, aided by a strong support structure, courage, patience and continuous effort.

It is the vision of Gaeilge Iorrais, in co-operation with the local community and local organisations, to gradually increase and support the daily usage and knowledge of the Irish language in the North Mayo Gaeltacht and specifically to ensure that (i) there is no further decline in key Irish language statistics in the area in Census 2021 (i.e. Irish language ability and daily use, inside and outside the education system) and (ii) by the 2026 Census there will be some improvement (c.3%) in the aforementioned key Irish language statistics.

It is also worth keeping the following passages in mind, which were collected during the preparation of this plan;

The future of the Irish language depends on people who make a positive choice to embrace the opportunities that this language plan and process will create. This is the challenge for all of us.

We will be the last generation in Erris to enjoy the benefits of living in the Gaeltacht, unless some major changes in terms of Irish language use, supports and investment takes place. These changes will require active participation from members of our community, adequate state support, enough human and financial resources to implement our language plan.

1.0 Cúlra an Phróisis Pleanála Teanga

Tugtar léargas sa mhír seo ar chúlra an phróisis pleanála teanga, ar mhaithe le comhthéacs an phlean teanga seo a mhíniú.

1.1 Comhthéacs na *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*

Cuimsíonn *an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* plean oibre 59 leathanach do chur chun cinn na Gaeilge thar thréimhse fiche bliain (2010-2030) maraon le beartais i dtaca le treisiú na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht (Rialtas na hÉireann 2010:5).

Rianaítear sa phlean teanga seo, na bealaí a bhfuil sé i gceist ag Gaeilge Iorrais, i gcomhar le páirtithe leasmhara an cheantair, an Ghaeilge a chothú agus a threisiú a thuilleadh mar theanga phobail i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh, i gcomhréir leis na spriocanna atá sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*. Leagtar amach 'spriocanna sonracha teanga' do limistéar pleanála teanga Mhaigh Eo Thuaidh mar chuid den phlean teanga seo (2010:17). Is é sin, na bealaí a bhfuil sé i gceist 'úsáid agus eolas ar an nGaeilge a mhéadú' mar theanga an phobail de réir a chéile (2010:5) agus na beartais shonracha atá molta chun na spriocanna sin a bhaint amach thar thréimhse seacht mbliana. Beidh gnímh phraiticiúla agus cheannródaíocha ag teastáil chun dul i ngleic leis na dúshlán a bhaineann le buanú agus forbairt na Gaeilge sa limistéar Gaeltachta seo.

1.2 Comhthéacs *Acht na Gaeltachta 2012*

Tugann *Acht na Gaeltachta 2012* feidhm reachtúil don phróiseas pleanála teanga faoina mbeidh plean teanga á ullmhú ag leibhéal an phobail do gach 26 limistéar Gaeltachta, i gcomhréir leis an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*. Leagtar amach i gcuid seacht den acht seo nach ndéanfar aon athrú ar theorainneacha reatha oifigiúla Gaeltachta a socraíodh i 1956 (2012:9) ach go bhféadfaí stádas oifigiúil Gaeltachta a bhaint de cheantar mura réitíonn an 'limistéar pleanála teanga Gaeltachta' sin plean Gaeilge (Rialtas na hÉireann, 2012:13).² Faoin

² Rinneadh athruithe ar bhord Údarás na Gaeltachta mar chuid den reachtaíocht chéanna. Ainmníodh comhalta amháin as Maigh Eo ar an mbord (2012-2017), Ian Mac Aindriú as Béal an

reachtaíocht úr seo, tá an phleanáil teanga ceangailte le haitheantas Gaeltachta, a fhágann go mbeidh stádas Gaeltachta bunaithe feasta ar chritéir theangeolaíocha seachas ar limistéir gheografacha amháin, mar a bhí go dtí seo. Tá dualgas na pleanála teanga le haistriú chuig pobal na Gaeltachta chomh fada agus is féidir, sa chaoi is go mbeidh siad gníomhach sa phróiseas pleanála teanga as seo amach. Tacaíonn an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta (2017-2022)* leis an méid sin. Leagtar amach critéir theanga-bhunaithe d'aitheantas mar scoil Ghaeltachta agus é mar chritéar ann féin go gcaithfidh scoileanna Gaeltachta 'tácú lena bpobal scoile sa phróiseas pleanála teanga (faoi *Acht na Gaeltachta 2012*) trí chuidiú le húsáid agus cothú na Gaeilge sa scoil agus sa phobal áitiúil Gaeltachta.' Tá 26 limistéir pleanála teanga (LPT) sonraithe faoi *Acht na Gaeltachta 2012*, péire acu sin i Maigh Eo (i) Maigh Eo Thuaidh (Iorras agus Béal Deirg) (ii) Maigh Eo Thiar (Acaill).³

Dá réir sin, leagtar amach sa phlean teanga seo, na bealaí a bhfuil sé i gceist ag Gaeilge Iorrais, i gcomhar le páirtithe leasmhara an cheantair, dlús a chur faoin bpróiseas pleanála teanga i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh, i gcomhréir leis na *Treoirlínte Pleanála Teanga (2016)* a shíolraíonn ó *Acht na Gaeltachta 2012*. Plean seacht mbliana de chuid an phobail atá mar thoradh, a bhfuil mar sprioc aige cur le cumas daoine sa Ghaeilge agus le húsáid na Gaeilge sa chóras oideachais, in imeachtaí don óige, sa teaghlach, mar chuid de sheirbhísí poiblí, tráchtála, sóisialta agus siamsaíochta. Ag teacht le spiorad na reachtaíochta seo, táthar ag súil go mbeidh an pobal, an earnáil dheonach, an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach ag obair as lámha a chéile chun an Ghaeilge a chothú agus a neartú sa limistéar.

Mhuirthead. I mí Eanáir 2018, ainmníodh beirt as Maigh Eo ar an mbord nua; Seán Mac Congamhna (Cill Cheallaigh) agus Ian Mac Aindriú.

³ Roinneadh an Ghaeltacht i 19 limistéar pleanála teanga faoi leith i dtosach, agus é i gceist go mbeadh plean teanga uathúil le dréachtú do chuile cheantar acu sin. Maidir le Gaeltachtaí Mhaigh Eo, cuireadh Acaill agus Tuar Mhic Éadaigh le chéile mar limistéar amháin sa chéad dréachtliosta de na limistéir i 2012. Ainmníodh limistéar amháin eile i nGaeltacht Mhaigh Eo an uair sin 'Iorras,' cé go ndearnadh go leor stocaireachta ag an am go roinnfí an mórlimistéar seo ina dhá leath (Ó Coisdealbha, teagmháil phearsanta, 04.06.2015). I 2013, ghlac an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta le moltaí a cuireadh faoina mbráid ó Údarás na Gaeltachta go ndéanfaí athdhréachtú ar na ceantair a roghnaíodh, ionas go mbeadh 26 ceantar ann in áit 19. An uair seo, socraíodh go mbeadh 2 limistéar pleanála teanga i gcontae Mhaigh Eo, eadhon (i) Maigh Eo Thiar (ii) Maigh Eo Thuaidh. Tugadh 'Maigh Eo Thuaidh' ar an limistéar seo, chun débhríocht a sheachaint, toisc nach bhfuil barúntacht Iorrais ar fad sa limistéar oifigiúil Gaeltachta agus toisc nach bhfuil Béal Deirg i gceantar Iorrais ach oiread (feic, mar shampla, <http://census.cso.ie/sapmap/>). Cuireadh Tuar Mhic Éadaigh (atá lonnaithe i ndeisceart Mhaigh Eo) agus Dúiche Sheoigheach (atá i dtuaisceart chontae na Gaillimhe) le chéile mar LPT eile.

2.0 Sonraí na Ceanneagraíochta

Tugtar eolas ginearálta faoin gceanneagraíocht agus faoin gcoiste stiúrtha atá agus a bheidh ag plé leis an bplean teanga sa mhír seo.

2.1 Gaeilge Iorrais

Tháinig an grúpa seo le chéile ar bhonn deonach don chéad uair i mí an Mheithimh 2015 faoi stiúir chomhairleoir pleanála teanga (Ní Dhúda) chun tosú ag breathnú ar an bpróiseas pleanála teanga i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh. Bhí 10 gcruinniú ag an ngrúpa i 2015, 8 gcruinniú eile i 2016 agus 15 cruinniú i 2017 (.i. 33 cruinniú go dtí seo).

D'éagraigh an grúpa ollchruinniú poiblí ag 8i.n. ar an 4 Samhain 2015 in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead. Rinneadh fógraíocht fhorleathan faoin gcruinniú seo. Tugadh cuireadh oscailte do gach duine agus gach coiste sa limistéar freastal ar an ócáid. D'fhreastail os cionn 100 duine ar an gcruinniú eolais seo agus thacaigh gach duine leis an ngrúpa ar an oíche. Rinne an grúpa iarratas le bheith aitheanta mar cheanneagraíocht pleanála teanga sna sála ar an tacaíocht sin agus thug an grúpa 'Gaeilge Iorrais' orthu féin ag an bpointe seo. Bhain Gaeilge Iorrais amach stádas mar cheanneagraíocht i Márta 2016. Tugadh dhá bhliain do GI chun taighde cuí a dhéanamh agus plean teanga a réiteach faoi *Acht na Gaeltachta 2012*. Ceapadh Ní Dhúda mar chomhairleoir pleanála teanga i mí Dheireadh Fómhair 2016 chun an obair seo a dhéanamh.

Tá seisear ionadaithe éagsúil ón gcúig pharóiste eaglasta sa limistéar ar choiste stiúrtha na ceanneagraíochta faoi láthair. Tá ionadaíocht ag sé eagraíocht pobalbhunaithe ó pharóistí éagsúla an limistéir ar an gcoiste stiúrtha go dtí seo. Tá vóta amháin ag gach eagraíocht ar an gcoiste stiúrtha. Seo í an chéad uair go bhfuil rannpháirtíocht leathan agus comhoibriú éifeachtach idir eagraíochtaí agus idir paróistí ar aon choiste amháin agus ar mhaithe le cúrsaí pleanála teanga sa limistéar seo. Léirítear comhdhéanamh reatha na n-oifigeach ar an gcoiste stiúrtha sa tábla seo a leanas:

Tábla 1: Coiste stiúrtha Ghaeilge Iorrais (2017)

	Ainm	Ról Ainmnithe	Eagraíocht	Ceantar Feidhme
1	Ciarán Ó Broin	Cathaoirleach	Seirbhísí Cúram Chill Chomáin	Paróiste Chill Chomáin
2	Treasa Ní Ghearraigh	Rúnaí	Comhar Dún Chaocháin Teo	Paróiste Chill Chomáin
3	Deaglán Mac Conghamhna	Rúnaí cúnta	Coiste Gaeilge Bhéal Deirg	Béal Deirg
4	Tina Nic Eafartaigh	Cisteoir	Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Eachléim	Paróiste na Cille Móire
5	Breandán Ó Muirí	Cisteoir cúnta	Áras Inis Gluaire	Paróiste Bhéal an Mhuirthead
6	Eimear Nic Thámhais	Ball coiste	Comharchumann Forbartha Cill tSéadhna	Paróiste Chill tSéadhna

Tá an coiste stiúrtha seo freagrach as an bpróiseas pleanála teanga a stiúradh sa limistéar, i bpáirt leis an bpobal agus páirtithe leasmhara, faoi mar atá leagtha amach in *Acht na Gaeltachta 2012*. Beidh an coiste seo ag plé le feidhmiú an phlean, nuair a bheidh an plean faofa (le forbairt i mír 9).⁴

Tá Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Eachléim ag feidhmiú mar chomhlacht óstach don cheanneagraíocht, a chiallaíonn go bhfuil Gaeilge Iorrais mar choiste stiúrtha neamhspleách de chuid CFID, ar mhaithe le cúrsaí cánacha agus cuntasáíochta ach go háirithe.

Teastaíonn struchtúr mar seo atá rannpháirtíoch ach éifeachtach. Lena chois sin, caithfear fóram tacaíochta d'fhochoistí a bhunú fós, chun ualach na hoibre a roinnt agus chun breis rannpháirtíochta a chothú sa phróiseas (le forbairt i mír 6.1).

⁴ Tá buíochas ag dul d'iarbhaill an choiste seo, Jacqui D. Uí Mhonacháin, Annette Ní Ghallachóir agus Kathleen Doocey.

Ráiteas misin Ghaeilge Iorrais:

- Eolas a bhailiú agus a scaipeadh chun dul i bhfeidhm ar na pobail sna paróistí éagsúla i Maigh Eo Thuaidh ar bhonn dearfach maidir leis an nGaeilge agus na deiseanna atá againn faoi *Acht na Gaeltachta 2012*.
- Gaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh a chothú agus a fhorbairt, an Ghaeilge a chothú agus a láidriú sa limistéar agus ár stádas Gaeltachta a choinneáil.

2.2 Eolas faoi bhaill an choiste stiúrtha

- Rugadh agus tógadh Ciarán Ó Broin i gCeathrú Thaidhg. Tá dioplóma aige san eacnamaíocht agus sa bhainistíocht foirgníochta. Chaith sé blianta ag bainistiú comhlacht tógála i mBaile Átha Cliath, sular fhill sé ar an bhfód dúchais i 2011 le ról a ghlacadh mar shaoiste comhordaithe de chuid Údarás na Gaeltachta ar scéimeanna Scéim Shóisialta Tuaithe agus Tús Mhaigh Eo. Tá Ciarán ina runaí ar Bord Seirbhísí Cúraim Chill Chomáin Teo.
- Bhain Treasa Ní Ghearraigh céim onórach amach ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh (B.A. i dtíreolaíocht agus seandálaíocht maraon leis an Ard Dioplóma san Oideachas). Tá dioplóma sa Ghaeilge aici ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh freisin. Ó 1997 i leith tá sí ag obair mar bhainisteoir le Comhar Dún Chaocháin Teo. Chuir sí *Plean Forbartha Chill Chomáin 2015 – 2019* le chéile, a leagann amach fíis fhorbartha don pharóiste thar thréimhse cúig bliana.
- Ceapadh Tina Nic Eafartaigh ina bainisteoir ag Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Eachléim i 2017. I n-éis di a cuid scolaíochta a chríochnú i mBéal an Mhuirthead, lean sí ar aghaidh chuig IT Litir Ceanainn, áit ar bhain sí amach céim sa ghnó (forbairt spóirt agus oiliúint). Tá cúlra aici ag obair in Údarás na Gaeltachta, Ionad Ealaíona Iorrais, *Roadbridge* agus *Centra*. Is treoraí cáilithe í chomh maith, a tógadh i gceantar na hEachléime.
- Tá Breandán Ó Muirí ag obair mar stiúrthóir ealaíne in Ionad Ealaíne Iorrais, Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead, ó 2013. Tá go leor taithí aige ag plé leis na healaíona trí mheán na Gaeilge. Oibríonn sé le TG4, Fíbin agus An Taibhdhearc ó am go céile. Fostaíodh é mar theagascóir in

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus le Gael Linn le blianta beaga anuas. As Baile Átha Cliath ó dhúchas dó agus bhunaigh sé an Beithlín Beo a bhíonn ar siúl gach bhliain in Áras Chrónáin i gCluain Dolcáin agus le feiceáil ar RTÉ.


- Tá cónaí ar Eimear Nic Thámhais i nDumha Locha agus tá sí ag obair mar shaoiste ar an Scéim Shóisialta Tuaithe ó 2006 i leith. Tá baint aici le go leor coistí pobail agus tá taithí aici ag eagrú imeachtaí cosúil le trí-atlan, rásaí, féilte agus ranganna Gaeilge. Cé go ndéanann sí roinnt mhaith oibre i measc an phobail, tá cúlra aici ag obair le comhlachtaí poiblí freisin, an chomhairle contae agus an Garda Síochána ina measc. Tá Spáinnis líofa ar a toil ag Eimear chomh maith.
- Is feirmeoir agus saineolaí talmhaíochta le suim i dtreoraí seandálaíochta é Deaglán Mac Conghamhna. Fuair sé a chuid scolaíochta i mBaile Átha Cliath ach tá sé lonnaithe i mBéal Deirg go lánaimseartha lena chlann ó 2002. Is ball de Chumann Lúthchleas Gael Bhaile an Chaisil é le 25 bliain anuas. Tá sé mar oifigeach Gaeilge ag an gcumann sin.

3.0 Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga

Tugtar léargas ginearálta ar staid reatha an limistéir sa mhír seo, ag cuimsiú na réimsí a leanas atá leagtha amach sna *Treoirlínte Pleanála Teanga* (2016) (i) topagrafaíocht (ii) daonra (iii) an córas oideachais (iv) seirbhísí cúraim leanaí (v) seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile (vi) an earnáil ghnó agus soláthar seirbhísí (vii) staid na Gaeilge sa limistéar.

Tugtar insint léiritheach staitistiúil (i) ar phróifíl an cheantair (ii) ar phróifíl an phobail (iii) ar phróifíl teanga an LPT nó staid chomhaimseartha na Gaeilge i Maigh Eo Thuaidh. Ní dhéantar mionphlé ar stair na Gaeilge sa limistéar.

Léarscáil 1: Limistéar Pleanála Teanga 'Maigh Eo Thuaidh'



3.1 Topagrafaíocht: leagan amach tíreolaíoch an limistéir

Maidir leis an tírdhreach fisiciúil sa limistéar fairsing tíreolaíoch seo, tá Maigh Eo Thuaidh suite in Iarthuaisceart Mhaigh Eo, Cuan an Inbhir Mhóir ó thuaidh de agus an fharraige mhór siar. Taobh tíre sceirdiúil gan mórán crann atá ann. Síneann cóstaí farraige thar a bheith forleathan ar theorainn thiar agus ar theorainn thuaisceart an limistéir. Tá ailltreacha arda leis an gcósta thuaidh agus tránna glana leis an gcósta thiar. Tá an cósta breac le hoileáin thréigthe chiúine: na Stácaí, Inis Geidhe, Dubhoileán agus Inis Gluaire ina measc. Tá an bratphortach is fairsinge san Eoraip níos faide isteach faoin tír. Anuas go dtí tús an naoú haois déag, tréigthe, scartha amach ón gcuid eile d'Éirinn a bhí ceantar Iorrais.

Tá achar de 905km² i gceantar Ghaeltachta Mhaigh Eo trí chéile. Is ionann seo agus 19% den cheantar Gaeltachta iomlán (www.udaras.ie). Tá an chuid is mó den talamh sin sa LPT seo (achar de 584.43km² agus is é an LPT is mó i dtaobh achar talún de). Síneann an LPT ollmhór seo ón bhFód Dubh go Béal Deirg, ó Cheathrú Thaidhg go Dumha Thuama. Tá Maigh Eo Thuaidh thar a bheith fairsing go tíreolaíoch. Tá daonra mór scaipthe, an-chuid scoileanna beaga agus go leor coistí éagsúla le sonrú ann. Cruthaíonn an leagan amach sa limistéar ollmhór ilghnéitheach seo dúsháin agus castachtaí faoi leith don phróiseas pleanála teanga. Cé go bhfuil ceangal maith bóthair idir na codanna éagsúla den phobal sa limistéar leis an R313 agus an R314, tógann sé thart ar uair a chloig sa charr, cuir i gcás, chun turas c.53km a dhéanamh ó thaobh amháin den LPT seo chuig an taobh eile .i. ón bhFód Dubh go Béal Deirg Mór. Tógann sé thart ar uair eile sa charr chun taisteal c.47km ón taobh ó thuaidh chuig an taobh ó dheas den LPT seo (.i. ó Bhéal Deirg Mór go Dumha Thuama). Tá bóthar maith isteach go Béal an Mhuirthead (R313), príomhbhaile an limistéir, atá le bheith ina bhaile seirbhíse Gaeltachta amach anseo.

Lena chois sin agus mar a thaispeánfar san anailís chríochnúil a leanann, tá na pócaí ina labhraítear an Ghaeilge sa LPT seo fós scartha óna chéile go tíreolaíoch (m.sh. aistear uair a chloig sa charr chun an turas c.53km a

dhéanamh ó cheantar na hEachléime chuig ceantar Cheathrú Thaidhg) agus tá a gcuid tréithe féin ag chuile phóca ann féin dá bhrí sin.

Léiríodh an-imní, míshástacht agus frustrachas maidir le méid an LPT seo le linn na tréimhse comhairliúcháin, sna ceantair láidre Ghaeilge go mór mór. Léiríodh míshástacht faoi oidhreacht *Lyndsay* agus an easpa cothrom na féinne a samhlaíodh go stairiúil chomh maith, tráth a cuireadh go leor de cheantar Iorrais (dáilcheantar *Lyndsay* féin) sa limistéar oifigiúil Gaeltachta, beag beann ar staid na Gaeilge ann (le plé i mír 3.6.2.3).

Dá bhrí sin uile, beidh dúshlán faoi leith ag roinnt le dul i bhfeidhm ar na pobail éagsúla, idir óg agus aosta, sa limistéar fairsing scaipthe seo.

3.1.1 Comhdhéanamh limistéarach an cheantair

Déantar próifíl an LPT seo a rianú sa tábla táscach seo a leanas nó tugtar forléargas ar chomhdhéanamh limistéarach an cheantair, ionas go bhfuil sé níos soiléire an cineál ceantair atá faoi chaibidil agus na struchtúir riartha pobail atá i bhfeidhm ann cheana féin. Is léir ó léarscáil 2 agus 3 thíos nach bhfreagraíonn teorainneacha na bparóistí eaglasta go hiomlán do theorainneacha na dtoghrann. In ainneoin sin, déantar cur síos léiritheach ar leagan amach an LPT i dtábla 2.


Tábla 2: Comhdhéanamh an limistéir

	Ceantar Eaglasta	Struchtúr pobail	Toghroinn measta	Daonra measta (2016)	Ceantar bunscoile	Líon Bailte fearainn (measta)	Institiúidí Gaeilge
1	Paróiste na Cille Móire	Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile (Eachléim) Bainisteoir íoctha Coiste bainistíochta	1. An Geata Mór Theas 2. An Geata Mór Thuaidh	1,919	1. Eachléim 2. Geata Mór 3. Corrchloch 4. Achaidh Ghlaisín	55	2 scoil Ghaeltachta 2 naíonra 1 club óige UISCE Campaí samhraidh
2	Paróiste Bhéal an Mhuirthead	Áras Inis Gluaire (Béal an Mhuirthead) Bainisteoir íoctha Coiste bainistíochta	1. Béal an Mhuirthead .5 Gleann Chaisil .5 Na Monga	2,311	1. Béal an Mhuirthead (sóis.) 2. Béal an Mhuirthead (sin.) 3. Gleann Chaisil 4. Barr na Trá 5. Sraith	c.25	2 iarbhunscoil (ag súil le sruth Gaeilge a bhunú faoi <i>POG</i>) 1 naíonra Campaí samhraidh
3	Paróiste Chill Chomáin	Comhar Dhún Chaocháin (Ceathrú Thaidhg) Bainisteoir íoctha Coiste bainistíochta	1. Cnoc an Daimh 2. Cnoc na Lobhar 3. Moing na Bó 4. Gleann na Muaidhe	1,650	1. Ceathrú Thaidhg 2. Ros Dumhach 3. Poll an tSómais 4. Gleann na	41	4 bhunscoil Ghaeltachta 1 iarbhunscoil Ghaeltachta:


		Seirbhísí Cúraim Chill Chomáin (Ros Dumhach) Bainisteoir CSP Coiste forbartha	5. Barr Rúscáí		Muaidhe 5. Inbhear		Gaelcholáiste Chomáin 2 naíonra 1 club óige Coláiste Mhuigheo Campaí samhraidh
4	Paróiste Chill tSéadhna *	Comharchumann Forbartha Chill tSéadhna Bainisteoir SST Coiste forbartha	1. Cnoc na Ráithe 1* Guala Mhór .5 Na Monga .5 Gleann Chaisil	1,162	1. Gaoth Sáile 2. Dumha Thuama	c.18	1 scoil Ghaeltachta Naíonra (le bunú)
5	Paróiste Bhaile an Chaisil * (Béal Deirg)	Coiste Gaeilge Bhéal Deirg	1	157	0 (dúnta ó 2009)	16	Ionad taighde agus pobail Bhéal Deirg
			13*	7,199	16	155	

Mar sin, tá 12 thoghroinn agus cuid de thoghroinn eile sa limistéar seo. Tá 3 pharóiste eaglasta iomlán (Cill Mhór, Béal an Mhuirthead agus Cill Chomáin) agus cuid de dhá pharóiste eile (Cill tSéadhna agus Baile an Chaisil) sa limistéar. Tá 16 cheantar bunscoile sa limistéar. Dúnadh an bhunscoil i mBéal Deirg i 2009. Tá 155 baile fearainn sa limistéar ar fad. Lena chois sin, tá iliomad eagraíochtaí agus coistí éagsúla ag feidhmiú sa limistéar faoi láthair (le forbairt mar chuid de mhír 3.5).

Léarscáil 2: Paróistí Eaglasta Éagsúla i Maigh Eo Thuaidh



Léarscáil 3: Toghranna Ceantair i 'Maigh Eo Thuaidh'



3.1.2 Innéacs Hasse & Stádas socheacnamaíochta an limistéir

Tábla 3: Innéacs HASSE sa Limistéar (2006-2016)				
	2006	2011	2016	Cur síos
Geata Mór Theas	-15.3	-18.7	-16.0	Faoi mhíbhuntáiste
Geata Mór Thuaidh	-10.1	-15.9	-13.9	Faoi mhíbhuntáiste
Béal an Mhuirthead	-7.7	-12.7	-12.8	Faoi mhíbhuntáiste
Cnoc an Daimh	-21.7	-23.1	-22.0	Faoi mhór mhíbhuntáiste
Moing na Bó	-14.5	-19.6	-20.4	Faoi mhór mhíbhuntáiste
Cnoc na Lobhar	-22.0	-24.3	-21.9	Faoi mhór mhíbhuntáiste
Barr Rúscáí	-6.0	-17.7	-12.7	Faoi mhíbhuntáiste
Gleann na Muaidhe	-14.8	-19.8	-21.9	Faoi mhór mhíbhuntáiste
Béal Deirg Mór	-5.8	-15.2	-17.7	Faoi mhíbhuntáiste
Gleann Chaisil	-11.7	-15.9	-15.2	Faoi mhíbhuntáiste
Na Monga	-13.6	-21.2	-19.7	Faoi mhíbhuntáiste
Cnoc na Ráithe	-14.9	-21.2	-19.7	Faoi mhíbhuntáiste
Guala Mhór	-21.8	-20.6	-19.9	Faoi mhíbhuntáiste
Meán Náisiúnta	0	0.0		Meán Náisiúnta

Léiríonn tábla 3 go bhfuil stádas mar limistéar faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch ag 9/13 nó 69% de na toghranna i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh (.i. scór idir -11 agus -20).⁵ Tá stádas mar cheantar faoi mhór mhíbhuntáiste ag na 4 toghroinn eile (.i. scór idir -20 agus -30); Cnoc an Daimh, Moing na Bó, Cnoc na Lobhar agus Gleann na Muaidhe. Tá na toghranna seo suite taobh lena chéile sa chúinne iarthuaisceart den LPT, i bparóiste Chill Chomáin. Is é ceantar Cheathrú Thaidhg (mar chuid de Chnoc an Daimh), an toghroinn leis an scór is mó sa LPT trí chéile (-22.0%). Tá an dá toghroinn sa chuid is faide ó dheas den LPT (Cnoc na Ráithe agus Guala Mhór) i bhfoisceacht 0.3% de stádas mar limistéar faoi mhór mhíbhuntáiste. Leis sin, is fiú a lua gur mhéadaigh na torthaí seo i mbeagnach gach toghroinn sa LPT

⁵ Tugann innéacs Hasse ar choibhneasta shaibhris agus easnaimh léargas breise ar stádas socheacnamaíochta an limistéir seo. Tá an t-innéacs seo bunaithe ar na fachtóirí seo a leanas (i) athrú daonra (ii) cóimheas aoise is cleithiúnais (*age dependency ratio*) (iii) cóimheas tuismitheora aonair (iv) líon na ndaoine le bunoidreachas amháin (v) líon na ndaoine le hoideachas tríú leibhéal (vii) ráta dífhostaíochta (viii) líon na ndaoine ag cónaí i dtithíocht shóisialta. Maidir leis na scóranna san innéacs seo, tagraíonn '0' don mheán náisiúnta. 0 go -10: beagán faoi bhun an mheán náisiúnta
-11 go -20: stádas mar limistéar faoi mhíbhuntáiste
-20 go -30: stádas mar limistéar faoi mhór mhíbhuntáiste
(.i. +35 an ceantar is saibhre, -35 an ceantar is mó faoi mhíbhuntáiste) (léite 03.10.17).

seo idir 2006 agus 2016, a chiallaíonn nár tháinig aon fheabhas ar stádas socheacnamaíochta an LPT sa tréimhse seo.

Lena chois sin, dar le Daonáireamh 2016, tá 79 ceantar ard-dífhostaíochta fud fad na hÉireann agus 3 cinn díobh le sonrú i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh (i) an Geata Mór Theas (ráta de 29.9%) (ii) Cnoc na Lobhar (ráta de 29.6%) (iii) Cnoc na Ráithe (ráta de 27%).⁶ Dar le hanailís Tuairisc.ie ar an ábhar céanna, tá roinnt toghrann sa LPT seo i measc na 10 gceantar Gaeltachta is measa atá buailte ag an dífhostaíocht sa tír i gcás na bhfear agus na mban araon; an Geata Mór Theas, Cnoc an Daimh, Cnoc na Lobhar, Gleann na Muaidhe, Béal Deirg Mór agus Moing na Bó san áireamh (léite 13.11.2017). Sonraítear go bhfuil an ráta dífhostaíochta sna toghranna seo beagnach trí oiread níos mó (c.24.7%-37.8%) ná an meánráta dífhostaíochta go náisiúnta (c.12-13%).

Maidir le príomhstádas eacnamaíochta mhuintir an LPT seo;

- Léiríonn tábla 4 go raibh 2,396 duine (nó 40.7% den daonra 15 bliana agus os a chionn) ag obair sa limistéar i 2016 (ardú 2.7% ó bhí 2011 ann). Tá an céatadán seo i bhfad níos lú ná an céatadán náisiúnta de 53.4% agus an céatadán Gaeltachta de 48.8%.
- Taispeánann an tábla céanna go raibh 663 duine (nó 11.3%) dífhostaithe sa limistéar i 2016. Thit an céatadán seo 4.7% ó 2011. Tá an céatadán seo níos airde ná an céatadán náisiúnta de 7.1% agus an céatadán Gaeltachta de 7.9%.
- Feictear, leis sin, go raibh 20.6% (an dara cohórt is mó sa limistéar) scortha sa limistéar seo i 2016 (méadú de 3.6% ó 2011). Tugann an staitistic seo leid faoin daonra aosta agus atá ag dul in aois sa LPT. Is fiú a lua go bhfuil an céatadán seo níos airde ná an céatadán náisiúnta de 14.5% agus an céatadán Gaeltachta de 17.9%.

Ar an iomlán, tugann na figiúirí seo le tuiscint go bhfuil ardráta dífhostaíochta (11.3%) agus leibhéal íseal fostaíochta (m.sh. 40.7% ag obair, 20.6% scortha, 9.8% ag tabhairt aire don teaghlach) sa limistéar seo.

⁶ Sainmhínítear ceantar ard-dífhostaíochta mar cheantar ina bhfuil ráta dífhostaíochta sa bhreis ar 27%.

Tábla 4: Príomhstádas eacnamaíochta mhuintir an limistéir (2016)

	Ag obair	Ag cuartú	Dífhostaithe	Scoláire	Cúraimí tí	Scortha	Tinneas buan/míc humas	Eile	Iomlán
Geata Mór Theas	269	9	106	153	78	152	37	8	812
Geata Mór Thuaidh	341	3	66	68	73	145	37	6	739
Béal an Mhuirthead	736	9	130	129	102	369	89	9	1573
Cnoc an Daimh	106	1	43	18	30	55	19	4	276
Moing na Bó	81	0	31	17	29	42	12	3	215
Cnoc na Lobhar	226	4	91	70	79	100	49	10	629
Barr Rúscáí	41	0	8	7	13	15	6	0	90
Gleann na Muaidhe	67	0	28	19	14	37	10	1	176
Béal Deirg Mór	57	1	11	10	18	31	11	1	140
Gleann Chaisil	168	1	41	38	40	74	19	3	384
Na Monga	65	2	26	17	19	41	7	1	178
Cnoc na Ráithe	205	4	72	50	76	138	37	4	586
Guala Mhór*	34	1	10	5	8	14	8	3	83
Iomlán	2,396	35	663	601	579	1,213	341	53	5881
% iomlán 2016	40.7	0.6	11.3	10.2	9.8	20.6	5.8	0.9	100.0
% iomlán 2011	38.0	0.8	16.0	9.2	12.0	17.0	6.6	0.5	100.1
% Gaeltachta '16	48.8	0.7	7.9	11.7	8.1	17.9	4.4	0.4	100.0
% Náisiúnta '16	53.4	0.8	7.1	11.4	8.1	14.5	4.2	0.4	100.0

3.2 Daonra

Tábla 5: Daonra Iomlán na dToghrann i Maigh Eo Thuaidh 2002-2016											
		2002	2006	2011			2016			Difríocht 02-16	
	Toghroinn	Iomlán	Iomlán	Fir	Mná	Iomlán	Fir	Mná	Iomlán	02-2016	% dif.
1	An Geata Mór Theas	929	921	476	438	914	511	469	980	51	5.5
2	An Geata Mór Thuaidh	883	843	494	482	976	467	472	939	56	6.3
3	Béal an Mhuirthead	1880	2011	1083	990	2073	981	973	1954	74	3.9
4	Cnoc an Daimh	389	356	190	168	358	177	160	337	-52	-13.4
5	Moing na Bó	309	326	141	141	282	114	127	241	-68	-22.0
6	Cnoc na Lobhar	847	857	421	410	831	376	381	757	-90	-10.6
7	Barr Rúscáí	134	109	58	55	113	54	46	100	-34	-25.4
8	Gleann na Muaidhe	248	251	136	107	243	116	99	215	-33	-13.3
9	Béal Deirg Mór	199	179	91	84	175	84	73	157	-42	-21.1
10	Gleann Chaisil	490	520	268	258	526	257	236	493	3	0.6
11	Na Monga	258	237	142	110	252	126	95	221	-37	-14.3
12	Cnoc na Ráithe	804	742	394	352	746	378	334	712	-92	-11.4
13	Guala Mhór*	119	108	40	46	86	46	47	93	-26	-21.8
	Iomlán	7,489	7,460	3,934	3,641	7,575	3,687	3,512	7,199	-290	-3.9
	Daonra na Gaeltachta	90,014	95,503	50,447	50,269	100,716	49,483	50,134	99,617	9,603	10.7
		8.3	7.8			7.5			7.2		
	Daonra na hÉireann	3,917,203	4,239,848	2,272,699	2,315,553	4,588,252	2,354,428	2,407,437	4,761,865	844,662	21.6
		0.2	0.2			0.2			0.2		

3.2.1 Méid agus dlús an daonra sa limistéar

Is limistéar mór fairsing é Maigh Eo Thuaidh agus é ar cheann de na limistéir pleanála teanga is mó sa tír go tíreolaíoch agus go déimeagrafaíoch, le daonra iomlán de 7,199 duine (Daonáireamh 2016). Is ionann sin agus 7.2% de dhaonra iomlán na Gaeltachta agus 0.2% den daonra náisiúnta nó 77% de dhaonra na LPT i Maigh Eo (Daonáireamh 2016).⁷

Tháinig laghdú de c.5% (nó 376 duine), ó 7,575 go 7,199 ar dhaonra an limistéir sa Daonáireamh is déanaí a tógadh i 2016, le hais ísliú de 1.1% nó 1,099 duine ar dhaonra na Gaeltachta trí chéile agus méadú 3.8% (nó 173,613 duine) ar dhaonra an stáit sa tréimhse chéanna.

Taispeánann na torthaí mar chuid de thábla 5 gur thit daonra iomlán an limistéir ó 7,489 duine go 7,460 duine idir 2002 agus 2006, ach gur mhéadaigh an figiúr sin arís go 7,575 duine faoi 2011. Is ionann sin agus méadú 1.1% ar dhaonra iomlán an limistéir idir 2002 agus 2011, i gcomparáid le hardú 11.9% ar dhaonra na Gaeltachta trí chéile don tréimhse chéanna. Nuair a chuirtear torthaí 2016 sa mheá, tagann patrún difriúil chun solais áfach. D'ísligh daonra an LPT 3.9% (nó 290 duine) idir 2002 agus 2016, cé gur mhéadaigh daonra na Gaeltachta 10.7% agus daonra an stáit 21.6% sa tréimhse chéanna.

Léiríonn tábla 5 go bhfuil an daonra is dlúithe i mBéal an Mhuirthead le 1,954 duine i 2016, cuir i gcás, nó 27% de dhaonra iomlán an limistéir. Ina dhiaidh sin, feictear go bhfuil an daonra is mó sa dá thoghroinn mhór eile ar leithinis an

⁷ Dar le Daonáireamh 2016, tá daonra iomlán de 2,141 duine (nó 2.1% de dhaonra iomlán na Gaeltachta nó c.23% de dhaonra na LPT i Maigh Eo) i Maigh Eo Thiar (Acaill), an LPT eile atá i nGaeltacht Mhaigh Eo. Mar sin, i dtearmaí daonra amháin, tá breis agus trí oiread níos mó daoine i Maigh Eo Thuaidh, i gcomparáid leis an LPT eile i nGaeltacht Mhaigh Eo. Leis sin, tá beagnach ceithre uaire níos mó daoine i Maigh Eo Thuaidh le hais na limistéir pleanála teanga atá i nGaeltacht na Mí (daonra de 1,857 duine nó 1.9% de dhaonra iomlán na Gaeltachta) agus i nGaeltacht Phort Láirge (daonra de 1,816 duine nó 1.8% de dhaonra iomlán na Gaeltachta). Os a choinne sin, cónaíonn 6,669 duine (nó 6.7% de dhaonra iomlán na Gaeltachta) sa LPT i gCois Fharraige ach fós féin tá breis agus leathchéad duine eile i Maigh Eo Thuaidh agus tá ceantar tíreolaíoch i bhfad níos fairsinge i gceist ann.

Mhuirthead, an Geata Mór Theas (980 duine)⁸ agus an Geata Mór Thuaidh (939 duine).

Ba i dtoghranna an Gheata Mhóir Thuaidh, an Gheata Mhóir Theas agus Bhéal an Mhuirthead (ceantar an bhaile mhóir agus leithinis an Mhuirthead) a tháinig an méadú is suntasaí ar an daonra sa tréimhse idir 2002 agus 2016 (ardú 6.3%, 5.5% agus 3.9% faoi seach), dar leis an tábla seo. Is amhlaidh nach fíor seo i ndáiríre do thoghroinn an Gheata Mhóir Theas áfach, mar atá mínithe i bhfonóta 8.

Tháinig laghdú ar an daonra sna toghranna eile i MET idir 2002 agus 2016, cé is moite de Ghleann Chaisil (+0.6%). Feictear an titim is mó i bparóiste Chill Chomáin ach go háirithe (Barr Rúscaí (-25.4%), Moing na Bó (-22.0%) mar shampla) agus sna toghranna seo a leanas atá suite ar imeall an limistéir Ghaeltachta seo; Guala Mhór* (-21.8%), agus Béal Deirg Mór (-21.1% nó laghdú de 42 duine).

Tagann an fhianaise maidir le líon na ngasúr cláraithe i mbunscoileanna an limistéir leis an bpatrún seo chomh maith (tábla 7) .i. tugtar leid eile faoin dlúthú agus méadú daonra i gceantar an bhaile mhóir (Béal an Mhuirthead, Corrchloch, mar shampla), chomh maith le bánú na gceantar is imeallaí sa limistéar go tíreolaíoch (Eachléim, Gaoth Sáile, Béal Deirg, Poll an tSómais, Ros Dumhach agus Inbhear cuir i gcás).

Má dhéantar scrúdú ar inscne an daonra, feictear go raibh tosaíocht ag na fir i mbeagnach chuile thoghroinn i 2002 agus lean an patrún céanna i 2006, 2011 agus 2016.

⁸ Tugtar eolas sna mionstaitisticí logánta maidir leis na háitribh chomhchoiteanna agus líon na ndaoine ag fanacht iontu faoi théama 7. Tá cúpla áitreabh comhchoiteann sa Gheata Mór Theas (tithe lóistín, cuir i gcás), ach brú UISCE an ceann is mó díobh. D'fhan 82 duine ann oíche an Daonáirimh (24.04.2016). Scoláirí idirbhliana ó iarbhunscoil lán-Bhéarla i gCill Dara ar turas scoile a bhí ann (Nic Grianna, teagmháil ríomhphoist, 20.09.2017). Mar sin, tá 898 níos cruinne mar fhigiúr do dhaonra iomlán na toghroinne seo, a d'fhágadh gur tháinig titim de 16 duine ar an daonra ann idir 2016 agus 2011, nó laghdú de 31 duine (-3.3%) ar dhaonra an Gheata Mhóir Theas idir 2002 agus 2016. Leis sin, beidh céatadán na gcainteoirí laethúla Gaeilge agus staitisticí eile don toghroinn seo (agus don LPT trí chéile) beagánín as a riocht do 2016 de bharr na ndaoine breise seo a d'fhan sa cheantar ar oíche an Daonáirimh 2016. Ina dhiaidh sin féin, tá toghroinn an Gheata Mhóir Theas an-mhór agus tá dhá cheantar bunscoile san áireamh, ceantar bhunscoil na hEachléime agus ceantar bhunscoil an Gheata Mhóir (Ó Gallachóir, 2008). Cuirfear leis an eolas seo i 3.6.2.2.

3.2.2 Sonraí Phróifíl Aoise an Daonra sa LPT

Tábla 6: Daonra an Limistéir de réir Aoisghrúpa (2016)						
	0 - 14	15 - 24	25 - 44	45 - 64	65+	Iomlán
Geata Mór Theas	168	186	197	253	176	980
Geata Mór Thuaidh	200	86	232	246	175	939
Béal an Mhuirthead	381	186	504	477	406	1954
Cnoc an Daimh	61	31	69	97	79	337
Moing na Bó	26	22	53	82	58	241
Cnoc na Lobhar	128	96	131	265	137	757
Barr Rúscáí	10	7	25	35	23	100
Gleann na Muaidhe	39	22	42	68	44	215
Béal Deirg Mór	17	10	24	63	43	157
Gleann Chaisil	109	53	107	149	75	493
Na Monga	43	28	37	66	47	221
Cnoc na Ráithe	126	73	141	191	181	712
Guala Mhór*	10	10	17	34	22	93
Iomlán	1,318	810	1,579	2,026	1,466	7,199
% den iomlán 2016	18.3	11.3	21.9	28.1	20.4	100.0
% iomlán 2011	18.6	11.6	24.0	28.4	17.5	100.1
% Gaeltachta	19.8	11.9	24.8	26.9	16.6	100.0
% Náisiúnta	21.1	12.1	29.5	23.8	13.4	100.0

Tugann tábla 6 eolas maidir leis an gcothromaíocht aoisghrúpaí sa limistéar. Feictear gurb iad na daoine óga idir 15 – 24 an aoisghrúpa is laige sa limistéar le 11.3% den iomlán, staitistic a thugann leid faoi dhaoine óga ag fágáil an cheantair de dheasca na himirce nó na hollscolaíochta. Tagann an patrún seo le treochtaí Gaeltachta, cé go bhfuil an aoisghrúpa seo fós níos lú ná an 11.9% a shonraítear don chohórt céanna sa Ghaeltacht trí chéile agus 12.1% go náisiúnta. Is iad na daoine idir 45 – 64 an aoisghrúpa is tréine i ngach toghroinn sa limistéar (le 28.1% den iomlán, staitistic atá níos airde ná an céatadán Gaeltachta de 26.9% agus an céatadán náisiúnta de 23.8%). Tugtar leid eile faoin daonra aosta sa LPT dá réir sin, ach amháin i gcás Bhéal an Mhuirthead, mar go bhfuil tosaíocht ag an dream 25-44 d'aois ann. Tá dáileadh na n-aoisghrúpaí seo mórán mar a chéile idir 2016 agus 2011, ach amháin gur tháinig ísliú de 2.1% ar an aoisghrúpa 25-44 agus méadú 2.9% sa chohórt 65+. Tá difríocht de 148 duine idir an aoisghrúpa is óige agus an aoisghrúpa is sine sa limistéar, a thugann nod nach bhfuil an ráta beireantais ag coinneáil suas leis an ráta báis sa limistéar. Ar an iomlán, tugann na torthaí seo le fios go bhfuil an daonra ag titim agus ag dul in aois sa LPT seo.

3.3 An Córas Oideachais

3.3.1 Scoileanna sa Limistéar

Tugtar eolas maidir le scoileanna an limistéir i dtábla 7.

Ar an iomlán, bhí 737 dalta ag freastal ar 16 bunscoil agus 662 dalta ag freastal ar 3 iarbhunscoil sa LPT seo le linn scoilbhliain 2016/17.⁹ Ar an iomlán, mar sin, bhí 1,399 duine óg (c.19% den daonra iomlán) ag freastal ar institiúidí oideachais an limistéir i 2016/17. Scoileanna beaga tuaithe le beirt oidí den chuid is mó iad formhór na mbunscoileanna sa LPT seo (11/16 nó 68.8% díobh). Tá na bunscoileanna is lú suite i bparóiste Chill Chomáin, gan ach 17 scoláire cláraithe i SN Ghleann na Muaidhe agus SN Ros Dumhach araon do 2016/17, cuir i gcás. Nochtann figiúirí do scoilbhliain 2016/17 go bhfuil an bhunscoil is mó suite i mBéal an Mhuirthead, an bhunscoil (sinsearach) le 118 scoláire. Faoi mar a bheifí ag súil, tá na bunscoileanna is mó suite sa bhaile mór agus sa cheantar máguaird (.i. Béal an Mhuirthead, Corrchloch, an Geata Mór agus Gleann Chaisil).

Léiríonn na figiúirí do bhlianta 2017 – 2009 go bhfuil na huimhreacha ag méadú i gceantar an bhaile mhóir agus an cheantair mháguaird .i. Béal an Mhuirthead (+15 agus +7), Corrchloch (+23), Achaidh Ghlaisín (+3), Gleann Chaisil (+6) agus Barr na Trá (+2). Ar an láimh eile, tá na huimhreacha ag titim i mbunscoileanna eile an LPT le hocht mbliana anuas (idir 2017 agus 2009) .i. Eachléim (-20), Ros Dumhach (-22), Poll an tSómais (-23), Gaoth Sáile (-9), Gleann na Muaidhe (-9), an Geata Mór (-5), Ceathrú Thaidhg (-2), Inbhear (-5) agus an tSraith (-1). An t-aon bhunscoil nach leanann an patrún seo ná Dumha Thuama, áit a raibh méadú de 6 scoláire sa tréimhse chéanna. Tugann na torthaí seo leid eile faoin dlúthú agus méadú daonra i gceantar an bhaile mhóir agus an cheantair mháguaird (faoi mar a sonraíodh san iniúchadh ar dhaonra an LPT), chomh maith le bánú na gceantar is imeallaí sa limistéar go tíreolaíoch (Eachléim, Gaoth Sáile, Ros Dumhach, Ceathrú Thaidhg cuir i gcás).

⁹ Ní chuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna torthaí oifigiúla ar fáil do scoilbhliain 2017/18 go dtí Meitheamh 2018 (Maxwell, teagmháil ríomhphoist, 05.10.2017), ach bailíodh na staitisticí seo go háitiúil chun tuairim a fháil faoi threochtaí na scoilbhliana seo (2017/18). Mar sin, ní dhéanfar mionphlé ar na torthaí sealadacha* do 2017/18 sa mhír seo.

Is é Coláiste Bhreandáin Naofa an mheánscoil is mó sa limistéar le 343 dalta i 2016/17, 82 scoláire sa bhreis le hais an mheánscoil eile in aice láimhe, Meánscoil Mhuire i mBéal an Mhuirthead. Mar sin féin, tháinig titim mhór ar uimhreacha na scoileanna seo idir 2017 agus 2009 chomh maith (-85 scoláire agus -46 faoi seach). Tá an dá iarbhunscoil seo ag feidhmiú trí Bhéarla faoi láthair, cé gur léirigh siad spéis le sruth nó aonad Gaeilge a bhunú faoin *bPOG*. Tá an dá iarbhunscoil seo ag obair ar a gcuid bpleananna gníomhaíochta faoin *bPOG* ag an am a raibh an plean seo á scríobh.

'Is gnólacht dara leibhéal suntasach a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge' é Gaelcholáiste Chomáin, dar le príomhoide na scoile sin, Jason Ó Mongáin. 'Tá Gaelcholáiste Chomáin an-sainiúil agus ar cheann de na méanscoileanna lán-Ghaeilge atá fós ag feidhmiú i gCo. Mhaigh Eo. Gan tacaíocht suntasach sa todhchaí, ní bheidh ar ár gcumas réimsí curaclaim a sholáthar agus beidh tionchar aige seo ar thodhchaí na scoile' dar leis. Tá athruithe suntasacha déanta ag an scoil ar thairiscintí curaclaim le hocht mbliana anuas, rud a chur ar a gcumas critéir 5 a chomhlánú agus an tsraith shóisearach a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Cuireann an scoil seo cúrsaí ar fáil do dhaoine fásta freisin (breis eolais ag www.gcr.ie).

Maidir le cúrsaí teanga in institiúidí oideachais eile an limistéir, faoi láthair tá 6/16 (37.5%) bunscoil ag múineadh gach ábhar trí Ghaeilge dar leo féin i bhfianaise ón Roinn Oideachais agus Scileanna,¹⁰ 2/16 bunscoil (12.5%) ag múineadh gach ábhar trí Bhéarla¹¹ agus 8/16 (50%) ag múineadh roinnt ábhar trí Ghaeilge (meascán). Mar sin, is mionlach iad na scoileanna atá ag feidhmiú go hiomlán trí Ghaeilge sa cheantar seo faoi láthair. Tuigtear ag an bpointe seo ama gur léirigh 7/16 (c.44%) bunscoil (SN na hEachléime, SN Chorrchloch, SN Dhumha Thuama, SN Cheathrú Thaidhg, SN Ros Dumhach, SN Pól a' tSomais, SN Ghleann na Muaidhe) agus 3/3 iarbhunscoil spéis le páirt a ghlacadh sa

¹⁰ SN na hEachléime, SN Cheathrú Thaidhg, SN Pól a' tSomais, SN Béal an Mhuirthead (sóis.), SN Béal an Mhuirthead (sin.), SN Ros Dumhach (<http://www.education.ie/en/Publications/Statistics/Data-on-Individual-Schools/>). Tuigtear bunaithe ar fhianaise starógach eile, áfach, nach fíor seo go bhfuil gach ábhar á múineadh trí Ghaeilge sna scoileanna seo ar fad faoi láthair.

¹¹ SN Bharr na Trá, SN Chill Mhór Iorrais (Geata Mór). Tuigtear go ndearna na scoileanna seo cinneadh seasamh siar ó mhúineadh trí mheán na Gaeilge agus stádas Gaeltachta sna 1970í.

scéim aitheantais mar scoil Ghaeltachta. Is é sin 10/19 scoil ar an iomlán nó ráta rannpháirtíochta de c.53% sa scéim ón limistéar seo. Tá thart ar aon trian (253/737 scoláire nó 34.3%) de dhaltaí bunscoile an limistéir ag freastal ar na bunscoileanna seo (2016/17). Is scoileanna beirt oidí iad ar fad, cé is moite de SN Chorrchloch, a bhfuil triúr múinteoir ranga ag obair ann faoi láthair. Fágann sé sin nach bhfuil 9/16 (nó c.56%) de bhunscoileanna an limistéir ag tabhairt faoi aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta faoin b*POG* faoi láthair. Tá 484/737 scoláire (nó dhá thrían) de dhaltaí bunscoile an limistéir ag freastal ar na scoileanna seo (2016/17).

Dá bhrí sin, tá bearnaí i soláthar an oideachais trí Ghaeilge sa LPT anois. Cuir i gcás, níl ach dhá scoil ar leithinis an Mhuirthead ag súil le haitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta, scoil amháin sa chuid is faide ó dheas den leithinis (SN na hEachléime) agus scoil eile i dtuaisceart na leithinse (SN Chorrchloch). Tá ceithre scoil bheag eile i bparóiste Chill Chomáin, scoil amháin i bparóiste Chill tSéadhna (SN Dhumha Thuama) agus níl aon bhunscoil i mbaile Bhéal an Mhuirthead ag iarraidh stádas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta faoi láthair. Tá stádas mar scoil 'Deis' ag gach bunscoil agus iarbhunscoil sa LPT (2017).

I gcomhthéacs níos leithne, níl ach 12/24 bunscoil (50%) agus 4/5 iarbhunscoil (80%) ag glacadh páirt sa scéim seo faoi láthair i nGaeltachtaí Mhaigh Eo trí chéile (scoilbhliain 2017/18). Tá na figiúirí seo i bhfad níos ísle ná an ráta rannpháirtíochta Gaeltachta de 79% i gcás na mbunscoileanna Gaeltachta agus 96% i gcás na n-iarbhunscoileanna Gaeltachta.

Níl aon amhras, mar sin, ach go bhfuil dúshláin mhóra amach romhainn maidir le cur chun cinn na pleanála teanga agus feidhmiú an pholasaí úr don oideachas Gaeltachta i gcuid den limistéar seo.

Tábla 7: Scoileanna i Maigh Eo Thuaidh

(Foinse: <http://www.education.ie/en/Publications/Statistics/Data-on-Individual-Schools/>). Gabhaim buíochas le hAnnette Ní Ghallachóir as a cúnamh leis an tábla seo a chur i dtoll a chéile.

BUNSCOILEANNA		2017/18*	2016/17	2015/16	2014/15	2013/14	Athrú '17-'13	2012/13	2011/12	2010/11	2009/10	Athrú '17-'09	1999/00	2017-'99
1	An Eachléim	42	43	43	43	57	-14	60	63	64	63	-20	90	-47
2	An Geata Mór	62	61	59	53	63	-2	62	64	61	66	-5	69	-8
3	An Chorrchloch	81	83	76	83	68	15	71	62	65	60	23	56	27
4	Achaidh Ghlaisín	44	40	39	35	32	8	27	32	35	37	3	63	-23
5	Béal an Mhuirthead (sóis.)	75	76	78	73	70	6	68	65	59	61	15	55	21
6	Béal an Mhuirthead (sin.)	114	118	104	89	93	25	99	106	112	111	7	124	-6
7	Gleann Chaisil	61	60	57	55	60	0	58	55	53	54	6	63	-3
8	An tSraith	27	24	27	24	21	3	24	26	27	25	-1	41	-17
9	Dumha Thuama	32	34	39	42	38	-4	27	33	29	28	6	38	-4
10	Gaoth Sáile	48	42	44	49	54	-12	60	54	58	51	-9	85	-43
11	An tÍnbhear	41	35	33	35	29	6	34	30	33	40	-5	86	-51
12	Barr na Trá	28	28	26	30	27	1	26	32	27	26	2	30	-2
13	Ros Dumhach	16	17	18	24	25	-8	25	31	38	39	-22	56	-39
14	Poll an tSómais	27	30	37	40	38	-8	44	45	47	53	-23	63	-33
15	Ceathrú Thaidhg	27	29	30	30	32	-3	31	32	30	31	-2	46	-17
16	Gleann na Muaidhe	18	17	20	20	23	-6	24	28	25	26	-9	28	-11
	IOMLÁN	743	737	730	725	730	7	740	758	763	771	-34	1016	-279
IAR-BHUNSCOILEANNA		2017/18*	2016/17	2015/16	2014/15	2013/14	Athrú '17-'13	2012/13	2011/12	2010/11	2009/10	Athrú '17-'09	1999/00	2017-'99
1	Meánscoil Mhuire	268	261	271	276	293	-32	272	288	276	307	-46	404	-143
2	Coláiste Bhreandáin	378	343	328	334	353	-10	358	378	413	428	-85	531	-188
3	Coláiste Chomáin	59	58	74	79	72	-14	68	78	77	46	12	119	-61
	IOMLÁN	705	662	673	689	718	-56	698	744	766	781	-119	1054	-392

Léarscáil 4: Scoileanna i Maigh Eo Thuaidh



3.3.2 An Leibhéal Oideachais sa Limistéar

Leagtar amach na figiúirí i dtaca le leibhéal oideachais na ndaoine sa limistéar i dtábla 8. Tugann na torthaí le fios go bhfuil 22.3% le bunoidreachas amháin sa limistéar seo, dhá oiread níos mó ná an céatadán náisiúnta de 10.8% (agus níos airde ná an céatadán Gaeltachta de 14.5%). Seo é an cohórt is mó sa limistéar.

Ina dhiaidh sin, feictear go bhfuil 18.6% le hiarbhunoidreachas (sóisearach), i gcomparáid le 14.5% go náisiúnta agus 14.8% sa Ghaeltacht. Tá 17.6% eile le hiarbhunoidreachas (sinsearach), staitistic atá beagánín níos lú ná an céatadán náisiúnta de 18.5% ach a thagann leis an meán Gaeltachta de 16.7%, a bheag nó a mhór.

Is fiú a lua go bhfuil thart ar 5% gan aon oideachas foirmiúil sa LPT seo (i gcomparáid le 2.6% sa Ghaeltacht, agus 1.7% go náisiúnta). Leis sin, tá leibhéal oideachais mhuintir MET níos ísle ná na céatadáin náisiúnta i ngach catagóir eile (cáilíochtaí eile agus oideachas ollscoile). Mar shampla, tá oideachas ollscoile ar 13.5% de mhuintir MET, le hais 28.5% go náisiúnta agus 27.7% sa Ghaeltacht.

Tugann na torthaí seo le fios go bhfuil sé de nós ag sciar de mhuintir an limistéir seo deireadh a chur lena gcuid scolaíochta go lua, agus go bhfuil leibhéal oideachais níos ísle ag muintir an limistéir seo i gcomparáid le patrúin náisiúnta agus Ghaeltachta. Ar an lámh eile, seans mór go bhfuil an dream le hoideachas tríú leibhéal ag obair as baile, ceal fostaíochta a bheith ar fáil dóibh sa bhaile.

Tábla 8: Leibhéal Oideachais sa Limistéar (2016-2011)

	Gan aon oideachas	Bunoid	Iarbhun (sóis)	Iarbhun (sin)	Cáil teic nó gairm	Sainteastas / print	Ardteastas	Gnáth-chéim	Céim ónór.	Iarchéim	PhD	Gan aon fhreagra	Iomlán
Geata Mór Theas	31	136	113	97	31	34	23	25	43	26	2	62	623
Geata Mór Thuaidh	27	107	117	113	56	39	19	25	35	27	0	67	632
Béal an Mhuirthead	58	211	234	249	111	73	55	81	93	57	2	130	1354
Cnoc an Daimh	7	90	43	44	18	14	4	14	10	5	0	2	251
Moing na Bó	4	70	33	37	9	7	9	7	8	6	0	0	190
Cnoc na Lobhar	41	135	112	94	25	20	12	20	13	14	0	50	536
Barr Rúscáí	6	14	16	13	2	7	3	2	7	1	0	10	81
Gleann na Muaidhe	10	45	32	21	4	4	3	7	6	2	1	9	144
Béal Deirg Mór	7	31	24	30	8	1	4	2	3	2	1	11	124
Gleann Chaisil	17	49	72	67	19	18	11	16	20	10	0	31	330
Na Monga	17	39	29	16	8	3	1	10	10	6	0	20	159
Cnoc na Ráithe	16	166	99	89	39	22	15	23	23	17	0	18	527
Guala Mhór*	0	27	9	14	7	3	1	1	2	0	0	10	74
Iomlán	241	1120	933	884	337	245	160	233	273	173	6	420	5,025
% iomlán 2016	4.8	22.3	18.6	17.6	6.7	4.9	3.2	4.6	5.4	3.4	0.1	8.4	100.0
% iomlán 2011	3.7	29.0	19.3	18.5	5.5	4.1	2.0	4.5	4.9	3.0	0.2	5.2	99.9
% Gaeltachta '16	2.6	14.5	14.8	16.7	7.9	5.5	4.8	8.1	9.5	9.0	1.1	5.5	100.0
% Náisiúnta '16	1.7	10.8	14.5	18.5	8.8	5.9	5.0	7.7	10.7	9.2	0.9	6.4	100.0

3.4 Seirbhísí Luathoideachais agus Réamhscolaíochta

Faoi láthair, tá 4 naíonra ag feidhmiú trí Ghaeilge sa LPT seo agus cláraithe le Comhar Naíonraí na Gaeltachta, eadhon, Naíonra Ghleann na Muaidhe, Naíonra Dhún Chaocháin (atá lonnaithe i gCeathrú Thaidhg) Naíonra na hEachléime, Naíonra Chois Fharraige (atá suite ar an Druim ar leithinis an Mhuirthead). Ar chúiseanna rúndachta, ní raibh Comhar Naíonraí na Gaeltachta sásta ach staitisticí a chur ar fáil don iomlán, mar atá leagtha amach acu sa tábla seo a leanas (tábla 9) (Standún, teagmháil ríomhphoist, 10.03.2015).¹² Léiríonn an tábla seo gur fhreastail 43 páiste ar naíonraí i LPT Maigh Eo Thuaidh sa scoilbhliain is déanaí (2016/17) a bhfuil staitisticí le fáil uirthi. Dar leis an eolas seo a chuir Comhar Naíonraí na Gaeltachta ar fáil (i) ní raibh aon chainteoir dúchais Gaeilge ina measc (ii) bhí 'Gaeilge mhaith' ag 11% díobh (iii) bhí 'beagán Gaeilge' ag 10% díobh, 'tuiscint na Gaeilge' ag 51% díobh agus 28% eile gan aon Ghaeilge. Ní thugtar aon mhíniú breise ar na slata tomhais a úsáideadh i gcás na gcatagóirí anailíse seo áfach.

Ar an iomlán, tugann tábla 9 le fios go bhfuil céatadán an-íseal de pháistí á dtógáil le Gaeilge 'ó dhúchas' sa limistéar seo. Ba 'chainteoirí dúchais' iad 1.5% ar an meán idir 2004 agus 2017. Sonraítear go raibh 12% eile le 'Gaeilge mhaith' le linn na tréimhse céanna. Bhí 'tuiscint na Gaeilge' ag a bhformhór - 47% - dar leis an tábla seo.

Tá trí sheirbhís chúraim leanaí eile cláraithe le TUSLA i mBéal an Mhuirthead (i) *Barneys playgroup* (ii) naíonra Bhéal an Mhuirthead (iii) Tír na nÓg *crèche* agus *montessori*. Tuigtear nach n-úsáideann ach naíonra Bhéal an Mhuirthead an Ghaeilge áfach. Maidir leis an líon freastal ar na seirbhísí seo i 2018, tuairiscíodh go bhfuil (i) 47 páiste cláraithe le *Barneys playgroup* (ii) 19 ag freastal ar naíonra Bhéal an Mhuirthead (iii) 51 páiste cláraithe le Tír na nÓg *crèche* agus *montessori*.

¹² Tá mé buíoch de Phattie Standún, Comhar Naíonraí na Gaeltachta, a chuir leagan den tábla seo ar fáil.

Tábla 9: Cumas Gaeilge na bpáistí i naíonraí i gceantar Iorrais, Co. Mhaigh Eo (2004 – 2017)

Bliain	Líon Páistí	Cainteoirí Dúchais	Gaeilge Mhaith	Beagán Gaeilge	Tuiscint	Gan aon tuiscint (Béarla amháin nó teanga eile)
2016/2017	43	0	11%	10%	51%	28%
2015/2016	35	0	0	34%	46%	20%
2014/2015	41	0	0	10%	75%	15%
2013/2014	36	0	17%	3%	42%	38%
2012/2013	51	0	31%	0	35%	34%
2011/2012	48	2%	4%	0	69%	25%
2010/2011	43	5%	12%	0	49%	34%
2009/2010	37	0	16%	0	46%	38%
2008/2009	35	3%	9%	0	74%	14%
2007/2008	15	0	13%	67%	20%	0
2006/2007	29	3%	0	45%	52%	0
2005/2006	38	0	16%	55%	26%	3%
2004/2005	48	6%	29%	34%	29%	2%
Meán	38	1.5%	12%	20%	47%	19%

3.5 Seirbhísí & Eagraíochtaí Eile

Tugtar cuntas táscach ar na seirbhísí agus na heagraíochtaí éagsúla eile atá le sonrú sa LPT faoi láthair (feic, chomh maith, tábla 2, comhdhéanamh limistéarach an cheantair).

3.5.1 Seirbhísí don Aos Óg

- Tá 2 chlub óige á reáchtáil trí Ghaeilge (agus cláraithe le hÓige na Gaeltachta), mar atá, bunchlub na Cille Móire ar an Eachléim (c.25 ball) agus bunchlub Cheathrú Thaidhg (c.26 ball).
- Tá club Foróige á reáchtáil trí Bhéarla i mBéal an Mhuirthead agus ag freastal ar dhaltaí sóisearacha iarbhunscoile (c.45 ball).
- Tá *Club No Name* á reáchtáil trí Bhéarla i mBéal an Mhuirthead agus ag freastal ar dhaltaí sinsearacha iarbhunscoile.
- Reáchtáladh 6 champa samraidh ar an iomlán f/ch Muintearais i MET le linn 2017: campa amháin i Ros Dumhach agus campa eile i nGleann na Muaidhe (le Comhar Dhún Chaocháin), dhá champa i mBéal an Mhuirthead (Áras Inis Gluaire) agus dhá champa ar an Eachléim (Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile).
- Tá dhá choláiste samhraidh lonnaithe sa LPT (i) UISCE ar leithinis an Mhuirthead, a reáchtáil 8 gcúrsa Gaeilge le linn 2017 maraon le turais scoile (le plé i 3.5.2) (ii) Coláiste Mhuigheo, i gCeathrú Thaidhg, a rith 6 chúrsa le linn 2017.
- Bíonn cineclub na n-óg agus club Gaeilge san Iarnóin ar siúl in Áras Inis Gluaire (Béal an Mhuirthead).
- Tá clubanna Cumann Lúthchleas Gael i mBéal an Mhuirthead, i gCill Chomáin, i gCill tSéadhna agus i mBaile an Chaisil. Tá club CLG Chill Chomáin agus club CLG Chill tSéadhna (cumann peile na mban) cláraithe le fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha (Glór na nGael).
- Tá trí bhunscoil sa LPT cláraithe leis an scéim 'Teanga Tí' atá ag Glór na nGael (.i. Dumha Thuama, Ros Dumhach agus Poll an tSómais). Níl ach 20 spás san iomlán le fáil ar an scéim seo faoi láthair.

3.5.2 UISCE

Tá UISCE thar a bheith lárnach i gcúrsaí teanga sa LPT seo. Cuireann an institiúid seo go mór le húsáid laethúil na Gaeilge sa cheantar. Is í an Ghaeilge príomhtheanga an chomhlachta seo atá aitheanta mar thearmann teanga go háitiúil (.i. ionad aitheanta eiseamláireach ina bhfuil fáilte fhollasach roimh an nGaeilge agus cúis shoiléir í a úsáid, Ní Dhúda, 2014a:69). Tá 14 duine fostaíthe go lánaimseartha ag UISCE, a bhformhór idir 20 agus 40 d'aois, tuismitheoirí le páistí óga ina measc. Tháinig formhór na foirne chun cónaí sa cheantar de dheasca na fostaíochta a chuireann UISCE ar fáil dóibh. Fostaíonn UISCE 123 duine eile ar bhonn séasúrach agus 6 duine go páirtaimseartha buan le linn na bliana. San iomlán, mar sin, fostaíonn UISCE 143 duine go díreach ó cheann ceann na bliana, gan trácht ar an ngnó indíreach a chothaíonn siad go háitiúil gach bliain (Ní Neachtain, teagmháil ríomhphoist, 30.11.2017). Anuas air sin, freastalaíonn thart ar 3,500 duine óg ar an meán ar chúrsaí in UISCE gach bliain (Nic Grianna, teagmháil ríomhphoist, 13.12.2017).¹³ Bhronn UISCE 33 scoláireacht ar dhaoine óga áitiúla i gcaitheamh 2017. Tugann na figiúirí seo tuairim faoi thábhacht eacnamaíoch agus teangeolaíoch an chomhlachta go háitiúil.

Bunaíodh UISCE sa bhliain 1992 agus le himeacht ama tógadh gréasán Gaeilge nua thart ar an institiúid theangalárnaithe seo .i. glúin óg d'ínimircigh agus de chéimithe óga a chónaíonn sa cheantar anois agus a chaith roinnt ama ag freastal agus/nó ag obair ar chúrsaí Gaeilge in UISCE. Braitheann an chuid is mó de chainteoirí Gaeilge an ghréasáin seo ar UISCE don chumarsáid trí mheán na Gaeilge agus go hiondúil is lena gcomhoibrithe amháin, ar cairde dá gcuid go minic iad chomh maith, a bhíonn a gcleachtas laethúil trí Ghaeilge. Soláthraíonn beartas fostaíochta UISCE agus polasaí soiléir Gaeilge an chomhlachta tacaíocht institiúideach do labhairt laethúil na Gaeilge i MET (Ní Dhúda, 2012b).

¹³ Mar shampla, d'fhreastail c.1500 scoláire Gaeilge, 130 cinnire agus 16 cinnire áitiúil ar chúrsaí samhraidh in UISCE i 2017, maraon le c.1,850 scoláire eile a tháinig ar thuras scoile.

3.5.3 An Earnáil Ghnó & Soláthar Seirbhísí sa LPT

An Earnáil Ghnó	Tá 87 gnólacht cláraithe le Cumann Tráchtála Iorrais faoi láthair, a chuireann gach cineál seirbhíse ar fáil do phobal an LPT. Tá an chuid is mó díobh lonnaithe i mbaile Bhéal an Mhuirthead agus sa cheantar máguaird. Ina measc tá, siopaí, tithe tábhairne, bialanna, óstáin agus tithe lóistín, garáistí, monarchana, comhlachtaí tógála, gruaigeadóirí, sciamheolaithe, radharceolaí agus mar sin de.
An Earnáil Stáit (seirbhísí poiblí)	I measc na gcomhlachtaí poiblí atá lonnaithe sa LPT faoi láthair tá; oifig réigiúnach Údarás na Gaeltachta (Béal an Mhuirthead), comhairle contae Mhaigh Eo agus oifig mótarchánach (Béal an Mhuirthead), oifig Intreo (Béal an Mhuirthead), leabharlann Bhéal an Mhuirthead, <i>NDLS</i> (an tSeirbhís Náisiúna um Cheadúnais Tiomána) (Béal an Mhuirthead), stáisiún Gardaí (Béal an Mhuirthead, Gleann na Muaidhe, Baingear), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (ospidéal Bhéal an Mhuirthead, ionaid sláinte, altraí poiblí agus dochtúirí teaghlaigh), oifigí poist (Clochar, Geata Mór, Béal an Mhuirthead, Barr na Trá, Ceathrú Thaidhg, Gleann na Muaidhe, Dumha Thuama, Gaoth Sáile), SOLAS (Béal an Mhuirthead).
Scéimeanna	Cuirtear scéimeanna tacaíochta agus maoinithe den chineál seo a leanas ar fáil sa LPT faoi láthair; Tús, scéim shóisialta tuaithe, clár seirbhísí pobail, scéim na gcúntóirí teanga, scéim na bhfoghlaimoirí Gaeilge, scéim áiseanna pobail, agus mar sin de.
An Earnáil Dheonach (seirbhísí sóisialta & caitheamh aimsire)	Tá raon leathan clubanna agus cumann ag feidhmiú sa limistéar faoi láthair. Ina measc tá, clubanna dornálaíochta, clubanna sacair, clubanna rámhaíochta, galf, rugbaí, clubanna iascaireachta, biongó, cártaí, trí-atlan agus mar sin de. Bíonn go leor áiseanna difriúla in

	úsáid acu, m.sh., hallaí pobail, páirceanna imeartha, áiteanna súgartha agus mar sin de. I measc na gcoistí pobail atá ag feidhmiú sa LPT faoi láthair tá; coistí na reiligi agus na n-eaglaisí, coistí forbartha, coistí oidhreachta, bailte slachtmhara, coistí na bhféiltí, bantracht na tuaithe agus mar sin de.
Eagraíochtaí eile	I measc na n-eagraíochtaí eile atá ag feidhmiú sa LPT faoi láthair tá; <i>Erris Credit Union</i> / Comhar Creidmheasa Iorrais, Leader Oirthuaisceart Mhaigh Eo, <i>Irish Wheelchair Association</i> / Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, <i>Western Care Association</i> / Cumann Cúraim an Iarthair, Iorras Domhnann (turasóireacht), Banc na hÉireann, Banc Uladh, agus mar sin de.

Tábla 10: Cumas agus Úsáid Gaeilge i Maigh Eo Thuaidh (2002-2016)

	2002		2006		2011		2016		2016-2006	
	Líon	% den iomlán	Líon	% den iomlán	Líon	% den iomlán	Líon	% den iomlán	Athrú	%
Daonra iomlán 3bl+ sa Ghaeltacht	86,517	100	91,862	100	96,628	100	96,090	100	4,228	4.6
Iomlán cainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht	62,157	71.8	64,265	70.0	66,238	68.5	63,664	66.3	-601	-0.9
CLG (lasmuigh den CO)			22,515	24.5	23,175	24.0	20,586	21.4	-1,929	-8.6
CLG (sa CO) sa Ghaeltacht			13,982	15.2	14,518	15.0	15,087	15.7	1,105	7.9
Iomlán CLG sa Ghaeltacht	33,789	39.1	36,497	39.7	37,693	39.0	35,673	37.1	-824	-2.3
Daonra iomlán 3bl+ i nGaeltachtaí Maigh Eo	10,612	12.3	10,523	11.5	10,559	10.9	10,072	10.5	-451	-4.3
Iomlán cainteoirí Gaeilge i Maigh Eo	7,050	66.4	6,853	65.1	6,667	63.1	6,121	60.8	-732	-10.7
CLG (lasmuigh CO) i Maigh Eo			1,281	12.2	1,172	11.1	895	8.9	-386	-30.1
CLG (sa CO amháin) i Maigh Eo			1,466	13.9	1,457	13.8	1,481	14.7	15	1.0
Iomlán CLG i nGaeltachtaí Mhaigh Eo	2,482	23.4	2,747	26.1	2,629	24.9	2,376	23.6	-371	-13.5
Daonra iomlán 3bl+ i Maigh Eo Thuaidh	7,241	8.4	7,216	7.9	7,325	7.6	6,968	7.3	-248	-3.4
Iomlán cainteoirí Gaeilge i Maigh Eo Thuaidh	4,600	63.5	4,445	61.6	4,316	58.9	3,998	57.4	-447	-10.1
CLG (lasmuigh CO) i Maigh Eo Thuaidh			755	10.5	687	9.4	563	8.1	-192	-25.4
CLG (sa CO amháin) i Maigh Eo Thuaidh			1,023	14.2	1,027	14.0	1,063	15.3	40	3.9
Iomlán CLG i Maigh Eo Thuaidh	1,538	21.2	1,778	24.6	1,714	23.4	1,626	23.3	-152	-8.5

3.6 An Phróifíl Teanga i Maigh Eo Thuaidh

Tugann tábla 10 forléargas ar chúrsaí teanga (i) sa Ghaeltacht trí chéile (ii) i nGaeltachtaí Mhaigh Eo trí chéile (.i. Maigh Eo Thuaidh, Acaill nó Maigh Eo Thiar agus Tuar Mhic Éadaigh) agus (iii) i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh amháin idir 2002 agus 2016. Tabharfar eolas táscach léiritheach ón Daonáireamh maidir le staid reatha na Gaeilge sa LPT sa mhír seo.¹⁴

3.6.1 Cumas agus Úsáid na Gaeilge i Maigh Eo Thuaidh

Má scrúdaítear na staitisticí do limistéar Mhaigh Eo Thuaidh amháin, atá leagtha amach sa tábla céanna agus i dtábla 11 de réir toghroinne thíos, léirítear na príomhthorthaí seo a leanas:

- Bhí an daonra (3bl. agus os a chionn) réasúnta seasmhach ag c.7,200 go dtí 2011 ach tá sé ag titim ó shin i leith agus ag 6,968 duine dar le Daonáireamh 2016, an fhad is a d'ardaigh daonra iomlán na Gaeltachta +4.6% ó 2006.
- Tá líon agus céatadán na ndaoine le cumas sa Ghaeilge ag laghdú sa limistéar, ó 61.6% i 2006 go 57.4% i 2016, nó ó 4,445 duine i 2006 go 3,998 duine i 2016 (ísliú de 10.1% nó 447 duine). Mar sin, tá cumas sa Ghaeilge ag beagán os cionn leath den daonra i MET (57.4%) dar le Daonáireamh 2016 (i gcomparáid le 66.3% sa Ghaeltacht trí chéile, staitistic atá ag titim ó 2002 i leith). Nó, thug 57.4% den phobal trí bliana d'aois agus os a chionn freagra dearfach ar cheist a ceathair déag 'an bhfuil Gaeilge labhartha agat?' sa Daonáireamh is deireanaí a reáchtáladh i 2016.

¹⁴ Maidir leis an Daonáireamh mar fhoinsé eolais, ní foláir a bheith cúramach faoin gciall is ceart a bhaint as staitisticí daonáirimh toisc gur bunaithe ar fhéinmheasúnú a bhíonn na figiúirí sin agus bíonn a bheagán nó a mhórán den áibhéil i gceist. D'fhéadfaí a áiteamh gur cineál pobalbhreith é an Daonáireamh ar mhianta an phobail i leith na Gaeilge. Bíonn léargas mothúchánach sna staitisticí ar dhearcchaí an phobail i leith na Gaeilge seachas cruinnfhiúirí oibiachtúla ar phobal bisiúil teanga a bhfuil an Ghaeilge in uachtar mar ghnáthmheán cumarsáide acu. Mar sin féin, níl aon mhodh eile ar fáil faoi láthair chun tuairim a fháil ar phatrúin reatha agus stairiúla teanga. Baineadh an-úsáid as staitisticí daonáirimh le déanaí chun catagóirí Gaeltachta a mholadh nó chun ceantair dhifriúla Ghaeltachta a rangú, cuir i gcás (Ó Giollagáin et al 2007 & 2015). Cuirtear mionstaitisticí daonáirimh ar fáil de réir toghroinne agus ba iad na ceantair ba lú a raibh staitisticí ar fáil orthu go dtí 2011 gan áireamh speisialta a lorg. Is féidir staitisticí a fháil do na ceantair bheaga mar chuid de thoghroinn ó 2011 i leith ar *Sapmap* an Daonáirimh.

- Fiafraíodh den chéad uair sa bhliain 2006 maidir le húsáid laethúil na Gaeilge laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais.
- I 2016, d'fhreagair 1,063 duine (15.3% den daonra nó 26.6% de chainteoirí Gaeilge) go n-úsáideann siad an Ghaeilge go laethúil sa chóras oideachais amháin i MET, i gcomparáid le 14.2% sa bhliain 2006. Tá an cohórt seo ag méadú ó 2006 (+40 CLG sa chóras oideachais nó +3.9% i MET le hais +7.9% sa Ghaeltacht trí chéile), toradh a léiríonn tábhacht na n-institiúidí oideachais i gcothú labhairt laethúil na Gaeilge sa limistéar agus i dtodhchaí na Gaeilge ann.
- Beag beann air sin, níl ach 7/16 bunscoil ag iarraidh aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta faoin b*POG* sa LPT seo faoi láthair. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar tromchúiseach fadtéarmach ag an gcinneadh seo ar úsáid Gaeilge agus ar thodhchaí na Gaeilge sa limistéar trí chéile.
- Mhaígh 563 duine eile (8.1% den daonra, nó 14% de chainteoirí Gaeilge) go labhraíonn siad an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais i 2016, íslíú de 192 duine (-25.4%) ó 2006.
- Léiríonn staitisticí 2016 gur tháinig an laghdú is mó ar líon na gCLG/CO sa Ghaeltacht ar fad i Maigh Eo .i. laghdú de 277 duine (nó -23.6%) ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge i nGaeltachtaí Mhaigh Eo idir 2011 agus 2016 (ó 12.2% nó 1,281 duine i 2006 go 11.1% nó 1,172 duine sa bhliain 2011 go 8.9% (nó 895 duine) sa bhliain 2016).
- Tá céatadán na gCLG/CO i MET (8.1%) i bhfad níos lú ná an 21.4% a shonraítear sa Ghaeltacht trí chéile (Daonáireamh 2016).
- Uaireanta, tugtar 'cainteoirí gníomhacha Gaeilge' ar an dream seo, nó croícainteoirí Gaeilge an cheantair, iad siúd a úsáideann an Ghaeilge go laethúil as a stuaim féin. Tháinig titim mhór ar an gcohórt tábhachtach seo idir 2016 agus 2006 i MET (-25.4%). Leis sin, tá líon iomlán na gcainteoirí laethúla Gaeilge i MET (23.3%) go maith faoi bhun an mheáin Ghaeltachta de 37.1%.
- Tugann na staitisticí seo tuairim níos beaichte dúinn ar chroíphobal na Gaeilge i MET, seachas an 3,998 duine a mhaíonn go bhfuil cumas éigin sa Ghaeilge acu. Mar sin, cé go bhfuil cumas sa Ghaeilge ag c.57%, ní

labhraíonn ach níos lú ná aon cheathrú díobh (23% nó 1,626 duine) an Ghaeilge go laethúil. Tá an sciar is mó díobh (15.3%) ag brath ar an gcóras oideachais chun go labhrófaí Gaeilge go laethúil.

- Ina ainneoin sin, an sprioc atá ar intinn an rialtais ná méadú 25% a chur le líon na gCLG sa Ghaeltacht trí chéile idir 2010 agus 2030 (Rialtas na hÉireann, 2010:17). I MET, mar sin, bheifí ag súil le méadú 25% a chur leis an 1,626 CLG atá ann faoi láthair nó c.407 CLG nua a chruthú idir 2010 agus 2030 nó c.29 CLG sa bhreis a chruthú ann chuile bhliain as seo go dtí 2030. Níl aon bhunús eolaíochtúil leis an sprioc uailmhianach seo áfach. Leagfar amach spriocanna sonracha teanga do MET i mír 6.
- Ag leibhéal lom na staitisticí seo, níl fágtha ach 563 CLG/CO (nó 8.1%) i MET ar fad, dar le Daonáireamh 2016. Tá an líon sin ag meath go pras ó 2006 i leith (-25.4%). Tá an dream seo nó croíchainteoirí Gaeilge an limistéir scáinte scaipthe tríd an limistéar ar fad, mar a léireofar sa chuid eile den mhír seo.
- Cruthaíonn na torthaí seo dúshlán faoi leith don phróiseas pleanála teanga sa limistéar seo. Ar bhealach eile, léiríonn na torthaí seo tábhacht agus caoithiúlacht an phróisis pleanála teanga sa limistéar seo anois. Leagtar síos bunús agus bunlíne cainníochtúil don phróiseas leis an anailís seo chomh maith.
- Tá an Ghaeilge ag treabhadh léi, mar sin féin, in áiteanna ar leith sa limistéar seo fós agus in ainneoin athruithe móra sóisialta, eacnamaíochta agus teanga.

Tábla 11: Cúrsaí Gaeilge i Maigh Eo Thuaidh de Réir Toghroinne (2006-2016)

	2006				2011						2016						2016-2006	
	Daonra 3bl+	% CG	% Iomlán CLG	Líon CLG	Daonra 3bl+	% CG	% CLG sa CO	% CLG / CO	% Iomlán CLG	Líon CLG	Daonra 3bl+	% CG	% CLG sa CO	% CLG / CO	% Iomlán CLG	Líon CLG	Athrú líon CLG	%
Geata Mór Theas	888	76.7	46.2	410	886	75.5	15.2	27.4	42.6	378	941	72.8	20.2	18.4	38.6	363	-47	-11.5
Geata Mór Thuaidh	822	57.5	21.4	176	934	56.6	16.1	4.8	20.9	195	905	54.5	17.7	4.1	21.8	197	21	11.9
Béal an Mhuirthead	1937	52.3	16.9	327	1997	51.8	11.9	5	16.9	338	1879	51.7	14.3	4.3	18.6	350	23	7.0
Cnoc an Daimh	346	88.4	63.6	220	344	86.3	16.6	43.0	59.6	205	330	84.5	14.2	40.3	54.5	180	-40	-18.2
Moing na Bó	313	72.2	31	97	279	68.5	15.4	12.9	28.3	79	237	67.1	13.1	15.2	28.3	67	-30	-30.9
Cnoc na Lobhar	831	59.2	20.7	172	808	61.4	17.3	4.7	22.0	178	735	55.8	15	3.3	18.3	134	-38	-22.1
Barr Rúscáí	108	60.2	19.4	21	109	56	11.9	6.4	18.3	20	99	46.5	15.2	0	15.2	15	-6	-28.6
Gleann na Muaidhe	242	55.8	17.8	43	238	47.9	13.9	4.2	18.1	43	209	49.3	15.3	8.1	23.4	49	6	14.0
Béal Deirg Mór	175	57.7	15.4	27	169	44.4	5.3	5.3	10.7	18	153	54.9	10.5	5.2	15.7	24	-3	-11.1
Gleann Chaisil	497	62.8	19.9	99	505	57	15.2	3.4	18.6	94	479	53.7	15.2	1.9	17.1	82	-17	-17.2
Na Monga	233	61.8	19.3	45	244	53.7	15.6	3.3	18.9	46	212	53.8	16	6.6	22.6	48	3	6.7
Cnoc na Ráithe	717	59.4	17.4	125	728	52.6	12	3.4	15.4	112	698	50.3	11.5	4.3	15.8	110	-15	-12.0
Guala Mhór*	107	66.4	15.0	16	84	57.1	8.3	1.2	9.5	8	91	50.5	6.6	1.1	7.7	7	-9	-56.3
Iomlán	7,216	61.6	24.6	1,778	7,325	58.9	14.0	9.4	23.4	1,714	6,968	57.4	15.3	8.1	23.3	1,626	-152	-8.5

3.6.2 Staid Reatha na Gaeilge de réir paróiste i MET

3.6.2.1 Paróiste Chill Chomáin & toghroinn Bhéal Deirg

Tá 6 toghroinn sa chuid is faide ó thuaidh de Ghaeltacht Mhaigh Eo. Tá chuile cheann de na toghranna sin i bparóiste Chill Chomáin seachas Béal Deirg Mór. Bunaíodh Comhar Dún Chaocháin Teo. sa bhliain 1995 agus is ar cheantar Dhún Chaocháin amháin (toghroinn Chnoc an Daimh) a bhí an comharchumann sin ag díriú nuair a bunaíodh i dtosach é. Leathnaíodh amach ceantar feidhme an chomharchumainn go paróiste Chill Chomáin ar fad i 2001 (Ní Ghearraigh, teagmháil phearsanta, 23.11.2012). Mar sin, freagraíonn ceantar feidhme Chomhar Dhún Chaocháin do chúig toghroinn, eadhon, Cnoc an Daimh, Cnoc na Lobhar, Gleann na Muaidhe, Moing na Bó, Barr Rúscaí. Níl Béal Deirg Mór san áireamh (nó sa pharóiste seo) ach luafar sa mhír seo é ar mhaithe le héascaíocht, toisc go bhfuil Béal Deirg buailte le himeall an pharóiste seo. Áitítear i b*Plean Teanga Chill Chomáin* gurb é ceantar Dhún Chaocháin, atá lonnaithe ar imeall iarthuaisceart an pharóiste, an ceantar is láidre Gaeilge sa réigiún (Ó Giollagáin, 2006b:5). Tagann staitisticí daonáirimh agus Scéim Labhairt na Gaeilge (2008-2011) leis an áiteamh sin (Ní Dhúda, 2014b:831).

Ag leanúint leis an iniúchadh ar chúrsaí teanga i Maigh Eo Thuaidh, léiríonn tábla 11 go bhfuil an céatadán is airde de CLG le fáil i gCnoc an Daimh, ach tá an céatadán sin ag titim go leanúnach ó 67.2% go 54.5% (-28.6% nó 72 duine) idir 2002 agus 2016.

- Tá staid na Gaeilge níos láidre i gceantar Cheathrú Thaidhg (Cnoc an Daimh) ná in aon toghroinn eile sa pharóiste nó sa limistéar seo áfach.
- Cuir i gcás, dar le Daonáireamh 2016, tá 40.3% cainteoir laethúil Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais i gCnoc an Daimh agus níl aon CLG/CO i mBarr Rúscaí.
- Tagann an toradh sin le torthaí an mhórstaidéir Ghaeltachta. Seo é an t-aon toghroinn a rangáíodh i gcatagóir A i nGaeltacht Mhaigh Eo sa bhliain 2007 ach tugadh stádas níos ísle, catagóir B, di i 2015.¹⁵

¹⁵ Moladh sa SCT gur chóir 'meicníocht reachtúil a chur ar fáil le hidirdhealú a dhéanamh idir na cineálacha éagsúla pobal teanga atá laistigh de na limistéir reachtúla Ghaeltachta' nó trí

- Idir 2011 agus 2016, tháinig laghdú 10.1% (ó 148 go 133) ar líon na gCLG/CO ('cainteoirí gníomhacha Gaeilge') i gCnoc an Daimh.

Cnoc an Daimh					
Bliain	Daonra 3bl+	% CLG	CLG sa CO	CLG / CO	Iomlán CLG
2002	375	67.2 %			252 duine
2006	346	63.6 %	69	151	220 (-32)
2011	344	59.6 %	57	148	205 (-15)
2016	330	54.5%	47	133	180 (-25)

- Taispeánann an anailís seo a leanas ar na ceantair bheaga mar chuid de Chnoc an Daimh (i) gur tháinig titim de 5.6% ar chéatadán iomlán na gCLG sa chuid is faide ó thuaidh den toghroinn seo (ceantar bhunscoil Cheathrú Thaidhg), ó 69.8% go 64.2% idir 2011 agus 2016 (ii) ach go bhfuil an sciar seo de Chnoc an Daimh i bhfoisceacht 2.8% de stádas mar chatagóir A Gaeltachta dar le torthaí 2016 (le forbairt i mír 6.11.2).

Tábla 12: Na ceantair bheaga mar chuid de Chnoc an Daimh (2011-2016)								
	Daonra 3bl+	Caint Gaeilge	% CG	CLG sa CO	CLG / CO	%CLG CO	%CLG/CO	Iomlán CLG
Ceantar beag 1 (#110002) An chuid is faide ó thuaidh	192	169	88.0	25	109	13.0	56.8	69.8
Ceantar beag 2 (#110003) In aice láimhe	152	128	84.2	32	39	21.1	25.7	46.7
Iomlán	344	297	86.3	57	148	16.6	43.0	59.6
2016								
Ceantar beag 1 (#110002) An chuid is faide ó thuaidh	187	160	85.6	22	98	11.8	52.4	64.2
Ceantar beag 2 (#110003) In aice láimhe	143	119	83.2	25	35	17.5	24.5	42.0
Iomlán	330	279	84.5	47	133	14.2	40.3	54.5

chatagóirí Ghaeltachta a bhunú, eadhon: (i) catagóir A (níos mó ná 67% den daonra ina gcainteoirí laethúla Gaeilge); (ii) Catagóir B (44-66% den daonra ina gcainteoirí laethúla Gaeilge); (iii) Catagóir C (níos lú ná 44% ina gcainteoirí laethúla Gaeilge). Níor glacadh riamh leis an moladh seo go mbunófaí catagóirí difriúla Gaeltachta. Níl aon bhunús reachtúil leis an rangú seo ach maireann an t-idirdhealú fós in intinn mhuintir na Gaeltachta.

- I dtoghroinn Mhoing na Bó (ceantar Ros Dumhach), an dara toghroinn is láidre i dtaobh na Gaeilge de sa pharóiste seo, tá staitisticí daonáirimh (c.29% CLG idir 2006-2016) agus torthaí SLG (c.18.5% deontas iomlán 2008-2011) i gcomhréir le chéile sách íseal (Ní Dhúda, 2014b:832).
- Tugann an fhaisnéis seo le fios, dar le Ó Giollagáin, go bhfuil an t-aistriú teanga go Béarla á chur i gcrích sa cheantar seo agus go bhfuil úsáid na Gaeilge i measc an phobail ann teoranta do sciar an-bheag den phobal (2006b:11).
- Is sa cheantar seo atá Gaelcholáiste Chomáin lonnaithe, an t-aon iarbhunscoil lán-Ghaeilge in iarthuaisceart Mhaigh Eo.¹⁶
- Tugann na patrúin seo i gCeathrú Thaidhg agus Ros Dumhach nod eile faoi thábhacht na n-institiúidí oideachais (.i. bunscoil, iarbhunscoil) i gcothú labhairt laethúil na Gaeilge sa Ghaeltacht chomhaimseartha.
- Lena chois sin, níor éirigh le duine ar bith deontas iomlán SLG a fháil i gCnoc na Lobhar, Barr Rúscáí, Gleann na Muaidhe ná Béal Deirg Mór idir 2008 agus 2011 ach shaothraigh tuairim is 36.6% d'iarthóirí deontas iomlán ar an meán i gCeathrú Thaidhg sa tréimhse chéanna (Ní Dhúda, 2014b:832).
- Bunaithe ar an anailís sin uilig, is é ceantar Cheathrú Thaidhg an t-aon chuid de pharóiste Chill Chomáin a bhfuil sciar suntasach dá phobal ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Tá an céatadán sin ag laghdú le himeacht ama áfach (ó 67.2% i 2002 go 54.5% i 2016).
- De réir an chíortha seo, tá úsáid an Bhéarla in uachtar mar theanga pobail agus teaghlaigh sna toghranna eile i bParóiste Chill Chomáin agus tá an t-iompú teanga go Béarla curtha i gcrích iontu nach mór.

¹⁶ Bhunaigh Gael Linn an mheánscoil seo i 1959 agus tháinig an scoil faoi bhainistíocht Choiste Ghairmoideachais Chontae Mhaigh Eo i 1972.

3.6.2.2 Paróiste na Cille Móire & toghroinn Bhéal an Mhuirthead

Cuimsíonn ceantar feidhme Comharchumann Ionad Deirbhile Teo. leithinis iomlán an Mhuirthead nó paróiste na Cille Móire ar fad .i. toghroinn an Gheata Mhóir Thuaidh, toghroinn an Gheata Mhóir Theas maille le cuid de toghroinn Bhéal an Mhuirthead. Cé go bhfuil dhá toghroinn iomlána agus cuid de toghroinn eile faoi chúram an chomharchumainn seo, aithnítear go bhfuil an-éagsúlacht teangeolaíoch ó cheantar go ceantar i bplean teanga na háite (Ní Dhúda, 2012a). Cuir i gcás, bhí an-tionchar ag an tiarna talún Bingham ar chúrsaí teanga i dtuaisceart na leithinse go stairiúil, ó shráidbhaile an Gheata Mhóir i dtreo bhaile Bhéal an Mhuirthead ach go háirithe (Ní Dhúda, 2004:44). Mar sin féin, rangáíodh na trí toghroinn seo i gcatagóir C sa mhórstaidéar Gaeltachta (Ó Giollagáin et al, 2007:20-23).

- De réir an scagtha seo, is é an Geata Mór Theas an toghroinn is láidre Gaeilge ar an leithinis agus sa dara áit leis an gcéatadán is airde de CLG i MET ar fad idir 2002 agus 2016.
- Tá an líon is mó CLG sa limistéar ar fad le sonrú sa toghroinn áirithe seo (363 duine) i 2016. Ina dhiaidh sin, tá 350 CLG i mBéal an Mhuirthead agus 180 díobh i gCnoc an Daimh, dar le Daonáireamh 2016.
- Mhéadaigh líon agus céatadán na gCLG sa Gheata Mór Theas idir 2002 agus 2006 (go stádas 'catagóir B') ach thit na torthaí céanna arís faoi 2011 go 42.6%, i bhfoisceacht 1.4% de chatagóir B (44 – 66%).
- Thit céatadán na gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais ann ó 30.9% i 2006 go 18.4% i 2016.
- Idir 2011 agus 2016, tháinig laghdú 28.8% (ó 243 go 173) ar líon na gCLG/CO sa Gheata Mór Theas, ach mhéadaigh líon na gCLG sa CO ann 40.7% (+55).
- Ag leibhéal lom na gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais (18.4% i 2016), is cosúil go bhfuil cainteoirí Gaeilge an Gheata Mhóir Theas scáinte scaipthe trí mhórphobal Béarla, gan ach c.26% díobh ann ar an meán idir 2006 agus 2016.

An Geata Mór Theas					
Bliain	Daonra 3bl+	% CLG	CLG sa CO	CLG / CO	Iomlán CLG
2002	894	40.8 %			365
2006	888	46.2 %	136	274 (30.9%)	410 (+45)
2011	886	42.6 %	135	243	378 (-32)
2016	941	38.6%	190 (+55)	173 (-70) 18.4%	363 (-15)

- Ar an meán, tá c.42.5% cainteoir laethúil Gaeilge sa Gheata Mór Theas, c.21% cainteoir laethúil Gaeilge sa Gheata Mór Thuaidh agus c.17.5% cainteoir laethúil Gaeilge i mBéal an Mhuirthead (2002-2016).
- Nochtann torthaí SLG téagar éigin sna figiúirí don Gheata Mór Theas (.i. c.40% deontas iomlán idir 2008-2011) (Ní Dhúda, 2014b: 835).
- Thuill níos lú ná 10% deontas iomlán SLG sa dá cheantar eile ámh idir 2009 agus 2011 (sa Gheata Mór Thuaidh agus i mBéal an Mhuirthead) (Ní Dhúda, 2014b: 835).
- Tugann na figiúirí seo le fios go bhfuil úsáid an Bhéarla chun cinn ar an leithinis ach go bhfuil an Ghaeilge ag treabhadh léi, más ar éigean féin é, i measc sciar áirithe den phobal sa Gheata Mór Theas go fóill.¹⁷
- Is amhlaidh atá an póca is láidre Gaeilge cúngaithe go bun na leithinse (an Geata Mór Theas), áit a bhfuil ceantar bhunscoil na hEachléime lonnaithe (Ní Dhúda, 2012b).¹⁸
- Nochtann an anailís seo a leanas ar na ceantair bheaga mar chuid den Gheata Mór Theas (i) cé gur thit líon iomlán na gCLG sa chuid is faide ó dheas den toghroinn seo, ó 52.3% i 2011 go 44% i 2016 (ii) tá cás láidir ag sciar den toghroinn seo (ceantar bhunscoil na hEachléime nó an chuid is faide ó dheas den toghroinn) a bheith aitheanta mar chatagóir B Gaeltachta (le forbairt i mír 6.11.2).

¹⁷ Tá toghroinn an Gheata Mhóir Theas an-mhór agus tá dhá cheantar bunscoile san áireamh, ceantar bhunscoil na hEachléime agus ceantar bhunscoil an Gheata Mhóir. Murab ionann agus bunscoil na hEachléime, tá bunscoil an Gheata Mhóir ag feidhmiú trí Bhéarla. Dá thairbhe sin, d'fhéadfaí a áiteamh go mbeadh staitisticí teanga do cheantar na hEachléime amháin níos airde (Ó Gallachóir, 2008).

¹⁸ Is go ceantar na hEachléime den chuid is mó a tháinig oileánaigh Inis Gé Thuaidh agus Inis Gé Theas nuair a tréigeadh na hoileáin sin sna 1930í. Tháinig an Ghaeilge shaibhir i dtír leo dar le Mac an Fhailigh (1980:ix).

Tábla 13: Na ceantair bheaga mar chuid den Gheata Mór Theas (2011-2016)								
	Daonra 3bl+	Caint. Gaeilge	% CG	CLG sa CO	CLG / CO	%CLG CO	%CLG/CO	Iomlán CLG
Ceantar beag 1 (#07003) an chuid is faide ó dheas	138	104	75.4	10	67	7.2	48.6	55.8
Ceantar beag 2 (#07002)	163	143	87.7	28	60	17.2	36.8	54.0
Ceantar beag 3 (#07004)	269	238	88.5	43	90	16.0	33.5	49.4
Fo-iomlán	570	485	85.1	81	217	14.2	38.1	52.3
Ceantar beag 4 (#07006)	152	100	65.8	25	20	16.4	13.2	29.6
Ceantar beag 5 (#07005)	164	84	51.2	29	6	17.7	3.7	21.3
Iomlán	886	669	75.5	135	243	15.2	27.4	42.7
2016								
Ceantar beag 1 (#07003) an chuid is faide ó dheas	131	101	77.1	12	52	9.2	39.7	48.9
Ceantar beag 2 (#07002)	157	126	80.3	27	37	17.2	23.6	40.8
Ceantar beag 3 (#07004)	271	225	83.0	59	59	21.8	21.8	43.5
Fo-iomlán	559	452	80.9	98	148	17.5	26.5	44.0
Ceantar beag 4 (#07006)	229	149	65.1	69	21	30.1	9.2	39.3
Ceantar beag 5 (#07005)	153	84	54.9	23	4	15.0	2.6	17.6
Iomlán	941	685	72.8	190	173	20.2	18.4	38.6

Maidir le toghroinn Bhéal an Mhuirthead, áit a bhfuil an baile mór is mó sa LPT lonnaithe, sonraíonn Nolan go raibh Béarla chun cinn sa bhaile seo i gcónaí: ‘in Belmullet – ‘An Baile Gallda’ – very little Irish was spoken’ (1998:206). Os a choinne sin áfach, taispeánann tábla 11 go raibh 350 CLG ann dar le Daonáireamh 2016, an dara líon is mó i MET ar fad. Tá an líon seo ag méadú ó 2002 i leith (mar is léir ón tábla thíos). Tá céatadán na gCLG trí chéile ag ardú ann freisin, ó 13.8% i 2002 go 18.6% i 2016, cé go bhfuil líon na gCLG/CO ag titim ann ó 2011.

Béal an Mhuirthead					
Bliain	Daonra 3bl+	% CLG	CLG sa CO	CLG / CO	Iomlán CLG
2002	1,808	13.8%			250
2006	1,937	16.9%	230	97	327
2011	1,997	16.9%	238	100	338
2016	1,879	18.6%	269	81	350

3.6.2.3 Paróiste Chill tSéadhna*

Maidir leis an gcuid eile de limistéar MET, nochtann tábla 11 gurb é na Monga, an toghroinn taobh le Cnoc na Lobhar agus Gleann Chaisil, an toghroinn taobh le Béal an Mhuirthead, an dá thoghroinn is láidre Gaeilge sa dúiche seo.

Tuairiscíodh go raibh c.18.5% cainteoir laethúil Gaeilge i nGleann Chaisil idir 2006-2016 agus c.20% díobh sna Monga lena linn sin. Is ríléir ó na staitisticí céanna, ámh, go bhfuil úsáid an Bhéarla go maith in uachtar sa cheantar seo trí chéile. Tá leibhéal an-íseal de CLG/CO ann. Ní raibh ach c.4% cainteoir laethúil Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais ann idir 2006 agus 2016. Cuireann torthaí SLG leis an bpatrún sin. Níor bronnadh ach deontas iomlán amháin gach scoilbhliain idir 2009 agus 2011 sa limistéar seo ar fad (Ní Dhúda, 2014b: 836). Nochtann tábla 11, mar shampla, go bhfuil an céatadán is ísle de CLG lonnaithe sa pháirt-thoghroinn ar imeall oirdheisceart an limistéir seo, an Guala Mór. Tá líon iomlán na gCLG sa Ghuala Mhór ag meath ann ó 10 sa bhliain 2002 go 7 CLG i 2016.

Guala Mhór*					
Bliain	Daonra 3bl+	% CLG	CLG sa CO	CLG / CO	Iomlán CLG
2002	119	8.4 %			10 duine
2006	107	15.0 %	9	7	16 (+6)
2011	84	9.5 %	7	1	8 (-8)
2016	91	7.7%	6	1	7 (-1)

Gach seans, mar sin, go bhfuil bunús éigin leis an tuairimíocht dhíspeagúil i leith iarAire na Gaeltachta, Pádraig Ó Loingsigh. As Dumha Locha ó dhúchas dó (toghroinn Chnoc na Ráithe):

The main expanse of the north-west Mayo Gaeltacht is often referred to derogatorily as 'Lindsay's Gaeltacht', as PJ (Pat) Lindsay was a Mayo TD and the (first) Minister for the Gaeltacht responsible for drawing the new boundaries – in conjunction with 'Pa' O'Donnell, who, already mentioned in Donegal, was Minister of Local Government. The implication is that the boundaries were drawn wide to include as many beneficiaries of 'Gaeltacht' subsidies as possible, to curry electoral favour (Hindley 1990:80; feic, chomh maith, Ó Giollagáin, 2006a).

Tugann an anailís seo le tuiscint gur geall le ceantar aonteangach Béarla é an leath-pharóiste Gaeltachta seo. Os a choinne sin, bunaíodh Comharchumann Forbartha Cill tSéadhna i nGaoth Sáile (toghroinn Chnoc na Ráithe) sa bhliain 2007. Táthar ag reáchtáil clár seirbhísí pobail i bParóiste Chill tSéandna go príomha agus ba mhaith leo díriú ar chúrsaí Gaeilge sa todhchaí (Kerry Bashford, teagmháil phearsanta, 12.12.12).

3.7 Príomhthátail: Forléargas ar Mhaigh Eo Thuaidh mar LPT

Ní fhéadfaí ach an t-uachtar a scríobadh nó blaiseadh de na príomhstaitisticí a chur ar fáil i dtuarascáil taighde den chineál seo. Ní fhéadfaí, ach an oiread, grinnanailís a dhéanamh ar phróifíl teanga chuile thoghroinn sa LPT seo ach tugadh suntas faoi leith do na príomhcheantair ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt fós. Dá chuimsithí iad na staitisticí, ní thugann siad ach léargas cainníochtúil amháin ar staid na Gaeilge agus próifíl an phobail sa limistéar seo. Mar sin féin, leagtar síos san iniúchadh seo (i) dúshraith mhaith don obair cháilíochtúil

pháirce agus do phróiseas an chomhairliúcháin phoiblí (ii) bunlíne taighde chun bunús a thabhairt do na spriocanna agus na bearta (mír 6).

3.7.1 Príomhthorthaí Déimeagrafacha

- Is limistéar mór fairsing é Maigh Eo Thuaidh. Tá 12 thoghroinn agus cuid de thoghroinn eile sa limistéar seo, an LPT is fairsinge i Maigh Eo agus go deimhin féin ceann de na LPT is mó sa tír. Tá 3 pharóiste eaglasta iomlán (Cill Mhór, Béal an Mhuirthead agus Cill Chomáin) agus cuid de dhá pharóiste eile (Cill tSéadhna agus Baile an Chaisil) sa limistéar seo, a áiríonn 16 cheantar bunscoile. Dúnadh an bhunscoil i mBéal Deirg i 2009 (tábla 7). Tá 155 baile fearainn sa limistéar ar fad. Lena chois sin, tá an iliomad eagraíochtaí agus coistí éagsúla ag feidhmiú sa limistéar seo faoi láthair.
- Tá daonra iomlán de 7,199 duine ag cónaí sa limistéar seo dar leis an Daonáireamh is déanaí a reáchtáladh i 2016. Is ionann sin agus 7.2% de dhaonra iomlán na Gaeltachta agus 0.2% den daonra náisiúnta (tábla 5).
- Tháinig laghdú de 3.9% ar dhaonra iomlán an limistéir seo idir 2006 agus 2016, i gcomparáid le hardú de 10.7% ar dhaonra iomlán na Gaeltachta agus méadú 21.6% ar an daonra náisiúnta sa tréimhse chéanna. Tháinig méadú ar an daonra i gceantar an bhaile mhóir agus leithinis an Mhuirthead i gcaitheamh an ama seo áfach. Tá an daonra ag titim i dtoghranna eile an limistéir seo, go mór mór sna toghranna atá suite ar imeall an limistéir.
- Tagann an fhianaise maidir le líon na ngasúr cláraithe i mbunscoileanna an limistéir leis an bpatrún seo chomh maith (tábla 7). Tugtar leid eile faoin dlúthú agus méadú daonra i gceantar an bhaile mhóir agus an cheantair mháguaird (SN Bhéal an Mhuirthead agus SN Chorrchloch, mar shampla), chomh maith le bánú na gceantar is imeallaí sa limistéar go

tíreolaíoch (Eachléim, Gaoth Sáile, Béal Deirg, Ros Dumhach, Ceathrú Thaidhg, Gleann na Muaidhe agus Poll an tSómais, cuir i gcás).

- Tá an daonra is dlúithe sa limistéar le sonrú i dtoghroinn Bhéal an Mhuirthead le 27% de dhaonra iomlán an limistéir nó 1,954 duine. Tá baile mór amháin, Béal an Mhuirthead, ag freastal ar mhuintir an LPT seo, agus é suite i lár na toghroinne seo.
- Is iad na daoine óga idir 15 – 24 an aoisghrúpa is laige sa limistéar le 11.3% den iomlán, staitistic a thugann leid faoi dhaoine óga ag fágáil an cheantair de dheasca na himirce nó na hollscolaíochta (tábla 6). Tagann an patrún seo le treochtaí Gaeltachta, cé go bhfuil an aoisghrúpa seo fós níos lú ná an 11.9% a shonraítear don chohórt céanna sa Ghaeltacht trí chéile agus 12.1% go náisiúnta.
- Is iad na daoine idir 45 – 64 an aoisghrúpa is tréine i ngach toghroinn sa limistéar (le 28.1% den iomlán, staitistic atá níos airde ná an céatadán Gaeltachta de 26.9% agus an céatadán náisiúnta de 23.8%). Tugtar leid eile faoin daonra aosta sa LPT dá réir sin, ach amháin i gcás Bhéal an Mhuirthead, mar go bhfuil tosaíocht ag an dream 25-44 d'aois ann. Tá dáileadh na n-aoisghrúpaí seo mórán mar a chéile idir 2016 agus 2011, ach amháin gur tháinig ísliú de 2.1% ar an aoisghrúpa 25-44 agus méadú 2.9% sa chohórt 65+. Tá difríocht de 148 duine idir an aoisghrúpa is óige agus an aoisghrúpa is sine sa limistéar, a thugann nod nach bhfuil an ráta beireantais ag coinneáil suas leis an ráta báis sa limistéar. Ar an iomlán, tugann na torthaí seo le fios go bhfuil an daonra ag titim agus ag dul in aois sa LPT seo.
- Tugann na figiúirí i dtábla 4 le tuiscint go bhfuil ardráta dífhostaíochta (11.3%) agus leibhéal íseal fostaíochta (m.sh. 40.7% ag obair, 20.6% scortha, 9.8% ag tabhairt aire don teaghlach) sa limistéar seo.

- Léiríonn tábla 3 go bhfuil stádas mar limistéar faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch ag 9/13 (nó 69%) de na toghranna i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh de réir innéacs Haase. Tá stádas mar cheantar faoi mhór mhíbhuntáiste ag na 4 thoghroinn eile (.i. scór idir -20 agus -30) Cnoc an Daimh, Moing na Bó, Cnoc na Lobhar agus Gleann na Muaidhe. Tá na toghranna seo suite taobh lena chéile sa chúinne iarthuaisceart den LPT, i bparóiste Chill Chomáin. Is é ceantar Cheathrú Thaidhg (mar chuid de Chnoc an Daimh), an toghroinn leis an scór is mó sa LPT trí chéile (-22.0%). Tá an dá thoghroinn sa chuid is faide ó dheas den LPT (Cnoc na Ráithe agus Guala Mhór) i bhfoisceacht 0.3% de stádas mar limistéar faoi mhór mhíbhuntáiste. Leis sin, is fiú a lua gur mhéadaigh na torthaí seo i mbeagnach gach toghroinn sa LPT seo idir 2006 agus 2016, a chiallaíonn nár tháinig aon fheabhas ar stádas socheacnamaíochta an LPT sa tréimhse seo.
- Tugann na torthaí i dtábla 8 le fios go bhfuil sé de nós ag sciar suntasach de mhuintir an limistéir seo deireadh a chur lena gcuid scolaíochta go lua agus go bhfuil leibhéal oideachais níos ísle ag muintir an limistéir seo i gcomparáid le patrúin náisiúnta agus Ghaeltachta. Mar shampla, léiríonn staitisticí 2016 go raibh céatadán suntasach, 22.3%, le bunoidéachas amháin sa limistéar seo, dhá oiread níos mó ná an céatadán náisiúnta de 10.8%. Taispeánann tábla 8 go raibh 18.6% le hiarbhunoideachas (sóisearach) agus 17.6% eile le hiarbhunoideachas (sinsearach) sa limistéar. Tá na torthaí seo níos lú ná na céatadán náisiúnta de 14.5% agus 18.5% faoi seach. Leis sin, léiríodh go bhfuil céatadán an-íseal le hoideachas ollscoile sa limistéar (13.5% i MET, le hais 28.5% go náisiúnta agus 27.7% sa Ghaeltacht), a d'fhéadfadh teorann a chur le cineál na fostaíochta a bhféadfaí a fhorbairt sa limistéar amach anseo.
- Ar an iomlán, mar sin, nochtann na príomhthorthaí déimeagrafacha go bhfuil an daonra ag titim agus ag dul in aois, laghdú ar uimhreacha tinrimh i bhformhór na mbunscoileanna tuaithe (9/16) agus na n-iarbhunscoileanna (2/3), ardráta dífhostaíochta agus leibhéal íseal

fostaíochta agus oideachais sa limistéar. Cruthaíonn na treochtaí seo an-dúshlán do chúrsaí pleanála teanga agus do thodhchaí inmharthanacht an limistéir trí chéile, atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.

3.7.2 Príomhthorthaí Teanga

- Níl aon toghroinn fágtha i gcatagóir A i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh ó 2015 (Ó Giollagáin & Charlton, 2015). Íslíodh Cnoc an Daimh ó chatagóir A go catagóir B i 2015. Tá 12/13 nó formhór mór na dtoghrann i MET i gcatagóir C de réir na hanailíse i dtábla 11. Tagann na patrúin seo le treochtaí i nGaeltachtaí eile. Tháinig méadú ar líon na dtoghrann i gcatagóir B i 2015 (ó 13% i 2007 go 17% i 2015) agus d'ísligh líon na dtoghrann i gcatagóir A (ó 15% i 2007 go 13% i 2015). Tá 70% de thoghranna na Gaeltachta i gcatagóir C anois (2015).
- D'fhéadfaí argóint a dhéanamh, bunaithe ar an anailís ar na ceantair bheaga (i) go bhfuil sciar de Chnoc an Daimh i bhfoisceacht 2.8% de stádas mar chatagóir A Gaeltachta agus (ii) go bhfuil cás láidir ag sciar den Gheata Mór Theas (ceantar bhunscoil na hEachléime) a bheith aitheanta mar chatagóir B Gaeltachta (le forbairt i mír 6.11.2).
- Tá líon agus céatadán na ndaoine le cumas sa Ghaeilge i MET ag laghdú, ó 63.5% i 2002 go 57.4% i 2016, nó ó 4,600 duine i 2002 go 3,998 duine i 2016 (íslíú de c.13% nó 602 duine).
- Mar sin, cé go bhfuil cumas sa Ghaeilge ag c.57%, beagán os cionn leath den daonra i MET dar le Daonáireamh 2016, ní labhraíonn ach níos lú ná aon cheathrú díobh (nó 23%) an Ghaeilge go laethúil. Tugann na staitisticí maidir le cainteoirí laethúla Gaeilge tuairim níos beaichte dúinn ar chroíphobal na Gaeilge i MET, seachas an 3,998 duine a mhaíonn go bhfuil cumas éigin sa Ghaeilge acu.
- Ina ainneoin sin, an sprioc atá ar intinn an rialtais ná méadú 25% a chur leis an líon sin idir 2010 agus 2030 (Rialtas na hÉireann, 2010:17). I

MET, mar sin, bheifí ag súil le méadú 25% a chur leis an 1,626 CLG atá ann faoi láthair nó c.407 CLG nua a chruthú idir 2010 agus 2030 nó c.29 CLG sa bhreis a chruthú ann chuile bhliain as seo go dtí 2030. Níl aon bhunús eolaíochtúil leis an sprioc uailmhianach seo áfach. Leagfar amach spriocanna sonracha teanga do MET i mír 6 mar sin.

- Tugann an taighde seo le tuiscint go soiléir go bhfuil Gaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh ag cúlú léi le himeacht ama. Tá úsáid agus seachadadh na Gaeilge ag meath inti freisin, faoin mar a thugann na staitisticí Daonáireamh agus SLG le fios (Ní Dhúda, 2014b).
- Úsáideann formhór na ndaoine an Béarla mar phríomhtheanga cumarsáide sa LPT seo anois agus tá an t-iompú teanga go Béarla á chur i gcrích ann go pras.
- Tá an Ghaeilge ag treabhadh léi más ar éigean féin é, in áiteanna ar leith sa limistéar seo fós agus in ainneoin athruithe móra sóisialta agus eacnamaíochta.
- Faoi mar a tuairiscíodh sa mhórstaidéar Gaeltachta agus ag eascairt as scrúdú cainníochtúil na tuarascála seo, maireann an Ghaeilge fós mar theanga labhartha laethúil i measc sciar suntasach den phobal in dhá phóca ar leith ach go háirithe atá lonnaithe ar imeall an limistéir seo, mar atá, ceantar Cheathrú Thaidhg agus ceantar na hEachléime.

Tábla 14: Pócaí na Gaeilge i Maigh Eo Thuaidh (2002-2016)

	% CLG 2002- 2016	% Deontas Iomlán SLG 2008- 2011	Líon SLG 2008- 2011	% CLG / CO 2006- 2016
Cnoc an Daimh (Ceathrú Thaidhg)	61.2	36.7	10	42.3
An Geata Mór Theas (Eachléim)	42.1	39.3	19	25.6

Mar achoimre, léiríonn an tábla seo go bhfuil úsáid na Gaeilge in uachtar i gceantar Cheathrú Thaidhg fós. Bhí c.61.2% cainteoir laethúil Gaeilge ann ar an meán idir 2002 agus 2016, an céatadán is airde i nGaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh. Thuill 36.7% (nó c.10 duine) deontas iomlán SLG ann ar an meán idir 2008 agus 2011. Tá céatadán na gcainteoirí laethúla Gaeilge ag laghdú ann le himeacht ama áfach (ó 67.2% i 2002 go 54.5% i 2016). Tá an daonra agus céatadán na ndeontas iomlán ag titim sa cheantar chomh maith.

Tá úsáid an Bhéarla chun cinn sa Gheata Mór Theas, cé go bhfuil an Ghaeilge in uachtar i measc sciar áirithe den phobal go fóill (c.42.1%). Tá líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge agus céatadán na ndeontas iomlán SLG ag maolú ann, bíodh is go raibh an líon is airde deontas iomlán SLG le fáil sa toghroinn seo (.i. c.39% nó 19 duine ar an meán idir 2008 agus 2011). Idir 2011 agus 2016, tháinig laghdú 28.8% (ó 243 go 173) ar líon na gCLG/CO ann, cé gur mhéadaigh líon na gCLG sa CO de 40.7%. Tá UISCE suite sa toghroinn seo (mír 3.5.2).

Murab ionann agus formhór na mbunscoileanna sa LPT seo (atá ag feidhmiú trí Bhéarla faoi láthair), tá bunscoileanna lán-Ghaeilge ag freastal ar mhuintir na dtoghrann seo. Tá iarbunscoil lán-Ghaeilge ar fáil do mhuintir Cheathrú Thaidhg freisin (.i. Gaelcholáiste Chomáin). Tugann na patrúin seo leid eile faoi thábhacht na n-institiúidí oideachais i gcothú labhairt laethúil na Gaeilge sa Ghaeltacht chomhaimseartha. Ar bhealach eile, is dócha go bhfuil cúngú na Gaeilge i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh ag cur le gréasánú na Gaeilge ann freisin

(.i. cainteoirí Gaeilge scáinte scaipthe trí mhórphobal Béarla) (feic, Ní Dhúda 2010; Ní Dhúda 2012a; Ó Giollagáin et al 2007).

Ní mór, dá bhrí sin uilig, agus ar bhonn priarachta, gach iarracht a dhéanamh dul i ngleic leis an meath teanga sa dá cheantar is láidre Gaeilge sa LPT trí chéile (ceantar Cheathrú Thaidhg agus ceantar na hEachléime). Nochtann an t-iniúchadh seo ar chúrsaí teanga sa LPT de réir toghroinne (tábla 11), gur mionlach iad (c.23%) na cainteoirí laethúla Gaeilge i Maigh Eo Thuaidh anois. Tá forlámhas ag an mBéarla i ngach toghroinn seachas i gCnoc an Daimh (54.5%). Mar sin, teastaíonn idirghabháil phráinneach agus phleanáilte chun dul i ngleic le creimeadh leanúnach na Gaeilge i gCnoc an Daimh (ceantar Cheathrú Thaidhg) agus sa Gheata Mór Theas (ceantar na hEachléime) ach go háirithe. Tá iompú teanga fadbhunaithe i bhfabhar an Bhéarla le sonrú sna toghranna eile sa LPT seo, gan ach c.18.5% de chainteoirí laethúla Gaeilge iontu ar an meán i 2016. Beidh cur chuige agus bearta faoi leith de dhíth chun an Ghaeilge a threisiú sna ceantair sin freisin (le forbairt i mír 6).

Aisteach go leor, tagann fianaise Mhic an Fhailigh ó 1936 agus na sleachta a bhailigh Coimisiún na Gaeltachta sna 1920í le staitisticí reatha teanga a bheag nó a mhór. Is é sin le rá gurb iad ceantar Dhún Chaocháin agus ceantar na hEachléime¹⁹ an dá cheantar is láidre Gaeilge i sa LPT seo:

At two points in the barony I found Irish in full vigour as the vernacular: (i) Faulmore and adjacent townlands to the west; (ii) Dú Chaocháin, comprising Kilgalligan, Carrateigue, Stonefield, and Cornboy, in the north of the barony beside Beinn Bhuí Head. At these two places Irish was in 1936 the everyday speech of old and young, and the majority of the children acquired their first knowledge of English on attending school. Many of the older people knew Irish only (Mac an Fhailigh, 1968:xi).

I should say only the islands of Inishkea and Foughmore, and probably two other townlands, Kilgalligan and Stonefield, could be classed as Irish speaking in the whole of Erris ... In the rest of Erris Irish is spoken to a certain extent amongst the old people when the old people are occupied with one another... (An Canónach Hegarty, sagart paróiste Béal an Mhuirthead, 21.09.1925 i Walsh, 2002:46).

¹⁹ Tugtar 'ceantar na hEachléime' ar abhantrach bhunscoil na hEachléime i mbéal an phobail .i. paiste talún ag bun leithinis an Mhuirthead a áiríonn baile fearainn an Fháil Mhoir agus na bailte fearainn eile a luann Mac an Fhailigh.

4.0 Léargas ar Ullmhú an Phlean

4.1 An Rhodheolaíocht: Modhanna Measctha Taighde

Níl aon amhras ach go bhfuil fíorthábhacht le rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas pleanála teanga. Tá rannpháirtíocht an phobail agus tacaíocht na n-údarás thar a bheith cinniúnach i bpróiseas pleanála teanga ar bith. Tá cur chuige ón mbun aníos a thugann tosaíocht do mhianta agus do rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara mar chuid lárnach den phleanáil teanga ag leibhéal an phobail:

... community involvement is the crucial element without which no long term revitalization is possible (Huss 1999:23 i Ní Dhúda, 2014: 30).

Ag teacht leis an spiorad comhoibríoch sin, baineadh leas as modhanna measctha taighde, eadhon, eolas cainníochtúil ó staitisticí Daonáireamh agus suirbhéanna, chomh maith le heolas cáilíochtúil ó chruinnithe comhairliúcháin, fócasghrúpaí agus roinnt breathnóireachtaí. Leis an gcur chuige measctha seo, bhíodhas ag súil leis na cuspóirí seo a leanas a chomhlíonadh:

- (i) léargas chomh iomlán agus ab fhéidir a fháil ar an staid reatha agus ar mhianta phobal an LPT i leith na Gaeilge agus na Gaeltachta;
- (ii) eolas a bhailiú ó phobal an LPT agus sonraí a scaipeadh ina measc maidir leis an bpróiseas pleanála teanga;
- (iii) deiseanna cumarsáide a chothú le pobal an limistéir ón tús agus mar chuid lárnach den phróiseas;
- (iv) dul i dteagmháil leis an oiread daoine difriúla agus ab fhéidir, cainteoirí Gaeilge agus daoine nach bhfuil Gaeilge acu araon, agus rannpháirtíocht a mhéadú sa phróiseas dá réir sin;
- (v) torthaí taighde a fhairsingiú agus a chomhdhearbhú.

4.2 An Feachtas Eolais & Rannpháirtíochta

Chuir Gaeilge Iorrais feachtas comhordaithe feasachta agus rannpháirtíochta ar bun i measc phobal Mhaigh Eo Thuaidh ón tús agus mar chuid lárnach agus leanúnach de chéim an taighde, a raibh sé mar aidhm aige:

- muintir na háite a chur ar an eolas faoin taighde agus faoin bpróiseas pleanála teanga;
- díospóireacht agus machnamh a mhúscailt faoi cheist na Gaeilge i mbéal an phobail;
- rannpháirtíocht a spreagadh sa phróiseas pleanála teanga, le linn chéim an taighde ach go háirithe (Ní Dhúda, 2014a:24);
- úinéireacht, freagracht agus dílseacht a chothú ar an bpróiseas pleanála teanga agus ar an bplean teanga i measc an phobail.

Bhí Gaeilge Iorrais an-ghníomhach go háitiúil, ar na meáin chumarsáide áitiúla agus náisiúnta agus ar na meáin shóisialta chun na haidhmeanna seo a chomhlíonadh.

4.2.1 Brandáil & An Bhileog Eolais

D'éisigh Gaeilge Iorrais bileog eolais i mí Feabhra 2017 chun tús a chur leis an bhfeachtas eolais agus rannpháirtíochta (feic, léaráidí thíos). Bileog dhaite tharraingteach dhéthaobhach, deartha go proifisiúnta agus ag leanúint chur chuige MPTIT a bhí inti (Ní Dhoimhín et al, 2016:8). Bhí sé mar sprioc aici eolas bunúsach a thabhairt do phobal Mhaigh Eo Thuaidh faoin bpróiseas pleanála teanga sa limistéar, machnamh a chothú ar thodhchaí na Gaeltachta ann, chomh maith le sonraí a roinnt faoi Ghaeilge Iorrais, faoi mhíreanna an phlean teanga, faoin gcaoi arbh fhéidir leis an bpobal páirt a ghlacadh sa phróiseas agus teagmháil a dhéanamh le Gaeilge Iorrais. Leagadh an bhileog amach go dátheangach (an Ghaeilge in uachtar, an Béarla fúithi) toisc gur aithníodh an tábhacht a bhain le dul i bhfeidhm ar gach ball de phobal an LPT, cainteoirí Gaeilge agus daoine nach bhfuil Gaeilge acu araon. Baineadh úsáid as lógó Ghaeilge Iorrais (a dearadh i 2016) ar an mbileog seo chun branda agus cuma

phroifisiúnta a chur ar an bpróiseas pleanála teanga agus ar obair na ceanneagraíochta sa LPT.

Roinneadh an bhileog eolais seo go forleathan ach go sonraithe; ar na meáin chumarsáide, ar na meáin shóisialta agus i bhfoirm póstaeir ar fud an phobail. Cuireadh cóip den bhileog eolais mar iatán leis na ríomhphoist a seoladh chuig na rannpháirtithe taighde. Dáileadh an bhileog ag na hócáidí mar chuid den chomhairliúchán poiblí (tábla 21). Scaipeadh bileoga eolais (agus suirbhé pobail) de láimh ar 795 duine (c.29% de theaghlaigh an limistéir nó 10.5% de dhaonra iomlán an limistéir nó 13.5% de dhaonra 18+ d'aois an limistéir) mar chuid den fheachtas feasachta agus rannpháirtíochta a bhain leis an suirbhé pobail.



Tá straitéis nua ag an rialtas don Ghaeltacht agus don Ghaeilge
The government has a new strategy for the Gaeltacht and the Irish language

Anois caithfidh chuile phobal Gaeltachta plean a réiteach agus a chur i bhfeidhm chun tacú le húsáid na Gaeilge sa cheantar
Every Gaeltacht area must now prepare and implement a plan to support and develop Irish language use in the area

Mura ndéanann muid é seo,
caillfidh an ceantar seo
a stádas Gaeltachta
If we don't do this,
we will lose our Gaeltacht status

CÉARD
ATÁ UAIT?
WHAT DO
YOU WANT?

NO PLAN = NO GAELTACHT STATUS NO COMMUNITY INVOLVEMENT = NO PLAN
NO GAELTACHT STATUS =



AN GHAELGE,
CULTURE, IDENTITY



NO COLÁISTÍ
SAMHRAIDH



JOB LOSSES
LESS TOURISM



NO GAELTACHT
GRANTS/ SUBSIDIES

Céard is fiú dúinn an Ghaeilge agus ár stádas Gaeltachta?

Can we afford to let our Gaeltacht status go?

- culture and identity
- part of our unique heritage
- huge economic benefits
- educational opportunities
- more career prospects
- tourism potential

An gcoinneoidh muid an Ghaeilge agus an Ghaeltacht slán?

Will we secure the Irish language and our Gaeltacht area for future generations?

Tá todhchaí na Gaeilge agus na Gaeltachta sa cheantar seo ag brath ortsa & orainne
The future of the Irish language and the North Mayo Gaeltacht depends on you and me

Gaeilge Iorrais

- Ann chun a chinntiú go réiteofar plean teanga don cheantar seo
- Ann chun ár gceantar Gaeltachta a chothú agus a fhorbairt
- Ionadaithe ón gcúig pharóiste sa cheantar mar chuid de
- Is ón bpobal a thagann an plean
- Rannpháirtíocht an duine & an phobail lárnach

An Plean

- Plean ó phobal Mhaigh Eo Thuaidh ar fad
- Chun tacú le húsáid na Gaeilge sa cheantar
- Tuairimí & míanta an phobail lárnach ann
- Chun na hacmhainní atá uainn a aithint
- Chun todhchaí na Gaeilge a leagan amach don Ghaeltacht seo
- Is faoin bpobal atá sé cinneadh a dhéanamh i leith thodhchaí na Gaeltachta
- Cabhraigh linn chun an Ghaeilge a choinneáil beo sa cheantar
- Cabhraigh linn chun ár stádas Gaeltachta a choinneáil
- Bí linn agus déanfaidh muid le chéile é

Gaeilge Iorrais

- Established to ensure that language plan is prepared for this area
- To maintain and develop our Gaeltacht area
- Has representatives from each of 5 parishes in the area
- Gaeilge Iorrais is only one piece of the community
- Community & individual participation is vital

The Plan

- A plan for all of the North Mayo Gaeltacht
- To support Irish language use
- Founded on community opinions and aims
- To identify resources which we need
- To set out the linguistic future of our Gaeltacht
- Our community must make a decision regarding the future of our Gaeltacht
- Help us to keep Irish going in the area
- Help us to retain our Gaeltacht status
- Help us to achieve this together

The plan must come from the people! You, me & everyone in the North Mayo Gaeltacht
(regardless of whether you speak Irish or not)

Céard is féidir leat a dhéanamh?

- ✓ Bí i dteagmháil linn
- ✓ Líon amach suirbhé rúnda dúinn
- ✓ Glac páirt i gceardlann linn
- ✓ Úsáid do chuid Gaeilge gach lá

What can you do?

- ✓ Get in touch & let us know what you think
- ✓ Fill out a confidential survey for us
- ✓ Attend one of our information workshops
- ✓ Use whatever Irish you have every day



Breis Eolais / Further information
gaelgeiniorras@gmail.com
T 085 250 3321



4.2.2 Scaipeadh Eolais ar na Meáin Chumarsáide

Rinneadh fógraíocht agus teagmháil rialta leis na meáin chumarsáide Bhéarla agus Ghaeilge éagsúla go háitiúil agus go náisiúnta ó thús an phróisis, chun an pobal a choinneáil ar an eolas faoi obair Ghaeilge Iorrais agus faoin bpróiseas pleanála teanga sa LPT. Cuir i gcás, d'eisigh Gaeilge Iorrais 6 phreasráiteas ar pháipéar ceanteidil Ghaeilge Iorrais (go dátheangach i mBéarla agus i nGaeilge) a cuireadh i gcló ar na meáin chumarsáide éagsúla ó Dheireadh Fómhair 2016 go Meitheamh 2017, maidir le hobair na ceanneagraíochta, an

próiseas pleanála teanga, an polasaí nua don oideachas Gaeltachta. Tugadh sonraí teagmhála Ghaeilge Iorrais ar gach preasráiteas agus tugadh deiseanna soiléire don phobal dul i dteagmháil leo dá réir sin. Lena chois sin, foilsíodh giotáí eolais go rialta faoi obair Ghaeilge Iorrais agus faoin bpróiseas sa LPT ar na *Erris Notes* i nuachtán an *Western People*, mar chuid den *Community Diary* sa *Mayo Advertiser* agus i gcolún na Gaeilge sa *Connaught Telegraph*. Cuireadh míreanna rialta faoin bpróiseas pleanála teanga sa limistéar i nuachtlitreacha na bparóistí sa LPT chomh maith (paróiste na Cille Móire, paróiste Bhéal an Mhuirthead, paróiste Chill Chomáin, paróiste Chill tSéadhna). Nochtann tábla 15 gur cuireadh 38 alt nuachtán i gcló faoi Ghaeilge Iorrais ó Dheireadh Fómhair 2015 go Meitheamh 2017 ar na meáin chlóite éagsúla.

Tábla 15: Ailt Nuachtáin faoi Ghaeilge Iorrais (2015 - 2017)

	Teideal an ailt	Foilseachán	Eagrán
1	Erris meeting to discuss future of Gaeltacht areas	Western People	12.10.2015
2	Do you want to stay in the Gaeltacht?	Western People	12.10.2015
3	Public meeting on preservation of Erris Gaeltacht	Western People	02.11.2015
4	Tá casadh ar an lagtrá i nGaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh	Western People	23.11.2015
5	Gaeilge Iorrais	Western People	09.05.2016
6	Comhordaitheoir Pleanála Teanga á lorg	Western People	13.06.2016
7	Comhordaitheoir Pleanála Teanga	The Mayo News	14.06.2016
8	Comhordaitheoir Pleanála Teanga á lorg do Limistéar Pleanála Mhaigh Eo Thuaidh	Connaught Telegraph	21.06.2016
9	Language planning co-ordinator	Western People	29.08.2016
10	Language planning co-ordinator appointed	Western People	26.09.2016
11	Gaeilge Iorrais	The Mayo News	27.09.2016
12	Language Planner	Connaught Telegraph	27.09.2016
13	Gaeltacht appointment	Western People	31.10.2016
14	Gaeilge Iorrais (Beo go Deo)	Connaught Telegraph	29.11.2016
15	Laoise Ní Dhúda & an próiseas pleanála teanga i Maigh Eo Thuaidh (Beo go Deo)	Connaught Telegraph	06.12.2016
16	Community Gaeltacht survey	Western People	06.02.2017
17	Gaeilge Iorrais	Western People	20.02.2017
18	Gaeilge Iorrais	The Mayo News	21.02.2017
19	North Mayo to decide on its Gaeltacht status	Western People	27.02.2017
20	Gaeltacht future is up for debate	Western People	13.03.2017
21	Oíche mhór eolais faoin oideachas Gaeltachta in Iorras: Tús maith agus dearfach leis an bplé i measc an phobail	Connaught Telegraph	14.03.2017
22	Community Workshop	Western People	17.04.2017
23	Consultation being carried out by Gaeilge Iorrais on North Mayo Gaeltacht needs	Western People	24.04.2017

24	Gaeilge Iorrais	Western People	24.04.2017
25	Community Gaeltacht survey	Western People	08.05.2017
26	Community Gaeltacht survey	Western People	15.05.2017
27	Community consultation workshop	Western People	15.05.2017
28	Language plan will boost Gaeltacht	Western People	15.05.2017
29	Community Gaeltacht survey	The Mayo News	16.05.2017
30	Community Gaeltacht survey – business / service providers	The Mayo News	16.05.2017
31	Community Gaeltacht survey	Western People	22.05.2017
32	Community consultation workshop	Western People	22.05.2017
33	Gaeilge Iorrais	Western People	29.05.2017
34	Important meeting on education in Erris Gaeltacht	Western People	29.05.2017
35	Gaeltacht education information meeting	Western People	29.05.2017
36	Gaeltacht schools information meeting	The Mayo News	30.05.2017
37	Gaeltacht survey	Western People	05.06.2017
38	Community Gaeltacht survey	Connaught Telegraph	06.06.2017

Maidir le poiblíocht Ghaeilge Iorrais ar na meáin chraolta, d'éirigh le Gaeilge Iorrais thart ar 90 nóiméad beo a fháil ar an raidió idir Samhain 2016 agus Bealtaine 2017 agus mar atá leagtha amach i dtábla 16 thíos. Roinneadh na podchraoltaí nó na míreanna raidió seo ar leathanach *Facebook* Ghaeilge Iorrais chomh maith.

Tábla 16: Poiblíocht Ghaeilge Iorrais ar an Raidió (Samhain '16 – Bealtaine '17)

	Clár raidió	Cur Síos	Dáta	Fad (nóim.)
1	Iris Aniar/RnaG	Ceapachán LND & an plean taighde	09.11.17	12
2	Flirt FM/OÉG	Ceapachán LND, Gaeilge Iorrais & cur chuige	17.11.17	8
3	Good Morning Erris/Erris FM	North Mayo community Gaeltacht survey	10.02.17	11
4	Iris Aniar/RnaG	An cruinniú poiblí faoin oideachas Gaeltachta	27.02.17	13
5	Adhmhaidin/RnaG	Tuairisc faoin gcruinniú poiblí ar oideachas Gaeltachta	28.02.17	5
6	Tommy Marren Show/MidWest Radio	Community Gaeltacht survey & Gaeilge Iorrais	10.03.17	4
7	Gnémhír nuachta/MidWest Radio	Community consultation workshops in parishes of north Mayo Gaeltacht	01.05.17	6
8	Good morning Erris/Erris FM	Community consultation workshops in parishes of north Mayo Gaeltacht	05.05.17	10
9	Iris Aniar/RnaG	Cruinnithe comhairliúcháin i bparóistí MET	12.05.17	5
10	Raidió Fáilte/Béal Feirste	Gaeilge Iorrais & LPT Mhaigh Eo Thuaidh	16.05.17	10
11	Iris Aniar / RnaG	Cruinniú poiblí ag Gaeloideachas faoin oideachas Gaeltachta	31.05.17	9
	Iomlán			93

An tIdirlíon agus na Meáin Shóisialta

Bunaíodh leathanach *Facebook* do Ghaeilge Iorrais ar an 17 Samhain 2015 (<https://www.facebook.com/gaeilgeiorrais/>). Ag an am a raibh an plean seo á scríobh, thaitin an leathanach le 620 duine agus bhí 629 duine ag leanúint an leathanaigh. Mar shampla eile, d'éirigh le postáil Ghaeilge Iorrais faoi chomhairliúchán poiblí ar dhréacht de bhearta an phlean teanga rochtain a fháil ar 2,946 duine (léite 18.01.2018). Tá cuntas *Twitter* ag Gaeilge Iorrais ó mhí Feabhra 2017 (@gaeilgeiorrais) agus bhí 18 á leanúint ag an am a raibh an plean á scríobh. Tá suíomh gréasáin Ghaeilge Iorrais (www.gaeilgeiorrais.ie) beo ó mhí Eanáir 2018. Tá roinnt mhaith forbartha le déanamh ar an suíomh seo fós (le plé mar chuid de bheart 6.7.1).

Baineadh an-leas as na meáin shóisialta go rialta (leathanach *Facebook* Ghaeilge Iorrais ach go háirithe) mar phointe teagmhála le pobal an LPT, le nuacht Ghaeilge Iorrais a scaipeadh, le hagallaimh raidió, preasráitis, grianghraif agus eile a roinnt, leis an bpobal a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn, le feasacht a ardú agus machnamh a chothú ar an bpróiseas pleanála teanga sa LPT dá réir sin. Baineadh úsáid as leathanach *Facebook* Ghaeilge Iorrais le rannpháirtithe taighde a earcú chomh maith.

Lean Gaeilge Iorrais cur chuige rannpháirtíoch atá bunaithe ar chumarsáid shoiléir i gcónaí. Bhí sé mar sprioc ag Gaeilge Iorrais dul i dteagmháil leis an bpobal go rialta agus dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara sa limistéar ag chuile staid den phróiseas.

4.3 An taighde a rinneadh mar chuid d'ullmhú an phlean

4.3.1 Osradharc ar sceideal an taighde & an cur chuige

Maidir leis taighde a rinneadh mar chuid d'ullmhú an phlean, leagtar amach sceideal na hoibre agus an cur chuige a leanadh go hachomair i dtábla 17 thíos.

Tábla 17: Sceideal an taighde & an cur chuige

	Cur Síos	Tréimhse
1	Réamhscrúdú staitistiúil & réamhobair chuí Baineadh úsáid as an gcur chuige seo a leanas chun an réamhscrúdú a chur i gcrích (le forbairt i 4.3.2): (i) Spléachadh ar an litríocht a scríobhadh faoi Ghaeltachtaí Mhaigh Eo. (ii) Anailís ar staitisticí Daonáireamh (2002-2011) agus Scéim Labhairt na Gaeilge (2008 – 2011). (iii) Cíoradh ar an <i>Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht</i> (Ó Giollagain et al 2007, Ó Giollagáin & Charlton 2015). (iv) Tarraingt ar eolas áitiúil trí mheán na mbainisteoirí comharchumann. (v) Osradharc ar na foinsí tánaisteacha ábhartha eile.	2015
2	Plean taighde & ullmhúchán don obair pháirce Leagadh amach clár oibre agus sceideal ama chun próiseas an taighde a phleanáil. I measc na nithe eile a socraíodh ag an bpointe seo tá; (i) An feachtas feasachta agus rannpháirtíochta a phleanáil (ii) Ábhar poiblíochta agus brandáil a shocrú (iii) Píolótú ar cheisteanna taighde agus snasú ar phrótacal an taighde.	Deireadh Fómhair – Nollaig 2016

3	Suirbhéireacht i measc phobal an LPT A. Suirbhé phobal an LPT (go randamach) Seisiún eolais do thimirí an tsuirbhé B. Suirbhéanna sonracha ar-líne (dírithe ar spriocghrúpaí éagsúla) (i) príomhoidí bunscoile (ii) príomhoidí iarbhunscoile (iii) stiúrthóirí naíonraí (iv) suirbhé pobail (leagan oscailte ar-líne) (v) tuismitheoirí / caomhnóirí (vi) múinteoirí bunscoile (vii) gnólachtaí (viii) eagraíochtaí (ix) daoine óga	Feabhra – Márta 2017 Feabhra – Meitheamh 2017
4	Comhairliúchán Poiblí I Cruinnithe comhairliúcháin, agallaimh & fócasghrúpaí le spriocghrúpaí difriúla agus i bparóistí éagsúla (le forbairt i mír 4.6, feic tábla 21)	Eanáir – Meitheamh 2017
5	Anailís ar shuirbhéanna pobail & sonracha Córas anailíse uathoibríoch <i>Survey Monkey</i> a úsáid chun foirm tháblach agus staitistiúil de thorthaí a chur ar fáil. Anailís ar ábhar ón bpróiseas comhairliúcháin. Códú oscailte a chur i gcrích le téamaí a aithint, códú nó innéacsú a dhéanamh orthu agus patrúin a fhorbairt dá réir sin.	Lúnasa – Meán Fómhair 2017
6	Cuairteanna comhairleacha ar na scoileanna Gaeltachta in éineacht le cigirí ón Roinn Oideachais.	Meán Fómhair 2017

7	Anailís ar Dhaonáireamh 2016 Nuashonrú ar ábhar staitistiúil	Deireadh Fómhair 2017
8	Scríobh an Phlean	Deireadh Fómhair – Nollaig 2017
9	Comhairliúchán Poiblí II Dréacht den phlean curtha faoi bhráid an phobail. Bailiú aiseolais agus moltaí ar an dréacht sin.	Eanáir 2018
10	Nuashonrú & seoladh dréacht I den phlean Plean le cur faoi bhráid Údarás na Gaeltachta agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.	Eanáir 2018

4.3.2 An Taighde Tánaisteach: An Réamhscrúdú Staitistiúil

Tá roinnt foinsí luachmhara taighde ar fáil cheana féin i dtaca leis an nGaeilge. Ina measc tá: (i) Daonáireamh na hÉireann (ii) staitisticí Scéim Labhairt na Gaeilge (go dtí 2011) (iii) *an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (2007 agus 2015). Sa bhliain 2015, rinne Ní Dhúda réamhscrúdú staitistiúil ar chúrsaí teanga agus pobail sa LPT d'fhonn léargas reatha sochtheangeolaíoch a sholáthar ar staid na Gaeilge agus comhthéacs an phobail sa limistéar. Rinne Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Eachléim coimisiúnú ar an taighde seo, ag súil leis na cuspóirí seo a leanas a chomhlíonadh:

- (i) príomhstaitisticí a bhaineann le cúrsaí teanga agus pobail sa LPT a bhailiú (2002-2011) agus anailís a dhéanamh orthu chun próifíl an limistéir a rianadh;
- (ii) tuarascáil taighde a réiteach chun ábhar staitistiúil cuí a chur ar fáil don phróiseas pleanála teanga sa limistéar;
- (iii) bunlíne taighde a leagan síos chun bunús cuí a thabhairt don phróiseas agus don obair pháirce a bheadh le déanamh leis an bpobal amach anseo.

Rinneadh nuashonrú ar an ábhar staitistiúil seo le torthaí Dhaonáireamh 2016 nuair a cuireadh ar fáil iad i 2017. Bhí an scagadh seo riachtanach sula bhféadfaí dlús a chur faoi phróiseas na pleanála teanga sa limistéar agus/nó faoi thaighde príomhúil ar bith eile ann.

4.3.3 An Taighde Príomhúil

Ag teacht le spiorad comhoibríoch na pleanála teanga, próiseas a bhraitheann ar rannpháirtíocht an phobail, tugadh faoi thaighde príomhúil fairsing i measc phobal an LPT chomh maith. Baineadh úsáid as na modhanna fiosrúcháin seo a leanas chun eolas cuí a bhailiú ón bpobal agus chun rannpháirtíocht a mhéadú sa phróiseas;

- (i) suirbhé randamach pobail (ar pháipéar) chun eolas bunúsach táscach ach ionadaíoch a bhailiú ón bpobal (le forbairt i mír 4.4).
- (ii) suirbhéanna sonraithe (ar líne) dírithe ar spriocghrúpaí áirithe sa phobal (le plé i 4.5).
- (iii) próiseas comhairliúcháin phoiblí (m.sh. focasghrúpaí agus cruinnithe comhairliúcháin) chun léargas níos doimhne a fháil ar phríomhthéamaí taighde, chomh maith le breis rannpháirtíochta a spreagadh agus chun torthaí taighde a fhairsingiú (feic, mír 4.6).
- (iv) Cuireadh fáilte roimh mhuintir an LPT chun a gcuid tuairimí agus smaointe a chur in iúl ar phointí éagsúla teagmhála (.i. an guthán, an seoladh ríomhphoist, an seoladh poist, na meáin shóisialta nó labhairt le baill choiste). Rinne c.15 duine teagmháil le Gaeilge Iorrais ar an bhfón nó ar an ríomhphost mar chuid de chéim an taighde (Eanáir-Meitheamh 2017). Bhí roinnt breathnóireachta i gceist leis an taighde príomhúil freisin.

4.4 An Suirbhé Pobail

4.4.1 An Ceistneoir

Cuireadh leagan leasaithe den 'Cheistneoir Comónta do Ghaeltacht Dhún na nGall' i dtoll a chéile faoi choinne an tsuirbhé phobail sa limistéar seo (tá cóip den cheistneoir in aguisín 11.2).²⁰ 19 ceist ar fad atá sa suirbhé. Ag cloí leis na *Treoirlínte Pleanála Teanga* (2016) agus an t-eolas a bheadh ag teastáil don phlean, cuireadh ceisteanna éagsúla maidir le cumas Gaeilge, úsáid Gaeilge, dearcthaí teanga, mianta teanga agus moltaí do thodhchaí na Gaeilge sa LPT.

Ní foláir a bheith cúramach faoin gciall is ceart a bhaint as torthaí an tsuirbhé phobail seo, toisc gur bunaithe ar fhéinmheasúnú atá na staitisticí agus bíonn a bheagán nó a mhórán den áibhéil i gceist. D'fhéadfaí a áiteamh gur cineál pobalbhreith é an suirbhé pobail seo ar mhianta an phobail i leith na Gaeilge. Tugtar léargas mothúchánach ar dhearcthaí an phobail i leith na Gaeilge seachas cruinnfhiúirí oibiachtúla ar cheisteanna éagsúla teanga.

D'ainneoin sin, ba é seo an cur chuige ab fheiliúnaí, ab shaoire agus ab áisiúla sa chás seo ar na cúiseanna seo a leanas:

- chun blaiseadh a fháil de phatrúin reatha teanga sa LPT seo ina bhfuil daonra mór ilghnéitheach;
- chun forléargas a thabhairt ar dhearcthaí i leith chúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta i gceantar tíreolaíoch thar a bheith fairsing;
- chun na sonraí cuí a bhailiú don phlean teanga, agus ag cloí leis na *Treoirlínte Pleanála Teanga* (2016).

Lena chois sin, bealach éifeachtach a bhí ann chun muintir na háite a chur ag machnamh agus ag plé an próiseas pleanála teanga agus todhchaí na Gaeilge agus na Gaeltachta sa limistéar.

²⁰ Chuir Údarás na Gaeltachta an ceistneoir seo i dtoll a chéile i 2016, le hionchur agus moltaí ó cheanneagraíochtaí agus ó choistí pleanála teanga ó thuaidh.

4.4.2 Modh Roghnaithe Rannpháirtithe - Sampláil Randamach

Úsáidtear sampláil randamach (nó sampláil dhóchúlachta dar le Bryman 2004:87) chun rannpháirtithe a roghnú ar bhonn iomlán randamach i dtaighde cainníochtúil. Bíonn an seans céanna ag gach uile dhuine sa daonra a bheith páirteach sa taighde. Dá bhrí sin, is féidir ginearálú a dhéanamh ar na torthaí agus a áiteamh go bhfuil an sampla nó an taighde ionadaíoch ar an bpobal ar fad (Bryman, 2004:102). Faoi mar a mhíníonn Bryman 'a (representative) sample that reflects the population accurately, so that it is a microcosm of the population' (2004:543). Braitheann ionadaíocht an taighde agus na torthaí taighde dá réir sin ar an modh roghnaithe rannpháirtithe. Tá daonra mór i LPT Mhaigh Eo Thuaidh (7,199 duine san iomlán dar le Daonáireamh 2016). Mar sin agus faoi mar a rinne Ní Dhoimhín et al (2016:12), socraíodh go gcuirfí ceistneoir ar shampla randamach den phobal toisc nach mbeadh sé praiticiúil ó thaobh acmhainní ná ama de ceist a chur ar gach uile dhuine fásta sa LPT ceistneoir a líonadh.

Baineadh úsáid as clár na dtoghthóirí chun sampla ionadaíoch a dhearadh don taighde seo. Roghnaíodh sampla de 795 duine go randamach ó chlár na dtoghthóirí (2016/17) agus i gcoibhneas leis an dlús daonra de réir toghroinne sa limistéar. B'ionann sin agus timpeall duine as gach deichniúr (795/7,575) ó dhaonra iomlán an LPT dar le Daonáireamh 2011.²¹ Scaipeadh bileoga eolais agus an suirbhé pobail de láimh ar 795 duine, a bhuíochas le cúnamh ó rannpháirtithe roinnt scéimeanna pobail, daoine deonacha agus baill coiste, cur chuige a chuidigh le paradacsa an bhreathnóra a mhaolú.

Fuarthas 557/795 ceistneoir ar ais, a fhreagraíonn do ráta rannpháirtíochta de 70%. Seasann an líon sin do rannpháirtíocht ó thart ar gach naoú duine sa daonra fásta (18 d'aois +) (557/5,852) nó rannpháirtíocht ó c.20% de theaghlaigh an limistéir.²² Léirítear an ráta rannpháirtíochta sa suirbhé pobail de réir toghroinne i dtábla 18.

²¹ Ní raibh ach torthaí Daonáireamh 2011 ar fáil ag an am chun cuidiú leis an sampla a dhearadh.

²² Bhí 2,783 teaghlach i Maigh Eo Thuaidh dar le Daonáireamh 2011. D'ísigh an líon sin go 2,717 i 2016.

Tábla 18: Ráta rannpháirtíochta sa suirbhé pobail de réir toghroinne

		2011				
	Toghroinn	Daonra Iomlán	% den iomlán	líon suirbhé dailte	Líon suirbhé ar ais	Ráta freagartha %
1	Béal an Mhuirthead	2,073	27	216	130	60.2
2	An Geata Mór Thuaidh	976	13	104	77	74.0
3	Cnoc na Ráithe	746	10	80	75	93.8
4	An Geata Mór Theas	914	12	96	74	77.0
5	Cnoc na Lobhar	831	11	88	58	66.1
6	Gleann Chaisil	526	7	56	50	90.0
7	Cnoc an Daimh	358	5	40	37	92.5
8	Béal Deirg Mór	175	2	16	16	100.0
9	Na Monga	252	3	24	15	62.5
10	Gleann na Muaidhe	243	3	24	12	50.0
11	Moing na Bó	282	4	32	9	28.1
12	Barr Rúscaí	113	1	12	4	33.5
13	Guala Mhór*	86	1	8	0	0.0
	Iomlán	7,575	73	795	557	70.0

Anuas air sin, líon 71 duine eile leagan oscailte den suirbhé pobail ar-líne, ach coinnítear torthaí an dá shuirbhé scartha.

4.5 An tSuirbhéireacht Shonraithe

Cuireadh 10 shuirbhé eile ar fáil do spriocghrúpaí éagsúla sa phobal a bhfuil tionchar láidir acu ar chúrsaí teanga sa LPT nó tábhacht mhór leo sa phróiseas pleanála teanga (.i. sampláil chuspóiriúil) agus faoi mar a rinne Ní Dhoimhín et al (2016). Cuireadh leaganacha leasaithe de cheistneoirí MPTIT i dtoll a chéile don tsuirbhéireacht shonraithe sa LPT seo.²³ Scaipeadh na ceistneoirí seo go leictreonach tríd an gcóras *Survey Monkey*. Lón 297 duine na suirbhéanna seo ar an iomlán (c.4.1% den daonra iomlán i 2016).

Tábla 19: Cur síos ar na suirbhéanna sonraithe ar-líne

	Cur Síos	Líon freagraí	Dáta tosaithe	Dáta críochnaithe	Ráta freagartha
1	Suirbhé pobail (oscailte)	71	23.03.17	13.06.17	1.2%
2	Stiúrthóirí na naíonraí	4	22.03.17	13.06.17	100%
3	Múinteoirí bunscoile	7	10.04.17	13.06.17	18%
4	Príomhoidí bunscoile	8	01.02.17	13.06.17	50%
5	Príomhoidí iarbhunscoile	1	28.03.17	13.06.17	33%
6	An Óige (iarbhunscoil: bliain 2 & 4)	164	02.05.17	13.06.17	100%
7	An Óige (bunscoil: rang 5 & 6)	4	10.04.17	13.06.17	0.5%
8	Gnólachtaí & Seirbhísí	13	20.04.17	13.06.17	15%
9	Eagraíochtaí	7	20.04.17	13.06.17	-
10	Tuismitheoirí / Caomhnóirí	18	07.04.17	13.06.17	-
	Iomlán	297			

4.5.1 Daoine Óga

Cuireadh leagan leasaithe de cheistneoir MPTIT don óige iarbhunscoile i dtoll a chéile do dhéagóirí an limistéir seo (Ní Dhoimhín et al, 2016). 18 ceist ar fad atá sa cheistneoir. Ag cloí leis na *Treoirlínte Pleanála Teanga* (2016) agus an t-eolas a bheadh ag teastáil don phlean, cuireadh ceisteanna éagsúla maidir le cumas Gaeilge, úsáid Gaeilge, dearthaí teanga, mianta teanga agus moltaí do thodhchaí na Gaeilge sa LPT.

²³ Tá Ní Dhúda agus Gaeilge Iorrais fíorbhuíoch de Mheitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt (Mac Ruairí & Ní Dhoimhín ach go háirithe) as a gcúnamh flaithiúil leis an obair seo agus as leaganacha dá gcuid ceistneoirí, chomh maith lena gcuid gaoise a roinnt go fial linn.

Rinneadh sampláil chuspóiriúil chun rannpháirtithe a roghnú sa chás seo. Faoi mar a rinne Ní Dhoimhín et al (2016), fuarthas cead ón trí iarbhunscoil sa LPT ceistneoirí a scaipeadh ar dhaoine óga tríd an scoil. Cuireadh ceistneoirí dátheangacha ar scoláirí iarbhunscoile sa dara bliain agus sa cheathrú bliain (idirbhliain). Ní rabhthas in ann ceistneoir a thabhairt do gach uile dhaltá i ngach scoil ceal ama agus acmhainní. Beartaíodh go mbeadh blianta iomlána seachas líon áirithe daltaí ó gach bliain sa sampla ar mhaithe le héascaíocht. Roghnaíodh an dara agus an ceathrú bliain don sampla le go mbeadh daltaí sóisearacha agus daltaí sinsearacha san áireamh, le raon maith aoisghrúpaí. Aontaíodh i gcomhairle leis na scoileanna gurbh fhearr na ceistneoirí a scaipeadh agus a líonadh ar líne trí chóras *SurveyMonkey* i ríomhlanna na scoileanna.

Cuireadh tús leis an gcuid seo den taighde ar an 02.05.2017 i Meánscoil Mhuire, Béal an Mhuirthead agus cuireadh i gcrích é ar an 09.05.2017 i gColáiste Bhreandáin Naofa, Béal an Mhuirthead. Fuarthas 164 freagra, a sheasann do ráta rannpháirtíochta de c.25% ó dhaonra iomlán na n-iarbhunscoileanna sa limistéar i scoilbhliain 2016/17.

Tábla 20: Scoileanna na Rannpháirtithe

	Iarbhunscoil	Freagróirí	% den scoil	% den iomlán
1	Coláiste Bhreandáin Naofa	85	24.8	51.8
2	Meánscoil Mhuire	63	24.1	38.4
3	Gaelcholáiste Chomáin	16	27.6	9.8
	Iomlán	164	76.5	100.0

Freastalaíonn 51.8%, an céatadán is mó de rannpháirtithe, ar Choláiste Bhreandáin Naofa i mBéal an Mhuirthead, an iarbhunscoil is mó sa LPT. Freastalaíonn 9.8%, an céatadán is lú de rannpháirtithe, ar Ghaelcholáiste Chomáin i Ros Dumhach, an iarbhunscoil is lú sa limistéar agus an t-aon iarbhunscoil lán-Ghaeilge ann.

4.5.2 Príomhoidí & Múinteoirí Bunscoile

Cuireadh leaganacha leasaithe de cheistneoirí MPTIT do phríomhoidí agus do mhúinteoirí bunscoile in oiriúint don limistéar seo (Ní Dhoimhín et al, 2016). Seoladh an ceistneoir céanna chuig gach príomhoide bunscoile sa limistéar ar an 01.02.2017, i ndiaidh an chéad chruinnithe chomhairliúcháin leo. Cuireadh leagan leictreonach den cheistneoir ar fáil ar an gcóras *SurveyMonkey* i mí Aibreáin agus fágadh ar oscailt é go dtí 13.06.2017, ag súil le breis rannpháirtíochta a fháil. Ghlac 8/16 nó 50% de phríomhoidí na mbunscoileanna páirt sa taighde seo. Nuair a chuirtear rannpháirtíocht i dtaighde na múinteoirí bunscoile san áireamh, níl aon ionadaíocht ó 5 scoil (c.31%) sa chuid seo den taighde trí chéile. Mar sin féin, d'fhreastail ionadaithe ó gach bunscoil sa LPT ar chuid de na cruinnithe comhairliúcháin a reáchtáil Gaeilge Iorrais maidir leis an obair seo agus an polasaí nua don oideachas Gaeltachta.

Cuireadh ceist ar phríomhoidí an taighde a fhógairt i measc na múinteoirí, rang 5 agus 6 chomh maith le tuismitheoirí ina bpobal scoile. Cuireadh roinnt ríomhphost chuig na príomhoidí le gach eolas faoin taighde. Scaipeadh an scéal faoin taighde seo ag an gcúig chruinniú comhairliúcháin a reáchtáladh le hoideachasóirí an LPT (ó Eanáir go Meitheamh 2017). Cuireadh ríomhphost chuig na múinteoirí iad féin le gach eolas faoin taighde sa chás go raibh sonraí teagmhála ar fáil.

Ghlac seachtar múinteoir bunscoile (ó 6/16 bunscoil nó c.18% de mhúinteoirí an LPT) páirt sa taighde seo. Níltear ag áiteamh go bhfuil an rannpháirtíocht íseal seo ionadaíoch ar mhúinteoirí bunscoile an limistéir. Tugtar blaiseadh sna torthaí de thuairimí na múinteoirí a ghlac páirt sa taighde. Bhí an polasaí nua don oideachas Gaeltachta go mór i mbéal an phobail agus ag cothú conspóide ag leibhéal na scoileanna faoin am gur cuireadh tús leis an taighde seo. Bhí an-imní, frustrachas, amhras agus drogall le brath go forleathan i dtaobh an ábhair seo. Ní dócha, dá bhrí sin, gur chuidigh na tarlúintí seo le rannpháirtíocht sa taighde seo.

Seoladh an ceistneoir céanna chuig gach príomhoide iarbhunscoile sa limistéar ar an 28.03.2017, i ndiaidh glaoch gutháin. Cuireadh leagan den cheistneoir ar fáil ar an gcóras *SurveyMonkey* i mí Aibreáin agus fágadh ar oscailt é go dtí 13.06.2017. Fuarthas 1/3 freagra.

4.5.3 Stiúrthóirí na Naíonraí

Tá 4 naíonra ag feidhmiú trí Ghaeilge sa LPT seo agus cláraithe le Comhar Naíonraí na Gaeltachta, eadhon, Naíonra Ghleann na Muaidhe, Naíonra Dhún Chaocháin (atá suite i gCeathrú Thaidhg), Naíonra na hEachléime, Naíonra Chois Fharraige (atá suite ar an Druim ar leithinis an Mhuirthead). Ghlac 4/4 (100%) díobh páirt sa taighde seo, ach tháinig 2/4 cheistneoir ar ais leathlíonta .i. gan aon fhreagraí do cheisteanna 11-23. 23 ceist ar fad atá sa cheistneoir agus é bunaithe ar leagan leasaithe de cheistneoir MPTIT do stiúrthóirí naíonra (Ní Dhoimhín et al, 2016). Bhí an ceistneoir ar fáil ar chóras *SurveyMonkey* ó 22.03.2017 go 13.06.2017.

Lena chois sin, reáchtáladh cruinniú comhairliúcháin le foireann na naíonraí ar an 08.02.2017. D'fhreastail 12 duine ar an ócáid seo, beirt ó naíonra Bhéal an Mhuirthead san áireamh. Rinneadh teagmháil leis an dá sheirbhís luathbhlianta eile atá lonnaithe i mBéal an Mhuirthead (*Barneys playgroup* agus Tír na n-Óg *crèche/montessori*) agus tugadh cuireadh dóibh a bheith páirteach sa taighde agus sa phróiseas seo.

4.5.4 Tuismitheoirí / Caomhnóirí

Cuireadh ceist ar phríomhoidí na scoileanna agus stiúrthóirí na naíonraí eolas faoin taighde seo a scaipeadh i measc a bpobal scoile. Rinneadh fógraíocht fhorleathan faoin taighde seo ag na cruinnithe comhairliúcháin, na cruinnithe poiblí i réimse an oideachais, ar na meáin shóisialta (leathanach *Facebook* Ghaeilge Iorrais agus leathanach *Facebook Erris Mummy Network* ina measc), ar na meáin chlóite agus ar na meáin chraolta go háitiúil (feic mír 4.2.2). Scaip baill Ghaeilge Iorrais eolas faoin taighde seo ina bparóistí féin chomh maith. In ainneoin an fheachtais fhorleathan eolais agus rannpháirtíochta seo, ghlac 18

tuismitheoirí/caomhnóir páirt sa taighde seo. Níltear ag áiteamh go bhfuil an rannpháirtíocht íseal sa sampla beag oscailte seo ionadaíoch ar thuismitheoirí uile an limistéir. Tugtar blaiseadh sna torthaí seo de thuairimí na dtuismitheoirí a ghlac páirt sa taighde. 16 ceist ar fad atá sa cheistneoir dátheangach seo agus é bunaithe ar leagan leasaithe de cheistneoir MPTIT do thuismitheoirí/caomhnóirí (Ní Dhoimhín et al, 2016). Bhí an ceistneoir ar fáil ar chóras *SurveyMonkey* ó 07.04.2017 go 13.06.2017.

4.5.5 Gnólachtaí

D'fhreastail Ní Dhúda ar chruinniú leis an gcumann tráchtála áitiúil ar an 19.04.2017. Thug sí míniú gairid ar an taighde agus ar an bpróiseas pleanála teanga don Ghaeilge sa cheantar. Ní raibh ach 8 i láthair áfach. An lá dar gcionn, chuir rúnaí an chumainn ríomhphost ar son Ghaeilge Iorrais chuig an 87 ball/gnó atá cláraithe le Cumann Tráchtála Iorrais, le gach eolas faoin taighde. Cuireadh ceist ar choisteoirí Ghaeilge Iorrais eolas faoin taighde seo a scaipeadh ar bhonn paróiste freisin. Rinneadh fógraíocht fhorleathan faoin taighde seo ag na cruinnithe comhairliúcháin ar fad, ar na meáin shóisialta agus ar na meáin chumarsáide áitiúla. Ghlac 13/87 (nó c.15%) díobh páirt sa taighde seo. Níltear ag áiteamh go bhfuil an rannpháirtíocht íseal seo ionadaíoch ar ghnólachtaí uile an limistéir. Tugtar blaiseadh sna torthaí seo de thuairimí an luchta ghnó a ghlac páirt sa taighde. 22 ceist ar fad atá sa cheistneoir dátheangach seo agus é bunaithe ar leagan leasaithe de cheistneoir MPTIT don lucht gnó agus seirbhísí (Ní Dhoimhín et al, 2016). Bhí an ceistneoir seo le fáil ar chóras *SurveyMonkey* ó 20.04.2017 go 13.06.2017.

4.5.6 Eagraíochtaí

Rinneadh fógraíocht fhorleathan faoin taighde seo ag na cruinnithe comhairliúcháin ar fad, ar na meáin shóisialta agus ar na meáin chumarsáide áitiúla. Seoladh ríomhphost chuig eagraíochtaí an LPT sa chás go raibh sonraí teagmhála ar eolas (i gcás na gcomhlachtaí poiblí, na gcumann spóirt, na gclubanna óige, na gcomharchumann agus mar sin de). Cuireadh ceist ar choisteoirí Ghaeilge Iorrais eolas faoin taighde seo a scaipeadh go háitiúil ina

bparóistí féin chomh maith. Ghlac 7 n-eagraíocht páirt sa taighde seo. Níltear ag áiteamh go bhfuil an rannpháirtíocht íseal sa sampla beag oscailte seo ionadaíoch ar eagraíochtaí uile an limistéir. Tugtar blaiseadh sna torthaí seo de thuairimí na n-eagraíochtaí a ghlac páirt sa taighde. 22 ceist ar fad atá sa cheistneoir dátheangach seo agus é bunaithe ar leagan leasaithe de cheistneoir MPTIT d'eagraíochtaí (Ní Dhoimhín et al, 2016). Tá an ceistneoir seo thar a bheith cosúil leis an gceistneoir don lucht gnó/soláthróirí seirbhísí. Bhí an ceistneoir seo le fáil ar chóras *SurveyMonkey* ó 20.04.2017 go 13.06.2017.

4.5.7 An Suirbhé Pobail (leagan oscailte)

Cuireadh leagan oscailte den suirbhé pobail ar fáil ar-líne freisin. Ghlac 71 duine páirt sa leagan oscailte seo den suirbhé pobail. Is ionann sin agus 1.2% (71/5,852) de dhaonra fásta an limistéir. Bhí an suirbhé seo ar oscailt ó 23.03.2017 go 13.06.2017.

4.6 An Próiseas Comhairliúcháin Phoiblí

Aithníonn Gaeilge Iorrais go bhfuil rannpháirtíocht an phobail mar chuid lárnach den phróiseas pleanála teanga. Tugadh deiseanna soiléire rialta don phobal ionchur a bheith acu sa phróiseas agus mar chuid lárnach den phróiseas comhairliúcháin. D'eagraigh Gaeilge Iorrais sraith ócáidí le linn 2017 (mar atá leagtha amach i dtábla 21) chun eolas a scaipeadh faoin bpróiseas pleanála teanga i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh agus chun tuairimí/moltaí a bhailiú ina leith. Reáchtáladh 22 ócáid mar chuid den chomhairliúchán poiblí ar fud an limistéir idir Eanáir agus Meitheamh 2017 (m.sh. fócasghrúpaí, cruinnithe poiblí, seisiúin eolais, cruinnithe comhairliúcháin agus mar sin de), maraon le slám cruinnithe eile le daoine aonair agus 9 n-ócáid le c.58 rannpháirtí ó scoileanna Gaeltachta an LPT i Meán Fómhair 2017. D'fhreastail c.700 duine ar na hócáidí seo san iomlán. Ní rabhthas ag súil go dteastódh an leibhéal seo comhairliúcháin chun muintir na háite a chur ar an eolas faoin bpróiseas agus chun iad a mhealladh le bheith páirteach ann. Leagtar amach i dtábla 21 na bealaí a ndeachaigh Gaeilge Iorrais i gcomhairle leis an bpobal agus le spriocghrúpaí áirithe mar chuid de phróiseas an chomhairliúcháin poiblí.

Cuireadh dréacht de bhearta an phlean teanga (mír 6) i láthair phobal an LPT i mí Eanáir 2018, chun a gcuid tuairimí agus moltaí a fháil air. Roinneadh dréacht achoimre de bhearta an phlean teanga ar shuíomh Ghaeilge Iorrais. Seoladh ríomhphost chuig spriocghrúpaí áirithe (stiúrthóirí naíonraí, príomhoidí scoile, lucht stiúrtha clubanna óige agus campaí samhraidh, an cumann tráchtála, coláistí samhraidh, an CLG, comharchumainn, an comhairle contae, ina measc) chun iad a chur ar an eolas faoin dul chun cinn, chun dréacht de na bearta a roinnt leo (leagan Gaeilge / Béarla) agus chun cuireadh a thabhairt dóibh moltaí agus aiseolas a thabhairt orthu. Reáchtáladh lá eolais don phobal ar an 16 Eanáir 2018 chun deis phlé ar dhul chun cinn agus ar bhearta an phlean a sholáthar. Rinneadh poiblíocht fhorleathan ar an bpróiseas comhairliúcháin seo ar na meáin chumarsáide éagsúla. Cuireadh aon mholadh ábhartha le háireamh an phlean. Bhí c.20 duine i dteagmháil le moltaí agus aiseolas ar an dréacht de bhearta an phlean.

Tábla 21: Cur síos ar ócáidí mar chuid den chomhairliúchán poiblí

	Cur Síos	Dáta	Líon freastail
1	Cruinniú comhairliúcháin le príomhoidí scoile	18.01.17	14
2	Cruinniú comhairliúcháin le foireann naíonraí	08.02.17	11
3	Seisiún eolais do thimírí an tsuirbhé pobail	14.02.17	14
4	Cruinniú poiblí maidir le hoideachas Gaeltachta	27.02.17	130
5	Seastán Eolais ag BOI Expo, Béal an Mhuirthead	07.04.17	40
6	Cruinniú eolais le cumann tráchtála Iorrais	19.04.17	8
7	Cruinniú comhairliúcháin - Gleann na Muaidhe	26.04.17	13
8	Cruinniú comhairliúcháin - grúpa Foróige	28.04.17	32
9	Cuairt ar mheánscoil Mhuire, Béal an Mhuirthead	02.05.17	80
10	Cruinniú comhairliúcháin - Béal Deirg	03.05.17	10
11	Cuairt ar Ghaelcholáiste Chomáin, Ros Dumhach	04.05.17	27
12	Cuairt ar Choláiste Bhreandáin Naofa, BaM	09.05.17	97
13	Cruinniú comhairliúcháin - Gaoth Sáile	10.05.17	14
14	Cruinniú comhairliúcháin 2 le príomhoidí/múinteoirí	15.05.17	23
15	Cruinniú comhairliúcháin - Eachléim	16.05.17	17
16	Cruinniú comhairliúcháin - Béal an Mhuirthead	23.05.17	1
17	Cruinniú i SN Inbhir	25.05.17	21
18	Cruinniú comhairliúcháin - rang VTOS BaM	29.05.17	9
19	Cruinniú comhairliúcháin - Clubtheach CLG	29.05.17	0
20	Cruinniú faoin oideachas Gaeltachta - Gaeloideachas	30.05.17	70
21	Cruinniú i SN Dhumha Thuama	20.06.17	5
22	Cruinniú comhairliúcháin le Comhar Dhún Chaocháin	27.09.17	9
	Iomlán		645

Ar an iomlán, mar sin, ghlac thart ar 1,554 duine páirt sa taighde mar chuid d'ullmhú an phlean seo, ó Eanáir go Meán Fómhair 2017. Is ionann sin agus c.21.6% den daonra iomlán (2016).

Tábla 22: Osradharc ar rannpháirtíocht sa taighde mar chuid d'ullmhú an phlean teanga

	Cur Síos	Líon iomlán
1	Suirbhé pobail (randamach)	557
2	Suirbhéanna ar-líne (oscailte)	297
3	Cruinnithe comhairliúcháin	700
	Iomlán	1,554

5.0 Torthaí an Taighde

5.1 An Suirbhé Pobail

Ghlac 557/795 duine (70%) páirt sa suirbhé pobail seo, a sheasann do rannpháirtíocht ó thimpeall gach naoú duine sa daonra fásta. Tá dáileadh maith sa sampla randamach seo ó thaobh inscne, aoisghrúpaí, áit dhúchais agus áit chónaithe na bhfreagróirí. Mar shampla, ghlac 46.6% d'fhir agus 53.4% de mhná páirt sa suirbhé. Is daoine de bhunadh na háite ó dhúchas iad 75.8% nó trí cheathrú den sampla.

5.1.1 Dearcthaí agus Mianta phobal an limistéir i leith na Gaeilge

Léiríodh dearcthaí agus miantaí an-láidir agus an-dearfach i leith na Gaeilge. Nochtann dearcthaí teanga na bhfreagróirí bá, toil agus fabhar áirithe don Ghaeilge, chomh maith le tosaíocht don oideachas trí Ghaeilge a bheith ar fáil dóibh. Tugann na dearcthaí dearfacha seo ar fad bunús maith don phróiseas pleanála teanga agus do chur chun cinn na Gaeilge sa LPT seo. Tá céatadán an-suntasach ar son stádas Gaeltachta an LPT seo a choinneáil (.i. 92.2%) agus todhchaí na Gaeltachta seo a chothú agus a neartú (.i. 95.3%). Mar shampla:

- Síleann 95.3% (526 duine) go bhfuil sé tábhachtach go mairfidh an Ghaeilge sa Ghaeltacht seo.
- Ba mhaith le 92.2% go bhfanfadh Maigh Eo Thuaidh sa Ghaeltacht.
- Tá stádas Gaeltachta an limistéir 'an-tábhachtach' nó 'tábhachtach' do 89% den sampla, le hais 11% a cheapann nach bhfuil todhchaí na Gaeltachta sa limistéar 'tábhachtach' nó go bhfuil sé 'ar bheagán tábhachta' dóibh.
- Aithníonn 88.6% go bhfuil buntáistí faoi leith ag an gceantar seo toisc gur Ghaeltacht é.
- Dúirt 82% go bhfuil siad sásta feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge.
- Ba mhaith le 75.3% go mbeadh níos mó deiseanna acu an Ghaeilge a úsáid agus ceapann 74.1% gur chóir go mbeadh seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil sa cheantar seo.

- Tá dearcadh dearfach toilteanach ag tromlach de thrí cheathrú d'fhreagróirí do bhreis Gaeilge a úsáid gach lá sa bhaile agus i measc an phobail. Cuir i gcás, ba mhaith le 75.2% níos mó Gaeilge a úsáid sa bhaile gach lá. Ba mhaith le 76.5% níos mó Gaeilge a úsáid i measc an phobail gach lá. Léirigh c.4% tuairim dhiúltach dhúnta ar an ábhar seo agus tá c.20% idir dhá cheann na meá faoi.
- Tá an Ghaeilge tábhachtach go pearsanta do 75%.
- Níor aontaigh ach 4% gur chóir an Ghaeilge a chaitheamh i dtraipisí. D'éasaontaigh 92.2% leis an ráiteas conspóideach seo.
- Tá 79.5% sásta oibriú leis an bpobal chun an Ghaeilge a neartú.
- Síleann 86.5% gur chóir go mbeadh deiseanna traenála ar fáil do dhaoine a mbeadh suim acu seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar.
- D'aontaigh 58.9% go mba chóir daoine a thraenáil chun spórt a mhúineadh trí Ghaeilge.
- D'aontaigh 87.6% gur chóir go mbeadh na comharthaí bóthair dátheangach sa cheantar seo.
- Measann 53.6% gur chóir go mbeadh coinníoll teanga le gach forbairt sa cheantar seo.
- Ba mhaith le breis agus 80% go mbeadh naíonra, bunscoil agus meánscoil trí Ghaeilge ar fáil dóibh. Tá céatadán ard d'fhreagróirí ar son an oideachais trí Ghaeilge a bheith ar fáil sa LPT seo, mar sin. Níor cuireadh ceist faoi leith maidir le tumoideachas nó aitheantas mar scoil Ghaeltachta faoi mar atá leagtha amach sa pholasaí nua áfach.

Tá an phleanáil teanga dúshlánach agus casta toisc go mbíonn fonn an duine féin i gceist. Téann dearcadh i bhfeidhm ar iompar teanga nó tá nasc cigilteach ach doiléir idir dearcadh teanga agus úsáid teanga (Ní Dhúda, 2018). Mar a mhíníonn Ó hIfearnáin, áfach, ní dhéantar i gcónaí de réir mar a chreidtear (2006:11). Is é sin le rá, ní gá go mbíonn cleachtas teanga an duine ag teacht lena chreideamh follasach, faoi mar a léiríonn torthaí na hanailíse seo.

Ar bhealach eile, tá míréir idir an meon follasach dearbhaithe i bhfabhar na Gaeilge agus na Gaeltachta a nochtadh sna torthaí thuasluaite agus cleachtas rialta an Bhéarla a bhíonn ar siúl ag formhór d'fhreagróirí (torthaí i mír 3.6).

Beidh sé mar sprioc leis na bearta i mír 6 dul i ngleic leis an míréir sin agus droichid a thógáil nó idirghabhálacha a chur i bhfeidhm chun an mhíréir sin a laghdú. Níor cheart a bheith ag súil go dtiocfaidh athrú ar iompar teanga, má chothaíonn tú dearcthaí dearfacha nó fonn amháin. Tá dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge fíorthábhachtach ach ní leor iad amháin chun úsáid na Gaeilge a mhéadú (m.sh. luann Grin (2003) deiseanna úsáide agus cumas chomh maith). Ag an am céanna, tugann dearcthaí dearfacha misneach, dóchas, bunús, spreagadh do lucht labhartha na Gaeilge agus don dream i mbun na pleanála teanga (Ní Dhúda, 2014:73).

5.1.2 Cumas phobal an limistéir sa Ghaeilge

- Maidir le cúlra phobal an limistéir sa Ghaeilge, tógadh tuairim is 20% d'fhreagróirí le Gaeilge den chuid ba mhó, le hais 80% a tógadh le Béarla den chuid ba mhó. Is mionlach iad an dream a tógadh le Gaeilge amháin (6.8%) sa LPT seo, le hais an 26.9% a tógadh le Béarla amháin. Tugann na torthaí seo le fios go bhfuil (i) úsáid na Gaeilge mar theanga an teaghlaigh maille le seachadadh idirghlúineach na Gaeilge cúlaithe go mór sa LPT seo (ii) úsáid an Bhéarla in uachtar i dteaghlaigh an LPT cheana féin.
- Maidir le cumas phobal an limistéir sa Ghaeilge, d'fhreagair 14.1% go bhfuil 'Gaeilge líofa' ar a dtail acu agus dúirt 28.2% eile go bhfuil 'Gaeilge mhaith' acu, sé sin 42.3% den iomlán. Tá 51.2% 'ar bheagán Gaeilge' agus 6.5% gan aon Ghaeilge, dar leo féin. Mar sin, tá tromlach na bhfreagróirí (57.7%) gan aon Ghaeilge nó ar bheagán Gaeilge, san áit a bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag mionlach na bhfreagróirí (42.3%). Tugann na torthaí seo le fios go bhfuil easpa cumais sa Ghaeilge ag sciar suntasach de phobal an LPT seo, le hais an 57.4% a mhaígh cumas éigin sa Ghaeilge i nDaonáireamh 2016.
- Baineann cumas teanga le ceithre scil (i) éisteacht nó tuiscint (ii) labhairt (iii) léamh (iv) scríobh. Maidir le cumas Gaeilge na bhfreagróirí sna scileanna teanga éagsúla, tá cumas áirithe ag an tromlach sna scileanna

éagsúla, dar leo féin. Go hiondúil, bíonn leibhéil éagsúla cumais ag duine sna scileanna seo (Ní Dhúda, 2014:56). Níor fhreagair ach céatadán íseal de c.12.75% ar an meán go bhfuil cumas 'an-mhaith' acu sna scileanna difriúla teanga, agus cheap 23.3% eile ar an meán go bhfuil cumas 'maith' acu. Thuairiscigh tuairim is 28% ar an meán go bhfuil lagchumas acu sna scileanna teanga éagsúla, agus d'fhreagair thart ar 7.5% eile ar an meán nach bhfuil aon chumas acu. Tuiscint agus léamh an dá scil is fearr cumais ag freagróirí dar le torthaí na ceiste seo. Labhairt agus scríobh an dá scil is measa cumais ag freagróirí dar leo féin.

5.1.3 Nósmhaireacht phobal an limistéir maidir le húsáid na Gaeilge

- I dtaca le húsáid na Gaeilge, úsáideann aon cheathrú d'fhreagróirí (24.8% nó 137 duine) an Ghaeilge go laethúil (a thagann leis an 23.3% CLG a tuairiscíodh sa Daonáireamh, a bheag nó a mhór), labhraíonn thart ar aon chúigiú eile (21.2%) an Ghaeilge go seachtainiúil, úsáideann aon trian díobh (33.5%) an Ghaeilge níos lú ná sin, anois is arís nó go neamhrialta. Ní labhraíonn aon chúigiú (20.6%) aon Ghaeilge riamh.
- Maidir le húsáid Gaeilge de réir réimsí (ceist 11), is amhlaidh atá beagánín Gaeilge in úsáid ag freagróirí sna réimsí difriúla, cé nach mbíonn go minic ach fíorbheagán Gaeilge i gceist. Ní úsáideann ach c.5.8% an Ghaeilge 'i gcónaí' ar an meán sna réimsí difriúla (.i. baile, córas oideachais, obair, comharsanacht, cairde, státchóras). Méadaíonn an céatadán sin go 10.5% ar an meán i gcás na gcainteoirí minice. Úsáideann thart ar aon trian (32.5%) eile an Ghaeilge 'anois is arís' sna réimsí thuasluaite ach ní labhraíonn c.40% aon Ghaeilge riamh ar an meán sna réimsí sin. Mar sin, is mionlach iad na cainteoirí rialta seasta Gaeilge nó b'fhéidir croíphobal na Gaeilge sa LPT (ach an oiread leis an 563 CLG/CO dar le Daonáireamh 2016). Is móramh iad an dream le cumas sa Ghaeilge ach nach labhraíonn ariamh í.

- Tugann ceist 12 eolas maidir le minicíocht úsáid na Gaeilge de réir áite nó imeachta. Úsáideann 13% an Ghaeilge sna siopaí agus sna gnólachtaí 'i gcónaí' nó 'go minic'. Úsáideann 12.9% an Ghaeilge ag seirbhísí eaglasta 'i gcónaí' nó 'go minic'. Úsáideann 12% an Ghaeilge ag imeachtaí sóisialta 'i gcónaí' nó 'go minic'. Labhraíonn 10.8% an Ghaeilge le seirbhísí áitiúla 'i gcónaí' nó 'go minic', úsáideann 9.6% an Ghaeilge ag imeachtaí spóirt 'i gcónaí' nó 'go minic' agus úsáideann 5.5% an Ghaeilge 'i gcónaí' nó 'go minic' le seirbhísí sláinte. Ní úsáideann 73.1% aon Ghaeilge riamh agus iad ag úsáid seirbhísí sláinte.
- Ach an oiread le torthaí cheist 11, is mionlach an-bheag iad na cainteoirí rialta seasta Gaeilge dar le torthaí cheist 12, le 2.8% ar an meán ag tuairisciú go labhraíonn siad an Ghaeilge go rialta sna réimsí difriúla atá luaite i gceist 12. Cé go méadaíonn an meánchéatadán go 7.8% i gcás an dreama a labhraíonn an Ghaeilge 'go minic', is tromlach suntasach iad na cainteoirí a thuairiscíonn nach labhraíonn siad aon Ghaeilge riamh (55.6% ar an meán, nó an c.30% a labhraíonn an Ghaeilge 'anois is arís') sna réimsí difriúla. Mar shampla, ní labhraíonn 59% aon Ghaeilge 'riamh' agus iad i mbun plé leis an stát.²⁴

D'fhéadfadh sé go mbeadh deis ann na cainteoirí seachtainiúla agus na cainteoirí eile (c.55%) a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid níos minicí, dá gcuirfí neart deiseanna soiléire úsáide agus spreagthaí ar fáil chuige sin.

²⁴ Léiríonn torthaí na gceisteanna seo (ceist 11 & ceist 12) na srianta a bhaineann le réimse úsáide teanga a úsáid mar aonad anailíse i gcás na Gaeilge. Is amhlaidh, mar a d'áitigh Ó Murchú, a bhíonn an Ghaeilge le blaiseadh i ngach réimse, cé nach mbíonn go minic ach fíorbheagán Gaeilge in úsáid i ngach ceann acu. Ba dheacair, ar aon nós, cur síos cruinn a dhéanamh ar iompar teanga i measc 'cairde' nó 'ag seirbhísí eaglasta' i dtimpeallacht dhátheangach ar nós na Gaeltachta, go háirithe i nGaeltacht den chineál seo. Faoi mar a tugadh le tuiscint san anailís go dtí seo, tá cainteoirí Gaeilge an LPT scáinte scaipthe trí mhórphobal Béarla. Is mó seans go mbraitheann úsáid na Gaeilge ar ghréasáin Ghaeilge agus gné na haithne i nGaeltacht den chineál seo (Ní Dhúda, 2010).

5.1.4 Tionchar Iompar Teanga an Tromlaigh

Fiosraíodh i gceist 14 maidir le céard a chabhródh le freagróirí chun níos mó Gaeilge a úsáid gach lá. Thagair c.38% (107 den 284 a thug freagra ar an gceist seo) do chomhthéacs teangeolaíoch an phobail. Is é sin le rá, is ríléir do roinnt mhaith freagróirí go bhfuil úsáid an Bhéarla forleathan réamhshocráithe sa LPT seo, san áit a bhfuil úsáid na Gaeilge cúngaithe agus geall le bheith i bhfolach ann. Seo roinnt samplaí de na cineálacha tuairimí a scríobhadh ar an ábhar seo:

- 'If more people spoke Irish, more would use it.'²⁵
- 'The more people speak Irish, the more opportunities to practice, so more promotion of the language.'
- 'If other people spoke it to me, I would have more confidence to speak it.'
- 'Níl Gaeilge ag a lán daoine anois, ní labhraíann muintir na háite í. Sin e an fadhb. Ceapaim go bhfuil ranganna Gaeilge á iarraidh sa cheantar seo. Má bhíonn muintir na háite Gaeilge a labhairt, bíonn sé níos éasca í a usaid.'
- 'Da mbeidh níos mó daoine caint Gaeilge liom.'
- 'If the people I meet use Irish then I would be able to speak it all the time.'
- 'Níl sé nadurtha gaeilge a labhairt. Usaidean gach duine bearla de ghnath. Bheadh sé níos fearr daoine atá siopaí laghairt i ngaeilge.'

Chun dul leis sin, sonraíodh easpa muiníne agus náire a bheith ag roinnt le húsáid na Gaeilge i measc an tsampla seo. Mar chuid de cheist 15, d'aontaigh 53.5% nach bhfuil muinín acu as a gcuid Gaeilge agus d'aontaigh 51% gur fearr leo a bheith ag labhairt Béarla ná Gaeilge.

Tá blaiseadh sna samplaí thuasluaite de mheon díomuach mionlaithe agus/nó easpa freagrachta go pearsanta as deiseanna úsáide Gaeilge a chruthú agus a

²⁵ Rinneadh lomaithris ar an méid a scríobh freagróirí, gan aon eagarthóireacht a dhéanamh ar shleachta.

chothú. Tá fíorbheagán tagairtí d'íarracht agus d'fhreagracht phearsanta an duine aonair ina leith sin, cé is móite den sliocht seo a leanas:

- 'If I used more Irish in my daily schedule, maybe more people would react and then more and more people would be inclined to speak it on a regular basis. Conversational Irish classes would be of great benefit to me. It would make me more confident in speaking to other Irish speakers.'

Téann an comhthéacs sochtheangeolaíoch ina maireann duine, chomh maith le rialacha sóisialta agus noirm na háite, i bhfeidhm ar a iompar teanga. Téann iompar teanga an tromlaigh, úsáid an Bhéarla sa chás seo, i bhfeidhm ar mheon agus ar iompar teanga dhaoine eile. Tá muintir Mhaigh Eo Thuaidh faoi bhrú millteanach ag móramh an Bhéarla sa timpeall orthu agus ina measc féin, i dtéarmaí cleachtas teanga agus creideamh teanga araon. Tá tionchar ag comhthéacs sochtheangeolaíoch formhór an LPT, ina bhfuil labhairt an Bhéarla sa treis, ar úsáid dhlísteanach na Gaeilge ann. Is amhaidh a mhéadaíonn cumhacht an Bhéarla i gcomhthéacs den chineál seo agus bíonn easpa riachtanas cumarsáide maidir leis an nGaeilge a úsáid i measc mhuintir na háite dá bharr (Ní Dhúda, 2018). Tá cainteoirí Gaeilge Mhaigh Eo Thuaidh scáinte scaipthe trí mhórphobal Béarla. Dá mbeadh níos mó Gaeilge le cloisteáil, le feiceáil agus á labhairt i measc an phobail, níos mó imeachtaí agus seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge, is mó seans go mbeadh sciar de mhuintir na háite níos compordaí ag úsáid Gaeilge in imeacht ama, cé gur próiseas thar a bheith fadtéarmach, uaillmhianach, céimnithe a bheadh i gceist leis seo (le forbairt i mír 6.0). Is doiligh dul i bhfeidhm ar iompar teanga fadbhunaithe agus nósmaireachtaí teanga a bhfuil seanchleachtadh ag daoine orthu.

5.2 Daoine Óga

Tá dáileadh maith sa sampla seo ó thaobh inscne, aoisghrúpaí agus áit chónaithe na bhfreagróirí. Mar shampla, ghlac 54.6% de mhná agus 45.4% d'fhir páirt sa taighde. Bhí 53% de rannpháirtithe (87 duine óg) sa dara bliain agus 47% díobh (77 duine) san idirbhliain.

5.2.1 Cumas na Scoláirí Iarbhunscoile sa Ghaeilge

- Tá cumas maith sa Ghaeilge ag móramh den sampla, 71.9% nó 118 díobh. D'fhreagair 2.4% (4 duine, an líon is lú d'fhreagróirí) go bhfuil 'Gaeilge ó dhúchas' acu, mhaígh 21.3% (35 duine) go bhfuil 'Gaeilge líofa' ar a dtail acu agus dúirt 48.2% eile (79 duine) go bhfuil 'Gaeilge mhaith' acu (is é sin 71.9% den iomlán). Bheifí ag súil le toradh ard den chineál seo agus na rannpháirtithe ar fad i mbun ranganna rialta Gaeilge ar scoil. In ainneoin sin, tá 23.2% (38 duine) 'ar bheagán Gaeilge' agus 4.9% (8 duine) gan aon Ghaeilge, dar leo féin. Mar sin, is dóigh le 46 duine (28.1% den iomlán) go bhfuil siad ar lagchumas Gaeilge. Ina dhiaidh sin, ámh, ní leor cumas sa Ghaeilge amháin chun go labhrófaí í, faoi mar a léiríonn torthaí na hanailíse seo i dtaca le húsáid Gaeilge (mír 5.2.2).

5.2.2 Úsáid na Gaeilge i measc dhéagóirí an LPT

- Maidir le húsáid Gaeilge sa bhaile, ní labhraíonn aon duine an Ghaeilge amháin sa bhaile dar le torthaí an taighde seo. Labhraíonn móramh na bhfreagróirí (64.4% díobh nó 105 duine) Béarla amháin sa bhaile. Úsáideann céatadán suarach de 1.2% (2 duine) níos mó Gaeilge ná Béarla sa bhaile, le hais 31.9% (52 duine) a úsáideann níos mó Béarla ná Gaeilge sa bhaile. Mar sin, úsáideann aon trian d'fhreagróirí roinnt Gaeilge sa bhaile. Labhraíonn 2.5% (4 duine) teangacha eile sa bhaile, an Pholainnis agus an Fhraincis sa chás seo. Léiríonn na torthaí seo (chomh maith le torthaí an tsuirbhé phobail) go bhfuil (i) an Béarla go maith in uachtar mar theanga an teaghlaigh sa limistéar dar leis na

daoine óga seo (ii) úsáid na Gaeilge imeallaithe go mór i réimse an bhaile sa LPT.

- Maidir le húsáid na Gaeilge ar scoil, níl an Ghaeilge in úsáid go sóisialta le cairde ar scoil ag tromlach na ndaoine óga a ghlac páirt sa taighde seo. Ní úsáideann 68.1% (111 duine) aon Ghaeilge riamh agus iad ag plé le cairde, labhraíonn aon cheathrú eile (25.2% nó 41 duine) an Ghaeilge anois is arís le cairde. Labhraíonn 1.8% (3 duine) an Ghaeilge i gcónaí le cairde agus úsáideann 4.9% (8 duine) eile an Ghaeilge go minic leo. Mar sin, is mionlach iad na cainteoirí rialta Gaeilge sa réimse seo (6.7% nó 11 duine).
- Tá na figiúirí beagánín níos airde i gcás úsáid na Gaeilge ar scoil le múinteoirí. Labhraíonn an céatadán is airde, 51.5% (84 duine) an Ghaeilge anois is arís le múinteoirí, úsáideann 24.5% (40 duine) an Ghaeilge go minic le múinteoirí agus labhraíonn 8.6% (14 duine) an Ghaeilge i gcónaí nó beagnach i gcónaí le múinteoirí. Ní labhraíonn 15.3% aon Ghaeilge riamh le múinteoirí. Mar sin, ní úsáideann ach 33.1% (aon trian de rannpháirtithe nó 54 duine) an Ghaeilge i gcónaí nó go minic le múinteoirí. Mar sin féin, is scoileanna lán-Bhéarla iad an dá iarbhuscail is mó sa LPT agus ní cosúil, ó thorthaí na ceiste seo, go bhfuil labhairt rialta na Gaeilge chun cinn iontu faoi láthair.
- Maidir le húsáid Gaeilge lasmuigh den scoil, labhair 3.7% (6 duine) an Ghaeilge gach lá lasmuigh den scoil le seachtain anuas. Seasann an líon sin do chainteoirí gníomhacha Gaeilge an tsampla. Is mionlach an-bheag iad na cainteoirí rialta Gaeilge seo lasmuigh den chóras oideachais (3.7% nó 6 duine). Labhair 16.6% (27 duine) eile an Ghaeilge anois is arís. Mar sin, d'úsáid c.20.3% de rannpháirtithe roinnt Gaeilge lasmuigh den scoil le seachtain anuas. Níor labhair breis agus trí cheathrú de rannpháirtithe (79.8%) aon Ghaeilge nó fíorbheagán Gaeilge sa tréimhse chéanna.

- Lena chois sin, nochtann torthaí cheist 11 nach n-úsáideann ach fíorchorr dhuine an Ghaeilge go sóisialta agus iad i mbun a gcuid caithimh aimsire.
- Maidir le húsáid rialta na Gaeilge lasmuigh den scoil, dúirt 19% (31 duine) go bhfuil áiteacha ar leith sa cheantar seo (taobh amuigh den scoil) ina labhraíonn siad an Ghaeilge i gcónaí le daoine eile ann. Labhraíonn 55.2%, an líon is mó díobh, an Ghaeilge i gcónaí i gColáiste UISCE. Mar sin, is tearmann teanga é Coláiste UISCE i súile na ndaoine óga seo. Is é sin, ionad aitheanta eiseamláireach ina bhfuil fáilte fhollasach roimh an nGaeilge agus cúis shoiléir í a úsáid (Ní Dhúda, 2014:69).
- Maidir le húsáid Gaeilge i réimse na ríomhaireachta agus na teicneolaíochta, úsáideann formhór mór na bhfreagróirí an Béarla amháin agus iad ag plé le ríomhairí agus teicneolaíocht. D'fhreagair 95.7% (154 duine) go n-úsáideann siad Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó agus iad ar an bhfón nó ag téacsáil. Dúirt 96.3% (155 duine) go n-úsáideann siad Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó nuair a bhíonn siad ar an idirlíon nó ar na meáin shóisialta. Níl aon amhras, mar sin, ach go bhfuil úsáid an Bhéarla go maith in uachtar sa réimse seo faoi láthair.

Léiríonn torthaí an iniúchta seo go gléineach go dteastaíonn níos mó deiseanna rialta úsáide Gaeilge ó dhaoine óga an LPT seo sna réimsí seo a leanas (a) sa bhaile (b) ar scoil le cairde agus le múinteoirí (c) lasmuigh den scoil (d) i mbun caithimh aimsire (e) i réimse na ríomhaireachta agus na teicneolaíochta. Moltar tearmainn teanga a chruthú agus a chothú ar scoil agus lasmuigh di / go sóisialta (spórt agus clubanna óige, cuir i gcás), chomh maith le breis cinnirí teanga a mhealladh i measc an aosa óig áitiúil féin agus i measc na ndaoine fásta a bhíonn ag plé leo (le forbairt i mír 6).

5.2.3 Dearcthaí agus Mianta na nDaoine Óga i leith na Gaeilge agus na Gaeltachta

- Maidir le mianta na rannpháirtithe i dtaca le stádas Gaeltachta an limistéir, ba mhaith le tromlach de 69.6% (112 duine) go bhfanadh MET sa Ghaeltacht. Níl tuairim láidir ag 28% (45 duine) i leith an ábhair seo. Níor mhaith le 2.5% (4 duine) go bhfanadh MET sa Ghaeltacht.
- Dúirt tromlach de 71.4% (115 duine) go bhfuil stádas Gaeltachta an cheantair seo 'an-tábhachtach' nó 'tábhachtach' dóibh. Tá stádas Gaeltachta an cheantair ar bheagán tábhachta do 16.2% (26 duine). Níl an t-ábhar seo tábhachtach do 12.4% (20 duine).

Tugann torthaí na gceisteanna seo bunús maith do chur chun cinn na Gaeilge agus don phróiseas pleanála teanga sa limistéir, i measc daoine óga. Beag beann air sin, is céatadán le háireamh é an c.30% nach bhfuil tuairim láidir acu i leith an ábhair seo.

- Maidir le mianta na rannpháirtithe i dtaca le níos mó Gaeilge a úsáid, ba mhaith le c.43.5% níos mó Gaeilge a úsáid gach lá sna réimsí difriúla (.i. baile, pobal, scoil).
- Thug beagnach leath na rannpháirtithe (48.4% nó 76 duine), an céatadán is airde, le fios gur mhaith leo níos mó Gaeilge a úsáid ar scoil.
- Ba mhaith le 43.1% níos mó Gaeilge a úsáid i measc an phobail.
- Níor mhaith le 28.5% ar an meán níos mó Gaeilge a úsáid gach lá. Níl tuairim láidir ag 28% ar an meán i leith na ceiste seo.

Maidir le dearcthaí na ndaoine óga i leith ráitis éagsúla teanga, nochtadh dearcthaí dearfacha agus fabhracha i leith na Gaeilge ar an iomlán. Mar shampla:

- D'éasaontaigh 77% (124 duine) gur chóir an Ghaeilge a chaitheamh i dtraipisí. Níor aontaigh ach 7.5% leis an ráiteas seo.
- Dúirt 64% (103 duine óg) gur maith leo an Ghaeilge.
- Ba mhaith le 62.7% (101 duine) dá mbeadh níos mó seansanna ag daoine óga a gcuid Gaeilge a úsáid.

- D'fhreagair 15.5% (25 duine) gur chuma leo gan Gaeilge ar bith a bheith á labhairt anseo sa Ghaeltacht ach d'éasaontaigh 54.7% leis sin.
- D'aontaigh 16.8% nach bhfeileann an Ghaeilge do shaol an duine óig sa lá atá inniu ann, ach d'éasaontaigh 52.8% (85 duine) leis sin.
- Mar sin féin, dúirt 73.3% (118 duine nó beagnach trí cheathrú den sampla) gur fearr leo an Béarla a labhairt ná an Ghaeilge, cé gur thacaigh 71.4% (115 duine) leis an ráiteas 'má labhraíonn duine Gaeilge liom, freagraím i nGaeilge iad i gcónaí' (toradh a thugann nod faoi thábhacht na beannachta chun comhrá Gaeilge a thosú nó a stiúradh).
- Níl muinín ag 49.1% (79 duine) nó beagnach leath na rannpháirtithe, as a gcuid Gaeilge.
- Ceapann 45.3% (73 duine) nach bhfuil sé an-doiligh an Ghaeilge a scríobh agus a labhairt i gceart, i gcomparáid le 31% nach n-aontaíonn leis sin.
- Thug 65.8% (106 duine óg) le tuiscint nach mbreathnaíonn siad ar chláracha Gaeilge ar an teilifís go minic.
- D'admhaigh 46.6% go spreagann a dtuismitheoirí iad le Gaeilge a labhairt.

Tugann na dearthaí teanga seo maidir le labhairt na Gaeilge le tuiscint go bhfuil meon ar son úsáid an Bhéarla i réim i measc na ndaoine óga faoi láthair. Cé nach féidir comparáid ghlan a dhéanamh idir torthaí an tsuirbhé phobail agus torthaí na ndaoine óga seo, níl dearthaí agus mianta na ndaoine óga i leith na Gaeilge agus na Gaeltachta chomh dearfach leis an sampla randamach pobail, a thugann athrú meoin idirghlúineach nach bhfuil chomh fabhrach agus báúil don Ghaeilge le tuiscint.

5.2.4 Moltaí na nDaoine Óga

Maidir le moltaí na ndaoine óga don todhchaí nó féidearthachtaí do chur chun cinn na Gaeilge i measc na ndaoine óga sa limistéar:

- D'fhreagair 56.6% (90 duine óg) agus 54.1% (86 duine) faoi seach, go mbeadh 'an-suim' nó 'suim' acu freastal ar champa samhraidh trí Ghaeilge agus cúrsa samhraidh i gcoláiste Gaeilge.

- Bheadh suim nó an-suim ag 53.5% (85 duine) i scéim mhalairte le scoileanna i nGaeltachtaí eile.
- Léirigh 52.2% (83 duine) suim nó an-suim i dtráth na gceist i nGaeilge agus 45.3% eile (72 duine óg) an tsuim chéanna i gclub óige trí Ghaeilge.
- Dúirt 40.9% go bhfuil suim nó an-suim acu i ndrámáíocht trí Ghaeilge, i gcomparáid le 28.3%, an céatadán is lú a léirigh aon spéis i gclub Gaeilge ag am lóin ar scoil.

Cuireadh ceist oscailte ar na rannpháirtithe seo ag deireadh an cheistneora (ceist 18), nuair a fhiosraíodh an bhfuil rudaí speisialta a chuideodh leo a gcuid Gaeilge a úsáid. Thug 66 duine freagra ar an gceist seo, níor bhac 98 duine leis. Tugadh le tuiscint go láidir go bhfuil easpa deiseanna úsáide Gaeilge acu i dtéarmaí ginearálta go háitiúil, ar scoil, i measc an phobail, sa bhaile agus go sóisialta. Tá éileamh ar níos mó clubanna óige trí Ghaeilge agus níos mó Gaeilge a bheith in úsáid ag leibhéal na scoile.

Is spriocghrúpa faoi leith iad an óige (Eckert 1988; Hickey 2007). Tá úsáid an Bhéarla in uachtar i measc fhormhór d'aos óg na Gaeltachta, cuir i gcás (Ó Giollagáin et al, 2007:29), cé go bhfuil dearcadh dearfach ag a bhformhór i leith na Gaeilge, faoi mar a léiríonn torthaí an taighde seo. Ní mór, mar sin, cur le sóisialú na ndaoine óga trí Ghaeilge agus deiseanna úsáide chomh maith le spreagthaí chun an Ghaeilge a úsáid a chruthú agus a láidriú ina measc .i. roghanna tarraingteacha Gaeilge a sholáthar do dhaoine óga chun suim a chothú, chun iad a mhealladh agus chun úsáid laethúil na Gaeilge a mhéadú ina measc, sa scoil agus lasmuigh di.

5.3 Príomhoidí & Múinteoirí

5.3.1 Cumas na múinteoirí bunscoile sa Ghaeilge

- Maidir leis an seachtar múinteoirí bunscoile a ghlac páirt sa taighde seo, d'fhreagair 3/7 múinteoir (42.9%) go bhfuil 'Gaeilge ó dhúchas' acu, mhaígh 1/7 (14.3%) go bhfuil 'Gaeilge líofa' acu agus dúirt 3/7 go bhfuil 'Gaeilge mhaith' acu. Mar sin, is cainteoirí cumasacha Gaeilge iad na múinteoirí sa sampla seo. Níltear ag áiteamh go bhfuil an sampla beag seo ionadaíoch ar mhúinteoirí uile an LPT.

5.3.2 Úsáid na Gaeilge

- Ní labhraíonn aon mhúinteoir bunscoile a ghlac páirt sa taighde seo an Ghaeilge amháin sa seomra ranga. Labhraíonn 3/7 an Ghaeilge den chuid is mó ann, úsáideann an líon céanna (3/7) Béarla den chuid is mó sa seomra ranga agus labhraíonn 1/7 meascán 50/50 de Ghaeilge agus de Bhéarla ann. Os a choinne sin, is cosúil go mbraitheann an teanga teagaisc ar an múinteoir agus ar an scoil ina bhfuil sé/sí ag obair.
- Ní fhreagraíonn aon pháistí a múinteoir i nGaeilge i gcónaí, dar le torthaí an taighde seo. Dúirt 4/7 go bhfreagraíonn na páistí i nGaeilge den chuid is mó iad. Dúirt 3/7 go bhfreagraíonn na páistí i mBéarla iad den chuid is mó.
- Dar le 85.8% (6/7) de na múinteoirí seo, labhraíonn na páistí Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó eatarthu féin sa seomra ranga. Ceapann gach múinteoir go n-úsáideann na páistí Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó eatarthu féin sa chlós agus lasmuigh den seomra ranga. Dar le formhór na bpríomhoidí (5/8 nó 62.5%), labhraíonn daltaí Béarla amháin eatarthu féin lasmuigh den seomra ranga. Síleann 2/8 nó 25% de phríomhoidí go n-úsáideann na daltaí Béarla den chuid is mó sa chás seo ach measann príomhoide amháin go mbíonn an Ghaeilge in úsáid ag daltaí den chuid is mó. Dearbhaíonn na torthaí seo forleithne an Bhéarla mar theanga shóisialaithe na ngasúr bunscoile sa LPT seo.

- I dtuairim na bpríomhoidí, tá an Ghaeilge amháin in uachtar mar ghnáth-teanga cumarsáide na múinteoirí in dhá scoil (2/8 nó 25%), tá an Ghaeilge den chuid is mó chun cinn in dhá scoil eile (2/8 nó 25%). Tá an Béarla amháin in úsáid i measc na múinteoirí sa cheithre scoil eile (50%).
- Fiosraíodh i measc na bpríomhoidí maidir leis an teanga a úsáidtear i ngnó laethúil na scoile (.i. riarachán, páipéarachas, teagmháil leis an mbord bainistíochta, le múinteoirí, le coiste na dtuismitheoirí agus mar sin de) mar chuid de cheist 6. Úsáideann scoil amháin (1/8) an Ghaeilge amháin sa chomhthéacs seo, úsáideann trí scoil eile an Ghaeilge den chuid is mó (3/8) agus úsáideann 50% de na bunscoileanna (4/8) an Béarla den chuid is mó i ngnó laethúil na scoile.
- Beartaíodh gan ainmneacha na scoileanna a nochtadh ar chúiseanna rúndachta. Ina dhiaidh sin féin, níor léirigh an 4 scoil thuasluaite ina bhfuil an Béarla chun cinn spéis le bheith aitheanta mar scoil Ghaeltachta, ach ba mhaith leis an 4 scoil eile ina bhfuil an Ghaeilge in uachtar an t-aitheantas sin a bhaint amach.
- Tá polasaí scríofa Gaeilge ag gach bunscoil sa limistéar. Rinne 7/8 uasdátú ar an bpolasaí ó cuireadh i dtoll a chéile é.
- Níl sé de nós ag 4/7 (53%) de scoileanna cur isteach ar chomórtais / imeachtaí / ar fhéilte drámaíochta agus mar sin de trí Ghaeilge. Dúirt 3/7 príomhoide a mhalairt.
- Nuair is féidir, iarrann 62.5% (5/8 bunscoil) ar aíonna an Ghaeilge a labhairt leis na daltaí.
- Níl naíonra Gaeltachta ag freastal ar dhá bhunscoil faoi láthair, mar atá, SN Dhumha Thuama agus SN Ghaoth Sáile.
- Tá brú acmhainní daonna i bhformhór na scoileanna beaga seo dar le príomhoidí. Tá níos mó tacaíochta ag teastáil uathu. Mar shampla, moladh scéim na gcúntóirí teanga a leathnú amach (a) ionas go mbeidh cúntóir teanga ag gach scoil Gaeltachta sa LPT agus/nó gach scoil atá ag iarraidh aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta (b) go mbeidh

cúntóir teanga ar feadh tréimhse níos faide sa bhliain agus níos mó uaireanta sa tseachtain (c) go mbeidh níos mó uaireanta ag an múinteoir tacaíocht foghlama (d) go mbeidh múinteoir breise le Gaeilge líofa á roinnt idir scoileanna Gaeltachta an LPT.

5.3.3 Dearcchaí agus Mianta Teanga

Tugtar blaiseadh de dhearcchaí teanga na múinteoirí a ghlac páirt sa taighde anseo thíos;

- Tá an Ghaeilge tábhachtach do 83.3% (5/6) díobh.
- Ba mhaith le 3/6 nó 50% a bheith ábalta níos mó Gaeilge a úsáid sa seomra ranga.
- Ba mhaith le 50% de mhúinteoirí go bhfanfadh Maigh Eo Thuaidh sa Ghaeltacht. Níl tuairim láidir ag 50% díobh i leith an ábhair seo.
- Ba mhaith le 75% de phríomhoidí go bhfanfadh Maigh Eo Thuaidh sa Ghaeltacht.
- Ba mhaith le 33.3% (2/6 múinteoir) go mbeadh aitheantas ag a scoil mar 'scoil Ghaeltachta' faoin scéim nua. Níor mhaith le duine amháin go mbeadh aitheantas ag a scoil mar 'scoil Ghaeltachta' agus níl tuairim láidir ag 50% (3/6) i leith na ceiste seo.

Tugann na torthaí seo le fios go bhfuil (i) 83.3% de na múinteoirí seo fabhrach don Ghaeilge (ii) ach iad idir dhá cheann na meá maidir le stádas Gaeltachta an cheantair agus (iii) amhrasach i dtaca le haitheantas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach.

- Léirigh 2/5 (40%) suim áirithe sna cúrsaí forbartha gairmiúla seo a leanas (i) cúrsa ardleibhéal Gaeilge (ii) sainchúrsa maidir le teagasc trí mheán na Gaeilge, úsáid na Gaeilge a spreagadh sa chlós agus a bhainistiú sa seomra ranga (.i. ceardlann sa chinnireacht teanga) (iii) cúrsa ar na canúintí áitiúla Gaeilge.

5.4 Stiúrthóirí na Naíonraí

- D'fhreastail 56 páiste ar naíonraí sa LPT seo i scoilbhliain 2016/17, an líon is mó díobh (17/56 nó 30%) ar an Eachléim, chomh maith le 15/56 (27%) i nGleann na Muaidhe, 12 (21%) ar naíonra Dhún Chaocháin (i gCeathrú Thaidhg) agus 12 ar naíonra Cois Fharraige (ar an Druim, i lár leithinis an Mhuirthead).²⁶
- Faoi láthair, cuireann naíonra amháin seirbhísí breise ar fáil, eadhon, seirbhís iarscoile, grúpa tuistí agus páistí agus club bricfeasta.
- Tá beirt ar an meán ag obair i naíonraí an LPT seo (duine do gach 11 an cóimheas). Tá foireann oifige ag naíonra amháin.
- Tá polasaí teanga leagtha amach i scríbhinn ag na naíonraí thuasluaite.

5.4.1 Cumas sa Ghaeilge

- Maidir le cumas Gaeilge na stiúrthóirí naíonra, d'fhreagair 3/4 go bhfuil Gaeilge líofa ar a dtail acu agus dúirt duine amháin go bhfuil Gaeilge mhaith aici.
- Dar leis an eolas a chuir Comhar Naíonraí na Gaeltachta ar fáil i dtaca le cumas Gaeilge na bpáistí a d'fhreastail ar naíonraí i MET le linn 2016/17 (i) níor fhreastail aon chainteoir dúchais Gaeilge ar naíonra i MET le linn 2016/17 (ii) bhí 'Gaeilge mhaith' ag 11% de na páistí (iii) bhí 'beagán Gaeilge' ag 10% díobh, 'tuiscint na Gaeilge' ag 51% díobh agus 28% eile gan aon Ghaeilge. Ar chúiseanna rúndachta, ní raibh Comhar Naíonraí na Gaeltachta sásta ach staitisticí a chur ar fáil don iomlán (agus mar atá leagtha amach acu i dtábla 9). Ní thugtar aon mhíniú breise ar na slata tomhais a úsáideadh i gcás na gcatagóirí anailíse seo áfach.

5.4.2 Úsáid na Gaeilge

- Maidir leis an teanga teagaisc/teanga chumarsáide sna naíonraí, Gaeilge ar fad a labhraíonn na stiúrthóirí agus na cúntóirí leis na páistí i gcás 3/4

²⁶ D'fhreastail 43 páiste ar naíonraí sa LPT i 2016/17 dar le staitisticí a chuir Comhar Naíonraí na Gaeltachta ar fáil (tábla 9, mír 3.4). Uimhreacha thús na bliana iad sin, gan aon rannpháirtíocht nua ó Eanáir agus Aibreán 2017 san áireamh.

- (75%) de na naíonraí. Sa chás eile, labhraíonn na stiúrthóirí agus na cúntóirí an Ghaeilge den chuid is mó leis na páistí.
- Maidir leis an teanga a úsáidtear i ngnó laethúil an naíonra (.i. riarachán, páipéarachas, plé le tuismitheoirí/caomhnóirí agus mar sin de), úsáideann 50% (2/4) an Ghaeilge amháin agus úsáideann 50% meascán de Ghaeilge agus Béarla sa chomhthéacs seo.
 - Beannaíonn 75% (3/4) de na stiúrthóirí do na tuismitheoirí i nGaeilge i gcónaí nuair a thagann siad chuig an naíonra. Úsáideann stiúrthóir amháin meascán de Ghaeilge agus Béarla sa chás seo.
 - Maidir le húsáid teanga na bpáistí, nuair a chuireann an stiúrthóir ceist ar na páistí i nGaeilge, freagraíonn 50% i nGaeilge den chuid is mó agus labhraíonn 50% eile i mBéarla den chuid is mó.
 - Dar le stiúrthóirí na naíonraí, labhraíonn 50% de na páistí Béarla amháin agus úsáideann 50% Béarla den chuid is mó eatarthu féin taobh istigh den naíonra.
 - Ceapann stiúrthóir amháin go n-úsáideann na páistí an Ghaeilge amháin sa chlós agus lasmuigh den naíonra, measann beirt stiúrthóirí go labhraíonn na páistí Béarla den chuid is mó. Is dóigh leis an stiúrthóir eile go mbíonn an Béarla amháin ar siúl ag na páistí eatarthu féin sa chomhthéacs seo. Dearbhaíonn na torthaí seo forleithne an Bhéarla mar theanga shóisialaithe na ngasúr réamhscoile sa LPT seo.
 - Baineann na stiúrthóirí an-úsáid as acmhainní Gaeilge sa naíonra (póstaeir, ceol, amhráin, rannta, cluichí, leabhair Ghaeilge agus mar sin de). Ní bhaineann siad úsáid as aon ábhar Béarla agus iad i mbun an naíonra. Mar sin féin, d'fhreagair na stiúrthóirí ar fad gur mhaith leo níos mó póstaer, scannán, cluichí i nGaeilge agus mar sin de a úsáid sa naíonra.
 - Maidir le dearcthaí teanga na stiúrthóirí, ba mhaith le 100% díobh go bhfanfadh Maigh Eo Thuaidh sa Ghaeltacht.
 - Ba mhaith le foireann na naíonraí go dtiocfadh níos mó tacaíochta ó tuismitheoirí/caomhnóirí maidir leis an nGaeilge agus úsáid na Gaeilge.

5.5 Tuismitheoirí / Caomhnóirí

Ghlac 18 tuismitheoirí/caomhnóir páirt sa taighde seo. Níltear ag áiteamh go bhfuil an rannpháirtíocht íseal sa sampla beag oscailte seo ionadaíoch ar thuismitheoirí uile an limistéir. Tugtar blaiseadh sna torthaí seo de thuairimí na dtuismitheoirí a ghlac páirt sa taighde.

5.5.1 Cumas sa Ghaeilge

- Maidir le cumas Gaeilge na rannpháirtithe, tá cumas maith sa Ghaeilge ag tromlach na bhfreagróirí, 55.6% nó 10/18 duine. Tá 5/18 d'fhreagróirí (nó 27.8%) ar bheagán Gaeilge agus 3/18 (nó 16.7%) gan aon Ghaeilge.
- Tá cumas maith sa Ghaeilge ag 7/18 (nó 38.9%) de na tuismitheoirí /caomhnóirí eile, tá an líon céanna díobh (7/18 nó 38.9%) ar bheagán Gaeilge agus mhaígh 4/18 nó 22.2% d'fhreagróirí go bhfuil an tuismitheoir eile gan aon Ghaeilge.
- Dar le freagróirí, tá cumas maith sa Ghaeilge ag 7/15 (nó 46.6%) de na páistí is sine ach tá formhór na bpáistí is sine, 8/15 (nó 53.2%) díobh gan aon Ghaeilge nó ar bheagán Gaeilge dar lena dtuismitheoirí.
- Maidir le cumas an pháiste is óige sa Ghaeilge, tá cumas maith sa Ghaeilge ag 3 (nó 23.1%) agus tá tromlach de 53.8% ar bheagán Gaeilge. Ar an iomlán, mar sin, is líonmhaire iad na gasúir is óige atá ar bheagán Gaeilge agus gan aon Ghaeilge (>50%).

5.5.2 Úsáid na Gaeilge

- Maidir le húsáid teanga sa teaghlach, labhraíonn 16.7% (3/18) an Ghaeilge den chuid is mó idir iad féin agus na páistí, úsáideann 61.1% (11/18) Béarla den chuid is mó agus labhraíonn 22.2% (4/18) Béarla amháin sa chás seo. Mar sin, is móramh iad na tuismitheoirí a labhraíonn Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó agus iad ag plé lena gclann sa bhaile (83.3% nó 15/18).

- Maidir leis an gnáth-theanga labhartha idir an tuismitheoir/caomhnóir eile agus na páistí, labhraíonn an líon ceanna, 16.7% (3/18) an Ghaeilge den chuid is mó, labhraíonn 44.4% (8/18) Béarla den chuid is mó agus úsaideann 38.9% (7/18) Béarla amháin sa chás seo. Arís, is tromlach iad na tuismitheoirí eile a labhraíonn Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó agus iad ag plé lena gclann (83.3% nó 15/18).
- Maidir leis an gnáth-theanga labhartha idir an bheirt thuismitheoirí/caomhnóirí, labhraíonn 11.1% (2/18) an Ghaeilge den chuid is mó, úsaideann 44.4% (8/18) Béarla den chuid is mó agus labhraíonn 44.4% (8/18) Béarla amháin sa chás seo. Mar sin, is mionlach iad na tuismitheoirí a bhíonn i mbun cumarsáide lán-Ghaeilge lena chéile (2/18 nó 11.1%), labhraíonn tromlach de 88.8% de na tuismitheoirí (16/18) Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó sa chomhthéacs seo.
- Go hiondúil labhraíonn na páistí Béarla amháin (38.9% nó 7/18) nó Béarla den chuid is mó (38.9% nó 7/18) eatarthu féin. Úsaideann mionlach de 2/18 (nó 11.1%) an Ghaeilge den chuid is mó sa chás seo.
- Maidir leis an teanga a bhíonn in úsáid idir na seantuismitheoirí agus an gharchlann, labhraíonn 5.6% (1/18) an Ghaeilge amháin sa chomhthéacs seo agus 16.7% (3/18) an Ghaeilge den chuid is mó. Ar an láimh eile, labhraíonn a bhformhór Béarla amháin (38.9% nó 7/18) nó Béarla den chuid is mó (38.9% nó 7/18) sa chás seo. Is é sin 77.8% san iomlán.
- Léiríonn na torthaí seo go bhfuil úsáid an Bhéarla chun cinn sna gréasáin theaghlaigh seo a leanas (i) ag tuismitheoirí agus iad ag plé lena gclann sa bhaile (ii) i measc thuismitheoirí eatarthu féin (iii) i measc na bpáistí eatarthu féin (iv) idir sheantuisistí agus an gharchlann.
- Fiafraíodh de rannpháirtithe i gceist 7 an ndearna siad aon chinneadh maidir le húsáid teanga sa teaghlach. D'fhreagair 44.4% (8/18) an cheist seo go dearfach. Ní dhearna 10/18 nó 55.6% aon chinneadh i dtaca le

teanga an tí. Léiríonn mínithe na bhfreagróirí ar an gceist seo go ndearna 7/8 cinneadh níos mó Gaeilge a úsáid sa réimse seo agus/nó theastaigh uathu go mbeadh Gaeilge ag na páistí. Níor theastaigh ach ó fhreagróir amháin go mbeadh an Ghaeilge mar phríomhtheanga an tí. Luaigh freagróir eile gur mhaith leis go bhfoghlaimeodh an teaghlach Spáinnis agus Fraincis.

5.5.3 Dearcthaí agus Mianta i leith na Gaeilge & na Gaeltachta

- Maidir le mianta na bhfreagróirí seo i dtaca le níos mó Gaeilge a úsáid gach lá, léirigh 83.3% (15/18) gur mhaith leo níos mó Gaeilge a úsáid sa bhaile agus dúirt 88.9% (16/18) gur mhaith leo níos mó Gaeilge a úsáid i measc an phobail. Níor mhaith le 1/18 tuilleadh Gaeilge a úsáid sna réimsí seo. Níl tuairim láidir ag 8.3% ar an meán i dtaobh an ábhair seo.
- Maidir le mianta na dtuismitheoirí seo i dtaca le stádas Gaeltachta an limistéir, ba mhaith le 94.4% (17/18) díobh go bhfanfadh Maigh Eo Thuaidh sa Ghaeltacht. Ní raibh ach tuismitheoir amháin diúltach i dtaobh an ábhair seo (1/18). Ina dhiaidh sin féin, áfach, is mór idir an tacaíocht agus an dearcadh dearfach seo agus gníomh nó úsáid rialta na Gaeilge i measc na rannpháirtithe seo.
- Maidir le mianta na dtuistí i dtaca leis an oideachas trí Ghaeilge a bheith ar fáil sa limistéar, tá an tromlach i bhfabhar oideachas trí Ghaeilge a bheith ar fáil; tá 83.3% (nó 15/18) ar son naíonraí agus bunscoileanna trí Ghaeilge a bheith ar fáil. Tá 72.2% nó 13/18 i bhfabhar meánscoil trí Ghaeilge a bheith ar fáil agus tá 66.7% (12/18) ar son breisoideachas trí Ghaeilge a bheith ar fáil sa limistéar. Mar sin, cé go bhfuil a bhformhór i bhfabhar an oideachas trí Ghaeilge a bheith ar fáil, ní léir an roghnóidís scoil lán-Ghaeilge dá bpáistí féin áfach.
- Maidir le dearcthaí na rannpháirtithe i leith ráitis teanga éagsúla, léiríodh an-chlaonadh maidir le (i) an tábhacht le húsáid na Gaeilge ag leibhéal

an teaghlaigh (ii) an easpa áiseanna, imeachtaí agus seirbhísí do thuismitheoirí agus do dhaoine óga araon sa limistéar seo. Cuir i gcás:

- Easaontaíonn 88.8% (8/18) nach gcaithfear Gaeilge a labhairt sa bhaile mar go bhfaighidh na páistí Gaeilge líofa ar scoil.
 - Easaontaíonn 77.7% (14/18) go bhfuil na seirbhísí ar fad atá de dhíth ar thuismitheoirí/chaomhnóirí ar fáil sa cheantar seo.
 - Aontaíonn 66.6% (12/18) nach bhfuil go leor áiseanna agus/nó imeachtaí do dhaoine óga ar fáil sa cheantar seo.
 - Easaontaíonn 38.9% (7/18) go gcuirtear an iomarca béime ar chúrsaí teanga ag imeachtaí do pháistí agus do dhaoine óga.
 - Easaontaíonn 38.9% (7/18) go bhfuil sé doiligh clann a thógail le Gaeilge sa cheantar seo.
- Tugann torthaí cheist 9 ('céard a chabhródh leat chun níos mó Gaeilge a úsáid gach lá?') le fios go bhfuil easpa deiseanna foghlama Gaeilge agus easpa deiseanna úsaide Gaeilge sa LPT faoi láthair. Go sonrach, (i) tá éileamh ar ranganna Gaeilge i measc an spriocghrúpa seo (ii) ba mhaith leo go mbeadh seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil sa bhaile mór (iii) ceaptar gur ghá níos mó imeachtaí spráíúla a chur ar fáil do pháistí agus do dhéagóirí araon.
 - Nochtann torthaí cheist 13 go bhfuil éileamh ar na seirbhísí seo a leanas a bheith ar fáil sa LPT i measc na dtuismitheoirí seo: (i) club obair bhaile (12/18 nó 66.7%) (ii) grúpa tuismitheoirí agus páistí ag úsáid Gaeilge agus Béarla (11/18 nó 61.1%) (iii) imeachtaí do theaghlaigh i nGaeilge (ceardaíocht, cócaireacht, ealaín, siúlóidí srl.) (11/18 nó 61.1%) (iv) club scéalaíochta do pháistí i nGaeilge (10/18 nó 55.6%).
 - Dar le torthaí cheist 15, bheadh spéis ag an bhfreagróir nó ag an tuismitheoir eile sna cúrsaí seo a leanas: (i) cúrsa Gaeilge (sainchúrsa gramadaí) (9/18 nó 50%) (ii) cúrsa comhrá Gaeilge (9/18 nó 50%) (iii) cúrsa Gaeilge (bunleibhéal) (8/18 nó 44.4%) (iv) cúrsa ar thógáil páistí le Gaeilge/go dátheangach (7/18 nó 38.9%).

5.6 Gnólachtaí

- Maidir le cineál na ngnólachtaí a ghlac páirt sa taighde, baineann an líon is mó de rannpháirtithe (4/13 nó 30.8%) le réimse an fháilteachais agus na turasóireachta. Cuireann an líon céanna de rannpháirtithe (4/13 nó 30.8%) seirbhísí ar fáil sa LPT. Bíonn 3/13 (23.1%) i mbun miondíolaíochta. Baineann an dá ghnólacht/seirbhís eile le réimse an oideachais agus eagraíocht stáit (2/13 nó 15.4%).
- Níltear ag áiteamh go bhfuil an rannpháirtíocht íseal sa sampla seo (13/87 nó 15%) ionadaíoch ar ghnólachtaí uile an limistéir. Tugtar blaiseadh sna torthaí seo de thuairimí an luchta ghnó a ghlac páirt sa taighde.
- Maidir le ról na bhfreagróirí seo sa ghnó, ghlac 5/13 (38.5%) úinéir, 4/13 bainisteoir (nó 30.8%), 3/13 riarthóir (nó 23.1%), agus feidhmeannach amháin (1/13 nó 7.7%) páirt sa taighde seo ar son an ghnólachta.

5.6.1 Cumas sa Ghaeilge

- Maidir le cumas Gaeilge na bhfreagróirí seo, tá mionlach de 46.2% (6/13) ar bheagán Gaeilge dar leo féin. Is dóigh le 23.1% (3/13) go bhfuil Gaeilge mhaith ar a dtoil acu. D'fhreagair 23.1% (3/13) eile go bhfuil Gaeilge ó dhúchas acu. Tá duine amháin (7.7%) den tuairim go bhfuil Gaeilge líofa ar a thoil aige. Níor ghlac aon duine gan Ghaeilge páirt sa taighde seo. Ar an iomlán, mar sin, ceapann móramh de 53.9% nó 7/13 de rannpháirtithe go bhfuil Gaeilge mhaith, Gaeilge líofa nó Gaeilge ó dhúchas acu.
- Ar an meán, tá 7 fostaithe go lánaimseartha, 16 ag obair go páirtaimseartha, tuairim is beirt ag obair go deonach agus thart ar 23 duine san iomlán ag saothrú sna gnólachtaí seo.
Maidir le cumas Gaeilge na foirne sna gnólachtaí éagsúla seo, ar an meán tuairiscíodh go bhfuil Gaeilge ó dhúchas ag móramh de 12 duine agus ceathrar le Gaeilge mhaith ar a dtoil acu, le hais 11 atá ar bheagán Gaeilge, agus timpeall triúr gan aon Ghaeilge acu. Is cosúil, mar sin, go bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil ag móramh beag de 16 ar an meán sna

gnólachtaí seo agus go bhfuil líon suntasach de 14 ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge fostaithe sna gnólachtaí seo chomh maith.

5.6.2 Úsáid na Gaeilge

- Maidir le húsáid na Gaeilge sna gnólachtaí seo, tuairiscíodh an méid seo a leanas;
 - Úsáideann 50% díobh an Ghaeilge go laethúil.
 - Úsáideann 16.7% an Ghaeilge go seachtainiúil.
 - Úsáideann gnó amháin an Ghaeilge níos lú ná sin (8.3%).
 - Ní úsáideann 25% aon Ghaeilge riamh.

Mar sin, is úsáideoirí rialta Gaeilge iad formhór na ngnólachtaí sa sampla seo. Is amhlaidh nach bhfuil an sampla seo ionadaíoch ar ghnólachtaí eile an LPT a shamhlaítear le húsáid an Bhéarla den chuid is mó, dá bhrí sin.

- Tugadh breis eolais maidir le húsáid Gaeilge sa ghnó i gceist 13;
 - Dar le 25%, labhraíonn an fhoireann uilig Gaeilge lena chéile.
 - Dar le 50% d'fhreagróirí, labhraíonn daoine áirithe ar an bhfoireann an Ghaeilge lena chéile.
 - Dúirt 33% go gcuireann siad seirbhís i nGaeilge ar fáil.
 - Úsáideann 33.3% an Ghaeilge ina gcuid comhfhreagrais.
 - Úsáideann 33.3% an Ghaeilge ar na meáin shóisialta.
 - Ní úsáideann 25% aon Ghaeilge sa ghnó.

Mar sin, cé nach n-úsáideann aon cheathrú de rannpháirtithe aon Ghaeilge sa ghnó, tá an Ghaeilge in úsáid ag $\frac{3}{4}$ díobh ar bhealaí éagsúla, faoi mar a thaispeánann torthaí na ceiste seo.

- Maidir le tírdhreach teangeolaíoch na ngnólachtaí seo, úsáideann 50% Gaeilge agus Béarla ar a gcuid comharthaí, úsáideann 33.3% Béarla uilig sa chás seo. Ní úsáideann ach 16.7% an Ghaeilge uilig ar a gcuid comharthaí. Mar sin féin, úsáideann 66.7% (dhá thrían de rannpháirtithe) roinnt Gaeilge ar a gcuid comharthaí.

- Maidir le húsáid teanga ar fhógraíocht, bolscaireacht agus mar sin de, úsáideann 58.3% Gaeilge agus Béarla sa chás seo, céatadán atá beagánín chun cinn ar an 41.7% a úsáideann Béarla uilig ar a gcuid fógraíochta agus bolscaireachta.
- Beannaíonn 41.7% dá gcuid custaiméirí i nGaeilge agus i mBéarla, déanann 25% amhlaidh i nGaeilge i gcónaí agus déanann 33.3% an rud céanna i mBéarla i gcónaí. Mar sin, úsáideann tromlach de 66.7% roinnt Gaeilge lena gcuid custaiméirí sa chéad aitheasc.
- Nuair a fhreagraítear an fón, bíonn an chéad bheannú i mBéarla i gcónaí ó 58.3%, i nGaeilge i gcónaí ó 25% díobh agus i nGaeilge agus i mBéarla ó 16.7% de ghnólachtaí. Mar sin, tá úsáid an Bhéarla in uachtar sa chomhthéacs seo faoi láthair.
- Tá oifigeach Gaeilge ainmnithe ag 33.3% de ghnólachtaí, i gcomparáid le 66.7% díobh nach bhfuil oifigeach Gaeilge acu.
- Tá plean teanga ag 16.7% de na gnólachtaí seo ach tá a bhformhór gan aon phlean teanga 83.3% (.i. 10 gnólacht) faoi láthair.
- Seo iad na dúshláin is mó a bhaineann le cur chun cinn agus úsáid na Gaeilge sa ghnó dar le freagróirí:
 - Dar le 63.6%, níl Gaeilge ag na hoibrithe uilig atá ar an bhfoireann.
 - Dar le 54.5%, bíonn an gnó ag plé le daoine/ag freastal ar dhaoine nach bhfuil Gaeilge acu.
 - Dar le 36.4%, níl a fhios acu cén chaoi le Gaeilge a chur chun cinn sa ghnó.
 - Dar le 27.3%, níl siad ag iarraidh daoine nach bhfuil Gaeilge acu a scanradh, a mhaslú nó a scaradh amach uathu sin a bhfuil Gaeilge acu.
 - Níl an t-am ag 27.3% díriú ar chúrsaí teanga.

- Is doiligh nósanna agus gnásanna teanga a bhfuil seanchleachtadh ag daoine orthu a bhriseadh dar le 27.3%.

5.6.3 Dearcthaí agus Mianta i leith na Gaeilge & na Gaeltachta

- Maidir le dearcthaí na rannpháirtithe seo i dtaobh stádas Gaeltachta an limistéir, ba mhaith le 100% go bhfanadh Maigh Eo Thuaidh sa Ghaeltacht, toradh a léiríonn dearcadh an-láidir ar son stádais Ghaeltachta an cheantair a choinneáil agus a chothú.
- Ba mhaith le 83.3% (10 freagróir) níos mó Gaeilge a úsáid ina ghnó féin. Ba mhaith le beagánín níos lú díobh (81.8% nó 9 freagróir) níos mó Gaeilge a úsáid i measc an phobail. Mar sin, tá toil agus tacaíocht i measc rannpháirtithe do níos mó Gaeilge a úsáid gach lá i réimsí na hoibre agus an phobail araon.
- Léiríonn dearcthaí na rannpháirtithe i leith ráitis éagsúla, an-fhabhar don Ghaeilge i dtéarmaí ginearálta agus an-tuiscint ar thábhacht na Gaeilge i saol an ghnó. Mar shampla:
 - Easaontaíonn 100% d'fhreagróirí gur chóir an Ghaeilge a chaitheamh i dtraipisí.
 - Aontaíonn 91.7% gur uirlis mhaith margaíochta í an Ghaeilge.
 - Síleann 75% go gcuireann an Ghaeilge go mór lena chuid ghnó.
 - Easaontaíonn 75% nach bhfuil aon spás don Ghaeilge i saol lucht gnó.
 - Mothaíonn 58.3% nach bhfuil a gcuid Gaeilge maith go leor le í a úsáid ina gcuid gnó. Easaontaíonn 41.7% leis an ráiteas sin. Tugann an toradh seo le fios go bhfuil easpa muiníne i measc rannpháirtithe áirithe maidir le húsáid Gaeilge ina gcuid gnó.
- Léiríonn dearcthaí na rannpháirtithe i leith na ráiteas mar chuid de cheist 11, claonadh ar son stádais Ghaeltachta agus todhchaí na Gaeilge sa limistéar. Mar shampla:

- Aontaíonn 100% go bhfuil sé tábhachtach go mairfidh an Ghaeilge sa Gaeltacht seo.
 - Aontaíonn 100% go bhfuil buntáistí faoi leith ag an gceantar seo toisc gur Gaeltacht é.
 - Aontaíonn 75% go mbaineann a ghnó tairbhe as cuairteoirí a thagann chuig an gceantar seo mar gheall ar a stádas Gaeltachta.
 - Easaontaíonn 75% nach ndéanfaidh sé difear ar bith don ghnó dá bhfaigheadh an Ghaeilge bás sa cheantar seo. Aontaíonn 25% leis an ráiteas seo áfach.
 - Aontaíonn 58.3% go mbíonn a ghnó ag saothrú airgid de thairbhe na Gaeilge.
- Tá suim ag rannpháirtithe nó ag baill foirne eile freastal ar na cúrsaí seo a leanas:
 - Cúrsa comhrá Gaeilge 70%.
 - Sainchúrsa gramadaí 40%.
 - Léirigh 30% suim i gcúrsa maidir le húsáid Gaeilge i do ghnó.
 - Tá suim ag 30% i scéim tacaíochta Gaeilge do ghnólachtaí.
 - Tá spéis ag 30% i gcúrsa maidir le seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil.
 - Ní bheadh suim ag 30% freastal ar aon chúrsa.

5.7 Eagraíochtaí

- Maidir le cineál na n-eagraíochtaí a ghlac páirt sa taighde, ghlac dhá choiste deonach, dhá chomhlacht poiblí, eagraíocht amháin don lucht gnó, carthanas amháin agus club amháin páirt sa taighde (.i. 7 san iomlán).
- Níltear ag áiteamh go bhfuil an rannpháirtíocht íseal sa sampla beag oscailte seo ionadaíoch ar eagraíochtaí uile an limistéir. Tugtar blaiseadh sna torthaí seo de thuairimí na rannpháirtithe a ghlac páirt sa taighde.
- Maidir le ról na bhfreagróirí seo san eagraíocht, líon triúr ball foirne (42.8%), beirt bhainisteoirí (28.6%) agus beirt choisteoirí an ceistneoir ar son na heagraíochta.

5.7.1 Cumas sa Ghaeilge

- Maidir le cumas Gaeilge na bhfreagróirí seo, tá cumas maith sa Ghaeilge ag formhór na bhfreagróirí seo (5/7). Tá duine amháin ar bheagán Gaeilge agus duine eile gan aon Ghaeilge sa sampla seo chomh maith. Mar sin, tá claonadh neamhionadaíoch ar son na Gaeilge le brath ar an sampla seo chomh maith.
- Maidir le cumas Gaeilge na foirne sna heagraíochtaí éagsúla seo, ar an meán tuairiscíodh go bhfuil 31 duine ar bheagán Gaeilge agus beirt eile gan aon Ghaeilge acu. Ar an láimh eile, maíodh go bhfuil 10 le Gaeilge ó dhúchas acu ar an meán agus go bhfuil Gaeilge mhaith ag 8 eile. Mar sin, is mionlach iad an dream le Gaeilge sna heagraíochtaí seo.

5.7.2 Úsáid na Gaeilge

Maidir le húsáid na Gaeilge san eagraíocht, tuairiscíodh an méid seo a leanas;

- Úsáideann 28.6% díobh (2/7) an Ghaeilge go laethúil.
- Úsáideann 42.9% (3/7) an Ghaeilge go seachtainiúil.
- Úsáideann eagraíocht amháin an Ghaeilge níos lú ná sin.
- Ní úsáideann eagraíocht amháin aon Ghaeilge riamh.

Mar sin, úsáideann móramh na n-eagraíochtaí sa sampla seo an Ghaeilge go réasúnta rialta san eagraíocht.

- Tugadh breis léargais maidir le húsáid Gaeilge san eagraíocht mar chuid de cheist 13.
 - Dúirt 57.1% (4/7) go gcuireann siad seirbhís i nGaeilge ar fáil.
 - Dar le 42.9% d'fhreagróirí (3/7), labhraíonn daoine áirithe ar an bhfoireann an Ghaeilge lena chéile.
 - Úsáideann 42.9% an Ghaeilge ina gcuid comhfhreagrais.
 - Dar le 28.6%, labhraíonn an fhoireann uilig Gaeilge lena chéile.
 - Úsáideann 28.6% an Ghaeilge ar na meáin shóisialta.
 - Ní úsáideann 28.6% aon Ghaeilge san eagraíocht.

Mar sin, úsáideann formhór na n-eagraíochtaí an Ghaeilge ar bhealaí éagsúla ina gcuid eagraíochtaí, cé is moite de 28.6% (2/7) nach n-úsáideann aon Ghaeilge san eagraíocht ar chor ar bith.

- Maidir le tírdhreach teangeolaíoch na n-eagraíochtaí seo, úsáideann 57.1% (4/7) Gaeilge agus Béarla ar a gcuid comharthaí, úsáideann 42.9% (3/7) Béarla amháin sa chomhthéacs seo. Ní úsáideann aon eagraíocht an Ghaeilge uilig ar a gcuid comharthaí. Mar sin, tá meascán de Ghaeilge agus Béarla in úsáid sa réimse seo.
- Maidir le húsáid teanga ar fhógraíocht, bolscaireacht agus mar sin de, úsáideann 57.1% (4/7) Gaeilge agus Béarla sa chás seo, céatadán atá beagánín chun cinn ar an 42.9% (3/7) a úsáideann Béarla uilig ar a gcuid fógraíochta agus bolscaireachta.
- Beannaíonn 42.9% (3/7) dá gcuid custaiméirí i nGaeilge i gcónaí, déanann 28.6% (2/7) amhlaidh i mBéarla i gcónaí agus déanann 28.6% an rud céanna i mBéarla agus i nGaeilge. Mar sin, úsáideann tromlach de 71.5% (5/7) roinnt Gaeilge lena gcustaiméirí sa chéad chuid den chomhrá.
- Nuair a fhreagraítear an fón, bíonn an chéad bheannú i nGaeilge i gcónaí ó 42.9% (3/7) d'eagraíochtaí, i mBéarla i gcónaí ó 42.9% díobh agus i

nGaeilge agus i mBéarla ó eagraíocht amháin. Mar sin, tá úsáid na dá teanga chun cinn sa chomhthéacs seo faoi láthair.

- Tá oifigeach Gaeilge ainmnithe ag 42.9% (3/7) d'eagraíochtaí, i gcomparáid le 57.1% (4/7 eagraíocht) nach bhfuil oifigeach Gaeilge acu.
- Tá plean teanga ag móramh na n-eagraíochtaí 57.1% (4/7) ach níl aon phlean teanga ag 42.9% (3/7).
- Is iad seo a leanas na dúshláin is mó a bhaineann le cur chun cinn agus úsáid na Gaeilge san eagraíocht dar le freagróirí:
 - Is doiligh nósanna agus gnásanna teanga a bhfuil seanchleachtadh ag daoine orthu a bhriseadh i dtuairim 71.4% (nó 5/7).
 - Dar le 42.9%, níl an Ghaeilge ag na hoibrithe uilig atá ar an bhfoireann.
 - Dar le 42.9%, bíonn an eagraíocht ag plé le daoine/ag freastal ar dhaoine nach bhfuil Gaeilge acu.
 - Dar le 42.9%, níl siad ag iarraidh daoine nach bhfuil Gaeilge acu a scanradh, a mhaslú nó a scaradh amach uathu sin a bhfuil Gaeilge acu.
 - Níl an t-am acu díriú ar chúrsaí teanga dar le 28.6% (nó 2/7).
- Tá suim ag rannpháirtithe nó ag baill foirne eile freastal ar na cúrsaí seo a leanas:
 - Léirigh 71.4% suim i gcúrsa maidir le húsáid Gaeilge in eagraíochtaí.
 - Cúrsa comhrá Gaeilge 57.1% (4/7).
 - Tá suim ag 43% i scéim tacaíochta Gaeilge d'eagraíochtaí.
 - Tá suim ag 43% i gcúrsa Gaeilge (ardleibhéal).
 - Tá spéis ag 29% i gcúrsa maidir le seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil.

5.7.3 Dearcthaí agus Mianta i leith na Gaeilge & na Gaeltachta

- Maidir le dearcthaí na rannpháirtithe seo i dtaobh stádas Gaeltachta an limistéir, ba mhaith le 100% díobh go bhfanfadh Maigh Eo Thuaidh sa Ghaeltacht, toradh a léiríonn dearcadh an-láidir ar son stádais Ghaeltachta an cheantair a choinneáil agus a chothú.
- Ba mhaith le 85.7% (6/7) níos mó Gaeilge a úsáid san eagraíocht ina bhfuil siad. Thug duine amháin freagra diúltach ar an gceist seo. Ba mhaith le 100% níos mó Gaeilge a úsáid i measc an phobail. Mar sin, léiríodh toil agus tacaíocht i measc na rannpháirtithe seo do níos mó Gaeilge a úsáid gach lá i réimsí na hoibre agus an phobail araon.
- Léiríonn dearcthaí na rannpháirtithe i leith ráitis éagsúla, an-fhabhar don Ghaeilge i dtéarmaí ginearálta agus an-tuiscint ar thábhacht na Gaeilge i saol na heagraíochta. Mar shampla:
 - Easaontaíonn 100% d'fhreagróirí gur chóir an Ghaeilge a chaitheamh i dtraipisí.
 - Easaontaíonn 100% nach bhfuil aon spás don Ghaeilge i saol na heagraíochta seo.
 - Síleann 85.8% go gcuireann an Ghaeilge go mór leis an eagraíocht.
 - Aontaíonn 85.7% gur uirlis mhaith margaíochta í an Ghaeilge.
 - Mothaíonn 42.9% nach bhfuil a gcuid Gaeilge maith go leor le í a úsáid san eagraíocht. Easaontaíonn 57.2% leis an ráiteas sin, (a thugann le tuiscint go bhfuil easpa muiníne i measc sciar suntasach de rannpháirtithe maidir le húsáid Gaeilge ag an obair).
- Léiríonn dearcthaí na rannpháirtithe i leith na ráiteas éagsúla mar chuid de cheist 11, fabhar do thodhchaí na Gaeltachta agus na Gaeilge sa limistéar. Mar shampla:
 - Aontaíonn 100% go bhfuil sé tábhachtach go mairfidh an Ghaeilge sa Ghaeltacht seo.

- Aontaíonn 100% go bhfuil buntáistí faoi leith ag an gceantar seo toisc gur Gaeltacht é.
- Easaontaíonn 100% nach ndéanadh sé difear ar bith don eagraíocht dá bhfaigheadh an Ghaeilge bás sa cheantar seo.
- Aontaíonn 71.5% go mbaineann an eagraíocht tairbhe as cuairteoirí a thagann chuig an gceantar seo mar gheall ar a stádas Gaeltachta.
- Aontaíonn 42.9% go mbíonn an eagraíocht ag saothrú airgid de thairbhe na Gaeilge. Easaontaíonn 28.6% leis an ráiteas seo.

5.8 An Pobal

5.8.1 Léargas ón suirbhé oscailte

- Ghlac 71 duine páirt sa leagan oscailte den suirbhé pobail a cuireadh ar fáil ar-líne. Is ionann sin agus 1.2% de dhaonra fásta an limistéir.
- Tá cumas maith sa Ghaeilge ag 72.1% d'fhreagróirí sa taighde seo, i gcomparáid le 42.3% sa suirbhé randamach, cuir i gcás.
- Úsáideann formhór na rannpháirtithe sa suirbhé seo, 58.5% díobh, an Ghaeilge go laethúil.
- Tá sé tábhachtach do 100% de na rannpháirtithe seo go mairfidh an Ghaeilge sa Ghaeltacht seo.
- Ba mhaith le 95.7% díobh go bhfanfadh MET sa Ghaeltacht.
- Tá sé 'an-tábhachtach' nó 'tábhachtach' do 94.1% díobh go mbeidh MET ina Ghaeltacht amach anseo.
- Tá an Ghaeilge tábhachtach do 87.1% díobh.
- Ba mhaith le c.90% ar an meán go mbeadh oideachas trí Ghaeilge ar fáil dóibh, níor mhaith le c.3% agus níl tuairim láidir ag 7% ina leith seo.

Léirigh an dream seo dearcadh an-láidir agus an-dearfach i bhfabhar na Gaeilge agus na Gaeltachta. Is cainteoirí maithe rialta Gaeilge iad a bhformhór. Mar sin, is sampla claonta neamhionadaíoch iad na rannpháirtithe seo.

- Tugadh le tuiscint go láidir go bhfuil an Ghaeilge cúngaithe, geall le bheith i bhfolach sa LPT seo anois. Ní bhíonn sé soiléir do na rannpháirtithe an bhfuil fáilte roimh an nGaeilge nó nach bhfuil. Bítear ag fanacht ar an duine eile chun Gaeilge a labhairt nó chun comhrá Gaeilge a thosú, mar a pléadh i mír 5.1.4.

Seo blaiseadh de shleachta na rannpháirtithe ar an ábhar seo:

- 'Más rud é go raibh níos mó daoine le gaeilge sásta/compardeach gaeilge a labhairt liom comh maith.'
- 'Dá mbeadh sé soiléir go raibh Gaeilge san áit agus go raibh fáilte roimpi.'

- ‘Bheadh sé ina chabhair dá dtiocfadh liom seirbhísí baince, leighis srl. a fháil trí Ghaeilge. Ní léirítear dhuit ariamh má tú Gaeilge ag an lucht seirbhíse nó nach bhfuil.’
- ‘Ar an mbaile mór: Ba cheart go ndéanadh siopadóirí iarracht an Ghaeilge a spreagadh i measc a gcustaiméirí @ Erris Chamber of Commerce. Cén chaoi a naithneoinn Gaeilgeoir? An bhfuil suaitheantas ar leith ann?’
- ‘Go dtabharfar misneach agus bród don phobal an Ghaeilge atá acu a úsáid agus í a fhoghlaim muna bhfuil sí ar a toil acu.’

Is léir, mar sin, go bhfuil an-éileamh i measc an ghrúpa seo ar sheirbhísí trí Ghaeilge a bheith ar fáil go soiléir sa LPT, maraon le córas chun cainteoirí Gaeilge a aithint (faoi mar atá molta i mír 6.6 agus 6.11).

5.8.2 Léargas ón gcomhairliúchán poiblí

Léiríodh na tuairimí ginearálta seo a leanas go príomha ag na cruinnithe comhairliúcháin éagsúla:

- Samhlaítear go bhfuil easpa suime, rannpháirtíochta agus fiú patuaire le sonrú i dtaobh chúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta sa LPT. Is é sin le rá, níl an Ghaeilge agus an Gaeltacht mar chuid (lárnach) den saol ag roinnt mhaith daoine anois, idir óg agus aosta, cé is moite de ghrúpa beag daoine atá tiomanta don Ghaeilge agus roinnt cainteoirí dúchais Gaeilge.
- Tá sé an-tábhachtach tacú leis na hinstiúidí atá ann faoi láthair agus ag tacú leis an nGaeilge (na scoileanna, na naíonraí, na coláistí samhraidh, na clubanna óige, cuir i gcás).
- Tá dúshlán mhóra ann: laghdú daonra, easpa fostaíochta, drochstaitisticí teanga, frustrachas, imní agus amhras maidir leis an bpolasaí oideachas Gaeltachta, éadóchas le brath, easpa muiníne maidir le labhairt na Gaeilge, easpa suime i gcúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta. Faoi mar a mhol duine amháin: ‘the process must create a sense of pride and confidence in Irish.’
- Tá an-mhíshástacht le brath toisc gur cuireadh deireadh le scéimeanna maoinithe áirithe (m.sh. scéim na mbóithre áise, scéim tithíochta srl.) agus deontais (m.sh. scéim labhairt na Gaeilge). Tá an tuiscint ann gur

- thug na tacaíochtaí sin spreagadh agus sprioc do dhaoine i dtaobh na Gaeilge ach níl aon spreagadh anois ann do dhaoine i dtaca leis an nGaeilge, a chuireann le drochbhlas agus ciniciúlacht i leith na Gaeilge.
- Tá imní mhór ann faoi stádas Gaeltachta na hEachléime agus Cheathrú Thaidhg a bheith thíos leis an LPT mór. Tá aitheantas agus cur chuige faoi leith de dhíth ar mhuintir na gceantar sin, an dá áit is láidre Gaeilge sa limistéar (m.sh. fochoiste teanga, tacaíocht faoi leith, ciste faoi leith agus plean faoi leith dóibh).
 - Tá easpa deiseanna úsáide Gaeilge sa limistéar faoi láthair. Tá úsáid an Bhéarla forleathan agus úsáid na Gaeilge cúlaithe go mór. Tá géarghá le níos mó deiseanna úsáide Gaeilge atá soiléir, tarraingteach agus ar ardchaighdeán a chur ar fáil.
 - Teastaíonn breis fostaíochta agus fostaíocht trí Ghaeilge sa LPT.
 - Ní mór treoir agus tacaíochtaí a chur ar fáil do thuismitheoirí. Caithfear dul i gcion orthu agus ar bhonn dearfach spreagúil maidir le foghlaim agus úsáid na Gaeilge (.i. chun suim a mhúscailt agus amhras/faitíos a laghdú) go mór mór tuismitheoirí le páistí sa naíonra agus sa bhunscoil.
 - Ceaptar nach bhfuil aon suim ag an aos óg áitiúil sa Ghaeilge: 'the young ones have no interest in it.'
 - Dar le roinnt daoine óga iad féin, '(i.e. daoine óga áitiúla) just not bothered (faoi nGaeilge)' agus 'disinterest' agus taithí acu ar 'put downs' leis an nGaeilge.
 - Mar a d'áitigh duine óg amháin nuair a ceistíodh é faoin gcaoi is fearr le daoine a chur ag úsáid Gaeilge? 'You'd have to bribe them until it (Gaeilge) becomes a thing again.'
 - Mhol na daoine óga (i) go méadófar líon na scoláireachtaí chuig UISCE (ii) go mbeadh níos mó Gaeilge in úsáid ag imeachtaí spóirt de chuid an CLG go háitiúil (iii) go mbeadh an chéad bheannú i nGaeilge ag soláthróirí seirbhísí.
 - Mar a d'fhreagair duine óg ar an gceist 'what would help you to use more Irish every day?' 'by being encouraged to speak Irish everywhere I go.'

6.0 Bearta an Phlean Teanga

Tugtar cuntas sa mhír seo ar bhearta an phlean teanga. Síolraíonn na bearta seo a leanas ó riachtanais phobal an LPT a léiríodh sna torthaí taighde (mír 5) a bailíodh le linn phróisis thaighde thar a bheith fairsing (mír 4.3.1) agus mar chuid de phróiseas comhairliúcháin fhorleathain (mír 4.6). Is éard atá sna bearta éagsúla ná cur síos ar na gníomhaíochtaí praiticiúla idirghabhála a rachfar ina mbun chun dul i bhfeidhm ar iompar teanga phobal an LPT, d'fhonn staid reatha na Gaeilge a chothú agus a láidriú i Maigh Eo Thuaidh de réir a chéile. Leagtar amach na bearta de réir an mhúnla sna *Treoirlínte Pleanála Teanga* (2016) agus ionas go bhfuil gach beart sonrach, intomhaiste, ábhartha agus réadúil, le teorainn ama agus a chuimsíonn na critéir pleanála teanga (2013).²⁷ Cuireann na bearta seo struchtúr eagraithe ar an bpróiseas céimnithe, timthriallach, éabhlóideach a bhaineann le feidhmiú an phlean. Cuireadh na bearta faoi bhráid phobal an LPT mar chuid de phróiseas comhairliúcháin eile i mí Eanáir 2018, nuair a bhí deis acu moltaí a dhéanamh i dtaobh na mbeart. Sonraítear struchtúr feidhmithe an phlean i mír 6.1 .i. na bearta a bheidh ag teastáil chun an plan a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go comhordaithe. Is réamhriachtanas é an struchtúr seo ar a mbeidh na bearta eile ar fad ag brath. Déanann míreanna 6.2-6.11 cur síos ar bhearta an phlean teanga mar a bhaineann siad leis na réimsí seo a leanas agus mar atá leagtha amach sna *Treoirlínte Pleanála Teanga* (2016):

- A. An córas oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais);
- B. Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochtaí teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga;
- C. Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile;
- D. Deiseanna foghlama taobh amuigh den chóras oideachais;
- E. An earnáil ghnó;
- F. Eagraíochtaí pobail agus comharchumainn;
- G. Na meáin chumarsáide;
- H. Seirbhísí poiblí;
- I. Pleanáil agus forbairt fhisiceach;

²⁷ Tá cóip de na critéir pleanála teanga in aguisín 11.3.

- J. Seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire;
- K. Staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus cleachtas an phobail ina leith.

Níl na bearta in ord tosaíochta. Tá achoimre i mBéarla ar bhearta an phlean teanga in aguisín 11.5. Is tréimhse seacht mbliana atá i gceist le feidhmiú an phlean teanga seo agus tugtar saolré gach birt taobh istigh den tréimhse sin .i. bliain 1 = 2018, bliain 7 = 2024. Ina dhiaidh sin féin, braitheann dáta tosaithe an chur i bhfeidhm ar dháta faofa an phlean teanga.

6.1 Struchtúr feidhmithe an phlean

Teastaíonn bearta áirithe le struchtúr cuí a fhorbairt chun an plan a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Baineann beart 6.1.1 le struchtúr a bhunú a chinnteoidh go gcuirfear an plan teanga i bhfeidhm go córasach, éifeachtach, comhordaithe. Cuirfear córas ar bun mar chuid de bheart 6.1.1 trína dhéanfar monatóireacht leanúnach ar bhearta eile an phlean teanga agus faoi mar a mhol Ní Dhoimhín et al (2016).


Beart 6.1.1 An fhoireann pleanála teanga, an coiste stiúrtha agus an fóram tacaíochta d'fhochoistí

Beart:	An fhoireann pleanála teanga (FPT as seo amach), coiste stiúrtha an phlean agus an fóram tacaíochta a cheapadh.
Réimsí an bhirt:	K (staid na Gaeilge) & F (eagraíocht phobail & comharchumainn)
Critéir pleanála teanga:	1, 19
Aidhm an bhirt:	Struchtúr thrí leibhéal a bhunú leis an bplan teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus le hionchur leanúnach ó phobal an LPT .i. (i) coiste stiúrtha (Gaeilge Iorrais) (ii) foireann pleanála teanga (iii) fóram tacaíochta d'fhochoistí.
Eolas breise:	Foireann oilte lánaimseartha de thriúr oifigeach ar a laghad, chomh maith le stiúrthóir nó bainisteoir amháin a fhostú, a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm an phlean teanga agus as monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar a fheidhmiú. Teastaíonn foireann de thriúr oifigeach toisc fhairsinge an LPT scaipthe seo (.i. paróiste na Cille Móire, paróiste Chill Chomáin, Béal Deirg, baile Bhéal an Mhuirthead, paróiste Chill tSéadhna) maraon le bainisteoir chun comhordú agus stiúradh a dhéanamh ar an obair agus ar chur i bhfeidhm bhearta uile an phlean. Leis sin, teastaíonn bainisteoir chun

	(i) scéimeanna/cláracha cuí a fhorbairt (ii) feachtais nuálacha a dhearadh (iii) iarratais a dhéanamh ar mhaoiniú, agus mar sin de. Beidh an fhoireann fostaithe ag Gaeilge Iorrais agus ag feidhmiú faoi scáth an choiste stiúrtha sin, le tacaíocht ón bhfóram tacaíochta agus ón gcomhairleoir pleanála teanga (beart 6.1.3 agus léaráid 1 thíos). Leanfaidh Gaeilge Iorrais ag feidhmiú go deonach mar choiste stiúrtha (GI as seo amach). Socrófar comhaontú dlíthiúil do GI mar choiste neamhspleách de chuid Chomharchumann Forbartha Ionad Deirbhile. Déanfar athcheapadh ar bhaill choiste agus/nó déanfar baill nua a earcú de réir mar is gá, ionas go mbeifear ionadaíoch ar an LPT. Beidh cruinniú míosúil ag GI le ceisteanna agus le tuairisc oibre ón bhFPT a phlé. Bunófar fóram tacaíochta d'fhochoistí sna paróistí éagsúla agus faoi mar a mholadh le linn an chomhairliúcháin. Tabharfar cuireadh do phobal an LPT agus d'ionadaithe ó spriocghrúpaí áirithe a bheith páirteach san fhóram tacaíochta seo (le forbairt i mír 9.2) agus faoi mar a mhol Ní Dhoimhín et al (2016:32). Bunófar fochoiste teanga ionadaíoch i ngach paróiste sa LPT chun na haidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh (i) chun freagracht ghníomhach a ghlacadh ar phlean gníomhaíochta, tosaíochtaí agus spriocanna teanga an pharóiste sin; (ii) chun rannpháirtíocht agus ionchur leanúnach a chinntiú ó pharóistí an LPT; (iii) chun tacú le feidhmiú éifeachtach agus monatóireacht rialta ar an bplean; (iv) chun ualach na hoibre agus na freagrachta a roinnt i measc phobal an LPT. Beidh oifigeach teanga amháin ag obair i gcomhar le gach fochoiste teanga. Tiocfaidh gach fochoiste le chéile uair sa ráithe ar a laghad le tuairisc oibre a fháil ón oifigeach pleanála teanga, le plé a dhéanamh ar fheidhmiú an phlean teanga agus le moltaí a thabhairt (Ní Dhoimhín et al, 2016:32). Moltar soiléiriú a dhéanamh ar ról, ar thábhacht agus ar fhreagrachtaí na gcomharchumann sa phróiseas pleanála teanga seo i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta.
Páirtithe leasmhara:	Gaeilge Iorrais (príomhúinéir) Fóram tacaíochta (rannpháirtíocht)
Saolré an bhirt:	Socruithe agus ullmhúchán: bliain 1 Feidhmiú: bliain 1-7
Costas measta in aghaidh na bliana:	€95,574.72 (tuarastal do thriúr oifigeach) (rátaí pá de réir chiorclán 2/2014) + bainisteoir amháin (€37,700) Costais taistil: €6,000. Costais dlí
Costas measta	263,900 + 792,274.20 + 42,000 = 1,098,174.20

iomlán:	Feic, tábla 23, mír 7.
Foinsí maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta / Údarás na Gaeltachta a chuirfidh síolchiste ar fáil do GI nuair a bheidh an plean faofa. Eile: Comhairle contae Mhaigh Eo, Leader.
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: Maoiniú cuí a aimsiú chun an FPT ar fad a fhostú. Réiteach molta: Moltar go ndéanfaidh Gaeilge Iorrais agus an bainisteoir iarratas ar fhoinsí eile maoinithe. Dúshlán: Iarrthóirí feiliúnacha a fhostú don FPT. Réiteach molta: Murar féidir teacht ar iarrthóirí oiriúnacha le taithí agus cáilíochtaí cuí (sa phleanáil teanga, i gcúrsaí forbartha pobail maraon le cumas sa Ghaeilge), thiocfadh leis an mbainisteoir agus an CPT traenáil agus comhairle a sholáthar (beart 6.1.3). D'fhéadfaí teacht ar iarrthóirí mar chuid de bheart 6.1.4 chomh maith. Dúshlán: An pobal a spreagadh le bheith páirteach san fhóram tacaíochta go leanúnach rialta. Réiteach molta: Iarraidh ar ghrúpaí óige, scoláirí idirbhliana (mar chuid de bheart 6.2.9), coistí pobail, cumainn spóirt agus eile, comhlachtaí, eagraíochtaí, an cumann tráchtála, ionadaí a bheith acu ar an bhfochoiste cuí. Beidh cruinnithe agus comhfhreagras gearr, sonrach agus dátheangach más gá, chun cinntiú nach mbeidh aon stró mór ag baint le bheith rannpháirteach san fhóram seo.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil ar éifeacht bhearta uile an phlean teanga. Cuirfidh an FPT tuairisc ar fheidhmiú an phlean teanga ar fáil do GI ag an gcruinniú rialta uair sa mhí.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Foireann oilte ceaptha agus ag obair faoi stiúir bainisteora teanga, le tacaíocht ó chomhairleoir pleanála teanga (tuairisc mhíosúil an FPT). Coiste stiúrtha ionadaíoch agus gníomhach ag feidhmiú (miontuairiscí GI). Fóram tacaíochta d'fhochoistí atá éifeachtach ar bun (tuairisc ó fhochoistí teanga ag deireadh na bliana).

Léaráid 1: Struchtúr feidhmithe an phlean



Beart 6.1.2 Feachtas feasachta & seoladh Phlean Teanga Mhaigh Eo Thuaidh

Beart:	Feachtas feasachta agus rannpháirtíochta chun Plean Teanga Mhaigh Eo Thuaidh a sheoladh.
Réimsí an bhirt:	K (staid na Gaeilge) & G (na meáin)
Critéir pleanála teanga:	2, 12, 13, 16, 19
Aidhm an bhirt:	Feachtas comhordaithe feasachta agus rannpháirtíochta a chur ar bun i measc phobal an LPT chun an plean teanga a sheoladh agus chun dlús a chur faoi fheidhmiú an phlean.
Eolas breise:	Leas a bhaint as na torthaí dearfacha a léiríodh sa taighde páirce chun (i) dlús a chur faoi fheidhmiú an phlean teanga (ii) aird an phobail a dhíriú ar ról gach duine sa phróiseas agus chun spriocanna an phlean a bhaint amach (iii) muinín agus misneach phobal an LPT a chothú i dtaca le labhairt na Gaeilge agus todhchaí na Gaeltachta seo (iv) béim a leagan ar na deiseanna a chuireann an próiseas seo ar fáil. Díreoidh cuid den fheachtas ar an mbeannacht a úsáid mar uirlis chun comhrá Gaeilge a thosú agus a bhainistiú agus músclófar feasacht mhuintir na háite air sin (nasctha le scéim suaitheantais 'labhair Gaeilge liom,' beart 6.11.1). Mar chuid eile den fheachtas seo, caithfear machnamh pearsanta a chothú ar spriocanna teanga gach duine ann féin. M.sh. 'céard ba mhaith leat a dhéanamh chun úsáid na Gaeilge a mhéadú i do shaol féin agus/nó chun cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil beo i MET agus ár stádas Gaeltachta a choinneáil?' Foilseofar leagan achomair deartha de phríomhthátail agus bearta an phlean (le léaráidí, graif, grainghraif srl.) mar chuid den bheart seo, nuair a bheidh an plean ceadaithe agus faofa go hoifigiúil ag an Aire. Seolfar an cháipéis seo go háitiúil, chun cur le stádas agus tábhacht na hoibre i súile an phobail agus chun cur le feasacht faoin bpróiseas ina measc.
Páirtithe leasmhara:	FPT (príomhúinéir) Gaeilge Iorrais (rannpháirtíocht)
Saolré an bhirt:	Socrúithe agus ullmhúchán: bliain 1 Feidhmiú: bliain 1-7
Costas measta in aghaidh na bliana:	Dearadh & priontáil bileoga eolais & póstaeir Suíomh gréasáin & costais óstála Dearadh & priontáil an phlean teanga
Costas measta iomlán:	Feic tábla 23, mír 7.
Foinsí maoinithe:	Síolchiste GI Eile: Comhairle contae Mhaigh Eo, Leader.
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: An plean, na bileoga eolais agus na póstaeir a scaipeadh ar bhealach a mhúsclaíonn aird phobal an LPT. Réiteach molta: Iarraidh ar rannpháirtithe scéimeanna, baill GI agus an fóram tacaíochta na bileoga a roinnt de

	láimh. Cuirfear straitéis faoi leith le chéile do na meáin shóisialta.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Méadú ar phróifíl na Gaeilge agus seasamh an LPT seo ar na meáin éagsúla. Taifead ar líon na dtuairiscí nuachta, míreanna raidió, an trácht ar leathanach <i>Facebook</i> agus suíomh gréasáin GI faoin bhfeachtas seo. Cuirfidh an FPT tuairisc ar chur i bhfeidhm an fheachtais ar fáil do GI ag an gcruinniú míosúil.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Tuairisc mhíosúil an FPT. Miontuairiscí GI.

Beart 6.1.3 Taithí agus saineolas an chomhairleora pleanála teanga

Beart:	Eolas agus taithí a bailíodh le linn an phróisis taighde a chur ar fáil.
Réimsí:	K (staid na Gaeilge) (A-J)
Critéir pleanála teanga:	1 (ach 1-19 uile ag brath ar an gcomhthéacs)
Aidhm an bhirt:	Saineolas, comhairle agus taithí an chomhairleora teanga a roinnt (CPT as seo amach) d'fhonn cur le leanúnachas agus le héifeacht bhearta an phlean teanga.
Eolas breise:	Faoi mar a mhol Ní Dhoimhín et al (2016), cuirfear caidreamh oibre agus tacaíochta ar bun idir an CPT agus an FPT ionas go mbeidh an CPT in ann (i) gach eolas ábhartha a tháinig chun cinn le linn ullmhú agus scríobh an phlean a roinnt (ii) plé stuama a dhéanamh ar smaointe agus ar dheacrachtaí (iii) moltaí cuí a fhorbairt le chéile chun sochair an phróisis. Tá an CPT sásta a bheith ar fáil, le tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil don FPT agus do GI más gá.
Páirtithe leasmhara:	FPT (príomhúinéir) an CPT (rannpháirtíocht) GI (rannpháirtíocht)
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7
Costas measta in aghaidh na bliana:	€2,400 (48 uair an chloig @ €50) .i. c. leathlá sa mhí
Costas measta iomlán:	€16,800
Foinsí maoinithe:	Síolchiste GI Eile: Leader (buiséad traenála)
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Ní shíltear go mbeidh aon dúshlán ag baint leis an mbeart seo a chur i gcrích.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil ar éifeacht bhearta uile an phlean teanga.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Coinneofar miontuairiscí ar an teagmháil idir an FPT agus an CPT.

Beart 6.1.4 Forbairt na pleanála teanga sa LPT

Beart:	Scéim scoláireachtaí sa phleanáil teanga a chur ar fáil do mhuintir an LPT.
Réimsí:	A (an córas oideachais) & K (staid na Gaeilge)
Critéir pleanála teanga:	1
Aidhm an bhirt:	Daoine áitiúla a mhealladh le cáilíocht sa phleanáil teanga a bhaint amach agus chun iad a chumasú chun sochair na Gaeilge ina gceantar féin.
Eolas breise:	De bharr easpa eolais agus scileanna i gcúrsaí pleanála teanga a bheith ar fáil go háitiúil agus faoi mar a mhol Ní Dhoimhín et al (2016), cuirfear ceist ar Údarás na Gaeltachta agus/nó ar an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus/nó ar Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge chun scéim scoláireachtaí sa phleanáil teanga a bhunú agus a chur ar fáil gach bliain do chainteoir Gaeilge ó Ghaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh le tabhairt faoin máistreacht sa Léann Teanga (pleanáil teanga) le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Déanfar poiblíocht chuí ar an scoláireacht sa LPT agus in institiúidí oideachais tríú leibhéal fud fad na hÉireann.
Páirtithe leasmhara:	FPT (príomhúinéir) Údarás na Gaeltachta agus/nó an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus/nó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (tacaíocht & an scoláireacht a chur ar fáil) Leader, comhairle contae Mhaigh Eo, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.
Saolré an bhirt:	Socrúithe agus ullmhúchán: bliain 1 Feidhmiú: bliain 2-7
Costas measta in aghaidh na bliana:	€6,430 (máistreacht @ c.€6,130 + costais taistil @ €300) nó c.€3,300 (2 x dioplóma @ c.€1,500 + costais taistil @ €300)
Costas measta iomlán:	€38,580 (Máistreacht) nó c.€19,800 (2 x Dioplóma)
Foinsí maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Comhairle contae Mhaigh Eo, Leader.
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: Daoine áitiúla a mhealladh le cur isteach ar an scoláireacht. Réiteach molta: Tabharfar eolas do scoláirí iarbhunscoile an LPT faoi phoist agus ardrátaí fostaíochta i réimse na pleanála teanga (mar chuid de bheart 6.2.9) agus cuirfear ag machnamh iad ar dheiseanna fostaíochta sa réimse seo. Déanfar poiblíocht chuí faoin scoláireacht seo go háitiúil agus go náisiúnta.
Monatóireacht ar fheidhmiú & ar éifeacht an bhirt:	Coinneoidh an FPT taifead ar chineál agus ar líon na scoláireachtaí a chuirfear ar fáil agus a bhronnfar gach bliain, chomh maith le taifead faoi líon na n-iarratas.

Beart 6.1.5 Monatóireacht & athbhreithniú ar an bplean teanga

Beart:	Monatóireacht éifeachtach agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar bhearta an phlean teanga.
Réimsí:	K (staid na Gaeilge)
Critéir pleanála teanga:	1
Aidhm an bhirt:	Feidhmiú éifeachtach an phlean teanga a chinntiú thar thréimhse ama, trí mhonatóireacht leanúnach a dhéanamh ar bhearta, ar spriocanna agus ar thorthaí an phlean teanga.
Eolas breise:	Tá monatóireacht leanúnach agus athbhreithniú rialta ina ndlúthchuid de phróiseas pleanála teanga ar bith. Déanfaidh an FPT athbhreithniú bliantúil ar dhul chun cinn agus monatóireacht mhacánta ar thorthaí na mbeart agus ar spriocanna teanga, le cúnamh ó GI, ón bhfóram tacaíochta agus ó na páirtithe leasmhara eile (faoi mar a mhol Ní Dhoimhín et al 2016). Cuirfear leasuithe cuí i bhfeidhm de réir mar is gá bunaithe ar an iniúchadh sin. Féadfar feachtais agus bearta eile a fhorbairt nach bhfuil sonraithe sa phlean seo ag brath ar thorthaí an athbhreithnithe. Pléifear moltaí agus leasuithe féideartha le GI sula ndéanfar aon leasú nó forbairt bhreise ar an bplean. Cuirfear leis an eolas seo i mír 9.
Páirtithe leasmhara:	FPT (príomhúinéir) GI (tacaíocht & aiseolas) Fóram tacaíochta (tacaíocht & aiseolas)
Saolré an bhirt:	Socruithe agus ullmhúchán: bliain 2 Feidhmiú: bliain 2-7
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Ní shíltear go mbeidh aon dúshlán ag baint leis an mbeart seo a chur i gcrích go sásúil.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Ní bhaineann.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Gearrthuarisc bhliantúil ón bhFPT. Miontuairiscí GI.

6.2 An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

Tá ról lárnach agus ceannaireachta ag na hinstiúidí oideachais (naíonraí, bunscoileanna, iarbhunscoileanna) agus ag na múinteoirí atá ag obair iontu i gcothú labhairt laethúil na Gaeilge sa LPT. Moltar gach tacaíocht agus comhpháirtíocht a chothú leis an spriocghrúpa seo chun cur le húsáid laethúil na Gaeilge i réimsí oideachais agus le todhchaí na Gaeilge sa LPT. Tá sé mar aidhm ag an bplean teanga seo gach tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus stiúrthóirí naíonra an LPT. Cuirfear leis na bearta sa réimse oideachais seo de réir mar is gá agus nuair a bheidh níos mó eolais faoi na tacaíochtaí a bheidh ar fáil do scoileanna an LPT faoin *bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* (*POG* as seo amach) agus faoi mar a mhol Ní Dhoimhín et al (2016:34).

Beart 6.2.1 Tacú le feidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta

Bearr:	Tacaíocht a thabhairt d'institiúidí oideachais an LPT chun an <i>Polasaí don Oideachas Gaeltachta</i> a fheidhmiú.
Réimsí:	A (an córas oideachais) B (seirbhísí réamhscolaíochta)
Critéir pleanála teanga:	5, 6, 7, 8, 9
Aidhm an bhirt:	(i) fóram agus córas tacaíochta a fhorbairt chun cuidiú leis an <i>POG</i> a fheidhmiú i 7/16 bunscoil agus 3/3 iarbhunscoil sa LPT. (ii) cuidiú agus tacaíocht phraiticiúil a thabhairt d'institiúidí oideachais an LPT atá (i) ag glacadh páirt sa scéim aitheantais mar scoil Ghaeltachta faoin <i>POG</i> (ii) ag iarraidh páirt a ghlacadh sa scéim aitheantais sin. (iii) plean gníomhaíochta agus cur chuige faoi leith a fhorbairt i gcomhar le Gaeloideachas chun scoileanna eile a spreagadh le páirt a ghlacadh sa scéim sa todhchaí (nasctha le beart 6.2.11). (iv) úsáid laethúil na Gaeilge a chothú agus a mhéadú in institiúidí oideachais, i gcomhar le foireann na scoileanna.
Eolas breise:	Tabharfar tacaíocht do phríomhoidí agus múinteoirí scoile an LPT chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta faoin <i>bPOG</i> leis na gníomhaíochtaí seo a leanas; (i) reáchtálfar cruinniú bliantúil leis na páirtithe leasmhara (thíosluaite) in oiriúint do chlár-ama na bpríomhoidí / stiúrthóirí le plé a dheanamh ar fheidhmiú an <i>POG</i> san institiúid oideachais sin (nasctha le beart 6.2.2 thíos). (ii) bunófar líonra oibre agus cumarsáide idir scoileanna /príomhoidí an LPT atá ag iarraidh stádas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach, le go mbeidh deis acu taithí/eolas a roinnt, ceisteanna a phlé, dul chun cinn, deacrachtaí a aithint, acmhainní agus samplaí dea-chleachtais a scaipeadh, tacaíocht a lorg, chun go spreagfaidh siad a chéile agus chun tuiscint a chothú idir

	pobail éagsúla. D'fhéadfaí teacht le chéile (agus/nó comhthionscadal eile) a eagrú dóibh ag brath ar éileamh. (iii) roinnfear smaointe, acmhainní agus tacaíochtaí ábhartha eile i measc mhúinteoirí agus stiúrthóirí naíonra an LPT. (iv) lorgófar tacaíochtaí agus acmhainní do na scoileanna faoi mar atá sonraithe sa <i>POG</i>. (v) láidreofar an nasc idir naíonraí, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna an LPT faoin <i>bPOG</i>. Mar shampla, caithfear éileamh ar ghrúpaí tuistí agus páistí, seirbhís iarscoile trí Ghaeilge, ranganna Gaeilge do thuismitheoirí (agus/nó do theaghlaigh) agus mar sin de a mhúscailt tríd na naíonraí, na scoileanna agus GI araon. (vi) déanfaidh an FPT/GI stocaireacht chun go gcuirfear na seirbhísí sláinte (agus/nó na seirbhísí do pháistí le riachtanais speisialta) ar fáil trí mheán na Gaeilge sa LPT (.i. teirpeoir urlabhra, síceolaithe agus mar sin de) (nasctha le beart 6.8.2). Tá éileamh ann go mbeidh múinteoir breise le Gaeilge líofa ar fáil agus/nó á roinnt idir scoileanna Gaeltachta an LPT (bunscoileanna agus iarbhunscoileanna araon), chun cuidiú leis an obair bhreise a bhainfidh leis na plananna gníomhaíochta faoin <i>bPOG</i> a fheidhmiú go héifeachtach.
Páirtithe leasmhara:	FPT (príomhúinéir) GI (tacaíocht & aiseolas) Príomhoidí na mbunscoileanna (rannpháirtíocht) Príomhoidí na n-iarbhunscoileanna (rannpháirtíocht) Múinteoirí na scoileanna (rannpháirtíocht) Boird bhainistíochta na scoileanna (rannpháirtíocht) Gaeloideachas (tacaíocht), COGG (tacaíocht) Stiúrthóirí na naíonraí (rannpháirtíocht)
Saolré an bhirt:	Socrúithe agus ullmhúchán: bliain 1 Feidhmiú: bliain 1-7
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Ní shíltear go mbeidh aon dúshlán ag roinnt leis an mbeart seo a chur i gcrích go sásúil.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Líon na scoileanna ag glacadh páirt sa scéim aitheantais mar scoil Ghaeltachta faoin <i>POG</i> a chothú agus a mhéadú más féidir. Stádas mar scoil Ghaeltachta ag 7 mbunscoil agus 3 iarbhunscoil sa LPT.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Déanfar taifead ar na cruinnithe éagsúla agus coinneofar na miontuairiscí.

Beart 6.2.2 Tuairisc na bpríomhoidí & na stiúrthóirí naíonra

Beart:	Comhoibriú agus tuairisciú a chur ar bun idir an FPT agus institiúidí oideachais an LPT.
Réimsí:	A (an córas oideachais) B (seirbhísí réamhscolaíochta)
Critéir pleanála teanga:	5, 6, 7, (8, 9)
Aidhm an bhirt:	(i) tuairisciú rialta bliantúil a chur ar bun le scoileanna agus le naíonraí an LPT d'fhonn comhoibriú idir an FPT agus na hinstitiúidí sin a éascú agus a chothú. (ii) monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht agus ar fheidhmiú na mbeart i réimse an oideachais.
Eolas breise:	Eagróidh an FPT cruinniú le príomhoide agus bord bainistíochta gach scoil Gaeltachta sa LPT agus le stiúrthóir(i) agus bainistíocht gach naíonra uair sa bhliain (nasctha le beart 6.2.1). Socrófar na cruinnithe seo de réir sceideal na bpríomhoidí/na stiúrthóirí agus ní reáchtálfar iad ag na tréimhsí is gnóthaí den bhliain. Pléifear suáilc agus duáilc na mbeart a bhaineann le réimse an oideachais, cur i bhfeidhm na mbeart agus a n-éifeacht ag na cruinnithe seo. Beidh deis shoiléir ag na príomhoidí/na stiúrthóirí moltaí a thabhairt chomh maith (Ní Dhoimhín et al, 2016:34).
Páirtithe leasmhara:	FPT (príomhúinéir) Tacaíocht agus rannpháirtíocht ó na páirtithe seo a leanas: Príomhoidí bunscoile agus iarbhunscoile an LPT Stiúrthóirí naíonra an LPT
Saolré an bhirt:	Bliain 1-7
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: Socrú a aontú le príomhoidí agus stiúrthóirí chun tuairisc a chur ar fáil agus/nó freastal ar chruinniú. Réiteach molta: Caidreamh dearfach oibre a chothú le scoileanna agus le naíonraí an LPT d'fhonn comhoibriú a éascú idir an FPT agus na hinstitiúidí sin agus chun sochair na Gaeilge sa LPT.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil ar éifeacht bhearta an phlean teanga i réimse an oideachais (mír 6.2).
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Coinneofar taifead agus tuairisc de gach cruinniú.

Beart 6.2.3 Comhpholasaí teanga do naíonraí an LPT

Beart:	Comhpholasaí teanga a fhorbairt do naíonraí an LPT.
Réimsí:	A (an córas oideachais) B (seirbhísí réamhscolaíochta)
Critéir pleanála teanga:	6, 7, 8, 9
Aidhm an bhirt:	(i) a chinntiú go bhfuil polasaí soiléir Gaeilge atá cuimsitheach, éifeachtach agus reatha i bhfeidhm i ngach naíonra sa LPT (ii) cuidiú leis an bhFPT tacaíochtaí a chur ar fáil do naíonraí an LPT ar bhealach comhordaithe (iii) úsáid laethúil na Gaeilge a chothú agus a mhéadú i réimse an luathoideachais trí Ghaeilge, i gcomhar le foireann na naíonraí.
Eolas breise:	Déanfar comhpholasaí teanga a fhorbairt do naíonraí MET atá cuimsitheach, éifeachtach, soiléir, ag tarraingt ar na polasaithe teanga atá ag naíonraí an LPT cheana féin, i gcomhar le stiúrthóirí agus cúntóirí naíonra (agus faoi mar a mhol Ní Dhoimhín et al 2016:43). Déanfar tearmann teanga²⁸ follasach de gach naíonra sa LPT agus cuirfear an tairiscint ghníomhach don Ghaeilge i bhfeidhm go seasta rialta iontu, mar chuid den bheart seo. Maidir le traenáil na stiúrthóirí agus foireann na naíonraí agus na tacaíochtaí atá de dhíth orthu, níl an cúrsa leibhéal 5 cúram leanaí ar fáil as Gaeilge faoi láthair. Tá traenáil ar fáil trí mheán an Bhéarla amháin. Déanfaidh an FPT stocaireacht chun go gcuirfear na cúrsaí seo a leanas ar fáil d'fhoireann na naíonraí (mar a mholadh i 5.4) (i) leibhéal 5 cúram leanaí ar fáil as Gaeilge an athuir (agus ar-líne más féidir) (ii) na modúil Ghaeilge ('saibhriú na Gaeilge' agus 'sochtheangeolaíocht agus an páiste') a chur ar fáil arís (iii) ceardlann traenála sa chinnireacht teanga (faoi bheart 6.10.1) (iv) cúrsa ar chanúintí áitiúla na Gaeilge / saibhriú teanga. (iv) Roinnfear liosta acmhainní maithe/oiriúnacha as Gaeilge idir na naíonraí ar fad sa cheantar. (v) Déanfar comhtháthú ar na hacmhainní atá ann cheana féin do naíonraí agus bunscoileanna.
Páirtithe leasmhara:	FPT (príomhúinéir) Tacaíocht agus rannpháirtíocht ó na páirtithe seo a leanas: Stiúrthóirí agus cúntóirí naíonra an LPT Comhar Naíonraí na Gaeltachta
Saolré an bhirt:	Socrúithe agus ullmhúchán: Bliain 2

²⁸ Is ionann 'tearmann teanga' agus ionad aitheanta eiseamláireach ina bhfuil fáilte follasach roimh an nGaeilge agus cúis shoiléir ag muintir an LPT an Ghaeilge a úsáid ann (Ní Dhúda, 2014:69). Pléifear an tairiscint ghníomhach mar chuid de bheart 6.6.2.

	Feidhmiú: Bliain 3 - 7 Athbhreithniú: Bliain 6
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: Foireann na naíonraí a mhealladh leis an gcomhpholasaí a fhaomhadh agus a fheidhmiú. Réiteach molta: Cuirfear moltaí na stiúrthóirí mar chuid lárnach den chomhpholasaí. Eagrófar cruinnithe leis na páirtithe leasmhara thuasluaite chun na suáilcí a bhaineann le comhpholasaí a phlé, chun suim a mhúscailt sa bheart seo agus chun moltaí breise a bhailiú ina leith.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Tuairisc na stiúrthóirí naíonra (beart 6.2.2).
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Tuairisc bhliantúil na stiúrthóirí naíonra.

Beart 6.2.4 Scéim na gcúntóirí Teanga

Beart:	Scéim na gcúntóirí teanga a leathnú amach agus a chinntiú do gach bunscoil agus iarbhunscoil Ghaeltachta sa LPT.
Réimsí:	A (an córas oideachais)
Critéir pleanála teanga:	5, 6, 8
Aidhm an bhirt:	(i) scéim na gcúntóirí teanga a leathnú amach agus a chinntiú do gach bunscoil agus iarbhunscoil Ghaeltachta sa LPT (ii) a dheimhniú go mbeidh cúntóirí teanga ag feidhmiú i scoileanna Gaeltachta an LPT ó thús go deireadh na scoilbhliana (iii) tacú le feidhmiú an <i>POG</i> i scoileanna an LPT agus le húsáid na Gaeilge i réimse an oideachais.
Eolas breise:	Déanfar stocaireacht ar an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus ar an Roinn Oideachais agus Scileanna le maoiniú a chur ar fáil chun scéim na gcúntóirí teanga a leathnú amach, ionas go mbeidh cúntóirí teanga ag feidhmiú i scoileanna Gaeltachta an LPT (ag an leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile araon) ó thús go deireadh na scoilbhliana (faoi mar a mholadh i mír 5.3) (feic, Ní Dhoimhín et al, 2016:37, chomh maith). Moltar scéim na gcúntóirí teanga a leathnú amach (i) ionas go mbeidh cúntóirí teanga ag gach scoil Ghaeltachta sa LPT agus gach scoil atá ag iarraidh aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta (ii) ionas go mairfidh an scéim ar

	feadh na scoilbhliana ina iomláine in ionad 26 seachtain (iii) ionas go mbeidh níos mó uaireanta ag an gcúntóir teanga sa seomra ranga (tá 5 uair sa tseachtain ag an gcuid is mó díobh faoi láthair) (iv) agus ionas go mbeidh an cúntóir teanga in ann cuidiú le himeachtaí seach-churaculaim eile a réachtáil trí Ghaeilge sa scoil (m.sh. ceardlanna Gaeilge don teaghlach) (v) moltar go mbeidh cáilíochtaí agus traenáil chuí ag gach cúntóir teanga faoin scéim (.i. sa Ghaeilge, sa luathoideachas, sa chinnireacht teanga agus sa saibhriú teanga) (vi) moltar go bhfaighidh gach scoil freagra ar iarratas faoin scéim roimh dheireadh na scoilbhliana, don chéad bhliain eile.
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) Muintearas Teo. (comhairle, tacaíocht agus stocaireacht) Gaeloideachas (tacaíocht agus stocaireacht) COGG (tacaíocht agus stocaireacht) Conradh na Gaeilge (tacaíocht agus stocaireacht) Aontais na Múinteoirí (tacaíocht agus stocaireacht) Polaiteoirí agus TDanna áitiúla (tacaíocht agus stocaireacht) Páirtithe leasmhara eile (.i. tuismitheoirí, múinteoirí, stiúrthóirí naíonra an LPT) (tacaíocht).
Saolré an bhirt:	Socruithe agus ullmhúchán: Bliain 1 Feidhmiú: Bliain 2-7 (nó go mbaintear aidhm an bhirt amach)
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: Tacaíocht na bpáirtithe leasmhara a chinntiú chun go ndeanfar leasuithe ar an scéim seo. Réiteach molta: Cuirfear aighneacht le chéile nuair a fhógraítear go bhfuil próiseas comhairliúcháin ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim. Reáchtálfar feachtas eolais do scoileanna agus do thuismitheoirí an LPT chun tuiscintí a mhéadú ar an bhfeachtas.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil má chuirtear an maoiniú cuí ar fáil le scéim na gcúntóirí teanga a leathnú amach agus a chur ar fáil i ngach scoil Ghaeltachta sa LPT.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a thugann tacaíocht don fheachtas agus ar aon dul chun cinn ábhartha eile.

Beart 6.2.5 Cleachtas teanga sa seomra ranga

Beart:	Cúrsaí forbartha gairmiúla a chur ar fáil do mhúinteoirí an LPT.
Réimsí:	A (an córas oideachais)
Critéir pleanála teanga:	5, 6
Aidhm an bhirt:	(i) Dul i bhfeidhm ar chleachtas teanga sa seomra ranga .i. úsáid na Gaeilge a mhéadú sa seomra ranga agus/nó úsáid an Bhéarla a laghdú ann trí chúrsaí oiliúna cuí a sholáthar do mhúinteoirí an LPT; (ii) feasacht a mhéadú ar thionchar an chódmheasctha ar shealbhú teanga na scoláirí; (iii) a chinntiú go bhfuil múinteoirí agus scoláirí ar a gcompord le saintearmaíocht na n-ábhar scoile.
Eolas breise:	Na cúrsaí forbartha gairmiúla seo a leanas (a bhfuil tóir orthu dar le taighde na múinteoirí agus na bpríomhoidí i mír 5.3.3) a chur ar fáil do mhúinteoirí an LPT; (i) cúrsa ardleibhéal Gaeilge; (ii) sainchúrsa maidir le teagasc trí mheán na Gaeilge, a phléann an tionchar a bhíonn ag códmheascadh/códmhalartú ar an sealbhú teanga agus ar an sainfhoclóir a bhaineann le hábhair éagsúla scoile; (iii) ceardlann sa chinnireacht teanga a phléann le straitéisí dreasachta chun úsáid na Gaeilge a spreagadh sa chlós agus a bhainistiú sa seomra ranga; (iv) cúrsa ar na canúintí áitiúla Gaeilge. Ní léir faoi láthair cé atá freagrach as na cúrsaí seo a eagrú agus a reáchtáil do mhúinteoirí an LPT seo.
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (forbairt agus soláthar cúrsaí) Ionad Oideachais Mhaigh Eo (forbairt agus soláthar cúrsaí) Gaeiloideachas (tacaíocht), COGG (tacaíocht) Múinteoirí bunscoile & iarbhunscoile an LPT(rannpháirtíocht).
Saolré an bhirt:	Socruithe agus ullmhúchán: Bliain 2 Feidhmiú: Bliain 3-7.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: Múinteoirí a mhealladh le freastal ar na cúrsaí. Réiteach molta: D'fhéadfaí cuid den ábhar seo a chur ar fáil mar chuid de lá inseirbhíse nó mar chuid de cheardlanna tacaíochta/oiliúna COGG faoin bPOG. Ní mór a chinntiú go

	mbeadh aitheantas cuí ag aon chúrsa eile le go bhfaighidh rannpháirtithe laethanta <i>EPV</i> .
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Dáilfear foirm aiseolais ar na múinteoirí chun a dtuairimí agus moltaí a bhailiú faoin gcúrsa. Cuirfear foirm aiseolais eile chucu sé mhí ina dhiaidh sin le fáil amach an bhfuil aon athrú tagtha ar a gcleachtas teanga sa seomra ranga de bharr an chúrsa (faoi mar a mhol Ní Dhoimhín et al 2016:39).
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Coinneoidh an FPT taifead ar dhátaí agus cineál na gcúrsaí/seimineár maraon le tuairisc faoi líon na múinteoirí ón LPT a d'fhreastail orthu.

Beart 6.2.6 Cleachtas teanga i dtimpeallacht na scoile agus lasmuigh di

Beart:	Dul i bhfeidhm ar chleachtas teanga i dtimpeallacht na scoile trí fheasacht a mhéadú ar na nithe seo a leanas (i) polasaí teanga na scoile (faoi b <i>POG</i>) (ii) plean/staid na Gaeilge sa LPT, d'fhonn rannpháirtíocht a chothú i gcur chun cinn na Gaeilge sa scoil agus lasmuigh di.
Réimsí:	A (an córas oideachais) K (staid na Gaeilge sa LPT)
Critéir pleanála teanga:	2, 6, 12, 19
Aidhm an bhirt:	Úsáid na Gaeilge a chothú agus a mhéadú i measc daltaí agus foirne i dtimpeallacht na scoile agus lasmuigh di.
Eolas breise:	(i) Reáchtálfar ceardlann do scoláirí chun polasaí teanga na scoile/an ranga a phlé agus chun moltaí a bhailiú maidir le cur chun cinn na Gaeilge sa scoil. Cuirfear moltaí na scoláirí mar chuid de pholasaí teanga na scoile dá réir sin. Féachfar le feasacht agus tuiscintí na scoláirí a mhéadú i dtaca le staid na Gaeilge sa LPT, d'fhonn dul i gcion ar a gcleachtas teanga sa scoil agus lasmuigh di (Ní Dhoimhín et al, 2016). (ii) Reáchtálfar comórtas na Gaeilge i gcomhar le múinteoirí sna scoileanna gach bliain chun aitheantas a thabhairt do ranganna as Gaeilge a labhairt agus a chur chun cinn sa scoil. M.sh. bronnfar duaiseanna Gaeilge (t-léinte, scoláireacht chuig coláiste samhraidh) (i) ar an gcainteoir Gaeilge is fearr sa seomra ranga (ii) an cainteoir Gaeilge is fearr sa chlós (iii) an grúpa Gaeilge is fearr sa scoil (iv) an duine is dearfaí i dtaobh na Gaeilge sa scoil (v) an duine a rinne an méid is mó feabhais le bliain (vi) an duine a chum an focal is craiceáilte agus mar sin de (Ní Dhúda, 2014a). (iii) Déanfar ambasadóirí/cinnirí teanga ²⁹ (m.sh. daltaí iarbhunscoile, imreoirí spóirt, foireann UISCE srl.; idir chainteoirí dúchais agus daoine a d'fhoghlaim Gaeilge) a cheapadh agus a thabhairt isteach sna scoileanna le labhairt

²⁹ Is ionann 'cinnirí teanga' agus duine a dhéanann iarracht réamhghníomhach leanúnach chun iompar teanga agus dearchtaí teanga thart timpeall air a athrú nó a stiúradh (.i. an Ghaeilge a chur chun cinn) (Ní Dhúda, 2014a:71).

	leis na scoláirí faoi thábhacht na Gaeilge don LPT (Ní Dhoimhín et al, 2016:39) agus chun na duaiseanna thuasluaite a bhronnadh. (iv) Cuirfear liosta d'aíonna (múinteoirí ceoil, spóirt, aoi-chainteoirí agus mar sin de) le Gaeilge agus atá in ann gníomhaíochtaí seach-churaculaim a reáchtáil trí Ghaeilge ar fáil (damhsa, eolaíocht, ealaín, ceol, spórt agus mar sin de). (v) Tabharfar spreagadh (agus cúnamh más gá) do mhúinteoirí chun gníomhaíochtaí seach-churaculaim eile a reáchtáil trí Ghaeilge (m.sh. páirt a ghlacadh i Siansa Gael Linn nó an comórtas Scléip, nó an fhéile scoil drámaíochta, an Ghaelbhratach a bhaint amach, leabharín de nathanna cainte i gcanúintí na háite a réiteach agus mar sin de). (vi) Déanfar tearmann teanga de gach scoil Ghaeltachta sa limistéar .i. ionad aitheanta eiseamláireach ina bhfuil fáilte fhollasach roimh an nGaeilge agus cúis shoiléir ag muintir an LPT an Ghaeilge a úsáid ann (Ní Dhúda, 2014:69).
Páirtithe leasmhara:	Múinteoirí bunscoile & iarbhunscoile an LPT (príomhúinéir) An FPT (tacaíocht agus áisitheoireacht)
Saolré an bhirt:	Socruithe agus ullmhúchán: Bliain 1 Feidhmiú: Bliain 2-7.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Foinsí maoinithe:	Duaiseanna a lorg ó Ghlór na nGael, Foras na Gaeilge, Gael Linn, Conradh na Gaeilge, Cumann na bhFiann srl. Urraíocht a lorg ó choláistí samhraidh. Comhcheangal le scoláireacht Dháibhde Mhic Shuibhne (UISCE)
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: Na scoláirí a mhealladh le páirt ghníomhach a ghlacadh sa cheardlann agus le suim a chur san ábhar. Réiteach molta: D'fhéadfaí tionscnaimh ealaíne agus/nó a leithéid a dhéanamh le scoláirí bunscoile a bhfuil cúrsaí teanga mar théama iontu. Is féidir plé níos doimhne a dhéanamh ar thionchar chleachtas teanga na ndaoine óga ar an gceantar srl. le scoláirí atá níos sine (nasctha le beart 6.2.8).
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Tuairisc na bpríomhoidí.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Tuairisc na bpríomhoidí.

Beart 6.2.7 Deiseanna sóisialaithe trí Ghaeilge (páistí bunscoile)

Beart:	Níos mó deiseanna úsáide Gaeilge agus spreagthaí úsáide Gaeilge a chruthú agus a chothú sna gréasáin a bhaineann le páistí bunscoile lasmuigh den scoil.
Réimsí:	A (an córas oideachais) K (staid na Gaeilge) C (seirbhísí don aos óg) J (seirbhísí sóisialta srl)
Critéir pleanála teanga:	10, 11, 12
Aidhm an bhirt:	(i) deiseanna sóisialaithe trí Ghaeilge a chur ar fáil do dhaltaí bunscoile an LPT; (ii) spreagadh a thabhairt do dhaoine óga an LPT i dtaca leis an nGaeilge agus labhairt na Gaeilge; (iii) muinín a thabhairt do pháistí bunscoile an LPT an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den seomra ranga i dtimpeallacht lán-Ghaeilge eile; (iv) úsáid laethúil na Gaeilge a chothú agus a mhéadú i measc pháistí bunscoile an LPT.
Eolas breise:	(i) Cruthófar deiseanna rialta do bhunscoileanna Gaeltachta an LPT bualadh le chéile i rith na scoilbhliana (uair sa téarma, cuir i gcás) chun deis shóisialaithe a thabhairt do na daltaí comhrá agus spraoi le chéile trí mheán na Gaeilge (m.sh. taispeántas drámaíochta, rannta, amhráin agus/nó seó beag Oireachtais nó tráth na gceist a eagrú) ach go mbeadh an bhéim ar spraoi agus rannpháirtíocht agus ní ar chomórtas. (ii) Cuirfear coiste tuismitheoirí ar bun do gach scoil Ghaeltachta sa LPT chun cuidiú le himeachtaí taitneamhacha trí Ghaeilge a reáchtáil tar éis am scoile agus chun deiseanna úsáide Gaeilge a chruthú do theaghlach le gasúir scoile (m.sh. peil trí Ghaeilge, ceol trí Ghaeilge, drámaíocht trí Ghaeilge, ceardlanna do theaghlach trí Ghaeilge, ceardaíocht trí Ghaeilge don teaghlach, agus mar sin de). (iii) Bunófar ceangal straitéiseach chun tairbhe na Gaeilge i measc pháistí bunscoile an LPT idir UISCE agus bunscoileanna an limistéir, d'fhonn breis gníomhaíochtaí Gaeilge agus deiseanna sóisialaithe trí Ghaeilge a chur ar fáil do dhaoine óga áitiúla sa tearmann teanga seo. Reáchtálfar lá/laethanta <i>Splais</i> i gcomhar le hUISCE do mhúinteoirí agus do scoláirí bunscoile an cheantair, mar iarracht dul i bhfeidhm ar dhearcthaí teanga i dtaobh na Gaeilge, chun taithí eile ar thumoideachas Gaeilge trí mheán an spraoi a roinnt agus deis shóisialaithe eile trí Ghaeilge a sholáthar i dtearmann teanga áitiúil. Fiosrófar féidearthachtaí chun go gcuirfidh UISCE scéim seirbhísí spóirt trí Ghaeilge ar fáil do pháistí bunscoile an LPT mar chuid den chomhaontú seo. (iv) Socrófar go mbeidh campa samhraidh, naíonra agus

	club óige ag freastal ar gach scoil Ghaeltachta sa LPT.
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir agus áisitheoireacht) UISCE (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Príomhoidí bunscoile an LPT (comhoibriú agus rannpháirtíocht) Coiste na dtuismitheoirí sna scoileanna (tacaíocht) Daltaí agus tuismitheoirí (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Óige na Gaeltachta? Muintearas? Coiste na gcampaí samhraidh in Iorras
Saolré an bhirt:	Socrúithe agus ullmhúchán: Bliain 1 Feidhmiú: Bliain 2-7.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Roinnt de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1. Braitheann costais reáchtála ar chineál na n-imeachtaí a eagrófar. Costais taistil. Ráta UISCE, €21 an scoláire do leathlá imeachtaí. 7 scoil x 20 scoláire = 140 duine @ €21 = €2,940
Costas measta iomlán:	Roinnt de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1. €17,640 = €2,940 x 6 bliana Braitheann costais reáchtála ar chineál na n-imeachtaí a eagrófar.
Foinsí maoinithe:	Urraíocht a lorg (faoi scéim scoileanna DEIS? ó chomhlachtaí príobháideacha, ó UISCE?) Muintearas
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: An beart a fheidhmiú go héifeachtach gan an iomarca oibre breise a chruthú d'fhoireann na scoileanna agus d'UISCE. Réiteach molta: Beidh an FPT in ann go leor den chomhordú agus eagrúchán a dhéanamh faoin mbeart seo.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Eagrófar seisiúin aiseolais le scoláirí agus an fhoireann /na múinteoirí le héifeacht an bhirt a mheas. Cuirfear leasuithe cuí i bhfeidhm dá réir sin.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Coinneofar taifead ar na himeachtaí a eagraítear do dhaltai sna scoileanna agus in UISCE. Tuairisc na bpríomhoidí. Ócáid shóisialaithe amháin a reáchtáil uair sa téarma le linn am scoile.

Beart 6.2.8 Polasaí teanga in iarbhunscoileanna an LPT

Beart:	Forbairt a dhéanamh ar pholasaí na Gaeilge in iarbhunscoileanna an LPT chun dul i bhfeidhm ar chleachtas teanga go córasach céimnithe.
Réimsí:	A (an córas oideachais)
Critéir pleanála teanga:	5, 6
Aidhm an bhirt:	(i) tacaíocht a thabhairt d'iarbhunscoileanna an LPT chun polasaí soiléir Gaeilge atá cuimsitheach agus éifeachtach a fhorbairt, d'fhonn úsáid na Gaeilge a chothú agus a mhéadú sa seomra ranga agus i dtimpeallacht iomlán na scoile.

	(ii) níos mó deiseanna úsáide Gaeilge agus spreagthaí úsáide Gaeilge a chruthú agus a chothú do dhaoine óga in iarbhunscoileanna an LPT (a) mar theanga teagaisc in ábhair éagsúla (b) le múinteoirí sa seomra ranga (c) ar chlár na hidirbhliana (d) ag imeachtaí seach-churaculaim scoile.
Eolas breise:	Caithfear dul i bhfeidhm ar iompar teanga fadbhunaithe ar son an Bhéarla agus nósmaireachtaí teanga a bhfuil seanchleachtadh ag pobal na scoileanna orthu in 2/3 iarbhunscoil sa LPT. Is gá cur chuige céimnithe a leagan amach faoi mar atá beartaithe sna pleananna gníomhaíochta atá le forbairt ag scoileanna faoin <i>bPOG</i> (faoi Eanáir 2018). Déanfar próifíl na Gaeilge a ardú i ngach gné de shaol na scoile mar chuid den phróiseas seo. Mar shampla; (i) feiceálacht na Gaeilge a mhéadú i saol iomlán na scoile trí níos mó Gaeilge (ar stádas tosaíochta nó ar stádas comhionann leis an mBéarla) a chur ar fhógraí scoile, litreacha/nótaí chuig tuismitheoirí, teachtaireachtaí beo idirchum, cláracha fógraí, ar an suíomh gréasáin, ar leathanach <i>Facebook</i> na scoile, stáiseanóireacht na scoile agus mar sin de. (ii) méadú ar úsáid na Gaeilge i ngnó agus i gcumarsáid laethúil na scoile .i. bunbheannachtaí, ag tionóil ranga, paidir an lae as Gaeilge agus mar sin de. (iii) ceangail úsáid na Gaeilge sa seomra ranga lena húsáid lasmuigh de trí ghníomhaíochtaí seach-churaclaim a reáchtáil trí Ghaeilge. M.sh. club Gaeilge, ciorcal comhrá, cumann drámaíochta nó díospóireachta a bhunú ag am lóin agus deiseanna sóisialaithe trí Ghaeilge a sholáthar do dhaltaí lasmuigh den seomra ranga. M.sh. cluichí a imirt nó gníomhaíochtaí faoi leith a reáchtáil, cupán tae saor in aisce ar fáil. D'fhéadfaí a shocrú go mbeadh ról freagrach cunta ag cinnirí Gaeilge a d'fhreastail ar choláistí samhraidh agus mar sin de (Ní Dhúda, 2014a:68). (iv) an Ghaeilge a thabhairt isteach mar theanga teagaisc in ábhair éagsúla de réir a chéile agus mar a shonrófar sna pleananna gníomhaíochta faoin <i>bPOG</i> (chun críche sruth Gaeilge a bhunú sa dá iarbhunscoil i mBéal an Mhuirthead). (v) ambasadóirí/cinnirí Gaeilge a aithint agus a fhógairt i measc phobal na scoile .i. daoine atá sásta cabhrú le (a) úsáid na Gaeilge a spreagadh go leanúnach rialta ag leibhéal an chomhrá agus i saol na scoile (b) ceannaireacht a léiriú maidir le húsáid na Gaeilge ar bhonn dearfach measúil (Ní Dhúda, 2014:71). (vi) déanfar athbhreithniú agus forleathnú ar chlár Gaeilge na hidirbhliana agus ar an gclár nua Gaeilge don teastas sóisearach ionas go mbeidh litríocht na háite (m.sh. amhráin Riocard Bairéad, scéalta Inis Gé, logainmneacha, canúintí Gaeilge na háite, agallaimh/tionscnaimh le seanóirí Ghaeilge na háite), chomh maith le hábhar a bhaineann le cúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta, tionscnaimh phraiticiúla leis an

	nGaeilge a chur chun cinn go háitiúil san áireamh (m.sh. tionscnamh 'Nuair a bhí mé óg' a chur ar bun le cainteoirí na <i>SeanGhaeilge</i> agus leabhrán / míreanna fuaime a chur i dtoll a chéile mar thoradh) (nasctha le beart 6.2.9). (vii) tabharfar faoi ghníomhaíochtaí eile (de réir mar is cuí) mar iarracht dul i ngleic leis na dearcthaí a chothaíonn agus a bhuanaíonn meon ar son labhairt an Bhéarla agus chun cur le stádas na Gaeilge sa scoil. M.sh. moltar go mbainfidh iarbhunscoileanna an LPT an Ghaelbhratach³⁰ amach don scoil agus/nó scéim mhalairte a eagrú le scoileanna Gaeltachta in LPT eile, chomh maith le feachtas a réachtáil maidir le buntáistí breise na Gaeilge don duine óg/don scoil. (viii) tá an-éileamh ann go mbeidh múinteoir breise le Gaeilge líofa ar fáil agus/nó á roinnt idir scoileanna Gaeltachta an LPT chun cuidiú leis an obair bhreise a bhainfidh leis na pleananna gníomhaíochta faoin <i>bPOG</i> a fheidhmiú go héifeachtach.
Páirtithe leasmhara:	Múinteoirí & príomhoidí iarbhunscoile an LPT (príomhúinéir) An FPT (tacaíocht agus áisitheoireacht).
Saolré an bhirt:	Socruithe agus ullmhúchán: Bliain 1 Feidhmiú: Bliain 2-7.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: Foireann na n-iarbhunscoileanna a mhealladh le bheith rannpháirteach sa bheart seo. Réitigh: Spreagadh a thabhairt trí bhuntáistí na hoibre seo a shoiléiriú. Dea-shampla ón bpríomhoide agus ón leas-phríomhoide maidir le cur chun cinn na Gaeilge. Dul i bhfeidhm ar dhearcthaí le himeachtaí foirne taitneamhacha trí Ghaeilge a réachtáil.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Tuairisc na bpríomhoidí. Pleananna gníomhaíochtaí na scoileanna faoin <i>bPOG</i> .
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Tuairisc na bpríomhoidí. Pleananna gníomhaíochtaí na scoileanna faoin <i>bPOG</i> . Ócáid shóisialaithe rialta amháin trí Ghaeilge á réachtáil le linn am scoile ag iarbhunscoileanna an LPT.

³⁰ Tá an Ghaelbhratach faoi stiúir Ghael Linn agus oscailte do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna na tíre. Tá scéim amháin ann do scoileanna atá ag feidhmiú trí Bhéarla agus ceann eile do na scoileanna lán-Ghaeilge.

Beart 6.2.9 An Idirbhliain

Beart:	Modúl ar shochtheangeolaíocht na Gaeilge agus sa chinnireacht teanga a fhorbairt agus a sholáthar do scoláirí idirbhliana an LPT.
Réimsí:	A (an córas oideachais) K (staid na Gaeilge sa LPT) G (na meáin chumarsáide)
Critéir pleanála teanga:	2, 5, 6, 10, 11, 12, 19
Aidhm an bhirt:	(i) feasacht a mhéadú i measc dhaoine óga an LPT ar cheisteanna Gaeilge agus Gaeltachta; (ii) daoine óga a chumasú le feidhmiú mar chinnirí teanga ina saol laethúil féin; (iii) cur le húsáid na Gaeilge i measc an aosa óig agus iad ag plé le cúrsaí teicneolaíochta, go háirithe le gutháin chliste agus leis an idirlíon.
Eolas breise:	Cuirfear modúl/sraith ceardlann le chéile mar chuid de churaclam na hidirbhliana a mhúscloídh feasacht ar cheisteanna teanga i measc na scoláirí, a dhéanfaidh iad a chumasú le feidhmiú mar chinnirí teanga i measc an phobail agus a thabharfaidh spreagadh dóibh a bheith níos gníomhaí i dtaca le cur chun cinn na Gaeilge sa LPT (Ní Dhoimhín et al, 2016:41). Forbróidh an bainisteoir pleanála teanga an modúl seo i gcomhar le comhordaitheoirí idirbhliana agus na Gaeilge in iarbhunscoileanna an LPT. Mar shampla (i) fágfar faoi na scoláirí feachtas mealltach a dhearadh agus a chur ar bun maidir leis an mbeannacht a úsáid chun comhrá Gaeilge a thosú agus a bhainistiú (scéim feasachta 'labhair Gaeilge liom' mar chuid de bheart 6.11.1). (ii) cuirfear scéim ar bun chun scoláirí iarbhunscoile a chur i dteagmháil leis an aosach. Mar shampla, rang ríomhaireachta a eagrú do na '<i>silver surfers</i>' leis an duine óg ag múineadh scileanna ríomhaireachta don seandúine (an t-idirlíon agus an fón póca san áireamh) agus an seandúine ag múineadh an chanúint / nathanna cainte na háite don duine óg. (iii) déanfar cónascadh le bunscoileanna Gaeltachta eile sa LPT. Mar shampla, eagrófar scéim phéireála idir daltaí idirbhliana agus páistí bunscoile chun tairbhe léitheoireacht na Gaeilge nó eolaíocht a mhúineadh trí Ghaeilge nó a leithéid a shocrú agus chun go mbeidh eiseamláirí teanga ag na páistí bunscoile óna gceantar féin. (iv) eagrófar comórtas díospóireachta trí Ghaeilge (agus/nó tionscnaimh phraiticiúla leis an nGaeilge a chur chun cinn sa scoil agus sa phobal) idir na hiarbhunscoileanna áitiúla chun machnamh a chothú ar staid na Gaeilge agus na Gaeltachta sa LPT seo. (v) cuirfear comórtas bliantúil ar bun le haitheantas a

	thabhairt do scoláire idirbhliana a dhéanann iarracht faoi leith an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil nó sa LPT. Bronnfar duais na Gaeilge ar dhalta eiseamláireach amháin in aghaidh na bliana (m.sh. scoláireacht chun freastal ar chúrsa cinnireachta in UISCE). (vi) tabharfar cuireadh d'aoichainteoirí agus eiseamláirí teanga ón LPT agus ó LPT eile chun páirt a ghlacadh sa mhodúl (m.sh. príomhfheidhmeannach UISCE agus/nó feachtas 'Seó Bóthair don Ghaeilge' a eagrú sna hiarbhunscoileanna áitiúla chun machnamh pearsanta a spreagadh ar chúrsaí teanga agus ar chearta teanga go háitiúil agus go náisiúnta). (vii) díreoidh cuid den mhodúl seo ar úsáid na Gaeilge a spreagadh i measc daoine óga i réimse na ríomhaireachta agus na teicneolaíochta (.i. ar an nguthán, ag plé le téacstheachtaireachtaí, ar na meáin shóisialta, aip-eanna, Google, Facebook, Twitter srl.). Mar shampla, d'fhéadfaí (a) córas oibriúcháin as Gaeilge agus <i>MS Word</i> agus cláir ríomhaireachta eile as Gaeilge a shocrú i ríomhlanna na scoileanna (b) ceardlann a rith maidir leis na suímh ghréasáin Ghaeilge atá ar fáil agus an sainfhoclóir Gaeilge a bhaineann leo (m.sh. <i>Facebook</i> as Gaeilge, <i>duchas.ie</i>, <i>tearma.ie</i>, <i>Vicipéid</i> agus mar sin de). (viii) molfar do gach rang idirbhliana sa LPT tús a chur leis an mbliain scoile le turas Gaeltachta chuig UISCE nó coláiste Mhuigheo. Bheadh mar aidhm leis an turas seo, mar shampla; (a) go bhfaigheadh na scoláirí tuiscint agus taithí níos fearr ar a gceantar Gaeltachta féin, chomh maith le blaiseadh de shaibhreas na Gaeltachta seo agus luach na Gaeilge ina gceantar féin (b) go bhfaigheadh na scoláirí deis páirt a ghlacadh in eachtraí agus i ranganna trí Ghaeilge (c) chun suim agus feasacht na scoláirí a mhuscailt le bheith níos gníomhaí i saol na Gaeltachta seo.
Páirtithe leasmhara:	An FPT i gcomhar le hiarbhunscoileanna an LPT (príomhúinéir) Scoláirí idirbhliana (tacaíocht agus rannpháirtíocht) UISCE (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Gaeloideachas (comhairle agus tacaíocht)
Saolré an bhirt:	Socrúithe agus ullmhúchán: Bliain 2 Feidhmiú: Bliain 3-7.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Cuid de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1. €420 = €52.50 x 8 seachtaine
Costas measta iomlán:	Cuid de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1. €2,100 = €420 x 5 bliana
Foinsí maoinithe:	Cuid de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: Modúl spreagúil a fhorbairt don chlár idirbhliana, a thabharfaidh misneach do dhaltai agus a rachaidh i ngleic leis an meon ar son an Bhéarla ina measc. Réiteach molta: Dul i dteagmháil le foireann UISCE chun comhairle agus moltaí a fháil ó thaobh ábhar an mhodúil de,

	agus le múinteoirí chun comhairle a fháil maidir le hábhair a bheadh suimiúil agus feiliúnach dá gcuid daltaí.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Scaipfear ceistneoir gearr ar scoláirí idirbhliana maidir le cúrsaí teanga (ag díriú ar dhearcadh, ar fheasacht agus ar chleachtas teanga) ag tús na bliana agus ag deireadh na bliana le haiseolas a bhailiú ar éifeacht an bhirt.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Tuairisc an phríomhoide. Bileog aiseolas na ndaltaí. Coiste pleanála teanga na n-óg a bhunú. An modúl nua idirbhliana aontaithe agus i bhfeidhm. Ócáid shóisialta rialta trí Ghaeilge ar bun sa scoil.

Beart 6.2.10 Deiseanna sóisialaithe trí Ghaeilge (do dhéagóirí)

Beart:	Níos mó deiseanna úsáide Gaeilge agus spreagthaí úsáide Gaeilge a chruthú agus a chothú do dhéagóirí an LPT.
Réimsí:	A (an córas oideachais) K (staid na Gaeilge) C (seirbhísí don aos óg) D (deiseanna foghlama / córas oid)
Critéir pleanála teanga:	10, 11, 12
Aidhm an bhirt:	(i) deiseanna sóisialaithe trí Ghaeilge a chur ar fáil do dhaltaí iarbhunscoile an LPT atá ag tabhairt faoin sruth Gaeilge / oideachas trí Ghaeilge; (ii) spreagadh a thabhairt do dhaoine óga an LPT i dtaca leis an nGaeilge agus labhairt na Gaeilge; (iii) muinín a thabhairt do dhéagóirí an LPT an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den seomra ranga i dtimpeallacht lán-Ghaeilge eile; (iv) úsáid na Gaeilge a chothú agus a mhéadú sna gréasáin a bhaineann le daoine óga de réir a chéile.
Eolas breise:	Bunófar ceangal straitéiseach agus comhaontú chun tairbhe na Gaeilge i measc dhéagóirí an LPT, idir UISCE agus iarbhunscoileanna an limistéir, chun breis gníomhaíochtaí Gaeilge agus deiseanna sóisialaithe trí Ghaeilge a chur ar fáil do dhéagóirí áitiúla sa tearmann teanga seo. Bunófar coiste stiúrtha de scoláirí sa trí iarbhunscoil, le múinteoirí agus/nó daoine fásta eile mar áisitheoirí (Ní Dhoimhín et al, 2016:42). Beidh na coistí stiúrtha seo i dteagmháil rialta lena chéile. Beidh orthu imeachtaí sóisialta a eagrú le tacaíocht óna múinteoirí agus ón bhFPT. Eagrófar teacht le chéile/ócáid amháin ar a laghad in UISCE le linn na scoilbhliana. Déanfar an turas a eagrú de réir mhúnla na gcoláistí samhraidh .i. ranganna neamhfhoirmiúla (m.sh. blaiseadh den chanúint áitiúil) ar maidin agus imeachtaí spóirt san iarnóin. D'fhéadfaí scéim mhalairte agus/nó turas a eagrú i gcomhar le scoileanna Gaeltachta in LPT eile (agus/nó le gaelcholáiste ó thuaidh nó ó dheas) ach oiread. Déanfar imeachtaí sóisialta éagsúla a reáchtáil trí Ghaeilge

	amháin (a bhfuil spéis ag daoine óga iontu - mír 5.2.4) le scoláirí ó scoileanna éagsúla a thabhairt le chéile (m.sh. cluichí peile, drámaíocht, tráth na gceist, lá spóirt, comhthionscadail, srl.). Mar chuid bhreise den bheart seo, breathnófar ar chlub eachtraí uisce trí Ghaeilge a bhunú do dhéagóirí an LPT.
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) UISCE (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Príomhoidí & múinteoirí ó iarbhunscoileanna an LPT (áisitheoireacht, comhoibriú agus rannpháirtíocht) Daltaí agus tuismitheoirí (tacaíocht, comhoibriú agus rannpháirtíocht)
Saolré an bhirt:	Socruithe agus ullmhúchán: Bliain 2 Feidhmiú: Bliain 3-7 (5 bliana)
Costas measta in aghaidh na bliana:	Roinnt de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1. Braitheann costais reáchtála ar chineál na n-imeachtaí a eagrófar. Costais taistil chuig UISCE. Ráta UISCE, €21 an scoláire do leathlá imeachtaí. 3 scoil x 30 scoláire = 90 scoláire @ €21 = €1,890
Costas measta iomlán:	Roinnt de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1. €9,450: €1,890 x 5 bliana. Costais taistil chuig UISCE. Braitheann costais reáchtála ar chineál na n-imeachtaí a eagrófar.
Foinsí maoinithe:	Urraíocht a lorg faoi scéim scoileanna DEIS nó ó Leader.
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: An beart a chur i gcrích go héifeachtach gan an iomarca oibre breise a chruthú d'fhoireann na scoileanna agus d'UISCE. Réiteach molta: Beidh an FPT in ann go leor den chomhordú agus eagrúchán a dhéanamh faoin mbeart seo.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Eagrófar seisiúin aiseolais le scoláirí agus an fhoireann /múinteoirí le héifeacht an bhirt a mheas. Cuirfear leasuithe cuí i bhfeidhm dá réir sin.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Coinneofar taifead ar na himeachtaí a eagraítear do dhaltaí sna scoileanna, agus ar dheacrachtaí a thagann chun cinn. Turas amháin chuig UISCE agus/nó chuid tearmann lán-Ghaeilge eile sa LPT uair sa bhliain. Teacht le chéile agus/nó imeacht shóisialta eile ar bun do scoláirí.

Beart 6.2.11 Feachtas feasachta faoin oideachas Gaeltachta

Beart:	Feachtas eolais faoin tumoideachas agus oideachas Gaeltachta a chur ar bun sa LPT.
Réimsí:	A (an córas oideachais) K (staid na Gaeilge sa limistéar)
Critéir pleanála teanga:	2, 5, 6

Aidhm an bhirt:	Feachtas feasachta teanga atá mealltach agus fáisnéiseach maidir le buntáistí an tumoideachais agus an oideachais trí Ghaeilge a reáchtáil agus a dhíriú go sonrach ar phobal na scoileanna nach bhfuil ag glacadh páirt sa scéim aitheantais mar scoil Ghaeltachta faoi láthair.
Eolas breise:	Eagrófar seisiún eolais agus plé do phríomhoidí agus d'fhoireann na scoileanna nach bhfuil ag glacadh páirt sa scéim aitheantais mar scoil Ghaeltachta faoi láthair. Tabharfar gach eolas cuí dóibh maidir le feidhmiú an <i>POG</i> agus aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta. Roinnfear taithí agus eolas ó scoileanna, ó thuismitheoirí agus ó scoláirí a bhfuil taithí acu ar an múnla seo. Bainfear leas as físeán nua COGG a phléann an t-ábhar seo má tá fáil air. Cuirfear buntáistí an oideachais trí Ghaeilge ar a súile don spriocghrúpa seo. Leagfar béim ar na cúrsaí ollscoile le Gaeilge atá ann agus na deiseanna fostaíochta trí Ghaeilge/le Gaeilge atá ann. Tabharfar deis aon ábhar inné agus ceisteanna a phlé le saineolaí ar thumoideachas agus oideachas Gaeltachta. Reáchtálfar seisiún eolais eile den chineál seo do thuistí agus do phobal na scoileanna seo má bhíonn éileamh air.
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) Gaeloideachas (tacaíocht) Príomhoidí ó scoileanna an LPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Boird bhainistíochta (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Scoláirí agus thuismitheoirí (tacaíocht agus rannpháirtíocht)
Saolré an bhirt:	Socrúithe agus ullmhúchán: Bliain 1 Feidhmiú: Bliain 1-7 (ag brath ar dhul chun cinn)
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: Scoileanna eile an LPT a spreagadh le páirt a ghlacadh sa scéim. Réiteach: Gach eolas cuí agus tacaíocht a chur ar fáil gan aon bhrú nó breithiúnas.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Líon na scoileanna atá ag glacadh páirt sa scéim aitheantais mar scoil Ghaeltachta faoin <i>POG</i> a chothú agus a mhéadú más féidir.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Déanfar taifead ar na cruinnithe éagsúla agus coinneofar na miontuairiscí.

6.3 Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

Beart 6.3.1 Feachtas feasachta maidir le húsáid Gaeilge sa bhaile

Beart:	Feachtas feasachta agus rannpháirtíochta a fhorbairt agus a sheoladh maidir le húsáid na Gaeilge sa bhaile.
Réimsí:	B (seirbhísí cúraim leanaí ...) C (deiseanna foghlama/CO) H (seirbhísí poiblí) K (staid na Gaeilge sa limistéar)
Critéir pleanála teanga:	2, 7, 8, 9
Aidhm an bhirt:	Feachtas eolais atá mealltach agus fáisnéiseach a reáchtáil agus a dhíriú go sonrach ar thuismitheoirí an LPT maidir le (i) úsáid Gaeilge sa bhaile (ii) na buntáistí a bhaineann le clann a thógáil le Gaeilge (iii) rogha na Gaeilge nó cinneadh ar son na Gaeilge mar theanga an teaghlaigh (iv) an clár tacaíochta teanga (beart 6.3.2) (v) deiseanna sóisialaithe trí Ghaeilge sa LPT (beart 6.3.3) (vi) oideachas trí Ghaeilge agus dátheangachas agus na buntáistí a bhaineann leo (beart 6.2.11).
Eolas breise:	Tá tábhacht faoi leith leis an seachadadh idirghlúineach i gcomhthéacs na pleanála teanga (Mac Donnacha, 2000:22). Mar sin féin, is doiligh dul i bhfeidhm ar chleachtas príobháideach teanga nó spás pearsanta an teaghlaigh. De dheasca shíorbhrú an Bhéarla, tá iompar teanga an teaghlaigh i bhfabhar na Gaeilge ag brath ar chomhthéacs comhfhiosach pleanáilte (Ó Giollagáin et al, 2007:27). Léiríonn na torthaí taighde go bhfuil úsáid na Gaeilge cúlaithe go mór mar theanga an teaghlaigh sa LPT (míreanna 5.1.2, 5.5.2 agus 5.2.2). Mar sin, cuirfear comhairle, rogha, spreagthaí agus tacaíochtaí ar a súile agus ar fáil do thuismitheoirí maidir le clann a thógáil le Gaeilge, go háirithe mura labhraíonn ach tuismitheoir amháin í. (i) Scaipfear eolas faoin bhfeachtas seo agus maidir le rogha na Gaeilge ag cúrsaí réamhphósta agus ranganna réamhbhreithe a ndéanann muintir an LPT freastal orthu. (ii) Déanfar comhpháirtíocht teanga a chruthú leis an altra sláinte poiblí agus an comhordaitheoir teagmhála baile is scoile (i scoileanna DEIS) mar chuid den fheachtas seo. (iii) Déanfar socrú leis an altra sláinte poiblí a thugann cuairt ar mháithreacha nua chun bileog/pacáiste eolais i dtaobh labhairt na Gaeilge sa bhaile agus clann a thógáil le Gaeilge a scaipeadh ina measc (nasctha le beart 6.8.2). (iv) Tabharfar bileog eolais/pacáiste tacaíochta den chineál seo do thuismitheoirí nuair a thosaíonn an páiste sa naíonra agus sa bhunscoil Gaeltachta.

	(v) Déanfar ceangal níos fearr idir an feachtas seo agus an pacáiste tacaíochta atá le fáil do theaghlaigh ó Roinn na Gaeltachta agus an pacáiste eolais atá le fáil ó Údarás na Gaeltachta, ionas go mbeidh leanúnachas idir na feachtais / na pacáistí agus comhtháthú ar an ábhar agus acmhainní.
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) Glór na nGael (tacaíocht & comhairle) Údarás na Gaeltachta (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Roinn na Gaeltachta (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Accord (ranganna réamhphósta) FSS, clinicí forbartha leanaí, altraí sláinte poiblí an LPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Stiúrthóirí naíonra an LPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Príomhoidí scoile an LPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Tuismitheoirí agus páistí (tacaíocht agus rannpháirtíocht)
Saolré an bhirt:	Socrúithe agus ullmhúchán: Bliain 2 Feidhmiú: Bliain 3-7
Costas measta in aghaidh na bliana:	Roinnt de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1. Bileoga eolais & póstaeir a dhearadh agus a phriontáil Pacáistí tacaíochta a chur ar fáil Forbairt ar mhír do theaghlaigh ar shuíomh gréasáin GI
Costas measta iomlán:	
Foinsí maoinithe:	Údarás na Gaeltachta? Roinn na Gaeltachta? An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: Pacáiste/bileog tharraingteach a réiteach. Seachadadh éifeachtach na mbileog agus na bpacáistí. Réiteach: Dearthóir proifisiúnta agus comhairle mhargaíochta a lorg. Comhoibriú ó altraí agus ó Accord a chinntiú.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Tuairisc na stiúrthóirí agus na bpríomhoidí (6.2.2)

Beart 6.3.2 Clár tacaíochta teanga do theaghlaigh

Beart:	Clár tacaíochta teanga a fhorbairt do theaghlaigh nó do thuismitheoirí ar mian leo a gclann a thógáil le Gaeilge agus/nó úsáid na Gaeilge a mhéadú mar theanga baile.
Réimsí:	B, C, D, K
Critéir pleanála teanga:	2, 7, 8, 9, 11, 12, 19
Aidhm an bhirt:	(i) níos mó deiseanna úsáide Gaeilge agus spreagthaí úsáide Gaeilge a chruthú agus a chothú i réimse an bhaile i measc na dteaghlach a bhfuil gasúir (réamh)scoile acu; (ii) tuismitheoirí a bhfuil Gaeilge mhaith acu a mhealladh le Gaeilge amháin a labhairt sa bhaile agus tuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge (líofa) acu a chumasú le tuilleadh Gaeilge a

	úsáid sa bhaile de réir a chéile; (iii) tacaíocht teanga bhreise a sholáthar do thuismitheoirí agus do scoileanna Gaeltachta an LPT; (iv) úsáid laethúil na Gaeilge a chothú agus a mhéadú sa teaghlach agus borradh a chur faoi sheachadadh idirghlúineach na Gaeilge sa LPT go hincriminteach.
Eolas breise:	Teastaíonn struchtúr ceart ranganna Gaeilge chun tacú le tuistí áirithe an Ghaeilge a shealbhú agus an Ghaeilge a úsáid sa bhaile. (i) Déanfar cumas sa Ghaeilge a mhéadú i measc thuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge acu nó ar mian leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge, trí dheiseanna foghlama Gaeilge cuí agus spreagthaí foghlama a chruthú agus a chothú dóibh (.i. breis ranganna Gaeilge, ceardlanna comhrá-bhunaithe agus cúrsaí Gaeilge a chur ar fáil dóibh, ag teacht leis an éileamh a léiríodh mar chuid de mhír 5.5). Pléifear modhanna cruthaitheacha le Gaeilge a thabhairt isteach i réimse an bhaile nach mbaineann le labhairt na teanga mar chuid de na ranganna (m.sh. fógraí, ealaín, lipéid, cairt réaltaí, ceol, srl.). Cuirfear ábhar na ranganna ar fáil ar líne mar chuid de shuíomh gréasáin GI (nó ar aip) ionas go mbeidh thuismitheoirí in ann súil a chaitheamh air ina gcuid ama féin (Ní Dhoimhín et al, 2016:44). Fógrófar na himeachtaí seo tríd na naíonraí agus na scoileanna. Soiléireofar na spreagthaí a bhaineann le sealbhú agus saibhriú na Gaeilge do na tuistí chomh maith. Moltar na ranganna seo a cheangal le himeachtaí do pháistí (m.sh. club óige, traenáil peile), nó iad a reáchtáil le linn am scoile, ionas nach mbeidh ar thuismitheoirí feighlí a fháil (Ní Dhoimhín et al, 2016:44). (ii) Cuirfear clár deonach tacaíochta teanga ar bun do theaghlaigh nó do thuismitheoirí ar mian leo a gclann a thógáil le Gaeilge agus/nó úsáid na Gaeilge a mhéadú mar theanga baile, ag tarraingt ar dhea-chleachtais aitheanta sa réimse seo (m.sh. scéim 'Teanga Tí' atá ag Glór na nGael, scéim 'Tús Maith' Oidhreacht Chorca Dhuibhne). Bheadh mar aidhm leis an scéim seo úsáid na Gaeilge a mhéadú sa bhaile (i) idir thuismitheoirí lena chéile (ii) idir tuistí agus páistí (iii) idir na páistí eatarthu féin (iv) idir seantuístí leis na páistí (v) leis an teaghlach sínte. Cuirfear an scéim ar bun ar bhonn píolótach ar dtús, do theaghlaigh le gasúir réamhscoile sa naíonra, i gcomhar le Glór na nGael agus le naíonraí an LPT, mar shampla. Moltar cuairteanna baile nó cruinnithe aonair a thairiscint mar chuid den chlár seo chomh maith (agus/nó seirbhís tacaíochta agus comhairleoireachta teanga a chur ar fáil) chun comhairle, spreagadh agus tacaíocht leanúnach a thabhairt do thuismitheoirí, athbhreithniú rialta a dhéanamh

	ar dhul chun cinn, ach go mbeadh oiliúint agus saineolas cuí ag an gcuariteoir (Ní Dhúda 2014: 62-64 agus Ó Giollagáin et al 2007:29). Mar shampla, eolas a sholáthar maidir leis an gcineál Gaeilge a labhrófá le leanbh, an chaoi is fearr chun úsáid na Gaeilge a mhéadú agus a bhainistiú sa bhaile, eolas a roinnt maidir leis na héagsúlachtaí agus na deacrachtaí ar leith a bhaineann leis sin agus mar sin de. (iii) Cuirfear leabhrán le nathanna cainte agus moltaí maidir le cur chun cinn na Gaeilge sa teaghlach ar fáil do thuismitheoirí agus/nó scaipfear leabhair cosúil le <i>Thógamar le Gaeilge iad, An Buntáiste Breise</i> agus <i>Gaschaint</i>. (iv) Roinnfear eolas faoi na háiseanna, na leabhair agus na cluichí trí Ghaeilge atá ar fáil i measc theaghlaigh an LPT agus in oifigí na ndochtúirí sa LPT (Ní Dhoimhín et al, 2016). (v) Déanfar cumarsáid leis an leabharlann áitiúil chun cur le líon na n-áiseanna sa réimse seo (eolas faoi phacáiste tacaíochta RCOG san áireamh).
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) Glór na nGael (comhairle agus tacaíocht) Naíonraí agus bunscoileanna an LPT (tacaíocht) Clinicí forbartha leanaí/dochtúirí teaghlaigh an LPT (tacaíocht) Tuismitheoirí an LPT (rannpháirtíocht) An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (tacaíocht) Údarás na Gaeltachta (tacaíocht) Foras na Gaeilge (tacaíocht agus urraíocht)
Saolré an bhirt:	Socrúithe agus ullmhúchán: Bliain 1 Scéim phíolótach: Bliain 2 (c. X teaghlach) Athbhreithniú & feidhmiú: Bliain 3-7.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Cuid de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1 (.i. clár a fhorbairt agus a chur ar bun) Ranganna Gaeilge do thuistí/teaghlaigh Áiseanna Leabhrán a fhorbairt agus/nó a chur ar fáil
Costas measta iomlán:	Roinnt de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1. Ranganna: 4 ionad/naíonra x 20 seachtain @ €30 do gach múinteoir (€2,400) €2,400 x 6 bliana = €14,400
Foinsí maoinithe:	Ciste ranganna Gaeilge ag Údarás na Gaeltachta & Leader Cúnamh ó chúntóirí teanga (faoi bheart 6.3.4)?
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: Tuismitheoirí a spreagadh le freastal ar ranganna agus páirt a ghlacadh sa chlár. Réiteach molta: Comhoibriú leis na naíonraí chun tuistí a spreagadh le tabhairt faoin nGaeilge a úsáid sa bhaile.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	(i) Coinneoidh an FPT taifead ar líon na dteaghlach a ghlacann páirt sna ranganna agus sa scéim seo. (ii) Coinneoidh an FPT taifead ar líon na dteaghlach a bhaineann úsáid as na seirbhísí a chuirfear ar fáil faoin

	mbeart seo. (iii) Baileofar bileoga aiseolais i measc rannpháirtithe na ranganna / scéime maidir le hathruithe ar nós mhaireachtaí úsáide teanga. Cuirfear leasuithe cuí i bhfeidhm ar imeachtaí bunaithe ar an aiseolas sin.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Coinneoidh an FPT taifead ar líon na gcruinnithe a eagraítear, ar an tinreamh sna ranganna, ar líon na rannpháirtithe sa scéim tacaíochta, agus ar sholáthar acmhainní agus seirbhísí. Féachfar le cur leis sin gach bliain. Féachfar le rang/ceardlann amháin a chur ar siúl do thuistí/teaghlaigh i ngach ceantar ina bhfuil naíonra Gaeltachta. Tuairisc na bpríomhoidí agus na stiúrthóirí naíonra.

Beart 6.3.3 Grúpaí tuistí & páistí

Beart:	Gréasán de ghrúpaí tuistí agus páistí a bhunú sa LPT tríd na naíonraí.
Réimsí:	B (seirbhísí cúraim leanaí...) & J (seirbhísí sóisialta & caitheamh aimsire)
Critéir pleanála teanga:	7, 8, 10
Aidhm an bhirt:	(i) deis shóisialaithe trí Ghaeilge a chur ar fáil do thuistí agus páistí i dtearmann teanga an naíonra go rialta; (ii) tacú leis an gcóras oideachais trí Ghaeilge sa LPT.
Eolas breise:	Déanfar an nasc a láidriú idir an naíonra agus na tuismitheoirí/an baile trí bhreis seirbhísí a thairiscint (nó imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge a chur ar fáil) sna naíonraí agus <i>éileamh a mhúscailt</i> i measc na dtuismitheoirí ar na seirbhísí sin (grúpa tuismitheoirí agus páistí, seirbhísí/club iarscoile nó club léitheoireachta trí Ghaeilge mar shampla). Bainfear leas as gréasán na naíonraí sa LPT chun deis rialta úsáide Gaeilge a chur ar fáil do thuistí agus páistí. Beidh polasaí soiléir Gaeilge i bhfeidhm (leis an nGaeilge in uachtar mar theanga chumarsáide na n-imeachtaí) agus timpeallacht a bheidh fabhrach don Ghaeilge agus a spreagfaidh úsáid na Gaeilge i bhfeidhm. Beidh deis ag rannpháirtithe plé a dhéanamh ar straitéisí seachadta Gaeilge sa bhaile agus/nó comhairle a lorg más gá, an fhad is a bheidh deis chumarsáide agus spraoi trí Ghaeilge ag na páistí. Tabharfar tacaíocht bhreise dóibh siúd atá ag iarraidh an Ghaeilge a úsáid sa bhaile ar an gcaoi sin. Ní mór áisitheoirí oilte a earcú (agus an cóimheas rannpháirtithe/áisitheoir a choinneáil íseal) chun cuidiú leis na himeachtaí seo a reáchtáil go héifeachtach .i. chun úsáid na Gaeilge a spreagadh agus a bhainistiú i suíomh neamhfhoirmiúil i measc daoine ar chumais éagsúla sa

	Ghaeilge agus chun comhairle a sholáthar más gá.
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir agus áisitheoir) Comhar naíonraí na Gaeltachta & stiúrthóirí naíonraí Tuismitheoirí agus páistí (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Príomhoidí ó scoileanna an LPT (tacaíocht) Coistí na dtuismitheoirí (tacaíocht) Glór na nGael (tacaíocht)
Saolré an bhirt:	Socruithe agus ullmhúchán: Bliain 1 Feidhmiú: Bliain 2-7 (6 bliana).
Costas measta in aghaidh na bliana:	€4,000 = 4 naíonra x 20 seachtain x €50 ráta áisitheora
Costas measta iomlán:	€24,000: (€4,000 x 6)
Foinsí maoinithe:	Údarás na Gaeltachta, Leader An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Cúnamh ó chúntóirí teanga (faoi bheart 6.2.4)? agus/nó ó stiúrthóirí naíonraí.
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: Rannpháirtíocht a chothú sna himeachtaí seo. Úsáid na Gaeilge a spreagadh agus a bhainistiú go leanúnach éifeachtach, i measc daoine ar chumais éagsúla sa Gaeilge agus aithne acu ar a chéile trí Bhéarla. Réiteach: Éileamh a mhúscailt ar na himeachtaí seo. Áisitheoirí maithe a earcú / soiléiriú a dhéanamh ar pholasaí Gaeilge na n-imeachtaí agus an naíonra aitheanta mar thearmann teanga (beart 6.2.3).
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Aiseolas a bhailiú ó rannpháirtithe uair sa téarma.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Tuairisc na stiúrthóirí naíonra. Moltar go mbeidh ócáid shóisialta rialta amháin trí Ghaeilge ar a laghad ar siúl do thuistí/teaghlaigh i ngach naíonra Gaeltachta le linn na scoilbhliana, le tinreamh réasúnta seasmhach.

Beart 6.3.4 Deiseanna sóisialaithe trí Ghaeilge do theaghlaigh

Beart:	Níos mó deiseanna úsáide Gaeilge agus spreagthaí úsáide Gaeilge a chruthú agus a chothú do thuismitheoirí agus do theaghlaigh an LPT.
Réimsí:	B (seirbhísí cúraim leanaí), C (seirbhísí don aos óg) D (deiseanna foghlama/CO), J (seirbhísí sóisialta) K (staid na Gaeilge sa limistéar)
Critéir pleanála teanga:	3, 7, 8, 10, 11, 12
Aidhm an bhirt:	(i) cur le líon agus le caighdeán na ndeiseanna sóisialaithe / úsáide Gaeilge do thuismitheoirí agus do theaghlaigh; (ii) spreagadh agus muinín a thabhairt dóibh chun an Ghaeilge a úsáid i dtimpeallacht lán-Ghaeilge eile; (iii) úsáid na Gaeilge a chothú agus a mhéadú sna gréasáin

	a bhaineann le tuistí/teaghlaigh de réir a chéile.
Eolas breise:	Tá easpa deiseanna úsáide Gaeilge ag tuismitheoirí agus teaghlaigh sa LPT. Léiríonn na torthaí taighde (mír 5.5) go bhfuil éileamh ar na seirbhísí seo a leanas i measc thuistí; club obair bhaile, grúpa tuismitheoirí/ seantuismitheoirí agus leanaí trí Ghaeilge, imeachtaí spráil do theaghlaigh i nGaeilge (m.sh. ceardaíocht, cócaireacht, ealaín trí Ghaeilge), club scéalaíochta do thuismitheoirí agus páistí. Ní mór go mbeadh polasaí soiléir Gaeilge i bhfeidhm agus timpeallacht a bheadh fabhrach i leith na Gaeilge agus a spreagfadh úsáid na Gaeilge ag na himeachtaí seo. Moltar go mbeidh ócáid shóisialta rialta amháin trí Ghaeilge ar a laghad ar siúl do thuistí/teaghlaigh i ngach ceantar bhunscoil Gaeltachta le linn na scoilbhliana. Cothófar ceangal le coistí na dtuismitheoirí sna bunscoileanna Gaeltachta d'fhonn tacú le himeachtaí rialta trí Ghaeilge a reáchtáil do theaghlaigh sna ceantair bhunscoile sin. Déanfar an nasc a láidriú idir an bhunscoil Gaeltachta agus na tuismitheoirí/an baile trí bhreis imeachtaí sóisialta trí Ghaeilge a chur ar fáil agus <i>éileamh a mhúscailt</i> i measc na dtuismitheoirí ar na himeachtaí sin. Tabharfar tacaíocht do na himeachtaí sóisialta trí Ghaeilge atá á reáchtáil do thuismitheoirí agus páistí sa LPT cheana féin (m.sh. club Gaeilge san Iarnóin, Cineclub na n-Óg) agus déanfar iad a leathnú amach de réir a chéile. Bunófar líonra cumarsáide idir tuismitheoirí an LPT atá fabhrach don Ghaeilge agus/nó a úsáideann an Ghaeilge sa bhaile. Mar shampla, (i) leathanach agus grúpa <i>Facebook</i> 'Tuistí le Gaeilge in Iorras' a bhunú chun tuismitheoirí a chur i dteagmháil le chéile agus chun eolas cuí, míreanna fuaime agus físe a roinnt ina measc, chomh maith le sonraí faoi imeachtaí trí Ghaeilge atá ar siúl do theaghlaigh a fhógairt. (ii) <i>blog</i> ó thuismitheoirí agus atá dírithe ar thuismitheoirí a chur ar bun, a phléann le buntáistí na Gaeilge don teaghlach agus don pháiste, maille le moltaí a roinnt, dúshláin a phlé agus mar sin de (nasctha le beart 6.3.1). (iii) brainse de Thuismitheoirí na Gaeltachta a bhunú nó ceangal le 'Teaghlaigh Ghlór na nGael' a shocrú má tá éileamh air.
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir agus áisitheoir) Príomhoidí ó bhunscoileanna Gaeltachta an LPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Coistí na dtuismitheoirí (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Scoláirí agus tuismitheoirí (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Glór na nGael (tacaíocht)
Saolré an bhirt:	Socrúithe agus ullmhúchán: Bliain 1

	Feidhmiú: Bliain 2-7.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Cuid de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1. Braitheann costais reáchtála ar chineál na n-imeachtaí a eagrófar. M.sh. Imeachtaí i 7 scoil Ghaeltachta $7 \text{ n-ionad} \times 20 \text{ seachtain} \times €50 \text{ ráta aisitheora} = €7,000$
Costas measta iomlán:	€42,000: €7,000 x 6 (bliain a 2 – 7) Costais clódóireachta, poiblíochta, srl anuas air sin.
Foinsí maoinithe:	Cúnamh ó chúntóirí teanga? (beart 6.2.4) Feachtas bhailiúcháin airgid ag coistí na dtuismitheoirí. Aon chiste eile?
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: Muinín na dtuismitheoirí a chothú i dtaca le húsáid na Gaeilge sa bhaile agus mar chuid d'imeachtaí teaghlaigh. Teaghlaigh nua a mhealladh chuig na himeachtaí. Réiteach: Feachtas (beart 6.3.1). Plé agus soiléiriú a dhéanamh ar pholasaí teanga na n-imeachtaí ón tús agus ag áisitheoir maith a shocrú do gach imeacht chun cuidiú le húsáid na Gaeilge a spreagadh.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Baileoidh an FPT bileoga aiseolais ó na daoine a fhreastalaíonn ar na himeachtaí chun a dtuairimí a bhailiú i dtaobh fiúntas na n-imeachtaí agus maidir le haon hathruithe ar nósmaireachtaí úsáide teanga. Cuirfear leasuithe cuí i bhfeidhm ar imeachtaí bunaithe ar an aiseolas sin.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	(i) Moltar go mbeidh ócáid shóisialta rialta amháin trí Ghaeilge ar a laghad ar siúl do thuistí/teaghlaigh i ngach ceantar bhunscoil Gaeltachta le linn na scoilbhliana. (ii) Féachfar le líon na n-imeachtaí agus na rannpháirtithe a chothú agus a mhéadú más féidir. (iii) Tuairisc na bpríomhoidí agus aiseolas ó choistí na dtuismitheoirí.

6.4 Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile

Beart 6.4.1 Imeachtaí don Óige (lasmuigh den scoil)

Beart:	Deiseanna sóisialaithe trí Ghaeilge a chruthú agus a chothú do dhaoine óga trí ghréasán na gclubanna óige lán-Ghaeilge sa LPT.
Réimsí:	C (seirbhísí don aos óg...) & J (seirbhísí sóisialta & caitheamh aimsire)
Critéir pleanála teanga:	2, 3, 10, 11 12
Aidhm an bhirt:	(i) níos mó imeachtaí trí Ghaeilge amháin a chur ar siúl do dhaoine óga lasmuigh den chóras oideachais; (ii) labhairt rialta na Gaeilge a chothú agus a mhéadú i measc an aosa óig, i gcomhthéacsanna neamhfhoirmiúla; (iii) úsáid na Gaeilge a chothú mar ghnáthchleachtas nó nós sóisialta eatarthu de réir a chéile; (iv) tearmainn teanga agus gréasáin Ghaeilge a fhorbairt do dhaoine óga i gclubanna óige in imeacht ama.
Eolas breise:	Léiríonn torthaí taighde na ndaoine óga (i) go bhfuil easpa deiseanna úsáide Gaeilge go sóisialta ag an aos óg (mír 5.2) (ii) nach bhfuil an Ghaeilge in úsáid i measc an aosa óig eatarthu féin lasmuigh den seomra ranga. Tabharfaidh an FPT tacaíocht do lucht eagraithe na n-imeachtaí óige sna háiteanna a bhfuil imeachtaí trí Ghaeilge á reáchtáil cheana féin. Cinnteofar go mbíonn polasaí soiléir Gaeilge i bhfeidhm ag na himeachtaí seo. Molfar, mar shampla, go mbeidh fógra soiléir ar na bileoga/leabhráin/an stáiseanóireacht a bhaineann leis an gclub óige agus/nó an campa samhraidh le meabhrú do thuismitheoirí gur trí Ghaeilge amháin a bheidh imeachtaí an chlub. Tabharfar tacaíocht do chlubanna óige agus/nó do champaí samhraidh ar mian leo an polasaí a láidriú nó atá ag streachailt le gnéithe den pholasaí a chur i bhfeidhm. Cuirfear treoirlínte polasaí ar fáil más gá (Ní Dhoimhín et al, 2016:46). Tabharfar tacaíocht do ghrúpaí i gceantair eile sa LPT atá ag iarraidh club óige agus/nó campa samhraidh lán-Ghaeilge nua a bhunú, go mór mór sna ceantair ina bhfuil bunscoil Ghaeltachta. Moltar go mbeidh club óige agus campa samhraidh ag freastal ar gach scoil Ghaeltachta sa LPT. Féachfar le club nua lánGhaeilge a bhunú do dhéagóirí (múnla 'Crib na nÓg' atá mar chineál ionad bualadh isteach) i Ros Dumhach/Ceathrú Thaidhg agus ar an Eachléim, d'fhonn ionad nó spás sóisialta iarscoile a sholáthar le polasaí soiléir Gaeilge agus maoirseoirí oilte i mbun

	áisitheoireachta ann. Bunófar gréasán i measc na gclubanna óige lán-Ghaeilge sa LPT agus eagrófar imeachtaí chun baill a thabhairt le chéile uair sa téarma nó uair sa bhliain. Maidir le clubanna óige eile an LPT, féachfar le níos mó Gaeilge nó clár Gaeilge a chur i bhfeidhm sna clubanna seanbhunaithe trí Bhéarla cosúil le Foróige agus an <i>No Name Club</i> i mBéal an Mhuirthead. Léiríodh an-éileamh ar champaí samhraidh trí Ghaeilge a bheith ar siúl do dhéagóirí i ngach paróiste sa LPT. Féachfar leis an tseirbhís seo a fhorbairt i gcomhar le Muintearas. Tá an-suim ag déagóirí áitiúla freastal ar chúrsa Gaeilge i gcoláiste samhraidh chomh maith. Rachaidh an FPT i gcomhairle le lucht stiúrtha na gcoláistí áitiúla (UISCE agus coláiste Mhuigheo) chun na féidearthachtaí leis seo a phlé. Mar shampla, scéim scoláireachta Dháibhde Mhic Shuibhne (UISCE) a leathnú amach, leas níos mó a bhaint as scéim na gcúntóirí áitiúla agus mar sin de. Mar chuid bhreise den bheart seo, fiosrófar na féidearthachtaí chun cúrsa oiliúna FETAC in eachtraí uisce agus Gaeilge a bhunú do scoláirí iar-ardteiste an LPT (i gcomhar le Gaelcholáiste Chomáin agus UISCE).
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) Clubanna óige an LPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Campaí samhraidh an LPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Tuismitheoirí agus daoine óga an LPT (rannpháirtíocht) Óige na Gaeltachta (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Muintearas Teo. (tacaíocht) UISCE agus coláiste Mhuigheo (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Cumann na bhFiann (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Múinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile an LPT (tacaíocht) Cúntóirí teanga?
Saolré an bhirt:	Socruithe agus ullmhúchán: Bliain 1 Feidhmiú: Bliain 2-7 (6 bliana).
Costas measta in aghaidh na bliana:	Cuid de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1 Braitheann costais reáchtála go hiomlán ar chineál na n-imeachtaí a eagrófar.
Costas measta iomlán:	Braitheann costais reáchtála go hiomlán ar chineál na n-imeachtaí a eagrófar.
Foinsí maoinithe:	Foras na Gaeilge (scéim na n-imeachtaí óige) Óige na Gaeltachta
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: Daoine óga a mhealladh le freastal ar na clubanna óige seo. Úsáid na Gaeilge a spreagadh agus a bhainistiú go

	leanúnach i gcomhthéacs neamhfhoirmiúil, i measc daoine ar chumais éagsúla sa Ghaeilge agus aithne acu ar a chéile trí Bhéarla. Réiteach: Éileamh a mhúscailt ar na himeachtaí seo. Poiblíocht a dhéanamh ar na himeachtaí tríd na scoileanna. Áisitheoirí maithe a earcú, soiléiriú a dhéanamh ar pholasaí Gaeilge na n-imeachtaí agus imeachtaí taitneamhacha spráíúla ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Gach club óige mar thearmann teanga (beart 6.9.1). Tuismitheoirí a mhealladh le saoiacht a dhéanamh ag an gclub óige agus traenáil chuí a chur ar fáil maidir leis an nGaeilge a spreagadh agus a bhainistiú ann (beart 6.10.1). Ní mór cur le háiseanna Gaeilge agus trealamh an chlub óige gach bliain, ionas go mbeidh tóir ar an gclub agus daoine óga ag iarraidh freastal air. Caithfear fógraíocht agus forbairt rialta a dhéanamh ar na himeachtaí sóisialta seo trí Ghaeilge do dhaoine óga.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Coinneoidh an FPT taifead ar líon na ndaoine óga a fhreastalaíonn ar chlubanna óige agus ar champaí samhraidh lán-Ghaeilge sa LPT (i gcomhar le stiúrthóirí na gclubanna). Pléifear cleachtas teanga na mball sa suíomh sóisialta seo agus éifeacht an bhirt i dtuairim na stiúrthóirí.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	(i) coinneoidh an FPT taifead ar líon na n-imeachtaí a reáchtálfar faoin mbeart seo agus ar an bhfreastal. (ii) club óige ag freastal ar gach scoil Ghaeltachta. (iii) campa samhraidh ag freastal ar gach scoil Ghaeltachta. (iii) baileofar aiseolas ó rannpháirtithe agus ó stiúrthóirí na gclubanna/na gcampaí.

6.5 Deiseanna foghlama Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais

Beart 6.5.1 Sraith Ranganna Gaeilge

Beart:	Sraith ranganna Gaeilge a chur ar fáil agus a bhainistiú ag leibhéil éagsúla i bparóistí an LPT.
Réimsí:	D, J
Critéir pleanála teanga:	11, 12
Aidhm an bhirt:	(i) deiseanna foghlama Gaeilge ar ardchaighdeán a chur ar fáil do phobal an LPT go rialta, agus an pobal a mhealladh le tabhairt fúthu; (ii) cur le líon na ndaoine atá ábalta an Ghaeilge a úsáid go hinniúil; (iii) muinín, misneach agus inspreagadh i dtaca le labhairt na Gaeilge a chothú i measc na bhfoghlaimoirí; (iv) deiseanna saibhríthe teanga agus d'fhoghlaim neamhspleách na gcanúintí áitiúla a sholáthar do phobal an

	LPT; (v) cur le líon na gcainteoirí T2 Gaeilge i measc phobal an LPT go hincriminteach.
Eolas breise:	Léiríonn na torthaí taighde (mír 5.1.2) go bhfuil (i) easpa cumais sa Ghaeilge i measc sciar suntasach de phobal an LPT (ii) 82% de rannpháirtithe sásta a gcuid Gaeilge a fheabhsú (mír 5.1.1) (iii) agus an-éileamh ar ranganna Gaeilge i measc phobal an LPT (mír 4.6). Ní leor ranganna Gaeilge amháin chun cur le húsáid na Gaeilge i measc an phobail, ach ní féidir an Ghaeilge a úsáid (nó úsáid na Gaeilge a mhéadú) gan chumas sa teanga sin (Grin, 2003) (Ní Dhúda, 2014:56-57). Cuirfear sraith ranganna Gaeilge ar siúl go struchtúrtha rialta i ngach paróiste sa LPT (agus bunaithe ar éileamh, ó ghiantosaitheoirí go hardleibhéal) ach go mbeadh an bhéim ar chumas cumarsáide / labhartha agus go gcuirfí an chaoi le comhrá Gaeilge a thosú agus comhrá a iompú ar an nGaeilge san áireamh (Mac Donnacha et al, 2004:61). Moltar go ndéanfar forbairt ar chóras na ranganna Gaeilge sna limistéir Ghaeltachta ar fad, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, chun comhtháthú a dhéanamh ar ábhar feiliúnach, siollabas, acmhainní ar-líne, chun painéal de mhúinteoirí cáilithe a sholáthar agus mar sin de. Teastaíonn sprioc agus sainmhíniú soiléir do leibhéal éagsúla cumais, le go mbeidh éifeacht ag an bpleanáil teanga sa réimse seo. Moltar leas a bhaint as fráma tagartha na hEorpa chuige sin, a thugann léargas ar an speictream cumais sna scileanna teanga (.i. 'Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha') (Ní Dhúda, 2014:56). Moltar go mbeidh sé mar aidhm ag rannpháirtithe bogadh ar aghaidh chuig an gcéad leibhéal eile dá réir sin. D'fhéadfaí máistir-rang sna canúintí áitiúla a chur ar fáil (leis an Ollamh Mícheál Ó Mainnín, cuir i gcás) ach é a sheachadadh go leictreonach nó taifead a dhéanamh air, ionas go bhféadfaí an áis shaibhríthe teanga seo a roinnt ar shuíomh gréasáin Ghaeilge Iorrais chomh maith. Moltar go mbeidh na ranganna seo saor in aisce nó cuirfear liúntais áirithe ar fáil do rannpháirtithe, ag brath ar bhuiséad. Cuirfear ábhar na ranganna ar fáil ar líne mar chuid de shuíomh gréasáin GI ionas go mbeidh foghlaimeoirí in ann súil a chaitheamh air ina gcuid ama féin. Féachfar le gréasán Gaeilge a bhunú timpeall ar lucht

	freastail na ranganna Gaeilge. D'fhéadfaí teacht le chéile nó deis shóisialaithe trí Ghaeilge a eagrú idir rannpháirtithe in ionaid éagsúla ag deireadh gach téarma. Is riachtanach spreagthaí chun foghlama a chruthú chomh maith nó gach iarracht a dhéanamh daoine a mhealladh chun na deiseanna foghlama Gaeilge seo a thapú. Mar shampla, ceardlanna comhrá taitneamhacha a reáchtáil agus/nó modhanna éagsúla teagaisc a úsáid ag brath ar éileamh (m.sh. rang traidisiúnta, drámaíocht, damhsa srl.) (Ní Dhoimhín et al, 2016:49). Reáchtálfar feachtas mealltach nuálach ar na meáin éagsúla chun poiblíocht a dhéanamh ar na ranganna seo. Cuirfear béim ar an ngné shóisialta den fhoghlaím chomh maith.
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) Na hionaid seirbhísí teanga (tacaíocht & rannpháirtíocht) Údarás na Gaeltachta (tacaíocht)
Saolré an bhirt:	Socrúithe agus ullmhúchán: Bliain 1 Feidhmiú: Bliain 1-7 (7 mbliana).
Costas measta in aghaidh na bliana:	€3,000 (5 rang/paróiste x 20 seachtain @ €30 do gach múinteoir) Costas an mháistir-ranga (10 ceardlann @ €150 don léachtóir = €1,500)
Costas measta iomlán:	€21,000 + €10,500 = €31,500
Foinsí maoinithe:	Údarás na Gaeltachta agus/nó Conradh na Gaeilge Ciste traenála Leader.
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: Daoine a mhealladh le freastal ar na ranganna. Réitigh mholta: Ranganna suimiúla a sholáthar go háitiúil agus a chur in oiriúint do chumais agus do riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Spriocanna réadúla teanga a leagan amach dá réir sin. Poiblíocht éifeachtach a dhéanamh ar na ranganna ar na meáin éagsúla. Scéal faoi na ranganna a scaipeadh ó bhéal, go mór mór i measc pháirtithe leasmhara eile an phlean.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Baileofar bileoga aiseolais nó suirbhé gearr i measc rannpháirtithe ag tús agus ag críoch gach cúrsa maidir le cumas sa Ghaeilge, úsáid Gaeilge agus aon athruithe ar nósmaireachtaí úsáide teanga. Cuirfear leasuithe cuí i bhfeidhm ar chur chuige na ranganna bunaithe ar an aiseolas sin.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na ndaoine a bhíonn ag freastal ar ranganna éagsúla. Déanfar iarracht an tinreamh a choinneáil seasmhach agus cur leis gach bliain.

6.6 An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn

Beart 6.6.1 Comhpholasaí teanga do ghnólachtaí agus soláthróirí seirbhíse sa LPT

Beart:	Comhpholasaí teanga a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i ngnólachtaí agus in eagraíochtaí an LPT, i gcomhar le cumann tráchtála Iorrais.
Réimsí:	E, F, J, K
Critéir pleanála teanga:	13, 14, 15, 16, 18
Aidhm an bhirt:	(i) cur le feiceálacht, le seasamh agus le stádas na Gaeilge sa réimse poiblí agus i measc an spriocghrúpa seo; (ii) feasacht a mhúscailt i dtaca le húsáid na Gaeilge agus tábhacht an stádais Ghaeltachta do bhaile Bhéal an Mhuirthead agus don LPT trí chéile; (iii) comhpholasaí Gaeilge, maille le fíis straitéiseach chun úsáid na Gaeilge a chothú agus a fhorbairt sa réimse seo, a chomhaontú le cumann tráchtála Iorrais.
Eolas breise:	Tá ról tábhachtach ag eagraíochtaí agus ag gnólachtaí sa cheantar, ní hamháin i dtaca le fostaíocht agus seirbhísí a sholáthar ach maidir le húsáid teanga. Tá úsáid na Gaeilge ag brath go mór ar an tacaíocht institiúideach sin de bharr an chomhthéacs leochailigh teanga ina maireann muid (Ní Dhúda, 2010). Léiríodh an-éileamh ar níos mó deiseanna soiléire úsáide Gaeilge a bheith ar fáil sa LPT (mír 5.1.1). M.sh. ceapann 74.1% den phobal gur chóir go mbeadh breis seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil sa LPT, ba mhaith le 76.5% níos mó Gaeilge a úsáid i measc an phobail gach lá. Síleann 95.3% go bhfuil sé tábhachtach go mairfidh an Ghaeilge sa Ghaeltacht seo. Bunófar comhcheangal straitéiseach (a áiríonn líonra oibre agus cumarsáide) chun tairbhe na Gaeilge agus na Gaeltachta seo idir an FPT/GI agus cumann tráchtála Iorrais. Forbrófar comhpholasaí teanga i gcomhar le hionadaithe ón gcumann tráchtála. Cuirfear ceist ar ghnólachtaí, soláthróirí seirbhíse agus eagraíochtaí chun an comhpholasaí a dhaingniú agus/nó chun tacú leis (Ní Dhoimhín et al, 2016:49). Tabharfar eolas faoin scéim tacaíochta gnó (Foras na Gaeilge), faoi sheirbhís aistriúcháin Údarás na Gaeltachta agus faoi fheachtais GI chuig gnólachtaí, soláthróirí seirbhíse agus eagraíochtaí sa LPT.

	Féachfar leis an lón gnó le Gaeilge a thosú go rialta arís, i gcomhar leis an gcumann tráchtála.
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) Tacaíocht agus rannpháirtíocht ó na páirtithe seo a leanas: Cumann tráchtála Iorrais Lucht gnó agus seirbhísí an LPT Eagraíochtaí an LPT.
Saolré an bhirt:	Socrúithe agus ullmhúchán: Bliain 2 Feidhmiú: Bliain 3-7 (5 bliana).
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1 Lorgófar tairiscint speisialta do rannpháirtithe ag an lón gnó le Gaeilge.
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1
Foinsí maoinithe:	Foras na Gaeilge (scéim tacaíochta gnó)
Dúshlán fheideartha & réitigh:	Dúshlán: Gnólachtaí a spreagadh le suim a chur san fheachtas seo agus an comhpholasaí a dhaingniú. Réitigh mholta: Cinnteofar go mbeidh an comhpholasaí agus gach comhfhreagras gearr, soiléir agus dátheangach leis an spriocghrúpa seo.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfaidh an FPT monatóireacht ar fhorbairt agus ar chomhaontú an chomhpholasaí leis an gcumann tráchtála.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Coinneoidh an FPT liosta de na gnólachtaí agus de na heagraíochtaí a thacaíonn leis an gcomhpholasaí. Féachfar le tuilleadh gnólachtaí agus eagraíochtaí a mhealladh gach bliain.

Beart 6.6.2 Clár tacaíochta teanga do ghnólachtaí

Beart:	Clár tacaíochta teanga a fhorbairt do ghnólachtaí agus do sholáthróirí seirbhíse ar mian leo úsáid na Gaeilge a mhéadú agus/nó seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar.
Réimsí:	C, D, E, F, K
Critéir pleanála teanga:	11, 12, 13, 14, 15, 16, 18, 19
Aidhm an bhirt:	(i) cur le hacmhainn agus le cumas na ngnólachtaí sa LPT seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil, breis Gaeilge a úsáid sa ghnó agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa scéim seo (m.sh. ranganna Gaeilge ar fáil don fhoireann, cúrsa oiliúna sa chinnireacht teanga a reáchtáil agus mar sin de); (ii) níos mó deiseanna soiléire úsáide Gaeilge agus spreagthaí úsáide Gaeilge a chruthú agus a chothú i ngnólachtaí agus mar chuid de sheirbhísí áitiúla; (iii) tacaíocht teanga a sholáthar do ghnólachtaí agus d'eagraíochtaí áitiúla; (iv) úsáid laethúil na Gaeilge a chothú agus a mhéadú sa réimse poiblí (gnólachtaí, eagraíochtaí agus seirbhísí áitiúla) i

	gcomhar leis an gcumann tráchtála de réir a chéile; (v) cur le líon agus caighdeán na ndeiseanna úsáide Gaeilge i ngnólachtaí agus in eagraíochtaí áitiúla in imeacht ama; (vii) líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais a ardú go hincriminteach.
Eolas breise:	Tá an-chumhacht agus seasamh ag institiúidí agus eagraíochtaí norm teanga a bhunú agus a bhuanú (Ní Dhúda, 2014a:41). Rachfar i gcion orthu siúd a chuireann seirbhísí ar fáil sa LPT agus i mbaile Bhéal an Mhuirthead ach go háirithe (atá le bheith ina bhaile seirbhíse Gaeltachta amach anseo), agus déanfar gach iarracht gnólachtaí/eagraíochtaí áitiúla a ghríosú chun: (i) páirt a ghlacadh sa scéim dheonach pleanála teanga do ghnólachtaí / soláthróirí seirbhíse. (ii) plean teanga dá gcuid féin a réiteach agus a fheidhmiú, maille le hoifigeach Gaeilge a cheapadh dóibh féin chun cuidiú leis sin (nasctha le beart 6.6.1) (iii) 'an tairiscint ghníomhach' a thabhairt i bhfeidhm, chun rogha shoiléir teanga a chur ar a súile do dhaoine agus chun tuilleadh deiseanna soiléire úsáide Gaeilge atá tarraingteach a chruthú i ngnólachtaí áitiúla. Leis an gcur chuige seo, déanann oibrithe sna gnólachtaí agus sna heagraíochtaí gach iarracht chun a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge a fhógairt (m.sh. beannú do gach custaiméir i nGaeilge, fógra Gaeilge a chur ag an scipéad airgid agus/nó ar an doras tosaigh, an fón a fhreagairt le Gaeilge agus mar sin de). (iv) an bheannacht agus suaitheantas faoi leith a úsáid (.i. 'labhair Gaeilge liom') chun tosaíocht teanga don Ghaeilge a dhéanamh níos follasaí agus ionas go mbeidh réamheolas cuí ag custaiméirí maidir le húsáid na Gaeilge, gan aon bhrú nó breithiúnas (Ní Dhúda 2014a:69) (nasctha le beart 6.11.1). (v) feiceálacht na Gaeilge a mhéadú i ngnólachtaí an LPT (ar fhógraí, ar chomharthaí, ar bholscaireacht, ar na meáin shóisialta srl.). Cuirfear an scéim ar fáil ar bhonn píolótach do líon teoranta gnólachtaí ar dtús, i gcomhar le cumann tráchtála Iorrais. Tabharfar cuireadh do ghnólachtaí iarratas/léiriú spéise a dhéanamh chun páirt a ghlacadh sa scéim. Tabharfar tosaíocht do na gnólachtaí is mó tionchair sa LPT. Chuir Ní Dhúda agus Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile scéim mar seo ar bun ar bhonn píolótach i

	bparóiste na Cille Móire (2014-2015). Tógfar ar an gclár seo bunaithe ar thorthaí foghlama na hoibre sin (eolas breise http://ionaddeirbhile.ie/an-ghaeilge/pleanail-teanga-lamhleabhar2013). Caithfear dul i bhfeidhm ar mhuintir na háite chun seirbhísí trí Ghaeilge a lorg agus a úsáid chomh maith (mar chuid de bheart 6.11.1). Cuirfear liosta de na gnólachtaí atá rannpháirteach sa scéim seo agus/nó a chuireann seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil agus/nó oibríthe ar féidir an Ghaeilge a labhairt leo ar shuíomh GI. Iarrfar ar ghnólachtaí an t-eolas seo a chur ar a gcuid fógraíochta/bolscaireachta féin freisin. Mar chuid eile den bheart seo, cuirfear ceardlanna praiticiúla teanga dírithe ar chomhthéacs an ghnó ar fáil, chomh maith le tacaíochtaí foghlama agus cumarsáide Gaeilge. Beidh an tacaíocht teanga seo ar fáil saor in aisce d'fhoireann na ngnólachtaí atá rannpháirteach sa scéim, d'fhonn cur ar a gcumas seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar go héifeachtach. Cuirfear spreagthaí soiléire ar fáil do ghnólachtaí chun an obair seo a dhéanamh (.i. tacaíocht, aitheantas, comórtas, agus poiblíocht). Mar shampla, féachfar le scéim aitheantais agus duaiseanna a chur ar bun do chinnirí teanga agus/nó d'eiseamláirí nó ambasadóirí na Gaeilge sa réimse seo (m.sh. leagan de ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh a chur ar bun). Beidh an gradam seo dírithe ar sholáthróirí seirbhíse atá sásta an Ghaeilge a labhairt, a roinnt agus a chur chun cinn. Tabharfar spreagadh do chomhlachtaí le cur isteach ar an stádas Q-mharc Gnó le Gaeilge (Foras na Gaeilge) freisin (Ní Dhoimhín et al, 2016:49).
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) Cumann tráchtála Iorrais (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Lucht gnó, seirbhísí agus eagraíochtaí an LPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Pobal an LPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Údarás na Gaeltachta & Gnó Mhaigh Eo (tacaíocht) Foras na Gaeilge (tacaíocht agus urraíocht).
Saolré an bhirt:	Socruithe agus ullmhúchán: Bliain 1 Scéim phíolótach: Bliain 2 (c. X gnólacht/eagraíocht) Athbhreithniú & feidhmiú: Bliain 3-7.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Cuid de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1 (.i. clár a fhorbairt agus a chur ar bun) Ranganna Gaeilge (faoi 6.1.1) Áiseanna & leabhrán a fhorbairt agus/nó a chur ar fáil
Costas measta iomlán:	Roinnt de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Foinsí maoinithe:	
Dúshlán	Dúshlán: Gnólachtaí a spreagadh le páirt a ghlacadh sa

fhéideartha & réitigh:	scéim seo. Réiteach molta: Comhoibriú leis an gcumann tráchtála chun gnólachtaí a spreagadh le tabhairt faoin nGaeilge a úsáid sa ghnó.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfaidh an FPT monatóireacht ar chur i bhfeidhm na scéime sna gnólachtaí agus eagraíochtaí atá rannpháirteach. Féachfar le tuilleadh gnólachtaí agus eagraíochtaí a mhealladh gach bliain.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	(i) Coinneoidh an FPT taifead ar líon na ngnólachtaí agus eagraíochtaí a ghlacann páirt sna ranganna agus sa scéim seo. (ii) Mar aidhm go mbeidh stádas mar thearmann teanga ag X gnólacht/eagraíocht faoi Y.

Beart 6.6.3 Buntáiste eacnamaíoch na Gaeilge don LPT

Beart:	Taighde a chur i gcrích maidir le (i) luach na Gaeilge don eacnamaíocht áitiúil sa LPT (ii) na deiseanna forbartha gnó le Gaeilge atá ann.
Réimsí:	E, F, G, K
Critéir pleanála teanga:	3, 13, 14, 18
Aidhm an bhirt:	(i) fianaise taighde-bhunaithe a sholáthar maidir le luach agus buntáiste eacnamaíoch na Gaeilge do bhaile Bhéal an Mhuirthead agus do LPT Mhaigh Eo Thuaidh; (ii) cur le seasamh agus le stádas na Gaeilge sa réimse poiblí agus i measc phobal an LPT; (iii) feachtas a mhúscailt i dtaca le húsáid na Gaeilge agus tábhacht an stádais Ghaeltachta do bhaile Bhéal an Mhuirthead agus don LPT trí chéile; (iv) buntáiste eacnamaíoch na Gaeilge a chur ar a súile d'eagraíochtaí, do chomhlachtaí agus do sholáthróirí seirbhíse an LPT d'fhonn úsáid na Gaeilge a mhéadú sa réimse seo de réir a chéile.
Eolas breise:	Déanfar coimisiúnú ar thuarascáil taighde chun buntáistí geilleagracha na Gaeilge don LPT seo a chur i dtoll a chéile (faoi mar a rinne Gaillimh le Gaeilge), i gcomhar leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta agus cumann tráchtála Iorrais. Ní heol don údar seo go ndearnadh a leithéid de thaighde riamh i gceantar tuaithe. Tá an-tábhacht leis an obair seo chun treisiú le gradam agus bolscaireacht na Gaeilge sa LPT seo. Seolfar an staidéar go poiblí nuair a bheidh an taighde curtha i gcrích. Scaipfear na torthaí i measc ghnólachtaí agus eagraíochtaí áitiúla ach go háirithe. Mar chuid eile den bheart seo agus mar a mhol Ní Dhoimhín et al (2016:51), tabharfar cuireadh d'Fáilte Éireann cur i

	láthair a dhéanamh don lucht gnó sa LPT maidir le (i) tionscadal na turasóireachta i dtuaisceart Mhaigh Eo (ii) an turasóireacht teanga agus chultúrtha sa Ghaeltacht agus na deiseanna forbartha gnó sa réimse seo (iii) straitéisí chun níos mó turasóirí a mhealladh agus (iv) buntáiste eacnamaíoch na Gaeilge don lucht gnó agus turasóireachta sa LPT seo. Pléifear féidearthachtaí le Fáilte Éireann maidir le haitheantas faoi leith a thabhairt do cheantair Ghaeltachta atá mar chuid de Shlí an Atlantaigh Fhiáin, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta (Ní Dhoimhín et al, 2016:52).
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) Tacaíocht agus rannpháirtíocht ó na páirtithe seo a leanas: Cumann tráchtála Iorrais Lucht gnó, seirbhísí agus eagraíochtaí an LPT An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta Údarás na Gaeltachta Fáilte Éireann.
Saolré an bhirt:	Socruithe agus ullmhúchán: Bliain 3 Feidhmiú: Bliain 3-7.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Cuid de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1
Costas measta iomlán:	Roinnt de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1. Costas measta an staidéir €20,000
Foinsí maoinithe:	Ciste FLAGS An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta Údarás na Gaeltachta
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Ní shamhlaítear go mbeidh aon dúshlán mór i gceist leis an mbeart seo a chur i gcrích.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Tuarascáil taighde cuimsitheach le fianaise chuí ar fáil.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Beidh taighdeoir/comhairleoir an staidéir ag plé leis an mbainisteoir pleanála teanga i gcomhar le cathaoirleach chumann tráchtála Iorrais. Beidh de dhualgas ar an taighdeoir tuairiscí rialta a sholáthar ar dhul chun cinn.

6.7 Na Meáin Chumarsáide

Beart 6.7.1 Na Meáin Chumarsáide

Beart:	Córas comhordaithe feasachta agus poiblíochta a dhaingniú agus a chur i bhfeidhm ar na meáin chumarsáide éagsúla.
Réimsí:	G (A-K ag brath ar an bhfeachtas)
Critéir pleanála teanga:	16, 19
Aidhm an bhirt:	(i) córas comhordaithe feasachta agus poiblíochta a dhaingniú agus a chur i bhfeidhm ar na meáin chumarsáide éagsúla (trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge araon) mar chuid lárnach d'fheidhmiú an phlean teanga; (ii) pobal an LPT a chur ar an eolas faoi na bearta éagsúla mar chuid den phlean teanga; (iii) díospóireacht agus machnamh faoi cheist na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge a mhúscailt i mbéal an phobail; (iv) rannpháirtíocht a spreagadh sa phróiseas pleanála teanga, le linn shaolré an phlean ach go háirithe; (v) úinéireacht, freagracht agus dílseacht ar an bpróiseas pleanála teanga agus ar an bplean teanga a chothú i measc an phobail.
Eolas breise:	Ag tarraingt ar an gcur chuige a úsáideadh san fheachtas a bhain le hullmhú an phlean (mír 4.2), daingneofar córas comhordaithe feasachta agus poiblíochta mar chuid lárnach d'fheidhmiú na mbeart éagsúil sa phlean. Bainfear gach leas as na meáin chumarsáide dhifriúla (.i. na meáin chraolta, chlóite, shóisialta agus mar sin de). Déanfar stocaireacht tríd an FPT/GI chun cinntiú go mbeidh ról lárnach ag na meáin chumarsáide áitiúla (.i. <i>Midwest Radio, Erris FM, Mayo News, Western People</i> srl.) san obair seo agus ionas go mbeidh freastal rialta agus níos fearr á dhéanamh orthu ar phobal na Gaeltachta i Maigh Eo. Mar shampla (a) tacú leis an bplean agus bearta an phlean a phoibliú (b) breis Gaeilge a mhealladh as na meáin thraidisiúnta seo ar bhonn rialta. Caithfear oiliúint chuí a shocrú don FPT, mura mbeidh na scileanna acu, i dtaca le straitéisí feasachta/margaíochta agus fógraíochta ar na meáin shóisialta ach go háirithe. Déanfar forbairt mhór ar shuíomh gréasáin Ghaeilge Iorrais mar chuid den bheart seo (www.gaeilgeiorrais.ie) Cuirfear leis an eolas seo i mír 8.
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) Na meáin chumarsáide éagsúla (tacaíocht agus ardú feasachta).
Saolré an bhirt:	Socruithe agus ullmhúchán: Bliain 1 Feidhmiú: Bliain 1-7.

Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Ní shamhlaítear go mbeidh aon dúshlán mór ag roinnt leis an mbeart seo a chur i gcrích.
Monatóireacht ar éifeacht agus ar fheidhmiú an bhirt:	Coinneoidh an FPT taifead ar (i) líon na n-alt (ii) líon/fad na n-agallamh raidió (iii) an trácht ar leathanach <i>Facebook</i> GI (iv) an trácht ar shuíomh GI faoi ghníomhaíochtaí Ghaeilge Iorrais.

6.8 Seirbhísí Poiblí

Beart 6.8.1 Seirbhísí Stáit

Beart:	Feachtas feasachta agus rannpháirtíochta a sheoladh maidir le cearta teanga faoi <i>Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003</i> agus na seirbhísí stáit atá ar fáil trí Ghaeilge sa LPT.
Réimsí:	G, H
Critéir pleanála teanga:	3, 13, 16, 18
Aidhm an bhirt:	(i) muinín, misneach agus inspreagadh a chothú i measc chainteoirí Gaeilge an LPT i dtaca le húsáid na Gaeilge leis an tseirbhís poiblí; (ii) cur le líon na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge agus iad ag plé leis an tseirbhís poiblí; (iii) feabhas a chur ar líon agus ar chaighdeán na seirbhísí poiblí atá ar fáil trí Ghaeilge sa LPT go céimnithe, i gcomhar le páirtithe leasmhara cuí; (iv) úsáid laethúil na Gaeilge a chothú agus a mhéadú sa tseirbhís poiblí ar fud an LPT go hincriminteach.
Eolas breise:	Taispeánann na torthaí taighde nach labhraíonn 59% de phobal an LPT aon Ghaeilge 'riamh' agus iad i mbun plé leis an stát. Ní úsáideann ach 2.5% an Ghaeilge 'i gcónaí' sa réimse seo. Mar sin, moltar cearta teanga an duine agus dualgais an stáit faoi <i>Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003</i> a chur ina luí ar phobal an LPT go soiléir, i gcomhar le hOifig an Choimisinéara Teanga, d'fhonn muintir na háite a spreagadh chun an Ghaeilge a úsáid i mbun plé leis an státchóras (Ní Dhúda, 2014: 76-77). Déanfar taighde breise go háitiúil ar sholáthar na seirbhísí stáit trí Ghaeilge sa LPT. Réiteofar plean gníomhaíochta dá réir sin. D'fhéadfaí, mar shampla, bileoga eolais a scaipeadh, póstaí a chur ar fáil, lá feasachta/eolais a

	reáchtáil chun gach eolas ábhartha faoin Acht a roinnt i measc an phobail .i. na deiseanna úsáide Gaeilge atá dlite agus ar fáil a shoiléiriú (m.sh. le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim, an Roinn Coimirce Sóisialaí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, na cúirteanna agus mar sin de). Féachfar le soláthróirí na seirbhísí stáit sa cheantar a mhealladh chun páirt a ghlacadh sa scéim dheonach pleanála teanga (beart 6.6.2) agus sna ceardlanna ar chinnireacht teanga (beart 6.10.1) chomh maith. Déanfaidh an FPT ceangal a chothú leis an oifigeach Gaeilge sna heagraíochtaí éagsúla stáit agus i gcomhlachtaí poiblí an LPT (m.sh. an comhairle chontae, leabharlann, Gardaí, oifigí poist agus mar sin de) chun borradh a chur faoi fhógraíocht na seirbhísí Gaeilge atá á gcur ar fáil acu agus mar sin de. Cuirfear ceangal chuig an bhfoirm teagmhála ar www.coimisineir.ie ar shuíomh gréasáin GI ionas go mbeidh teacht go héasca ag pobal an LPT air (Ní Dhoimhín et al, 2016:53).
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) Oifig an Choimisinéara Teanga (tacaíocht agus ardú feasachta) Soláthróirí na seirbhísí stáit sa LPT (tacaíocht) Conradh na Gaeilge (tacaíocht agus ardú feasachta) Na meáin éagsúla (tacaíocht agus ardú feasachta).
Saolré an bhirt:	Socrúithe agus ullmhúchán: Bliain 4 Feidhmiú: Bliain 5-7.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Ní shamhlaítear go mbeidh aon dúshlán mór ag roinnt leis an mbeart seo a chur i gcrích go sásúil.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfar fiosrúchán le hOifig an Choimisinéara Teanga chun tuairisc a fháil maidir le líon na bhfiosrúcháin agus na ngearán a thagann ón LPT seo.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Coinneofar taifead ar líon na seirbhísí stáit atá ar fáil go soiléir agus go furasta i nGaeilge sa LPT.

Beart 6.8.2 Seirbhísí Sláinte

Beart:	Borradh a chur faoi úsáid na Gaeilge i measc sholáthróirí na seirbhísí sláinte sa LPT.
Réimsí:	H
Critéir pleanála teanga:	3, 13, 14, 18
Aidhm an bhirt:	(i) feasacht, inspreagadh agus muinín a chothú i dtaca le húsáid na Gaeilge i réimse na sláinte go háitiúil; (ii) cur le feiceálacht agus stádas na Gaeilge sa réimse seo; (iii) feabhas a chur ar líon agus ar chaighdeán na seirbhísí sláinte atá ar fáil trí Ghaeilge sa LPT go céimnithe, i gcomhar le páirtithe leasmhara cuí; (iv) cur le líon na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge agus iad ag plé le soláthróirí na seirbhísí sláinte sa LPT de réir a chéile.
Eolas breise:	Taispeánann na torthaí taighde nach n-úsáideann 73.1% de phobal an LPT aon Ghaeilge 'riamh' le seirbhísí sláinte. Bunófar comhcheangal straitéiseach (a áiríonn líonra oibre agus cumarsáide) chun tairbhe na Gaeilge idir an FPT/GI agus soláthróirí na seirbhísí sláinte sa LPT. Cuirfear ceist ar sholáthróirí na seirbhísí sláinte sa LPT chun tacú leis an gcomhpholasaí teanga do sholáthróirí seirbhíse (beart 6.6.1) agus/nó chun páirt a ghlacadh sa chlár tacaíochta teanga (beart 6.6.2). Déanfar a thuilleadh taighde go háitiúil maidir le soláthar na seirbhísí sláinte trí Ghaeilge sa LPT agus na hoibrithe sláinte a bhfuil Gaeilge acu agus réiteofar plean gníomhaíochta dá réir sin. Mar shampla, cuirfear treoirínte polasaí ar fáil do réimse na sláinte má bhíonn éileamh orthu (.i. maidir le feiceálacht na Gaeilge sna hoifigí agus sna seomraí feithimh, cúrsaí comhfhreagrais, an tairiscint ghníomhach agus mar sin de) (Ní Dhoimhín et al, 2016:53). Tá an beart seo dlúthnasctha le beart 6.8.1.
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) Soláthróirí na seirbhísí sláinte sa LPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Oifig an Choimisinéara Teanga (tacaíocht agus ardú feasachta) Conradh na Gaeilge (tacaíocht agus ardú feasachta) Na meáin éagsúla (tacaíocht agus ardú feasachta).
Saolré an bhirt:	Socrúithe agus ullmhúchán: Bliain 4 Feidhmiú: Bliain 5-7.
Costas measta in aghaidh na	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1

bliana:	
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Ní shamhlaítear go mbeidh aon dúshlán mór ag gabháil leis an mbeart seo a chur i gcrích.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Coinneoidh an FPT taifead ar na seirbhísí sláinte atá ag glacadh páirt sa phróiseas pleanála teanga agus ar na hiarrachtaí atá ar bun acu chun tacú le seasamh agus úsáid na Gaeilge.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Coinneoidh an FPT liosta de na seirbhísí sláinte a thacaíonn leis an gcomhpholasaí agus/nó a ghlacann páirt sa chlár tacaíochta teanga.

Beart 6.8.3 Seirbhísí Eaglasta

Beart:	Cuir borradh faoi úsáid na Gaeilge mar chuid de sheirbhísí eaglasta sa LPT.
Réimsí:	C, H
Critéir pleanála teanga:	2, 3, 12, 14, 15, 18
Aidhm an bhirt:	(i) méadaigh úsáid agus feiceálacht na Gaeilge i seirbhísí eaglasta an LPT de réir a chéile; (ii) cuir seirbhís eaglasta ar fáil i nGaeilge i bparóistí an LPT.
Eolas breise:	Taispeánann na torthaí taighde go bhfuil éileamh ar níos mó Gaeilge a bheith in úsáid mar chuid de sheirbhísí eaglasta sa LPT. Tá an-chumhacht agus seasamh ag institiúidí cosúil leis an eaglais norm teanga a bhunú agus a bhuanú (Ní Dhúda, 2010:331). Chuirfeadh tearmann teanga an tséipéil ionad eile ar fáil ina bhfuil cúis shoiléir an Ghaeilge a úsáid, comhthéacs eile ar fáil chun í a chothú agus a chloisteáil go háitiúil. Téann deiseanna úsáide teanga den chineál seo i bhfeidhm ar mheon na ndaoine i leith na Gaeilge agus ar chumas Gaeilge mhuintir na háite (Ní Dhúda, 2014a). Rachaidh an FPT i gcomhairle leis an gcléir áitiúil agus le deoise Chill Ala agus déanfar gach iarracht iad a mhealladh chun plean Gaeilge a réiteach do pharóistí an LPT seo agus/nó chun páirt a ghlacadh sa scéim dheonach pleanála teanga (beart 6.6.2). Tabharfar gach tacaíocht agus misneach don chléir áitiúil i dtaca leis an nGaeilge. Mar shampla, d'fhéadfaí cur leis an méid Gaeilge a chloistear sa séipéal diaidh ar ndiaidh (m.sh. go mbeidh bileoga Aifrinn agus na hiomann i nGaeilge i dtosach, ansin na paidreacha agus na léachtaí agus mar sin

	de) (Ní Dhúda, 2014a). D'fhéadfaí leabhrán de phaidreacha na háite agus iomann Ghaeilge a chur i dtoll a chéile, i gcomhar le bunscoileanna Gaeltachta an LPT, mar chuid den bheart seo freisin.
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) Deoise Chill Ala (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Na sagairt áitiúla (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Scoileanna Gaeltachta an LPT (tacaíocht agus ardú feasachta).
Saolré an bhirt:	Socrúithe agus ullmhúchán: Bliain 4 Feidhmiú: Bliain 5-7.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Ní shamhlaítear go mbeidh aon dúshlán mór ag roinnt leis an bheart seo a chur i gcrích.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Coinneoidh an FPT taifead ar na seirbhísí eaglasta éagsúla atá ag glacadh páirt sa phróiseas pleanála teanga agus ar an méid Gaeilge a bhíonn in úsáid acu.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Coinneoidh an FPT taifead agus miontuairiscí ar an teagmháil le séipéil an LPT agus le hoifig dheoise Chill Ala.

6.9 Pleanáil & Forbairt Fhisiceach

Beart 6.9.1 Tearmainn Teanga

Beart:	Tearmainn teanga a aithint agus a fhorbairt sa LPT.
Réimsí:	I, J
Critéir pleanála teanga:	2, 3, 8, 10, 11, 12, 13, 17, 19
Aidhm an bhirt:	(i) stádas agus úsáid na Gaeilge a dhéanamh níos follasaí in institiúidí áirithe sa LPT; (ii) tearmainn teanga a aithint agus a fhorbairt sa LPT.
Eolas breise:	Tá an-chumhacht agus seasamh ag institiúidí norm teanga a bhunú agus a bhuanú (Ní Dhúda, 2010:331). Forbróidh an FPT scéim aitheantais agus critéir faoi leith (i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta) d'institiúidí an LPT atá ag iarraidh aitheantas a bhaint amach mar 'thearmann teanga' .i. ionad aitheanta eiseamláireach ina bhfuil fáilte fhollasach roimh an nGaeilge agus cúis shoiléir í a úsáid. Mar shampla, beidh aitheantas mar thearmann teanga ag brath ar pholasáí fabhrach don Ghaeilge a bheith i bhfeidhm agus/nó seirbhís trí Ghaeilge a bheith á tairiscint go soiléir

	agus ar fáil gan stró. Tabharfar gach poiblíocht do na tearmainn teanga seo ar shuíomh gréasáin GI. Tá an beart seo nasctha le beart 6.6.2 agus beart 6.11.1.
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) Tacaíocht agus rannpháirtíocht ó na páirtithe seo a leanas: Naíonraí an LPT Scoileanna Gaeltachta an LPT Coláistí samhraidh agus clubanna óige an LPT Cumann tráchtála Iorrais Lucht gnó, seirbhísí agus eagraíochtaí an LPT.
Saolré an bhirt:	Socrúithe agus ullmhúchán: Bliain 3 Feidhmiú: Bliain 4-7.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Roinnt de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1 Fógra buan a dhearadh agus a chur ar fáil
Costas measta iomlán:	€5,000
Foinsí maoinithe:	An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge? Conradh na Gaeilge?
Dúshláin fhéideartha & réitigh:	Ní shamhlaítear go mbeidh aon dúshlán mór ag roinnt leis an mbeart seo a chur i gcrích.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Coinneoidh an FPT taifead ar líon na n-eagraíochtaí áitiúla a chláraíonn le bheith aitheanta mar thearmann teanga.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Coinneoidh an FPT taifead ar líon na n-eagraíochtaí áitiúla a bhaineann stádas amach mar thearmann teanga.

Beart 6.9.2 Comhairle Contae Mhaigh Eo

Beart:	Comhpháirtíocht teanga a bhunú le comhairle contae Mhaigh Eo.
Réimsí:	H, K
Critéir pleanála teanga:	3, 13, 17, 18
Aidhm an bhirt:	(i) feasacht, inspreagadh agus muinín a chothú i dtaca le húsáid na Gaeilge i gcomhairle contae Mhaigh Eo; (ii) cur le feiceálacht agus le stádas na Gaeilge sa LPT, i gcomhar le comhairle contae Mhaigh Eo; (iii) feabhas a chur ar líon agus ar chaighdeán na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge sa chomhairle contae go céimnithe; (iv) cur le líon na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge agus iad ag plé le comhairle contae Mhaigh Eo sa LPT.
Eolas breise:	Bunófar comhcheangal straitéiseach (a áiríonn líonra oibre agus cumarsáide) chun tairbhe na Gaeilge idir an FPT/GI agus comhairle contae Mhaigh Eo.

	Cuirfear ceist ar chomhairle contae Mhaigh Eo chun tacú leis an gcomhpholasaí teanga do sholáthróirí seirbhíse an LPT (beart 6.6.1). Cuirfear próiseas comhairliúcháin ar bun idir comhairle contae Mhaigh Eo agus na coistí pleanála teanga i nGaeltachtaí Mhaigh Eo. Féachfar i dtreo comhpholasaí teanga a aontú agus feasacht a mhéadú ionas nach dtiocfaidh aon phlean, straitéis ná beart de chuid na comhairle contae i bhfeidhm a chuirfeadh isteach ar chothú na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta ach a thabharfadh tosaíocht do riachtanais forbartha agus riachtanais teanga na LPTanna (Mac Thréinfhir et al, 2017:73). Cuirfear an comhairliúchán seo ar bun ag leibhéal na comhairle féin agus i measc na gcomhairleoirí contae freisin (comhaltaí nua bhord Údarás na Gaeltachta as Maigh Eo san áireamh). Cinntear go bhfuil polasaí soiléir teanga don Ghaeltacht ag comhairle contae Mhaigh Eo a thugann tosaíocht d'fheiceálacht na Gaeilge ar chomharthaí bóthair, ar fhógraí buana agus sealadacha ar thalamh phoiblí, srl (Ní Dhoimhín et al, 2016:59). Deimhneofar go bhfuil an próiseas pleanála teanga don Ghaeilge (faoi <i>Acht na Gaeltachta 2012</i>) agus ról Bhéal an Mhuirthead mar bhaile seirbhíse Gaeltachta san áireamh i bplean forbartha an chontae agus mar sin de. Déanfar éileamh go gcuirfear na coinníollacha teanga (faoi <i>Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000</i>) i bhfeidhm i nGaeltachtaí Mhaigh Eo. Measann 53.6% de phobal an LPT gur chóir go mbeadh coinníoll teanga le gach forbairt sa cheantar seo. Pléifear ábhar conspóideach na gcomharthaí bóthair aonteangacha Gaeilge mar chuid den chomhairliúchán faoin mbeart seo. Léiríonn an taighde páirce gur aontaigh 87.6% de phobal an LPT gur chóir go mbeadh na comharthaí dátheangach sa cheantar seo (in ainneoin <i>Orduithe Logainmneacha 2004 agus 2011</i> agus <i>Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003</i>). Tagann an t-ábhar conspóideach seo chun cinn ag cruinnithe poiblí go minic (feic, mar shampla, www.dinglename.com). Déanfar ceangal a chothú leis an oifigeach Gaeilge sa chomhairle chontae d'fhonn borradh a chur faoi fhógraíocht na seirbhísí Gaeilge atá á dtairiscint ina scéim teanga, agus chun soiléiriú a fháil maidir leis na seirbhísí i nGaeilge atá le fáil in oifigí de chuid na comhairle sa LPT, agus mar sin de. Déanfar stocaireacht tríd an FPT/GI go ndéanfar treisiú ar
--	---

	scéim teanga na Comhairle nuair a bheidh sí á hathnuachan (Deireadh Fómhair 2018). Tá an beart seo dlúthnasctha le beart 6.8.1.
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) Tacaíocht agus rannpháirtíocht ó na páirtithe seo; Comhairle contae Mhaigh Eo Coistí pleanála teanga i nGaeltachtaí Mhaigh Eo Comhairleoirí contae Mhaigh Eo Oifigeach teanga comhairle contae Mhaigh Eo.
Saolré an bhirt:	Socrúithe agus ullmhúchán: Bliain 4 Feidhmiú: Bliain 5-7.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Ní shamhlaítear go mbeidh aon dúshlán mór ag roinnt leis an mbeart seo a chur i gcrích.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil sa phlean teanga don Ghaeltacht atá /a bheidh ag comhairle contae Mhaigh Eo.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Déanfaidh an FPT monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt.

6.10 Seirbhísí sóisialta & caitheamh aimsire

Beart 6.10.1 Ceardlanna sa Chinnireacht Teanga

Beart:	Traenáil sa chinnireacht teanga a sholáthar do cheannairí óige agus do sholáthróirí seirbhíse sa LPT.
Réimsí:	B, C, D, J, K
Critéir pleanála teanga:	2, 3, 8, 9, 10, 11, 12
Aidhm an bhirt:	(i) Cuir ceardlanna sa chinnireacht teanga ar siúl do dhaoine a bhíonn ag plé leis an aos óg agus leis an bpobal. Mar shampla, múinteoirí scoile, stiúrthóirí naíonra, maoirseoirí agus foireann na gclubanna óige, lucht stiúrtha na gcampaí samhraidh, tuismitheoirí, traenáilthe spóirt, daoine deonacha a chuireann caitheamh aimsire ar fáil sa LPT, cúntóirí teanga, soláthróirí seirbhíse agus mar sin de; (ii) cur ar chumas na gceannairí seo úsáid na Gaeilge a spreagadh agus a bhainistiú i gcomhthéacsanna sóisialta neamhfhoirmiúla; (iii) cur le caighdeán na n-imeachtaí sóisialaithe trí Ghaeilge sa LPT; (iv) cur le sealbhú/saibhriú na Gaeilge agus an t-inspreagadh intreach go labhrófaí Gaeilge i measc daoine óga agus ceannairí araon (Ní Dhúda, 2017); (iv) úsáid shóisialta na Gaeilge a chothú agus a mhéadú lasmuigh den chóras oideachais de réir a chéile.
Eolas breise:	Léiríonn na torthaí taighde go síleann 86.5% de phobal an LPT gur chóir go mbeadh deiseanna traenála ar fáil do dhaoine a mbeadh suim acu seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar. D'aontaigh 58.9% go mba chóir daoine a thraenáil chun spórt a mhúineadh trí Ghaeilge (mír 5.1.1). Caithfear deiseanna oiliúna agus tacaíochtaí a sholáthar do dhaoine a bhíonn ag plé leis an aos óg agus leis an bpobal, ionas go mbeidh siad in ann (i) feidhmiú go héifeachtach ina gcinnirí teanga (ii) úsáid na Gaeilge a mhealladh agus a bhainistiú i gcomhthéacsanna neamhfhoirmiúla mar chlub óige agus/nó polasaí Gaeilge an chlub a chur i bhfeidhm (iii) féinmhuinín agus scileanna cumarsáide an aosa óig sa Ghaeilge a chothú agus a fheabhsú (Ní Dhúda, 2014a:65) (iv) straitéisí dreasachta agus modhanna nuálaíocha a spreagann úsáid na Gaeilge a chur in oiriúint don aoisghrúpa agus don chumas sa Ghaeilge (v) an sainfhoclóir Gaeilge a bhaineann lena réimse a sheachadadh. Mar shampla, moltar atreisiú dearfach a úsáid mar chóras meantóireachta (i gcás na ndaoine óga), seachas a bheith ag brath ar chóras disciplíneach amháin a úsáid. Maidir leis an atreisiú dearfach, ceanglaítear luach le hiompar áirithe

	ag súil go leanfar leis. Bronntar gradam bunaithe ar dhul chun cinn, chun iompar teanga faoi leith a mholadh agus a mhealladh. Moltar seirbhís tacaíochta a sholáthar mar chuid den bheart seo freisin, le go mbeidh deis ag na cinnirí seo na dúshláin a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge a phlé, maille le comhairle agus smaointe breise a lorg i ndiaidh na ceardlainne más gá. Cuirfear scéim aitheantais agus duaiseanna ar bun do chinnirí teanga (eiseamláirí nó ambasadóirí na Gaeilge) sa limistéar. D'fhéadfaí, mar shampla, gradam eile a chur leis an <i>Erris Person of the Year</i>. Bheadh an gradam agus an t-aitheantas seo dírithe ar chinnirí teanga agus pobail atá sásta an Ghaeilge a labhairt, a roinnt agus a chur chun cinn agus ar lucht labhartha na gcanúintí áitiúla atá sásta a saibhreas teanga a roinnt (nasctha le beart 6.6.2). Mar chuid eile den bheart seo, féachfar le cónasc a shocrú le scéim fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha (Glór na nGael) d'fhonn na clubanna CLG atá sa LPT seo a spreagadh le clárú faoin scéim agus a spriocanna teanga féin a leagan amach agus a chomhlíonadh.
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) Tacaíocht agus rannpháirtíocht ó na páirtithe seo a leanas: Clubanna óige an LPT Stiúrthóirí na gcampaí samhraidh Múinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile an LPT (tacaíocht) Tuismitheoirí agus daoine óga an LPT (rannpháirtíocht) An Cumann Lúthchleas Gael, Glór na nGael, cúntóirí teanga
Saolré an bhirt:	Socruithe agus ullmhúchán: Bliain 2 Feidhmiú: Bliain 3-7 (5 bliana).
Costas measta in aghaidh na bliana:	Faoi chúram an chomhairleora teanga agus an bhainisteora ceardlann/modúl a fhorbairt agus a sheachadadh, le tacaíocht ó Mhuintearas / Óige na Gaeltachta. Duaiseanna / comórtais: urraíocht a lorg
Costas measta iomlán:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1.
Foinsí maoinithe:	Muintearas, Óige na Gaeltachta, Ógras, Cumann na bhFiann, CLG
Dúshláin fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: Daoine óga a spreagadh le tuilleadh Gaeilge a úsáid i suíomh sóisialta neamhfhoirmiúil. Réiteach molta: Taithí agus comhairle a lorg ó ghrúpaí eile a oibríonn leis an óige laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht. Aiseolas a bhailiú ó rannpháirtithe ag na laethanta traenála.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Pléifear cleachtas teanga na mball / na gcustaiméirí i suíomhanna sóisialta agus éifeacht an bhirt seo i dtuairim

	stiúrthóirí na gclubanna / na soláthróirí seirbhíse.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	(i) coinneoidh an FPT taifead ar líon na n-imeachtaí a reáchtálfar faoin mbeart seo agus ar an bhfreastal. (ii) baileofar aiseolas ó rannpháirtithe agus ó shaoistí na gclub. (iv) cur le líon na gcinnirí oilte a dhéanann maoirseacht ar na himeachtaí seo trí Ghaeilge gach bliain.

Beart 6.10.2 Inmharthanacht Mhaigh Eo Thuaidh

Beart:	Inmharthanacht Mhaigh Eo Thuaidh a chothú agus a fhorbairt mar chuid lárnach den phróiseas pleanála teanga.
Réimsí:	C, I, J, K
Critéir pleanála teanga:	2, 3, 12, 13, 14, 17, 18, 19
Aidhm an bhirt:	(i) Maigh Eo Thuaidh a chothú agus a fhorbairt mar LPT inmharthana mar chuid lárnach den phróiseas pleanála teanga; (ii) an próiseas pleanála teanga seo a cheangal le forbairt iomlán an phobail agus an LPT.
Eolas breise:	Tá nasc idir an phleanáil teanga agus forbairt iomlán an phobail. Is gá don phleanáil teanga cúram a dhéanamh de chothú agus d'fhorbairt an phobail féin (m.sh. forbairt pobail, chultúrtha, shóisialta, fhisiciúil, eacnamaíoch agus mar sin de) ionas (i) go mbeidh daoine in ann fanacht sa bhaile agus/nó sásta lonnú sa cheantar agus clann a thógáil ann (ii) nach bhfuil an pobal faoi aon mhór-mhíbhuntáiste agus ar comhchéim le pobail eile i dtéarmaí sóisialta, eacnamaíochta, cultúrtha agus mar sin de (Mac Donnacha, 2000:20 i Ní Dhúda 2014a:81) (iii) go mbeidh an pobal inmharthana i dtéarmaí eacnamaíochta agus sóisialta. Léiríonn na torthaí taighde go bhfuil stádas mar limistéar faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch ag 9/13 nó 69% de na toghranna i limistéar Mhaigh Eo Thuaidh agus stádas mar cheantar faoi mhór mhíbhuntáiste ag na 4 thoghroinn eile (de réir innéacs Hasse, mír 3.1.2). Moltar tascfhórsa d'ionadaithe ó rannóga stáit chuí a bhunú (m.sh. Údarás na Gaeltachta, an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, comhairle contae Mhaigh Eo, Leader Oirdheisceart Mhaigh Eo, cumann tráchtála Iorrais, DEIS, SOLAS, Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma agus mar sin de) d'fhonn straitéis a fhorbairt chun dul i ngleic le drochstaid shocheacnamaíoch an LPT agus deiseanna fostaíochta a chruthú go háitiúil, don dream óg ach go háirithe. Moltar, mar shampla, straitéis forbartha a choimisiúnú don

	LPT, i gcomhar le páirtithe leasmhara thuasluaite, chun aghaidh a thabhairt ar chuspóirí den chineál seo a leanas; (i) fostaíocht a chruthú agus/nó a mhealladh i réimse na Gaeilge sa LPT (Ó Giollagáin et al, 2007:30); (ii) fiontraíocht a chothú i dtionscadail dhúchasacha; (iii) leibhéal agus caighdeán an oideachais a fhorbairt maraon le rátaí fágáil scoile luath a íslíú (i gcomhar le comhordaitheoirí DEIS an LPT); (iv) ráta dífhostaíochta a íslíú agus deiseanna oiliúna a sholáthar; (v) deiseanna/spreagthaí forbartha, fostaíochta agus oiliúna a aithint ag tarraingt ar na scileanna agus ar an infreastruchtúr atá le fáil sa LPT faoi láthair (na foirgnimh fholamha san áireamh); (v) stádas socheacnamaíochta an LPT a fhorbairt dá réir sin, i mbaile Bhéal an Mhuirthead féin agus sna ceantair is mó faoi mhíbhuntáiste sa LPT (paróiste Chill Chomáin agus Béal Deirg ina measc).
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir), Tacaíocht agus rannpháirtíocht ó na páirtithe seo a leanas: Údarás na Gaeltachta, an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, comhairle contae Mhaigh Eo, cumann tráchtála Iorrais, DEIS, SOLAS, Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, Leader Oirdheisceart Mhaigh Eo, Mayo Ideas Lab.
Saolré an bhirt:	Socruithe agus ullmhúchán: Bliain 4 Feidhmiú: Bliain 5-7.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Cuid de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1
Costas measta iomlán:	Cuid de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1 Costas measta an staidéir: €20,000
Foinsí maoinithe:	Costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1 / Leader, ciste FLAG
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Ní shamhlaítear go mbeidh aon dúshlán mór ag roinnt leis an mbeart seo a chur i gcrích.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Beidh éifeacht an bhirt seo le feiceáil ar éifeacht bhearta uile an phlean teanga.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Déanfaidh an FPT monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt (.i. an tascfhórsa a bhunú, an straitéis um fhorbairt shocheacnamaíoch an LPT a choimisiúnú, srl.).

6.11 Staid na Gaeilge sa LPT

Beart 6.11.1 Feachtas & suaitheantas 'Labhair Gaeilge Liom'

Beart:	Feachtas feasachta agus rannpháirtíochta a chur ar bun d'fhonn dul i bhfeidhm ar mhuintir na háite chun an Ghaeilge a labhairt go réamhghníomhach agus chun úsáid a bhaint as na seirbhísí trí Ghaeilge atá le fáil sa LPT (faoi bheart 6.6.2 ach go háirithe).
Réimsí:	E, F, G, K
Critéir pleanála teanga:	2, 3, 11, 12, 13, 14, 16, 18, 19
Aidhm an bhirt:	(i) deiseanna soiléire úsáide Gaeilge a chur ar fáil do phobal an LPT agus an pobal a spreagadh le tabhairt fúthu; (ii) muinín agus misneach i dtaca le labhairt na Gaeilge a chothú i measc phobal an LPT; (iii) inspreagadh a thabhairt do mhuintir an LPT an Ghaeilge a úsáid i gcomhthéacsanna eile agus le daoine eile; (iv) dul i bhfeidhm ar nósanna seanbhunaithe teanga ar son an Bhéarla agus iad a athrú de réir a chéile; (v) líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge a chothú agus a mhéadú de réir a chéile.
Eolas breise:	Nochtann na torthaí taighde gur mhaith le 75% de phobal an LPT níos mó Gaeilge a úsáid gach lá ach braitear go mbíonn an Ghaeilge i bhfolach agus úsáid an Bhéarla forleathan réamhshocraithe. Tá muintir an LPT faoi bhrú millteanach ag móramh an Bhéarla sa timpeall orthu agus ina measc féin. Sonraíodh easpa muiníne agus náire a bheith ag roinnt le húsáid na Gaeilge chomh maith. Dá bhrí sin, díreoidh an feachtas seo ar an mbeannacht a úsáid mar uirlis chun comhrá Gaeilge a thosú agus a bhainistiú (bunaithe ar mhúnla an fheachtais 'Oscail do bhéal.') Molfar an cur chuige réamhghníomhach seo (le nod an tsuaitheantais) ionas nach mbeifear ag fanacht ar an duine eile chun Gaeilge a labhairt nó chun comhrá Gaeilge a thosú. Bainfear leas as an mbeannacht agus suaitheantas faoi leith (.i. 'labhair Gaeilge liom') chun tosaíocht teanga don Ghaeilge a dhéanamh níos follasaí agus ionas go mbeidh réamheolas cuí ag custaiméirí/pobal an LPT maidir le húsáid na Gaeilge, gan aon bhrú nó breithiúnas (Ní Dhúda 2014a:69). Beidh an feachtas dírithe ar ghnólachtaí agus ar sholáthróirí seirbhíse atá sásta seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil, maille le muintir na háite atá sásta an Ghaeilge a labhairt agus/nó na seirbhísí sin a úsáid.

	Cuirfear ina luí ar mhuintir na háite go bhfuil nósanna áirithe (m.sh. Béarla a labhairt le duine a bhfuil Gaeilge acu) ag baint an bhoinn de sheasamh agus de labhairt na Gaeilge go háitiúil.
Páirtithe leasmhara:	An FPT (príomhúinéir) Cumann tráchtála Iorrais (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Lucht gnó, seirbhísí agus eagraíochtaí an LPT (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Pobal an LPT; cainteoirí Gaeilge agus Béarla araon, An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (tacaíocht agus rannpháirtíocht) Údarás na Gaeltachta (tacaíocht) Conradh na Gaeilge (tacaíocht) Na meáin éagsúla (tacaíocht agus ardú feasachta).
Saolré an bhirt:	Socruithe agus ullmhúchán: Bliain 2 Feidhmiú: Bliain 3-7.
Costas measta in aghaidh na bliana:	Cuid de na costais clúdaithe faoi bheart 6.1.1 Suaitheantais a dhearadh agus a chur ar fáil leis an teachtaireacht 'labhair Gaeilge liom.' Bileoga eolais agus póstaer.
Costas measta iomlán:	€3,000
Foinsí maoinithe:	Ciste FLAGS An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta Údarás na Gaeltachta
Dúshlán fhéideartha & réitigh:	Dúshlán: rannpháirtíocht a chothú, dul i bhfeidhm ar mhuintir na háite chun seirbhísí trí Ghaeilge a úsáid. Réiteach: nasc soiléir le beart 6.1.2. Nasc le gréasán na ranganna Gaeilge agus na n-imeachtaí sóisialaithe eile trí Ghaeilge a chuirfear ar fáil mar chuid den phlean seo. Dúshlán: Feachtas comhordaithe feasachta a dhearadh a bheidh tarraingteach agus éifeachtach. Réiteach: Comhairle a fháil ó rannóg margaíochta Údarás na Gaeltachta agus ó dhearthóirí gairmiúla. Moltaí a lorg ó chumann tráchtála Iorrais agus ó dhaoine óga an LPT.
Monatóireacht ar éifeacht an bhirt:	Déanfaidh an FPT monatóireacht ar chur i bhfeidhm an fheachtais sna gnólachtaí agus eagraíochtaí atá rannpháirteach.
Monatóireacht ar fheidhmiú an bhirt:	Coinneoidh an FPT taifead ar líon na ngnólachtaí agus na n-eagraíochtaí a ghlacann páirt san fheachtas seo.

6.11.2 Mórspriocanna an Phlean Teanga (2018-2024)

Leagtar amach anseo thíos liosta achomair de mhórspriocanna an phlean teanga. Teastaíonn spriocanna soiléire inmheasta chun (i) rannpháirtíocht dhírithe a spreagadh (ii) borradh a chur faoi bhearta agus faoi fheidhmiú an phlean (iii) cabhrú le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus (iv) measúnú a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm (Ní Dhúda, 2014a:48). Beidh comhlíonadh na spriocanna ag brath ar an struchtúr feidhmithe, ar rannpháirtíocht an phobail, ar thorthaí na mbearta agus ar an mbuiséad a chuirfear ar fáil chuige sin.

Spriocanna Sonracha

1. Tá líon agus céatadán na ndaoine le cumas sa Ghaeilge ag laghdú sa LPT, ó 61.6% i 2006 go 57.4% i 2016 (nó ó 4,445 duine i 2006 go 3,998 duine i 2016, íslíú de 10.1% nó 447 duine). Mar sin, tá cumas sa Ghaeilge ag beagán os cionn leath den daonra i MET (57.4%) dar le Daonáireamh 2016 (i gcomparáid le 66.3% sa Ghaeltacht trí chéile).

Spriocanna: líon na ndaoine le cumas sa Ghaeilge i MET a chothú agus a mhéadú de réir a chéile. Mar shampla;

- (i) Ní thiocfaidh aon laghdú eile ar chumas phobal an LPT sa Ghaeilge faoi Dhaonáireamh 2021;
- (ii) Féachfar i dtreo méadú c.3% a chur leis an líon seo le linn shaolré an phlean .i. go mbeidh c.119 duine breise le cumas sa Ghaeilge i MET faoi Dhaonáireamh 2026 (nó c.60% de phobal an LPT).

2. Úsáideann 1,063 duine (15.3% den daonra) an Ghaeilge go laethúil sa chóras oideachais amháin i MET dar le Daonáireamh 2016. Tá an cohórt seo ag méadú ó 2006 (+40 CLG sa chóras oideachais nó +3.9% i MET le hais +7.9% sa Ghaeltacht trí chéile).

Spriocanna: líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa chóras oideachais i MET a chothú agus a mhéadú de réir a chéile. Mar shampla;

- (i) Ní thiocfaidh aon laghdú eile ar úsáid laethúil na Gaeilge sa chóras oideachais i MET faoi Dhaonáireamh 2021;
- (ii) Féachfar i dtreo méadú c.3% a chur leis an líon seo le linn shaolré an phlean .i. go mbeidh c.32 cainteoir laethúil Gaeilge breise sa chóras

oideachais i MET (nó 18% de phobal an LPT ina gCLG sa CO) faoi Dhaonáireamh 2026.

3. Dar le Daonáireamh 2016, úsáideann 563 duine eile (8.1% den daonra) an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais (ísliú de 192 duine (-25.4%) ó 2006).

Spriocanna: líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais i MET a chothú agus a mhéadú de réir a chéile. Mar shampla;

- (i) Ní thiocfaidh aon laghdú eile ar úsáid laethúil na Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais i MET faoi Dhaonáireamh 2021;
- (ii) Féachfar i dtreo méadú c.3% a chur leis an líon seo le linn shaolré an phlean .i. go mbeidh c.17 cainteoir laethúil Gaeilge breise lasmuigh den chóras oideachais i MET (nó 11% de phobal an LPT ina gCLG/CO) faoi Dhaonáireamh 2026.

4. D'fhéadfaí argóint a dhéanamh bunaithe ar an anailís ar na ceantair bheaga (mír 3.6);

- (i) go bhfuil sciar de Chnoc an Daimh i bhfoisceacht 2.8% de stádas mar chatagóir A Gaeltachta (an chuid is faide ó thuaidh den toghroinn)
- (ii) go bhfuil cás láidir ag sciar den Gheata Mór Theas (ceantar bhunscoil na hEachléime nó an chuid is faide ó dheas den toghroinn) a bheith aitheanta mar chatagóir B Gaeltachta.³¹

Spriocanna:

- (i) Bainfidh ceantar bhunscoil Cheathrú Thaidhg (an chuid is faide ó thuaidh den toghroinn) stádas amach mar chatagóir A Gaeltachta.
- (ii) Bainfidh ceantar bhunscoil na hEachléime stádas amach mar chatagóir B Gaeltachta nó critéir teanga chatagóir B (Ó Giollagáin et al, 2007).

³¹ Níor aithníodh na catagóirí Gaeltachta seo riamh in aon reachtaíocht ná polasaí (in ainneoin an chuir síos in Ó Giollagáin et al 2007). Mar sin, níl aon bhrí leis na spriocanna seo iontu féin .i. ní féidir stádas Catagóir B a bhronnadh ar sciar den Gheata Mór Theas mar níl aon mheicníocht ann faoi láthair chun a leithéid a dhéanamh. Mar sin féin, maireann an rangú seo in intinn phobal an LPT agus leagtar amach na spriocanna 'siombalacha' seo faoi chatagóirí Gaeltachta sna téarmaí sin (buíochas leis an Dr John Walsh as an méid seo a chur i gcuimhne dom).

5. Bainfidh 7 mbunscoil agus 3 iarbhunscoil stádas amach mar scoil Ghaeltachta faoin b*POG*.
6. Bunófar naíonra i gceantar Dhumha Thuama.
7. Cuirfear campa samhraidh ar bun i mBéal Deirg.

Spriocanna Ginearálta³²

8. Cruthófar agus cothófar níos mó deiseanna soiléire úsáide Gaeilge sna réimsí difriúla (.i. oideachas, óige, teaghlach, seirbhísí stáit, tráchtála, sóisialta agus siamsaíochta).
9. Méadófar líon na dtearmann teanga agus líon na gcinnirí teanga sa limistéar.
10. Cothófar agus láidreofar na gréasáin Ghaeilge atá anois ann sna hinstiúidí is láidre Gaeilge sa LPT; na scoileanna, na naíonraí, na clubanna óige, na coláistí samhraidh, na campaí samhraidh, na comharchumainn, ach go háirithe.
11. Breathnófar i dtreo gréasáin nua Ghaeilge a thógáil timpeall ar na himeachtaí nua a chuirfear ar bun mar chuid den phlean (.i. grúpaí tuistí agus páistí, ranganna Gaeilge, coistí na dtuismitheoirí sna scoileanna Gaeltachta, deiseanna/imeachtaí sóisialaithe don aos óg, na cláracha tacaíochta do theaghlaigh agus do ghnólachtaí).
12. Cuirfear níos mó deiseanna rialta úsáide Gaeilge ar fáil do dhaoine óga sna réimsí seo a leanas (a) sa bhaile (b) ar scoil le cairde agus le múinteoirí (c) lasmuigh den scoil (d) i mbun caithimh aimsire (e) i réimse na ríomhaireachta agus na teicneolaíochta.
13. Méadófar feiceálacht, seasamh agus stádas na Gaeilge i ngach réimse den saol sa LPT.
14. Cothófar muinín, misneach agus inspreagadh i dtaca le labhairt na Gaeilge i measc phobal an LPT.
15. Músclófar feasacht i dtaca le húsáid na Gaeilge agus tábhacht an stádais Ghaeltachta do bhaile Bhéal an Mhuirthead agus don LPT trí chéile.

³² Leagfar amach spriocanna sonracha cainníochtúla i gcás na spriocanna ginearálta (8-15), ag brath ar an mbuiséad iomlán a chuirfear ar fáil, an clár oibre bliantúil a aontóidh gach fochoiste teanga agus mar sin de.

7.0 Costais & Maoiniú

Sa mhír seo, tabharfar forléargas ar (i) na costais uile a roinneann le feidhmiú an phlean (ii) an costas measta iomlán a bhaineann leis an bplean trí chéile a fheidhmiú. Níl gach uile chostas beachtaithe anseo, cuntas táscach measta ar chostais atá ann.

Breathnófar ar bhealaí seiftiúla chun costais a ghlanadh, tuigtear do Ghaeilge Iorrais go bhfuil foinsí airgid réasúnta gann na laethanta seo agus go gcaithfear buiséadú dá réir sin. Lorgófar luach airgid i gcónaí. Bainfear gach leas agus buntáiste as na hacmhainní daonna, scéimeanna maoinithe agus tacaíochtaí atá ar fáil cheana féin (ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, ó Údarás na Gaeltachta agus ó Fhoras na Gaeilge, cuir i gcás). Táthar ag súil leis go mbeidh comhoibriú éifeachtach idir na grúpaí seo agus GI/an FPT chun sochair fheidhmiú an phlean teanga i MET. Glactar leis go dtiocfaidh scéimeanna maoinithe eile chun cinn le linn shaolré an phlean, go mbeidh deiseanna eile ann teacht isteach breise a ghiniúint agus go bhféadfar tarraingt ar fhoinsí stáit eile freisin (.i. Leader, comhairle contae Mhaigh Eo, ciste FLAG, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ina measc).

Tugtar mionchur síos ar ábhar na gcostas mar chuid de mhír 6. Leagtar amach na costais ar fad le chéile i dtábla 23 ar mhaithe le soiléire .i. an buiséad bliantúil a bheidh de dhíth chun an plean iomlán a chur i bhfeidhm. Leagfar amach an clár oibre don bhliain ag brath ar an mbuiséad iomlán a chuirfear ar fáil. Mar chéad chéim, moltar triúr oifigeach lánaimseartha maraon le bainisteoir a cheapadh chun an plean a chur i bhfeidhm (beart 6.1.1). Ní mór ceanncheathrú lárnach a shocrú ina mbeidh an FPT seo lonnaithe chomh maith.

Roinntear na costais faoi na ceannteidil seo a leanas: (i) costais fostaíochta (ii) costais reatha/oifige (iii) costais gníomhaíochta/na mbeart (faoi mar a rinne Ní Dhoimhín et al, 2016:63). Tugann tábla 23 achoimre ar na costais éagsúla de réir bliana.

Tábla 23: Achoimre ar chostais de réir bliana

Cur Síos	Bliain 1 2018	Bliain 2 2019	Bliain 3 2020	Bliain 4 2021	Bliain 5 2022	Bliain 6 2023	Bliain 7 2024	IOMLÁN
<u>Costais Fostaíochta</u>								
Tuarastal: 1 * bainisteoir pleanála teanga	37,700.00	37,700.00	37,700.00	37,700.00	37,700.00	37,700.00	37,700.00	263,900.00
Tuarastal: 3 * oifigeach pleanála teanga	95,574.72	102,374.64	104,995.08	113,750.76	119,572.80	125,199.96	130,806.24	792,274.20
Tuarastal: 1 * comhairleoir pleanála teanga	2,400.00	2,400.00	2,400.00	2,400.00	2,400.00	2,400.00	2,400.00	16,800.00
Earcaíocht	2,000.00	0	0	0	0	0	0	2,000.00
Costais taistil	6,000.00	6,000.00	6,000.00	6,000.00	6,000.00	6,000.00	6,000.00	42,000.00
Fo-iomlán	143,674.72	148,474.64	151,095.08	159,850.76	165,672.80	171,299.96	176,906.24	1,116,974.20
<u>Costais Reatha/Oifige</u>								
Cíos	12,000.00	12,000.00	12,000.00	12,000.00	12,000.00	12,000.00	12,000.00	84,000.00
Idirlíon, fón, suíomh gréasáin	5,000.00	5,000.00	5,000.00	5,000.00	5,000.00	5,000.00	5,000.00	35,000.00
Stáiseanóireacht	4,000.00	4,000.00	4,000.00	4,000.00	4,000.00	4,000.00	4,000.00	28,000.00
Poiblíocht & fógraíocht	6,000.00	6,000.00	6,000.00	6,000.00	6,000.00	6,000.00	6,000.00	42,000.00
Árachas	1,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	7,000.00
Trealamh	5,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	1,000.00	11,000.00
Fo-iomlán	33,000.00	29,000.00	29,000.00	29,000.00	29,000.00	29,000.00	29,000.00	207,000.00
<u>Costais Gníomhaíochta/na Beart</u>								
6.1 Feidhmiú an phlean teanga								
6.2 A Córas Oideachais		2,940.00	5,250.00	5,250.00	5,250.00	5,250.00	5,250.00	29,190.00
6.3 Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta & Tacaíochta Teaghlaigh		13,400.00	13,400.00	13,400.00	13,400.00	13,400.00	13,400.00	80,400.00
6.4 Seirbhísí don Aos Óg & d'Aoisghrúpaí Eile								0.00
6.5 Deiseanna Foghlama lasmuigh den chóras oideachais	4,500.00	4,500.00	4,500.00	4,500.00	4,500.00	4,500.00	4,500.00	31,500.00
6.6 An Earnáil Ghnó, Eagraíochtaí Pobail & Comharchumainn			20,000.00					20,000.00
6.7 Na Meáin Chumarsáide								0.00

6.8 Seirbhísí Poiblí								0.00
6.9 Pleanáil & Forbairt Fhisiceach				5,000.00				5,000.00
6.10 Seirbhísí Sóisialta & Caitheamh Aimsire					20,000.00			20,000.00
6.11 Staid na Gaeilge sa LPT		3,000.00						3,000.00
Fo-iomlán	4,500.00	23,840.00	43,150.00	28,150.00	43,150.00	23,150.00	23,150.00	189,090.00
IOMLÁN	181,174.72	201,314.64	223,245.08	217,000.76	237,822.80	223,449.96	229,056.24	1,513,064.20

Tugtar ráta oifigeach feidhmiúcháin anseo (cáin fhostóra & pinsean san áireamh), faoi mar a rinne MPTIT (Ní Dhoimhín et al 2016:63)

Tugtar cuntas measta ar chíos do cheathrar in aghaidh na míosa in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead (faoi phointe 6).

Tá meastachán do leictreachas, idirlíon, fón, teas srl, do stáiseanóireacht, do phoiblíocht/fógraíocht agus d'árachas bunaithe ar Scéim Pobail Gaeilge, faoi mar a rinne MPTIT.

Tá formhór na gcostas faoi bheart 6.1 clúdaithe faoi chostais fostaíochta agus costais reatha/oifige.

8.0 Forbairt Feasachta agus Poiblíocht

8.1 An Fheasacht Teanga

Tá an fheasacht teanga agus an phoiblíocht lárnach agus fíorthábhachtach i bhfeidhmiú éifeachtach an phlean teanga seo. Molann Huss, mar shampla, rannpháirtíocht agus feasacht an duine aonair a spreagadh agus gach iarracht a dhéanamh an pobal a ghríosú i dtreo gnímh:

Consciousness-raising and realization that individual effort is needed are vital for a successful revitalization (1999:29 i Ní Dhúda 2014a:41).

An bealach is fearr chun dul i gcion ar nósmaireachtaí teanga ná ar bhealach dearfach comhoibríoch, nuair a ghlacann gach duine freagracht as a iompar teanga féin (.i. deis shoiléir tharraingteach a thapú más mian leis) (Ní Dhúda, 2014a:41). Mar sin, tá sé riachtanach go mbunófar struchtúr cuí le forbairt a dhéanamh ar chúrsaí feasachta agus rannpháirtíochta i measc phobal an LPT, maraon le freastal ar riachtanais phoiblíochta go leanúnach. Caithfear é seo a dhéanamh chun tacú le spriocanna an phlean a bhaint amach agus chun spéis agus dílseacht an phobail a chothú agus a mhúnlú i leith an phróisis agus an phlean thar a shaolré. Beidh sé de chúram ar an bhFPT forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar fheasacht agus poiblíocht mar chuid lárnach d'fheidhmiú an phlean (beart 6.7.1). Tugtar liosta anseo thíos ar chuid den eolas feasachta a bheidh riachtanach mar chuid d'fheidhmiú an phlean;

- Tionchar chleachtas teanga an duine ar sheasamh na Gaeilge sa LPT agus i gcomhthéacs níos leithne (beart 6.1.2);
- Muinín agus misneach a chothú i dtaca le labhairt na Gaeilge i measc phobal an LPT, d'fhonn dul i bhfeidhm ar mhuintir na háite chun an Ghaeilge a labhairt go réamhghníomhach agus chun úsáid a bhaint as na seirbhísí trí Ghaeilge atá le fáil sa LPT (faoi bheart 6.6.2 ach go háirithe);
- Rogha na Gaeilge mar theanga an teaghlaigh (eolas maidir le straitéisí seachadta teanga, céimeanna sealbhaithe teanga, foghlaim dhá theanga i gcomhthéacs measctha, na tacaíochtaí atá le fáil) (beart 6.3.1);
- Buntáistí an tumoideachais agus an oideachais trí Ghaeilge (beart 6.2.11).

8.2 Poiblíocht

Reáchtálfar feachtais phoiblíochta éagsúla le linn sheacht mbliana an phlean chun pobal an LPT a choinneáil ar an eolas faoi na gnéithe seo a leanas (i) obair Ghaeilge Iorrais agus an FPT (ii) dul chun cinn ar spriocanna agus ar na bearta éagsúla sa phlean. Is gá é seo a dhéanamh chun rannpháirtíocht ghníomhach an phobail a spreagadh maille le dílseacht agus tacaíocht an phobail i gcoitinne a chothú don phlean. Bainfear leas as cineálacha éagsúla poiblíochta le haire an phobail a mhúscailt agus le heolas faoin bplean a scaipeadh ina measc. Mar shampla;

- Córas cumarsáide agus teagmhála a dhaingniú le pobal an LPT (m.sh. bunachar de shonraí teagmhála a shocrú, grúpthéacs a eagrú do spriocghrúpaí áirithe, córas na ríomhphost a fhorbairt, straitéis ar na meáin shóisialta agus ar shuíomh gréasáin GI le snasú agus mar sin de);
- Bileog eolais shimplí a sholáthar (faoi mar atá molta faoi bheart 6.1.2);
- Fógraíocht agus poiblíocht chuí a dhéanamh ar na meáin chumarsáide agus shóisialta éagsúla (faoi mar a rinneadh mar chuid lárnach d'ullmhú an phlean, mír 4.2);
- Fógraíocht agus poiblíocht a dhéanamh i láithreacha aitheanta ar fud an LPT agus lasmuigh de más gá (Ní Dhoimhín et al, 2016:64);
- Institiúidí an phobail a mhealladh chun cuidiú le feachtais phoiblíochta (.i. scoileanna, naíonraí, siopaí, soláthróirí na seirbhísí stát, comharchumainn, coistí pobail, an cumann tráchtála, na coláistí samhraidh, lucht eagraithe féilte, oifigí poist, séipéil, lucht polaitíochta, lucht turasóireachta agus mar sin de);
- Comórtais agus gníomhaíochtaí eile a cheapadh d'fhonn daoine óga a spreagadh le páirt a ghlacadh i bhfeachtais phoiblíochta ar a mbealach féin trí na meáin shóisialta agus modhanna nua-aimseartha eile (Ní Dhoimhín et al, 2016:64).

Ní mór go mbeidh gach ábhar poiblíochta tarraingteach, faisnéiseach ach sothuigte simplí agus dátheangach, d'fhonn dul i gcion ar phobal iomlán an LPT agus chun spreagadh a thabhairt do gach aicme den phobal (an óige, teaghlaigh, scoileanna, gnólachtaí srl.) a gcuid féin a dhéanamh chun cur le húsáid agus eolas ar an nGaeilge sa LPT agus/nó chun a gcion féin a dhéanamh

sa phleanáil teanga dá bpobal féin agus ina saol laethúil féin. Sonraítear bearta áirithe i mír 6 a bhfuil baint dhíreach acu le forbairt feasachta i measc phobal an LPT (beart 6.1.2, beart 6.2.11, beart 6.3.1, beart 6.7.1, beart 6.11.1). Ina dhiaidh sin féin, cuirfear béim ar chúrsaí poiblíochta in eagrú na n-imeachtaí uile agus/nó i bhfeidhmiú na mbeart éagsúil.

9.0 Feidhmiú agus Monatóireacht

9.1 Bainistiú Ionchais

Baineann an cur i bhfeidhm le bearta an phlean a fheidhmiú chun dul i gcion ar iompar teanga mhuintir na háite d'fhonn staid na Gaeilge a láidriú sa LPT (Ní Dhúda, 2014a:38). Bainfidh obair mhór leanúnach le formhór na mbeart a chur i gcrích. Gné thábhachtach is cóir a chur san áireamh (go mór mór le linn fheidhmiú an phlean) is ea bainistiú an ionchais i leith na Gaeilge agus maidir le hathruithe ar úsáid teanga (Walsh 2008 i Ní Dhúda 2014b:23). Ní mór na fíricí seo a leanas a aithint agus a chur san áireamh, mar shampla;

- Ní féidir dul siar agus staid stairiúil theangeolaíoch a athshealbhú nó iompar teanga thromlach an phobail a athrú ó Bhéarla go Gaeilge gan stró;
- Níl réiteach chuile fhadhb sa phlean seo agus ní thiocfaidh feabhas ar chúrsaí teanga thar oíche. Seo tús próiseas leanúnach, mall, céimnithe, fadtéarmach. Tá obair chrua uailmhianach go minic anróiteach mar chuid den phróiseas. Tá an obair casta ach indéanta, má choinnítear leis.
- Tá freagracht ghníomhach chomhfhiosach le glacadh ag gach uile dhuine, le tacaíocht an stáit, i bhfeidhmiú an phlean teanga. Teastaíonn saineolas maille le hinfheistíocht agus traenáil leanúnach ina leith sin.
- Is féidir le grúpa nó pobal (.i. dream gníomhach, dearfach, eagraithe, eolach) an t-uafás a bhaint amach má sheasann siad le chéile.
- Beagán ar bheagán, leis an oiliúint chuí, le próiseas struchtúrtha, le cur chuige céimnithe fadradharcach agus le comhoibriú na bpáirtithe leasmhara cuí, is féidir dul i bhfeidhm ar iompar teanga, dul chun cinn a dhéanamh agus spriocanna a bhaint amach.

9.2 Struchtúr Feidhmithe an Phlean

Is mór an difear idir plean teanga agus próiseas feidhmiúil feidhmithe a chothaíonn rannpháirtíocht an duine. Tá rannpháirtíocht ghníomhach an duine agus tacaíocht chuí na n-údarás thar a bheith cinniúnach i bpróiseas pleanála teanga ar bith. Caithfear struchtúr cuí a fhorbairt chun an rannpháirtíocht sin a chothú agus a mhéadú mar chuid den phróiseas.

Beidh Gaeilge Iorrais freagrach as cur i bhfeidhm an phlean teanga seo agus as struchtúr cuí a bhunú chun cinntiú go gcuirfear an plean teanga i bhfeidhm go córasach éifeachtach. Faoi mar atá leagtha amach mar chuid de bheart 6.1.1, cinnteoidh Gaeilge Iorrais go gcuirfear struchtúr thrí leibhéal ar bun leis an bplean teanga a chur i bhfeidhm go comhordaithe agus le hionchur leanúnach ó phobal an LPT, sé sin (i) coiste stiúrtha (Gaeilge Iorrais) (ii) foireann pleanála teanga agus (iii) fóram tacaíochta d'fhochoistí teanga. Leagtar amach i léaráid 1 (lch. 199) comhdhéanamh an struchtúir tacaíochta/fheidhmithe a bhunófar chun rannpháirtíocht ghníomhach agus cumarsáid/comhoibriú éifeachtach a chothú idir na páirtithe seo.

9.2.1 Ról Ghaeilge Iorrais

Beidh GI freagrach as an bhFPT a cheapadh (.i. bainisteoir pleanála teanga agus triúr oifigeach pleanála teanga). Is é earcú an FPT agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar obair an FPT an príomhról a bheidh ag GI i bhfeidhmiú an phlean. I measc na ndualgas eile a bheidh ar GI tá:

- Spás oifige a sholáthar don FPT;
- Tacaíocht ghníomhach a thabhairt don phlean teanga agus don FPT;
- Tacú leis an bhFPT monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar éifeacht bhearta an phlean teanga, le deimhniú go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh de réir sceidil agus cláir oibre an phlean;
- Poiblíocht a dhéanamh ar an bplean teanga agus ar obair an FPT;
- Cuidiú le feachtais stocaireachta a mbeifear ag tabhairt fúthu mar chuid de chur i bhfeidhm an phlean teanga.

9.2.2 An Fhoireann Pleanála Teanga

Is é príomhdhualgas an FPT bearta an phlean teanga a chur i bhfeidhm go comhtháite, éifeachtach agus comhordaithe (Ní Dhoimhín et al, 2016:66). Beidh sé de chúram an bhainisteora pleanála teanga comhordú agus stiúradh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean teanga agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh air, le tacaíocht ó na hoifigigh phleanála teanga. Faoi mar atá leagtha amach i léaráid 1 thíos, beidh an FPT ag obair faoi stiúir GI agus beidh ionchur leanúnach ag GI agus ag an bhfóram tacaíochta i bhfeidhmiú an phlean. I measc na ndualgas eile a bheidh ar an bhFPT tá:

- Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean teanga le tacaíocht ó GI, ón bhfóram tacaíochta agus ó pháirtithe leasmhara eile;
- Feasacht a ardú agus poiblíocht a dhéanamh ar bhearta agus ar ghníomhaíochtaí éagsúla an phlean;
- Dea-chaidreamh oibre a chothú idir an FPT agus grúpaí eile sa phobal, páirtithe leasmhara an phlean ach go háirithe.

9.2.3 An Fóram Tacaíochta d'fhochoistí teanga

Bunófar fochoiste teanga ionadaíoch (.i. meitheal oibre deonach) i ngach paróiste sa LPT, faoi mar a mholadh le linn an chomhairliúcháin phoiblí agus chun na haidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh (i) chun freagracht ghníomhach a ghlacadh ar phlean gníomhaíochta, tosaíochtaí agus spriocanna teanga an pharóiste sin; (ii) chun rannpháirtíocht agus ionchur leanúnach a chinntiú ó pharóistí an LPT; (iii) chun tacú le feidhmiú éifeachtach agus monatóireacht rialta ar an bplean; (iv) chun ualach na hoibre agus na freagrachta a roinnt i measc phobal an LPT. Beidh oifigeach teanga amháin ag obair i gcomhar le gach fochoiste teanga (feic, chomh maith, tábla 2 i mír 3.1.1, comhdhéanamh limistéarach an LPT). Cuirfear fochoistí eile ar bun, de réir mar is gá, chun tacú leis an bplean teanga a chur i gcrích go héifeachtach rannpháirtíoch (faoi bhearta 6.2.1, 6.2.3, 6.6.1 agus 6.8.1, cuir i gcás). Cothófar gréasán teagmhála agus dea-thola i measc na n-eagraíochtaí agus na ngrúpaí atá ag obair le GI ó cuireadh tús leis an obair seo i 2015.

9.3 Tábhacht na Monatóireachta

Tá monatóireacht leanúnach agus athbhreithniú rialta ina ndlúthchuid de phróiseas pleanála teanga ar bith. Is próiseas leanúnach gan chríoch é ag bainistiú rud atá soghluaiste (.i. iompar teanga) (Ó hIfearnáin, 2012:141). Cinntíonn córas ceart monatóireachta go mbeidh an próiseas pleanála teanga ag brath ar fhianaise reatha (nó ar thaighde 'beo' comhoibríoch) agus bunaithe ar chur chuige dinimiciúil tomhaiste. Baineann easpa monatóireachta an bonn de sheasamh agus de thairbhe an phróisis. Teastaíonn córas monatóireachta (nó próiseas measúnaithe) chun:

- Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an bpróiseas pleanála teanga;
- Dul chun cinn ar spriocanna agus torthaí na mbeart a mheas;
- Leasuithe cuí a shamhlú agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar an iniúchadh sin (Ní Dhúda, 2014a).


9.3.1 Struchtúr na Monatóireachta

Cé go bhfuil tréimhse seacht mbliana luaite le feidhmiú an phlean teanga faoi *Acht na Gaeltachta 2012*, caithfear tabhairt faoi thaighde leanúnach le linn shaolré an phlean, ar mhaithe le monatóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar bhearta an phlean agus bearta a leasú más gá ag brath ar thorthaí na monatóireachta sin. Mar shampla, féachfar leis an athbhreithniú rialta seo a leanas a chur i gcrích;

- Cuirfear na bearta i bhfeidhm de réir sceideal an phlean agus/nó de réir mar aontóidh an FPT le GI sa chlár oibre bliantúil (a bhraitheann ar bhuiséad agus acmhainní).
- Beidh freagracht ar phríomhúinéir an bhirt monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na mbeart atá faoina chúram (mar atá leagtha amach i mír 6).
- Déanfaidh an FPT athbhreithniú bliantúil ar dhul chun cinn agus monatóireacht mhacánta ar thorthaí na mbeart agus ar spriocanna teanga, le cúnamh ó GI, ón bhfóram tacaíochta agus ó na páirtithe leasmhara eile.

- Cuirfidh an FPT gearrthuirisc bhliantúil le chéile ansin ina mbeidh cur síos gonta ar fheidhmiú na mbeart, athbhreithniú ar an gclár/sceideal oibre/buiséad, agus cuntas ar dhul chun cinn ar na spriocanna éagsúla.
- Coinneofar taifead ar dhul chun cinn de réir an teimpléid athbhreithnithe agus monatóireachta (ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta). Déanfar gach iarracht táscairí feidhmíochta a shoiléiriú agus a leagan amach dá réir sin.
- Cuirfear moltaí na gearrthuirisce monatóireachta san áireamh nuair a bheifear ag socrú clár agus sceideal oibre don bhliain dar gcion.
- Cuirfear leasuithe cuí agus/nó modhanna nua i bhfeidhm de réir mar is gá bunaithe ar an iniúchadh sin (agus chun oibriú i dtreo fhís an phlean teanga a bhaint amach). Féadfar feachtais agus bearta eile a fhorbairt nach bhfuil sonraithe sa phlean seo ag brath ar thorthaí an athbhreithnithe. Cuirfear moltaí faoi bhráid GI sula ndéanfar aon leasú nó forbairt bhreise ar an bplean (beart 6.1.5).
- Déanfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta athbhreithniú tréimhsiúil ar fheidhmiú an phlean teanga le linn shaolré an phlean.
- Ní phlean teanga aonuaire é seo, ach cáipéis oibre bheo atá mar chuid de phróiseas céimnithe leanúnach. Déanfar athnuachan agus dul chun cinn leanúnach ar an bpróiseas trí chéile mar chuid den chóras monatóireachta.

Léaráid 1: Struchtúr feidhmithe an phlean



10.0 Leabharliosta

10.1 Leabhair

Bryman, A., 2004. *Social Research Methods, Second Edition*. Oxford: Oxford University Press.

Hindley, R., 1990. *The Death of the Irish Language: A Qualified Obituary*. London: Routledge.

Huss, L., 1999. *Reversing language shift in the Far North: linguistic revitalization in Northern Scandinavia and Finland*. Acta Universitatis Upsaliensis: Uppsala University Library.

Mac an Fhailigh, E., 1980. *The Irish of Erris, Co. Mayo: A Phonemic Study*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard Léinn.

Mac Giolla Chríost, D., 2005. *The Irish Language in Ireland: From Goídel to Globalisation*. London: Routledge.

Mac Graith, U., Ní Ghearraigh, T., 2004. *Logainmneacha agus Oidhreacht Dhún Chaocháin i mBarúntacht Iorrais, Condae Mhaigh Eo*. Caisleán an Bharraigh: Cashin Printing.

Mag Uidhir, S., 1944. *Fánaíocht i gContae Mhaigh Eo*. Baile Átha Cliath: An Gúm.

Marquardt, J.T. (eag.), 2012. *Francoise Henry in Co. Mayo: The Inishkea Journals*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.

Ní Dhúda, L. 2013. *An Ghaeilge: Cén Fáth? Ár bPlean Teanga*. Ar fáil ag <http://ionaddeirbhile.ie/an-ghaeilge/pleanail-teanga-lamhleabhar2013>

Ní Dhúda, L., 2014a. *Roghanna: Lámhleabhar eolais faoin bPleanáil Teanga*. An Mhí: Glór na nGael. Ar fáil ag http://www.udaras.ie/wp-content/uploads/2015/05/Roghanna-Laoise_N%C3%AD_Dh%C3%AD_Spreads.pdf

Nolan, R., 1998. *Within the Mullet: Ciumhas na n-oirear n-aoibhinn*. Galway: Standard Printers.

Ó Gadhra, N., 1983. *Gaeltacht Mhaigh Eo*. Baile Átha Cliath: Clódhanna Teo.

Ó Gliasáin, M., 1996. *Ceist na Teanga sa Daonáireamh*. Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Ó hIfearnáin, T., 2006. *Beartas Teanga*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ó Tuathaigh, G., Ó Laoire, L., Ua Súilleabháin, S., (eag.) 2000. *Pobal na Gaeltachta: a scéal agus a dhán*. Gaillimh: Cló Iar-Chonnachta.

Walsh, J., 2011. *Contests and Contexts: The Irish Language and Ireland's Socio-Economic Development*. Oxford, Berlin, New York: Peter Lang.

10.2 Ailt i Leabhair

Ní Dhúda, 2014b. 'Gaeltacht Mhaigh Eo an Lae Inniu: Staidéar Cainníochtúil'. I: Moran, G., Nolan, W., agus Ó Muraíle, N. (eag.) *Mayo: History and Society*. Geography Publications, 821-845.

Ní Dhúda, L., (le foilsiú i 2018). 'Éagsúlacht agus Contrárthacht na gCreideamh Teanga sa Bhreacbhaile'. I: Ó hIfearnáin, T. agus Walsh, J. (eag.) *An Meon Folaíthe – Imleabhar ar idé-eolaíocht na Gaeilge in Éirinn agus in Albain*. BÁC: Cois Life.

Ó Giollagáin, C., 2006a. 'Gnéithe de stair theorainn na Gaeltachta: Coimhlínt idir dhá riachtanas'. I: Doyle, A., Ní Laoire, S. (eag.) *Aistí ar an Nua-Ghaeilge in ómós do Bhreandán Ó Buachalla*. BÁC: Cois Life.

Ó hIfearnáin, T., 2012. 'An Phleanáil Teanga agus an Beartas Teanga: Coincheapa agus Feidhm'. I: Ó hIfearnáin, T. agus Ní Neachtain, M. (eag.) *An tSochtheangeolaíocht: Feidhm agus Tuairisc*, 129-149.

Ó Muraíle, N., 2000. 'Iorras agus Tír Amhlaidh'. I: Ó Tuathaigh, G., Ó Laoire, L.L., Ua Súilleabháin, S. (eag.) *Pobal na Gaeltachta: a scéal agus a dhán*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta agus Raidió na Gaeltachta, 470-483.

Ó Riagáin, P., 2008. 'Irish-language policy 1922-2007: Balancing Maintenance and Revival'. I: Nic Pháidín, C., Ó Cearnaigh, S. (eag.) *A New View of the Irish Language*. Baile Átha Cliath: Cois Life, 55-66.

Ó Tuathaigh, G., 2000. 'An Ghaeltacht: Súil Siar agus Súil Romhainn'. In: Ó Tuathaigh, G., Ó Laoire, L.L., Ua Súilleabháin, S. (eag.) *Pobal na Gaeltachta: a scéal agus a dhán*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta agus Raidió na Gaeltachta, 732-746.

10.3 Ailt in Irisí/Nuachtáin

Mac Donnacha, J., 2000. 'An integrated language planning model.' *Language Problems & Language Planning*, 24(1), 11-35.

Ní Dhúda, L., 2017. 'Language management and language managers: who are the Irish language managers in Breacbhaile?' *International Journal of the Sociology of Language (SLSLC series)*, 245: 217-243.

Ní Bhrádaigh, E., Mc Carron, S., Walsh, J., Duffy, P., 2007. 'Using GIS to map the evolution of the Gaeltacht'. *Irish Geography*, 40:1, 99-108.

Ó Laoire, M., 2005. 'The Language Planning Situation in Ireland'. *Current Issues in Language Planning*, 6(3), 251-314.

Walsh, J. & McLeod, W., 2008. 'An overcoat wrapped around an invisible man? Language legislation and language revitalisation in Ireland and Scotland'. *Language Policy*, 7, 21-46.

10.4 Foilseachán corparáideach nó rialtais

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. (Uimh. 32 de 2003). Ar fáil ag: <http://acts.oireachtas.ie/ga.act.2003.0032.1.html>

Acht na Gaeltachta, 2012. (Uimh. 53 de 2012). Ar fáil ag:

<http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/2012/a34112full.pdf>

Mac Donnacha, S., Ní Labhradha, M., Ní Ghriallais, C., 2004. *Scéim Pleanála Teanga do Cheantar Chorr na Móna, an Mháma, na Fairche agus na Cloiche Brice*. Gaillimh: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Mac Thréinfhir, F., agus Pleanáil Teanga Chloich Cheann Fhaola, 2017. *Plean Teanga do LPT Chloich Cheann Fhaola*.

Ní Dhoimhín, H., Ó Baoill, D., agus MPTIT, 2016. *Plean Teanga do LPT Ghaoth Dobhair, Anagaire, Rann na Feirste, Loch an Úir*.

Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., O'Brien, M., 2007. *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*. Baile Átha Cliath: Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Ó Giollagáin, C., Charlton, M., 2015. *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011*. Gaillimh: Údarás na Gaeltachta. Ar fáil ag http://www.udas.ie/media/pdf/002910_Udaras_Nuashonr%C3%BA_FULL_report_A4_FA.pdf

Rialtas na hÉireann, 2010. *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*.

10.5 Tráchtais / páipéar taighde neamhfhoilsithe

Ní Dhúda, L., 2004. *Ó Ghluín go glúin: Iniúchadh ar sheachadadh teanga i bpobal Gaeltachta an Gheata Mhóir Theas*. Tráchtas neamhfhoilsithe MA, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Ní Dhúda, L., 2010. *Pobal Gaeltachta an Bhreacbhaile: Cás-staidéar sochtheangeolaíoch agus eitneagrafaíoch sa bheartas teanga*. Tráchtas neamhfhoilsithe PhD, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Ní Dhúda, L., 2012a. *Moltaí maidir le plean teanga do Cheantar na hEachléime (2013-2016)*. Tuarascáil neamhfhoilsithe.

Ní Dhúda, L., 2012b. *Plean Teanga UISCE 2012-2014*. Tuarascáil neamhfhoilsithe.

Ní Dhúda, L., 2015. *Maigh Eo Thuaidh mar limistéar pleanála teanga: réamhscrúdú staitistiúil*. Tuarascáil neamhfhoilsithe.

Ó Cadhla, O., 2009. *Plean Teanga do Pharóiste na Cille Móire (2009-2011)*. Tuarascáil neamhfhoilsithe.

Ó Giollagáin, C., 2006b. *Tionscnamh Pleanála Teanga sa Ghaeltacht: Paróiste Chill Chomáin*. Tuarascáil neamhfhoilsithe.

10.6 Páipéar comhdhála

Ó Gallachóir, S., 2008. 'Ceantar na hEachléime: Cén catagóir?'. Páipéar tugtha ag *Gaeltachtaí Mhaigh Eo: Mar atá, mar a bheidh*, Músaem Shaol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh, Maigh Eo, 25 Aibreán 2008.

Ó Súilleabháin, A., 2008. 'An Scolaíocht i gCeantair Ghaeltacht Mhaigh Eo'. Páipéar tugtha ag *Gaeltachtaí Mhaigh Eo: Mar atá, mar a bheidh*, Músaem Shaol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh, Maigh Eo, 25 Aibreán 2008.

10.7 Foinsí Leictreonacha

10.7.1 Ábhar an idirlíon

An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, 'Anailís Torthaí 'Scéim Labhairt na Gaeilge' 1993-2011- Co. Mhaigh Eo'. Ar fáil ag

<http://ahg.gov.ie/ie/AnGhaeltacht/ClairTheangalarnaithe/SceimLabhairtnaGaeilge/Co%20Mhaigh%20Eo.pdf> (léite 26.11.12).

An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, 2016. 'Treoirínte pleanála teanga (eagrán 3)'. Ar fáil ag

<http://www.udaras.ie/wp-content/uploads/2016/11/treoirinte-pleanala-teanga-eagran-3-1.pdf>.

An Roinn Oideachais agus Scileanna, 'Data on Individual Schools'. Ar fáil ag

<http://www.education.ie/en/Publications/Statistics/Data-on-Individual-Schools/>

Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha. Ar fáil ag:

<http://europass.cedefop.europa.eu>

Feachtas 'Oscail do bhéal <http://ionaddeirbhile.ie/an-ghaeilge/oscail-do-bheal>

Haase, T., 2017. 'The 2016 Pobal HP Deprivation Index by Electoral Division'. Ar fáil ag <http://trutzaase.eu/deprivation-index/the-2016-pobal-hp-deprivation-index-for-small-areas/> (léite 03.10.2017).

Ní Shúilleabháin, N. 2012. 'Stádas na Gaeilge sa Ghaeltacht: Scéim Labhairt na Gaeilge 2010-2011'. Ar fáil ag

<http://www.gaelport.com/nuacht?NewsItemID=8185> (léite 10.10.12).

Ó hÉallaithe 2012 'Flawed Gaeltacht Bill in need of brave revision' Irish Times

<http://www.irishtimes.com/newspaper/opinion/2012/0703/1224319264356.html> (léite 09.10.12).

Príomhoifig Staidrimh, 2002. *Daonáireamh 2002. Imleabhar 11: An Ghaeilge*.

Corcaigh: Príomhoifig Staidrimh. Ar fáil ag:

<http://census.cso.ie/census/ReportFolders/ReportFolders.aspx>

Príomhoifig Staidrimh, 2006. *Daonáireamh 2006. Imleabhar 9: An Ghaeilge*. Corcaigh: Príomhoifig Staidrimh. Ar fáil ag:
<http://census.cso.ie/census/ReportFolders/ReportFolders.aspx>

Príomhoifig Staidrimh, 2012. *Daonáireamh 2011: An Ghaeilge*. Corcaigh: Príomhoifig Staidrimh. Ar fáil ag:
<http://www.cso.ie/en/census/census2011reports/census2011thisisirelandpart1/>

Rialtas na hÉireann, 2012. *Acht na Gaeltachta 2012*. Ar fáil ag:
<http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/2012/a34112full.pdf>

Príomhoifig Staidrimh, 2017. *Census 2016 SAPMAP*. Ar fáil ag
<http://census.cso.ie/sapmap/>

Tuairisc.ie, 2017. 'Na 10 gceantar Gaeltachta is measa dífhostaíocht sa tír.'
<https://tuairisc.ie/na-10-gceantar-gaeltachta-is-measa-difhostaiocht-sa-tir/> (léite 13.11.2017)

11.0 Aguisíní

11.1 Bailte Fearainn i Maigh Eo Thuaidh

	An Geata Mór Theas	An Geata Mór Thuaidh	Béal an Mhuirthead
1	An Eachléim	Achadh Dúin	Achadh Ghlaisín
2	An Bheairic Thuaidh	An tEanach	Áit Tí Conáin
3	An Bheairic Theas	An Aird Mhór	An Baile Glas
4	Bearanach Thoir	Gob na hAirde Móire	Barr Thrághadh
5	Bearanach Thiar	Ard Eoghain	Béal an Mhuirthead
6	Plota an Bhairéadaigh Thoir	Coimín Ard Eoghain	An Chorrchloch
7	Plota an Bhairéadaigh Thiar	Eochair na gCailleach	Gleann Lára
8	An Cartúr	Baile Mhic Sheathrúin	Gort an Éadain
9	Cartúr Ghilbeirt	An Geata Mór	Cnocán na Líne
10	An Clochar	An Carn (Fowler)	Cnoc Seanbhotha
11	An Chrois	An Carn (Nash)	Maigh Raithin
12	Coimín na Croise	An Cluainín	Poll an Chapail
13	Duibhis	An Chorrchloch	Seanachadh
14	An Droim	Coimín an Mhása	Talach
15	An Droim Riabhach	Tearmann Caithreach	An Tuar Glas
16	Oiligh	An Currach Buí	
17	An Fál Mór	Imleach Beag	
18	An Léim	Imleach Beag Thuaidh	
19	Leitir Beag	Imleach Beag Theas	
20	Lorg an Chlaí	Imleach Cais	
21	Manrach Ruairí	An Ghleadraigh	
22	An Mullach Rua	An Ghléib	
23	Tóin na hOlltaí	An Gort Breac	
24	An Baile Nua	An Más	
25	Rinneanach	An Chrois (Wallace) Thoir	
26	An Tearmann	An Chrois (Wallace) Thiar	
27	Torán	Tóin an Mhása	
28		An Tóin Mhór	

	Bailte Fearainn na dToghrann			
	Gleann Chaisil	Na Monga	Cnoc na Ráithe	Guala Mhór*
1	An tAlt	An Cheathrú Mhór	Dumha Thuama	Turaistí
2	Bun an Mhuilinn	Cruinnis	Dumha Locha	
3	Bun na hAbhna	Na Doiríní	Dumha Dhearc	
4	An Cheathrú Chaol	Idirghleann	Gaoth Sáile	
5	Doire Choirb	Na Fáilíní	An Ráith	
6	Doire na Maol	Na Monga	Tulachán Bán	
7	Gleann Chaisil	Poll an Ghearráin	Tulachán Dubh	
8	Loch na hOilí	Rath Muireagáin		
9	An Mhoing Mhór	Rinn na Sionnach		
10	An tSraith	Sraith an tSeagail Theas		

	Bailte Fearainn na dToghrann					
	Cnoc an Daimh	Muing na Bó	Cnoc na Lobhar	Barr Rúscáí	G. Na Muaidhe	Béal Deirg Mór
1	Ceathrú na gCloch	Glinsce	Na hEachú	Barr Alltaí	Béal an Ghaile Thuaidh	An Bheithigh
2	Ceathrú Thaidhg	Leacht Mhurchaidh	Barr na Coilleadh	Barr Rúscáí	Béal an Ghaile Theas	Béal Deirg Beag
3	An Corrán Buí	Moing na Bó	Béal an Átha Buí	Bun Alltaí	Gleann Chuilinn Íochtarach	Béal Deirg Mór
4	Cnoc an Ghairtéil	Abhainn Oireach	Gort an Chairn	An Creagán Mór	Gleann Toirc Beag	Conach Réidh
5	Cill Ghallagáin	Port Durlainne	Dún Cheartáin	Gort Liatuile	Gleann Toirc Mór	An Creagán Beag
6	Port an Chlóidh	Ros Dumhach	Fálach	An Léana Riabhach	Moing an Iongáin	Gaobhrán
7		Sraith an tSeagail	An Gort Breac Thuaidh	An Poll Buí		Gleann Átha
8			Gort Meille	Sraith na Pláighe		Gleann Chalraí Íochtarach
9			Greamhchoill			Gleann Chalraí Uachtarach
10			An tInbhear			Gleann Ghlasra
11			Cill Chomáin			Eidhneach
12			Cnoc na Lobhar			Log na Leitean
13			Moing Eiriún Thuaidh			Moing an Iarainn
14			Moing Eiriún Theas			Ráth Aibhistín
15						Sraith Lathaí
16						Tamhnaigh na bPoll

15. Cuir tic sa bhosa is fearr a léiríonn mar a mbhothaíonn tú faoi na ráitis seo a leanas
Tick the box which comes closest to how you feel about each of the following statements

	Aontaim go mír Strongly agree	Aontaim Agree	Níl tuairim láidir agam No strong opinion	Eascaontaim Disagree	Eascaontaim go mír Strongly disagree
Tá an Gaeilge tabhaíochtach dom go pearsanta Irish is important to me personally	☐	☐	☐	☐	☐
I fear Irish a bheith ag labhairt Béarla ná Gaeilge I prefer speaking English to Irish	☐	☐	☐	☐	☐
Tá mé sícta feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge I'm happy to improve my Irish	☐	☐	☐	☐	☐
Ba mhóid dom go mbuaidh ról na deiseanna agam an Gaeilge a úsáid I would like more opportunities to use Irish	☐	☐	☐	☐	☐
Níl mínín agam sa mo chuid Gaeilge I have no confidence in my Irish	☐	☐	☐	☐	☐

16. Cuir tic sa bhosa is fearr a léiríonn mar a mbhothaíonn tú faoi na ráitis seo a leanas
Tick the box which comes closest to how you feel about each of the following statements

